



An Bhruiséil, 30 Aibreán 2024
(OR. en)

9130/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0342(COD)**

**CODEC 1144
EF 159
ECOFIN 486
PE 114**

NÓTA FAISNÉISE

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le ceanglais le haghaidh riosca creidmheasa, riosca um choigeartú luachála creidmheasa, riosca oibriúcháin, riosca margaidh agus an t-íosráta aschuir – Toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa (Strasbourg, an 22 - an 25 Aibreán 2024)

I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla don nós imeachta comhchinnteoireachta¹, bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis an gcomhad seo ar an gcéad léamh.

¹ IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic cathaoirleach an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON), Irene TINAGLI (S&D, IT), leasú comhréitigh (leasú 2), thar ceann ECON, ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin a raibh Jonás FERNÁNDEZ (S&D, ES) tar éis dréacht-tuarascáil a ullmhú ina leith, agus leasú amháin (leasú 3) ar an rún reachtach ina bhfuil ráiteas. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh na leasuithe sin. Níor cuireadh aon leasuithe eile síos.

II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil an suí iomlánach an 24 Aibreán 2024, ghlac sé an leasú comhréitigh (leasú 2) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin, chomh maith le leasú 3 ar an rún reachtach. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo ².

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

² Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le **cló trom agus cló iodálach** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail ‘■’ a léirítear téacs a scriosadh.

P9_TA(2024)0363

Leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le ceanglais le haghaidh riosca creidmheasa, riosca coigeartaithe luachála creidmheasa, riosca margaidh agus bonn aschuir

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Aibreán 2024 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le ceanglais le haghaidh priacal creidmheasa, priacal um choigeartú luachála creidmheasa, priacal oibriúcháin, priacal margaidh agus an t íosráta aschuir (COM(2021)0664 – C9-0397/2021 – 2021/0342(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0664),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0397/2021),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do thuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 24 Márta 2022¹,
 - ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 23 Márta 2022²,
 - ag féachaint don chomhaontú sealadach a d’fhorghas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 6 Nollaig 2023 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhorghas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0030/2023),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
 2. ag cur sonrú sa ráiteas ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo, a fhoilseofar i sraith C *d’Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;
 3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé

¹ IO C 233, 16.6.2022, lch. 14.

² IO C 290, 29.7.2022, lch. 40.

téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 24 Aibreán 2024 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le ceanglais le haghaidh riosca creidmheasa, riosca um choigeartú luachála creidmheasa, riosca oibriúcháin, riosca margaidh agus an t-íosráta aschuir

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach³,

¹ IO C 233, 16.6.2022, lch. 14.

² IO C 290, 29.7.2022, lch. 40.

³ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Aibreán 2024.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Mar fhreagairt ar an ngéarchéim airgeadais dhomhanda 2008-2009, thug an tAontas faoi athchóiriú fadréimseach ar an gcreat stuamachta d'institiúidí, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴ d'fhonn athléimneacht earnáil baincéireachta an *Aontais* a mhéadú. Ceann de phríomhghnéithe an athchóirithe ab ea caighdeáin idirnáisiúnta a chur chun feidhme arna gcomhaontú in 2010 ag Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (CBMB), go sonrach 'athchóiriú Basel III', mar a thugtar air, agus caighdeáin Basel III a tháinig astu. A bhuí leis an athchóiriú sin, thug earnáil baincéireachta an *Aontais* aghaidh ar ghéarchéim COVID-19 ar bhonn athléimneach. Mar sin féin, cé go bhfuil an leibhéal foriomlán caipitil in ■ institiúidí san *Aontas* sásúil tríd is tríd anois, níor tugadh aghaidh go fóill ar roinnt de na fadhbanna a aithníodh tar éis na géarchéime airgeadais domhanda.
- (2) Chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin, chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar agus chun tiomantas an Aontais dá chomhpháirtithe idirnáisiúnta in G20 a chur in iúl, tá sé ríthábhachtach na heilimintí d'athchóiriú Basel III a comhaontaíodh in 2017 ('creat críochnaithe Basel III') atá fós gan réiteach a chur chun feidhme go dílis. An tráth céanna, maidir leis an gcur chun feidhme, ba cheart méadú suntasach ar cheanglais chaipitil fhoriomlána le haghaidh earnáil baincéireachta an Aontais ar an iomlán a sheachaint agus sonraíochtaí gheilleagar an Aontais a chur san áireamh leis. I gcás inar féidir, ba cheart coigeartuithe ar na caighdeáin idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm ar bhonn idirthréimhseach. Ba cheart don chur chun feidhme cuidiú le míbhuntáistí iomaíochta a sheachaint le haghaidh institiúidí san Aontas, go háirithe i réimse na ngníomhaíochtaí trádála, i gcás ina bhfuil na h-institiúidí sin in iomaíocht dhíreach lena bpiaraí idirnáisiúnta.

⁴ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

Thairis sin, le cur chun feidhme chreat críochnaithe Basel III , tugann an tAontas próiseas athchóirithe i gcrích ar feadh 10 mbliana. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Aontas measúnú foriomlán a dhéanamh ar a chóras baincéireachta, agus na gnéithe ábhartha uile á gcur san áireamh. Ba cheart sainordú a thabhairt don Choimisiún athbhreithniú iomlánaíoch a dhéanamh ar an gcreat le haghaidh ceanglais stuamachta agus mhaoirseachta. Ba cheart a chur san áireamh san athbhreithniú sin na cineálacha éagsúla foirmeacha corparáideacha, struchtúr corparáideach agus samhlacha gnó corparáideacha ar fud an Aontais. Ba cheart cur chun feidhme an íosráta aschuir mar chuid de na rialacha stuamachta maidir le caipiteal agus leachtacht, chomh maith lena leibhéal cur i bhfeidhm, a chur san áireamh san athbhreithniú sin freisin. Leis an athbhreithniú, ba cheart a mheas an áirithítear leibhéal leordhóthanach cosanta do thaisceoirí leis an íosráta aschuir agus a leibhéal cur i bhfeidhm agus an ndéanann sé cobhsaíocht airgeadais a choimirciú san Aontas, agus aird á tabhairt ar fhorbairtí ar fud an Aontais, agus forbairtí i ngach gné den aontas baincéireachta. I ndáil leis sin, breithneoidh an Coimisiún go cuí na ráitis chomhfhreagracha agus na conclúidí comhfhreagracha maidir le haontas baincéireachta Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle Eorpaí araon.

- (3) *An 27 Meitheamh 2023, gheall an Coimisiún go ndéanfaidh sé measúnú iomlánaíoch, cothrom ar staid an chórais baincéireachta agus ar na creataí rialála agus maoirseachta is infheidhme sa mhargadh aonair. Agus an méid sin á dhéanamh aige, cuirfidh sé san áireamh tionchar na leasuithe a thugtar isteach leis an Rialachán seo ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, chomh maith le tionchar staid an aontais baincéireachta i ngach gné de. I measc na saincheisteanna a mbeidh anailís le déanamh orthu, scrúdóidh an Coimisiún cur chun feidhme an íosráta aschuir, lena n-áirítear a leibhéal cur i bhfeidhm. Déanfaidh sé an measúnú sin bunaithe ar ionchur ón Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach) (ÚBE) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ agus ón mBanc Ceannais Eorpach agus ón sásra aonair maoirseachta, agus rachaidh sé i gcomhairle le páirtithe leasmhara chun a áirithiú go ndéanfar na peirspictíochtaí éagsúla a mheas go hiomchuí. Tiolacfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach bunaithe ar an tuarascáil sin.*

⁵ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

- (4) Le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cuirtear ar a gcumas d'institiúidí a gceanglais cistí dílse a ríomh trí chineálacha cur chuige caighdeánaithe a úsáid nó trí chineálacha cur chuige samhla inmheánaí a úsáid. Le cineálacha cur chuige caighdeánaithe, ceanglaítear ar institiúidí na ceanglais cistí dílse a ríomh trí úsáid a bhaint as paraiméadair sheasta, atá bunaithe ar thoimhdí réasúnta coimeádach agus a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Le cineálacha cur chuige samhla inmheánaí, *atá le formheas ag na húdaráis inniúla*, féadfaidh institiúidí formhór na bparaiméadar nó na paraiméadair ar fad a cheanglaítear chun na ceanglais cistí dílse a ríomh a mheas dóibh féin. Chinn **CBMB** i mí na Nollag 2017 íosráta aschuir comhiomlán a thabhairt isteach. Bunaíodh an cinneadh sin ar anailís a rinneadh tar éis ghéarchéim airgeadais dhomhanda 2008-2009, lenar léiríodh go mbíonn claonadh ag samhlacha inmheánacha gannmheastachán a dhéanamh ar na rioscaí a mbíonn institiúidí neamhchosanta orthu, go háirithe maidir le cineálacha áirithe neamhchosanta agus riosca, agus dá bhrí sin, is iondúil go mbíonn ceanglais cistí dílse neamh-leordhóthanacha ann mar thoradh air sin. I gcomparáid le ceanglais cistí dílse a ríomhadh trí úsáid a bhaint as cur chuige caighdeánaithe, táirgeann samhlacha inmheánacha, ar an meán, ceanglais cistí dílse níos ísle do na neamhchosaintí céanna.

- (5) Léirítear leis an íosráta aschuir ceann amháin de na príomhbhearta a bhaineann le hathchóiriú Basel III. Is é is aidhm dó teorainn a chur leis an inathraitheacht gan údar sna ceanglais cistí dílse a chuirtear ar fáil le samhlacha inmheánacha agus leis an laghdú iomarcach ar chaipiteal is féidir a theacht ar institiúid a úsáideann samhlacha inmheánacha i gcoibhneas le hinstitiúid a úsáideann an cur chuige caighdeánaithe. ***Trí*** teorainn níos ísle a chur leis na ceanglais cistí dílse a chuirtear ar fáil le samhlacha inmheánacha institiúidí, teorainn arb ionann í agus 72,5 % de na ceanglais cistí dílse a mbeadh feidhm acu dá mbainfeadh na hinstitiúidí sin úsáid as cur chuige caighdeánaithe, ***cuireann an t-íosráta aschuir teorainn leis an riosca maidir le laghduithe iomarcacha ar chaipiteal. Chuige sin, ba cheart d’institiúidí a úsáideann samhlacha inmheánacha dhá shraith ceanglas cistí dílse iomlána a ríomh, agus gach ceanglas cistí dílse á gcomhiomlánú ag gach sraith gan aon áireamh dúbailte.*** Le cur chun feidhme d’ílis an íosráta aschuir, thiocfadh méadú ar inchomparáideacht chóimheasa caipitil na n-institiúidí, creidiúnacht samhlacha inmheánacha a athbhunú agus a áirithiú go bhfuil cothroime iomaíochta idir institiúidí a bhaineann úsáid as cur chuige difriúil chun a gceanglais cistí dílse a ríomh.
- (6) ***Chun a áirithiú go ndáilfear cistí dílse go hiomchuí agus go mbeidh siad ar fáil chun coigiltis a chosaint i gcás inar gá, ba cheart feidhm a bheith ag na híosrátaí aschuir ar gach leibhéal comhdhlúthúcháin, murab amhlaidh go measann Ballstát gur féidir an cuspóir sin a bhaint amach go héifeachtach ar bhealaí eile, go háirithe i ndáil le grúpaí, amhail grúpaí comhair a bhfuil comhlacht lárnach agus institiúidí cleamhnaithe acu atá lonnaithe sa Bhallstát céanna. Sna cásanna sin, ba cheart do Bhallstát a bheith in ann a chinneadh gan an t-íosráta aschuir a chur i bhfeidhm ar bhonn aonair nó ar bhonn fo-chomhdhlúite maidir le hinstitiúidí sa Bhallstát sin, ar choinníoll, ag an leibhéal comhdhlúthúcháin is airde sa Bhallstát sin, go gcomhlíonfaidh máthairinstitiúid na n-institiúidí sin sa Bhallstát an t-íosráta aschuir ar bhonn a cháis chomhdhlúite.***

- (7) Fuair **CBMB** nach bhfuil an Cur Chuige Caighdeánaithe le haghaidh riosca creidmheasa (SA-CR) atá i bhfeidhm faoi láthair íogair go leor ó thaobh riosca de i roinnt réimsí, rud a fhágann go mbíonn tomhas an riosca creidmheasa míchruinn nó míchuí – ró-ard nó ró-íseal agus dá bhrí sin, go mbíonn tomhais na gceanglas cistí dílse míchruinn nó míchuí. Dá bhrí sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha a bhaineann le SA-CR chun íogaireacht i leith riosca an cur chuige sin a mhéadú maidir le roinnt príomhghnéithe.
- (8) Maidir le neamhchosaintí rátáilte ar institiúidí eile, ba cheart roinnt de na hualuithe riosca a athchalabhrú i gcomhréir le caighdeán Basel III. Thairis sin, ba cheart an láimhseáil ualaithe riosca le haghaidh neamhchosaintí gan rátáil ar institiúidí a dhéanamh níos gráinní agus a dhíchúpláil ón ualú riosca is infheidhme maidir le rialtas láir an Bhallstáit ina bhfuil an ***institiúid iasachtaíochta***, toisc nach nglactar leis ***a thuilleadh*** go bhfuil aon tacaíocht rialtais intuigthe ar fáil le haghaidh institiúidí.

- (9) I gcás neamhchosaintí fo-ordaithe **fiachais agus neamhchosaintí fiachais chomhshamlaithe ó thaobh stuamachta de, agus i gcás** neamhchosaintí ar chothromas, tá gá le láimhseáil ualaithe riosca níos gráinní agus níos déine chun an riosca caillteanais níos airde a bhaineann le fofhiachas agus neamhchosaintí ar chothromas a léiriú nuair a chuirtear i gcomparáid le neamhchosaintí ar fhiachas iad, agus arbatráiste rialála idir an leabhar **neamhthrádála** agus an leabhar trádála a chosc. Tá infheistíochtaí cothromais seanbhunaithe, straitéiseacha ag **institiúidí san Aontas** i gcorparáidí airgeadais agus neamhairgeadais. De réir mar a thagann méadú ar an ualú riosca caighdeánach le haghaidh neamhchosaintí ar chothromas i gcaitheamh idirthréimhse 5 bliana, ba cheart sealúchais chothromais straitéiseacha reatha i gcorparáidí agus gnóthais árachais **áirithe** atá faoi **smacht nó** tionchar suntasach na hinstitiúide a mharthanú chun éifeachtaí suaiteacha a sheachaint agus chun ról institiúidí **san Aontas** mar infheisteoirí cothromais seanbhunaithe, straitéiseacha a chaomhnú. **I bhfianaise** na gcoimircí stuamachta agus na formhaoirseachta chun comhtháthú na hearnála airgeadais a chothú maidir le sealúchais chothromais in institiúidí eile laistigh den ghrúpa céanna nó a chumhdaítear leis an scéim cosanta institiúideach chéanna, ba cheart an córas reatha a choinneáil ar bun. Thairis sin, chun tionscnaimh phríobháideacha agus phoiblí a neartú chun cothromas fadtéarmach a sholáthar do chuideachtaí **neamhliostaithe de chuid an Aontais**, níor cheart infheistíochtaí **a dhéantar go díreach nó go hindíreach, trí ghnólachtaí caipitil fiontair mar shampla**, a mheas mar infheistíochtaí amhantracha i gcás ina ndéantar **iad** le rún daingean na hardbhainistíochta iad a shealbhú ar feadh 3 bliana ar a laghad.

- (10) Chun earnálacha áirithe den gheilleagar a spreagadh, le caighdeáin Basel III, déantar foráil maidir le **discréid údarás inniúil agus a gcúraimí** maoirseachta **á ndéanamh acu** chun a chur ar a gcumas d’institiúidí láimhseáil fhabhrach a chur i bhfeidhm, laistigh de theorainneacha áirithe, maidir le gnóthais chothromais arna **bhfáil** de bhun ‘cláir reachtacha’ lena mbaineann fóirdheontais mhóra le haghaidh na hinfheistíochta agus lena mbaineann formhaoirseacht agus srianta a chuireann an rialtas ar na hinfheistíochtaí cothromais. Le cur chun feidhme na discréide sin i ndlí an Aontais, ba cheart go gcuideofaí le hinfheistíochtaí cothromais fadtéarmacha a chothú freisin.
- (11) Is iad na hinstiúidí a úsáideann an **Cur Chuige Bunaithe ar Rátálacha Inmheánacha** (‘Cur Chuige IRB’) le haghaidh riosca creidmheasa chun a gceanglais cistí dílse a ríomh is mó a sholáthraíonn iasachtú corparáideach san Aontas. Le cur chun feidhme an íosráta aschuir, beidh gá ag na hinstiúidí sin an SA-CR a chur i bhfeidhm freisin, rud a bhraitheann ar mheasúnuithe creidmheasa **arna soláthar** ag institiúidí seachtracha **ainmnithe** um measúnú creidmheasa (‘IMCSanna’) chun cáilíocht chreidmheasa an iasachtaí chorparáidigh a chinneadh. Ba cheart an mhapáil idir rátálacha seachtracha agus ualuithe riosca is infheidhme maidir le corparáidí rátáilte a bheith níos gráinní chun an mhapáil sin a thabhairt i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta ina leith.

- (12) Ní lorgaíonn formhór chorparáidí an *Aontais* rátálacha creidmheasa seachtracha, áfach ■. Chun tionchar suaiteach ar iasachtaí baine do chorparáidí gan rátáil a sheachaint agus chun go leor ama a sholáthar chun tionscnaimh phoiblí nó phríobháideacha a bhunú atá ceaptha chun cumhdach na rátálacha creidmheasa seachtracha a mhéadú, is gá foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse ■. Le linn na hidirthréimhse sin, ba cheart d’institiúidí a úsáideann *Cur Chuige IRB* a bheith in ann láimhseáil fhabhrach a chur i bhfeidhm nuair atá a n-íosráta aschuir le haghaidh neamhchosaintí gráid infheistíochta ar chorparáidí gan rátáil á ríomh, agus ba cheart tionscnaimh a bhunú chun úsáid fhorleathan rátálacha creidmheasa a chothú. ***Ba cheart bunús a thabhairt le haon síneadh ar an idirthréimhse agus ba cheart é a theorannú go 4 bliana ar a mhéad.***

- (13) Tar éis na **hidirthréimhse**, ba cheart d’institiúidí a bheith in ann breathnú ar mheasúnuithe creidmheasa a dhéanann IMCSanna ainmnithe chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh **cuid shuntasach** dá neamhchosaintí ar chorporáidí a ríomh. **Ba cheart do ÚBE, don Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) (ÚEÁPC) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶ agus don Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margái) (ESMA) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷, (‘na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha’ le chéile) faireachán a dhéanamh ar úsáid an tsocraithe idirthréimhsigh agus ba cheart dóibh forbairtí agus treochtaí ábhartha i margadh an IMCS, bacainní ar infhaighteacht measúnuithe creidmheasa ag IMCSanna ainmnithe, go háirithe i gcás corporáidí, agus bearta féideartha chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní sin a bhreithniú.**

⁶ Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

⁷ Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margái), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

Ba cheart an idirthréimhse a úsáid chun infhaighteacht rátálacha do chorparáidí an Aontais a mhéadú go suntasach. Chuige sin, ba cheart réitigh rátála a fhorbairt sa bhreis ar an eiceachóras rátála atá ann faoi láthair chun corparáidí móra de chuid an Aontais a dhreasú chun rátáil sheachtrach a dhéanamh orthu. Chomh maith leis na seachtrachtaí dearfacha a ghintear leis an bpróiseas rátála, cothóidh cumhdach rátála níos leithne, inter alia, aontas na margaí caipitil. Chun an sprioc sin a bhaint amach, is gá breathnú ar na ceanglais a bhaineann le measúnuithe creidmheasa seachtracha, nó ar bhunú institiúidí breise a sholáthraíonn measúnuithe mar sin, a bhféadfadh iarrachtaí cur chun feidhme suntasacha a bheith i gceist leo. Ba cheart do na Ballstáit, i ndlúthchomhar lena mbainc cheannais, measúnú a dhéanamh an mbeadh iarraidh ar aitheantas a mbanc ceannais mar IMCS i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸ agus soláthar rátálacha corparáideacha ag an mbanc ceannais chun críocha Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 inmhianaithe chun cumhdach rátálacha seachtracha a mhéadú .

⁸ *Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa (IO L 302, 17.11.2009, lch. 1).*

- (14) Maidir le **neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoín** chónaithe agus **neamhchosaintí arna n-urrú le** réadmhaoín dhochorraithe tráchtála, tá cineálacha cur chuige atá níos íogaire ó thaobh riosca forbartha ag **CBMB** chun léiriú níos fearr a thabhairt ar shamhlacha cistiúcháin difriúla agus ar chéimeanna difriúla sa phróiseas tógála.
- (15) Léirigh géarchéim airgeadais dhomhanda 2008-2009 roinnt easnamh sa láimhseáil reatha faoin gcur chuige caighdeánaithe maidir le **neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoín chónaithe agus neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoín dhochorraithe tráchtála**. Tugadh aghaidh ar na heasnamh sin i gcaighdeáin Basel III. Déantar **idirdhealú** i gcaighdeáin Basel III **idir neamhchosaintí ina bhfuil an aisíocaíocht ag brath go hábhartha ar shreafaí airgid arna nginiúint ag an maoín agus neamhchosaintí nach amhlaidh. Ba cheart na chéad neamhchosaintí sin** a bheith faoi réir láimhseáil ualaithe riosca thiomnaithe chun an riosca a bhaineann leis na neamhchosaintí sin a léiriú ar bhealach níos cruinne, agus chun feabhas a chur freisin ar chomhsheasmhacht le réadmhaoín a ghineann ioncam faoi Chur Chuige **IRB a láimhseáil**.

- (16) I gcás *neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoín* chónaithe agus *neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoín dhochorraithe* tráchtála, ba cheart an cur chuige um iasachtaí a roinnt ■ a choinneáil, ós rud é go bhfuil an cur chuige sin íogair ar an gcineál iasachtaí agus go léiríonn sé éifeachtaí maolaithe riosca chomhthaobhacht na *réadmhaoine dochorraithe* sna hualuithe riosca is infheidhme, fiú i gcás *neamhchosaintí a bhfuil* cóimheasa arda iasachta/luacha *acu*. ■ *Mar sin féin*, ba cheart an cur chuige um iasachtaí a roinnt a choigeartú i gcomhréir le caighdeáin Basel III toisc go bhfuarthas amach go bhfuil sé róchoimeádach le haghaidh morgáistí *áirithe* a bhfuil cóimheasa iasachta/luacha an-íseal acu.

- (17) Chun a áirithiú go scaiptear tionchar an íosráta aschuir ar iasachtú morgáiste cónaithe a bhfuil riosca íseal ag baint leis ag institiúidí a úsáideann **Cur Chuige IRB** i gcaitheamh tréimhse atá fada go leor agus, dá réir sin, chun suaití ar an gcineál iasachtaithe sin a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar mhéaduithe tobanna i gceanglais cistí dílse a sheachaint, is gá foráil a dhéanamh maidir le socrú eatramhach sonracha. Ar feadh fhad na **hidirthréimhse**, agus an t-íosráta aschuir ■ á ríomh, ba cheart d'institiúidí **a úsáideann Cur Chuige IRB** a bheith in ann ualú riosca níos ísle a chur i bhfeidhm maidir leis an gcuid dá ■ neamhchosaintí ■ arna n-urrú le **morgáiste** ar réadmhaoín chónaithe faoin SA-CR. Chun a áirithiú nach bhfuil an socrú eatramhach ar fáil ach do neamhchosaintí morgáiste a bhfuil riosca íseal ag baint leo, ba cheart critéir incháilitheachta iomchuí, atá bunaithe ar choincheapa a úsáidtear faoin SA-CR, a shocrú. Ba cheart d'údaráis inniúla an chomhlíontacht leis na critéir sin a fhíorú. Ós rud é gur féidir le margaí **réadmhaoine** cónaithe a bheith éagsúil ó Bhallstát amháin go Ballstát eile, ba cheart an cinneadh maidir leis an socrú idirthréimhseach **a chur i bhfeidhm** a fhágáil faoi na Ballstáit aonair. Ba cheart do ÚBE faireachán a dhéanamh ar úsáid an tsocraithe eatramhaigh. **Ba cheart bunús a thabhairt le haon síneadh ar an idirthréimhse agus ba cheart é a theorannú go 4 bliana ar a mhéad.**

- (18) De dheasca easpa soiléireachta agus íogaireacht ó thaobh riosca a bhaineann leis an láimhseáil reatha a dhéantar ar mhaoiniú amhantrach réadmhaoine dochorraithe, is minic a mheastar go bhfuil ceanglais cistí dílse le haghaidh na neamhchosaintí sin ró-ard nó ró-íseal. Dá bhrí sin, ba cheart láimhseáil thiomnaithe a chur in ionad na láimhseála sin i ndáil le neamhchosaintí maidir le héadáil talún, forbairt agus tógáil, lena gcuimsítear iasachtaí do chuideachtaí nó d'eintitis shainchuspóireacha a mhaoiníonn aon ■ éadáil talún chun críocha forbartha agus tógála, nó chun aon réadmhaoin chónaithe nó réadmhaoin dhochorraithe tráchtála a fhorbairt agus a thógáil.
- (19) Tá sé tábhachtach tionchar na n-éifeachtaí timthriallacha ar luacháil réadmhaoine dochorraithe lena n-urraítear iasacht a laghdú agus ceanglais cistí dílse le haghaidh morgáistí a choinneáil níos seasmhaí. ***I gcás athluacháil os cionn an luacha tráth a deonaíodh an iasacht, ar choinníoll go bhfuil sonraí leordhóthanacha ann***, níor cheart luach na réadmhaoine dochorraithe a aithnítear chun críoch stuamachta a bheith níos mó, dá bhrí sin, ná meánluach maoine inchomparáide arna thomhas thar thréimhse ■ atá sách fada, mura rud é go méadaíonn modhnuithe ar an maoin sin a luach go haonchiallach. Chun iarmhairtí neamhbheartaithe maidir le feidhmiú mhargaí na mbannaí faoi chumhdach a sheachaint, ba cheart údaráis inniúla a bheith in ann a cheadú d'institiúidí réadmhaoin dhochorraithe a athluacháil ar bhonn tráthrialta gan na teorainneacha sin a chur i bhfeidhm ar mhéaduithe luacha. ***D'fhéadfaí*** modhnuithe lena bhfeabhsaítear ***feidhmíocht*** fuinnimh ***nó athléimneacht, cosaint agus oiriúnú do rioscaí fisiciúla*** foirgneamh agus aonad tithíochta a mheas mar mhéadú ar luach na réadmhaoine dochorraithe.

- (20) Déantar gnó an iasachtaithe speisialaithe le heintitis shainchuspóireacha a fheidhmíonn mar eintitis iasachta de ghnáth, arb é toradh na hinfheistíochta príomhfhoinsé aisíocaíochta an mhaoinithe arna fháil. Le socruithe conarthacha na samhla iasachtaithe speisialaithe, soláthraítear méid suntasach smachta ar na sócmhainní atá á maoiniú don iasachtóir, **agus** is é an príomhfhoinsé aisíocaíochta don oibleagáid an t-ioncam a ghintear leis na sócmhainní sin. Chun an riosca gaolmhar a léiriú ar bhealach níos cruinne, ba cheart **an cineál iasachta sin** a bheith faoi réir ceanglas sonrach cistí dílse le haghaidh riosca creidmheasa dá bhrí sin. I gcomhréir le caighdeáin Basel III maidir le hualuithe riosca ■ a shannadh do neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe, ba cheart aicme thiomnaithe **neamhchosaintí ar iasachtú** speisialaithe a thabhairt isteach faoin SA-CR, trína gcuirfear feabhas ar chomhsheasmhacht le láimhseáil shonrach **neamhchosaintí** ar iasachtú speisialaithe atá i bhfeidhm cheana faoi **Chur Chuige IRB**. Ba cheart láimhseáil shonrach le haghaidh neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe a thabhairt isteach, trínar cheart idirdhealú a dhéanamh idir ‘maoiniú tionscadail’, ‘maoiniú réada’ agus ‘maoiniú tráchtearraí’ chun an riosca a bhaineann le fo-aicmí na haicme neamhchosaintí ar **iasachtú** speisialaithe sin a léiriú ar bhealach níos fearr. ■

(21) Cé go bhfuil an láimhseáil nua faoin gcur chuige caighdeánaithe le haghaidh neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe gan rátáil a leagtar síos i gcaighdeáin Basel III níos gráinní ná láimhseáil chaighdeánaithe reatha na neamhchosaintí ar chorporáidí ■ , níl an chéad láimhseáil íogair go leor ó thaobh riosca de chun bheith in ann tionchair na bpacáistí agus na ngealltán slándála cuimsitheach a léiriú a bhaineann, de ghnáth, leis na neamhchosaintí sin san Aontas, a chuireann ar a gcumas d'iasachtóirí na sreafaí airgid amach anseo atá le giniúint i gcaitheamh shaolré an tionscadail nó na sócmhainne a rialú. Mar gheall ar an easpa cumhdach rátála seachtrach ar neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe san Aontas, d'fhéadfadh an láimhseáil nua sin dreasachtaí a chruthú le haghaidh institiúidí chun deireadh a chur le tionscadail áirithe a mhaoiniú nó chun riosca níos airde a ghlacadh maidir le neamhchosaintí a bhfuil próifíl riosca difriúla acu a ndéanfaí a láimhseáil ar an gcaoi chéanna murach sin. De bharr go bhfuil na neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe maoinithe den chuid is mó ag institiúidí a úsáideann an **Cur Chuige IRB** a bhfuil samhlacha inmheánacha i bhfeidhm acu le haghaidh na neamhchosaintí sin, d'fhéadfadh an tionchar a bheith suntasach go háirithe i gcás neamhchosaintí ar mhaoiniú réada, a bhféadfadh riosca a bheith ag baint leo go gcuirfí deireadh leis na gníomhaíochtaí, i gcomhthéacs ar leith chur i bhfeidhm an íosráta aschuir. Chun iarmhairtí neamhbheartaithe íogaireachta i leith riosca a bhaineann le caighdeáin Basel III maidir le neamhchosaintí um maoiniú réada gan rátáil a sheachaint, maidir le neamhchosaintí um maoiniú réada a chomhlíonann sraith critéar lenar féidir a bpróifíl riosca a ísliú chuig an gcaighdeán ardchaighdeán, atá comhoiriúnach le bainistíocht stuama agus choimeádach ar na rioscaí airgeadais, ba cheart na neamhchosaintí um maoiniú réada sin a thairbhiú d'ualú riosca laghdaithe **ar bhonn idirthréimhseach. Ba cheart an socrú eatramhach sin a mheasúnú i dtuarascáil arna hullmhú ag ÚBE.**

- (22) Ba cheart aicmiú na neamhchosaintí miondíola faoin SA-CR a ailíniú a thuilleadh le **Cur Chuige IRB** chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na n-ualluithe riosca comhfhreagracha don tsraith chéanna neamhchosaintí a áirithiú. I gcomhréir le caighdeáin Basel III, ba cheart rialacha a leagan síos le haghaidh láimhseáil dhifreáilte neamhchosaintí imrothlacha miondíola a chomhlíonann sraith coinníollacha aisíocaíochta nó úsáide lenar féidir a bpróifil riosca a íslíú. Ba cheart na neamhchosaintí sin a shainmhíniú mar neamhchosaintí ar oibreoirí. Ba cheart neamhchosaintí ar dhuine nádúrtha amháin nó níos mó nach gcomhlíonann gach coinníoll is gá chun iad a mheas mar neamhchosaintí miondíola a ualú ó thaobh riosca ag 100 % faoin SA-CR.
- (23) Le caighdeáin Basel III, tugtar fachtóir coinbhéartachta creidmheasa 10 % isteach le haghaidh gealltanais atá inchealaithe gan choinníoll sa SA-CR. Is dóigh go mbeidh tionchar suntasach aige sin ar oibleagáideoirí a bhíonn ag brath ar sholúbthacht na ngealltanais atá inchealaithe gan choinníoll chun a ngníomhaíochtaí a mhaoiniú nuair atáthar ag plé le luaineachtaí séasúracha ina ngnó nó nuair atá athruithe gearrthéarmacha nach rabhthas ag súil leo i riachtanais caipitil oibre á mbainistiú, go háirithe le linn an téarnaimh ó phaindéim COVID-19. Is iomchuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse ar lena linn ba cheart d'institiúidí a bheith in ann leanúint d'fhachtóir coinbhéartachta creidmheasa **níos ísle** a chur i bhfeidhm maidir lena ngealltanais atá inchealaithe go neamhchoinníollach, agus, tar éis é sin, measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil gá le méadú féideartha de réir a chéile ar na fachtóirí coinbhéartachta creidmheasa is infheidhme chun a chur ar a gcumas d'institiúidí a gcleachtais oibriúcháin agus a dtáirgí a choigeartú gan bac a chur ar infhaighteacht creidmheasa oibleagáideoirí institiúidí. ■

- (24) *Ba cheart ról lárnach a bheith ag institiúidí maidir le rannchuidiú leis an téarnamh ó phaindéim COVID-19 freisin trí bhearta réamhghníomhacha athstruchtúraithe fiachais a leathnú chuig féichiúnaithe fiúntacha a bhfuil deacrachtaí acu nó a mbeidh deacrachtaí acu a ngealltanais airgeadais a chomhlíonadh. I ndáil leis sin, níor cheart institiúidí a dhíspreagadh ó lamháltais fhóinteacha a leathnú chuig oibleagáideoirí i gcás ina measfar gurb iomchuí sin mar gheall ar aicmiú féideartha agus gan údar na gcontrapháirtithe mar chontrapháirtithe atá ar mainneachtain i gcás ina bhféadfadh na lamháltais sin an dóchúlacht a athbhunú go n-íocfaidh na féichiúnaithe sin an chuid eile dá n-oibleagáidí fiachais.* Nuair a bheidh treoirlínte á bhforbairt maidir le mainneachtain oibleagáideora nó saoráide creidmheasa a shainiú, ba cheart do ÚBE breithniú cuí a dhéanamh ar an ngá le solúbthacht leordhóthanach a sholáthar d’institiúidí.
- (25) Léirigh géarchéim airgeadais dhomhanda ó 2008-2009, i roinnt cásanna, gur bhain ■ institiúidí úsáid as **Cur Chuige IRB** freisin maidir le punanna atá mí-oiriúnach ó thaobh samhaltú de mar gheall ar shonraí neamh-leordhóthanacha, rud a raibh iarmhairtí díobhálacha aige ar iontaofacht na dtorthaí ■ . Is iomchuí, dá bhrí sin, gan a cheangal ar institiúidí **Cur Chuige IRB** a úsáid le haghaidh a neamhchosaintí go léir ná an ceanglas maidir le rolladh amach a chur i bhfeidhm ar leibhéal na n-aicmí neamhchosanta. Is iomchuí freisin srian a chur le **Cur Chuige IRB** a úsáid le haghaidh aicmí neamhchosanta i gcás ina bhfuil sé níos deacra **chun** inchomparáideacht agus stóinseacht na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca creidmheasa a mhéadú trí shamhaltú láidir faoi **Chur Chuige IRB**.

- (26) Is iondúil go léirítear leibhéil mhainneachtana ísle le neamhchosaintí institiúidí ar institiúidí eile, ar eintitis eile de chuid na hearnála airgeadais agus ar chorparáidí móra. I gcás na bpunann ísealmhainneachtana sin, is deacair d’institiúidí meastacháin iontaofa a fháil ■ ar an gcaillteanas i gcás mainneachtana (LGD), mar gheall ar líon neamhleor mainneachtainí a breathnaíodh sna punanna sin. De thoradh ar an deacracht sin tá leibhéal neamh-inmhianaithe riosca mheasta tar éis scaipeadh ar fud ■ na n-institiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart d’institiúidí luachanna rialála LGD a úsáid seachas meastacháin LGD inmheánacha le haghaidh na bpunann ísealmhainneachtana sin.
- (27) Institiúidí a úsáideann samhlacha inmheánacha chun meastachán a dhéanamh ar cheanglais cistí dílse le haghaidh riosca creidmheasa maidir le neamhchosaintí ar chothromas, is iondúil go mbunaíonn siad a measúnú riosca ar shonraí atá ar fáil go poiblí, sonraí ar féidir glacadh leis go bhfuil rochtain chomhionann ag gach institiúid orthu. Sna dálaí sin, ní féidir údar a thabhairt le difríochtaí i gceanglais cistí dílse. Thairis sin, is cuid an-bheag de chláir chomhardaithe na n-institiúidí iad neamhchosaintí ar chothromas a shealbhaítear sa leabhar *neamhthrádála*. Dá bhrí sin, chun inchomparáideacht cheanglais cistí dílse na n-institiúidí a mhéadú agus chun an creat rialála a shimpliú, ba cheart d’institiúidí a gceanglais cistí dílse le haghaidh riosca creidmheasa maidir le neamhchosaintí ar chothromas a ríomh trí úsáid a bhaint as an SA-CR, agus níor cheart úsáid *Chur Chuige IRB* a cheadú chun na críche sin.

- (28) Maidir leis na meastacháin ar dhóchúlacht mainneachtana, LGD agus fachtóirí coinbhéartachta creidmheasa neamhchosaintí aonair institiúidí a gceadaítear dóibh samhlacha inmheánacha a úsáid chun ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca creidmheasa a ríomh, ba cheart a áirithiú nach mbaineann siad leibhéil ísle atá mí-oiriúnach amach. Is iomchuí, dá bhrí sin, íosluachanna dá meastacháin féin a thabhairt isteach agus chun a cheangal ar institiúidí an meastachán níos airde dá meastacháin féin ar pharaiméadair riosca agus ar na híosluachanna do na meastacháin féin sin a úsáid. Ba cheart *híosluachanna den sórt sin le haghaidh* paraiméadair riosca ('íosrátaí ionchuir') a bheith ina gcosaint chun a áirithiú nach dtitfidh ceanglais cistí dílse faoi bhun leibhéil stuama. Ina theannta sin, ba cheart *le híosrátaí ionchuir den sórt sin* riosca samhla a mhaolú mar gheall ar fhachtóirí amhail sonraíocht mhícheart na samhla, earráid tomhais agus teorainneacha sonraí. Chuirfeadh íosrátaí ionchuir feabhas freisin ar inchomparáideacht cóimheasa caipitil ar fud institiúidí. Chun na torthaí sin a bhaint amach, ba cheart íosrátaí ionchuir a chalabhrú ar bhealach atá coimeádach go leor.
- (29) Le híosrátaí *ionchuir* a chalabraítear go róchoimeádach, d'fhéadfaí institiúidí a dhíspreagadh maidir le *Cur Chuige IRB* agus na caighdeáin um bainistiú riosca lena mbaineann a ghlacadh. D'fhéadfaí institiúidí a dhreasú freisin chun a bpunanna a aistriú chuig neamhchosaintí ar riosca níos airde chun na srianta a fhorchuirtear le híosrátaí *ionchuir* a sheachaint. Chun na hiarmhairtí neamhbheartaithe sin a sheachaint, ba cheart saintréithe riosca áirithe a bhaineann leis na neamhchosaintí foluiteacha *a léiriú go hiomchuí le híosrátaí ionchuir*, go háirithe trí luachanna difriúla le haghaidh cineálacha difriúla neamhchosaintí a ghlacadh, i gcás inarb iomchuí.

- (30) Baineann saintréithe riosca atá difriúil le neamhchosaintí ginearálta ar chorparáidí le neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe. Is iomchuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse ina laghdófar an t-íosráta ionchuir LGD is infheidhme maidir le neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe lena linn. ***Ba cheart bunús a thabhairt le haon síneadh ar an idirthréimhse agus ba cheart é a theorannú go 4 bliana ar a mhéad.***
- (31) I gcomhréir le caighdeáin Basel III, ba cheart Cur Chuige IRB le haghaidh na haicme neamhchosanta ceannasaí a fhágáil gan athrú den chuid is mó, mar gheall ar chineál speisialta na n-oibleagáideoirí forluiteacha agus na rioscaí speisialta a bhaineann leo. Go háirithe, níor cheart neamhchosaintí ceannasacha a bheith faoi réir íosrátaí ionchuir.
- (32) Chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú maidir le gach neamhchosaint ar rialtais réigiúnacha, ar údaráis áitiúla agus ar eintitis earnála poiblí, ba cheart dhá aicme neamhchosanta nua rialtas réigiúnach, údarás áitiúil agus eintiteas earnála poiblí a chruthú, agus iad neamhspleách ar aicmí neamhchosanta ceannasacha agus institiúidí araon. ***Níor cheart láimhseáil neamhchosaintí comhshamlaithe ar rialtais réigiúnacha, ar údaráis áitiúla agus ar eintitis earnála poiblí, a cháileadh faoin SA-CR do láimhseáil mar neamhchosaintí ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais, a shannadh do na haicmí neamhchosanta nua sin faoi Chur Chuige IRB agus níor cheart í a bheith faoi réir íosrátaí ionchuir. Thairis sin, ba cheart íosrátaí ionchuir sonracha níos ísle faoi Chur Chuige IRB a chalabhrú le haghaidh neamhchosaintí ar rialtais réigiúnacha, ar údaráis áitiúla agus ar eintitis earnála poiblí, nach bhfuil comhshamlaithe, chun a bpróifíl riosca i gcomparáid le neamhchosaintí ar chorparáidí a léiriú go hionchuí.***

- (33) **Ba cheart** a shoiléiriú conas ba cheart éifeacht ráthaíochta a aithint i gcás neamhchosaint ráthaithe **■** a láimhseáiltear faoi Chur Chuige IRB **trí úsáid a bhaint as a meastacháin féin ar LGD** má bhaineann an ráthóir le cineál neamhchosanta **arna láimhseáil faoi Chur Chuige IRB ach gan a meastacháin féin ar LGD a úsáid**. Go háirithe, níor cheart ualú riosca choigeartaithe a bheadh níos ísle ná an t-ualú riosca atá infheidhme maidir le riosca díreach inchomparáide ar an ráthóir a theacht as an gcur chuige ionadaíochta a úsáid, ina gcuirtear paraiméadair riosca an ráthóra in ionad na bparaiméadar riosca **a bhaineann leis an** neamhchosaint fholuiteach, nó as modh ina ndéantar dóchúlacht mainneachtana nó LGD an oibleagáideora fholuitigh a choigeartú le cur chuige sonracha samhaltaithe chun éifeacht na ráthaíochta a chur san áireamh. Dá dheasca sin, i gcás ina láimhseáiltear an ráthóir faoin SA-CR, ba cheart ualú riosca SA-CR an ráthóra a shannadh ar an neamhchosaint ráthaithe a bheith mar thoradh **tríd is tríd** ar an ráthaíocht a aithint faoi **Chur Chuige IRB**.

■

- (34) *Ní cheanglaítear a thuilleadh le creat críochnaithe Basel III ar institiúid a ghlac Cur Chuige IRB maidir le haicme neamhchosanta amháin an cur chuige sin a ghlacadh maidir lena neamhchosaintí leabhair neamhthrádála uile. Chun cothrom iomaíochta a áirithiú idir institiúidí a láimhseálann neamhchosaintí áirithe faoi láthair faoi Chur Chuige IRB agus iad siúd nach ndéanann, ba cheart le socrú idirthréimhseach a chur ar a gcumas d’institiúidí filleadh ar chineálacha cur chuige nach bhfuil chomh sofaisticiúil sin faoi nós imeachta simplithe. Leis an gcur chuige ba cheart d’údaráis inniúla a bheith in ann cur i gcoinne iarrataí ar fhilleadh ar chur chuige nach bhfuil chomh sofaisticiúil céanna d’fhonn dul i mbun arbatráiste rialála. Chun críocha an nós imeachta sin, níor cheart a mheas, maidir leis an bhfíoras aonair go dtagann laghdú ar na ceanglais cistí dílse arna gcinneadh do na neamhchosaintí faoi seach mar thoradh ar aisiompú go cur chuige nach bhfuil chomh sofaisticiúil sin, gur leor sin chun cur i gcoinne iarrata ar fhorais arbatráiste rialála.*
- (35) *I gcomhthéacs inathraitheacht gan údar i gceanglais cistí dílse a bhaint, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha lascainithe atá ann cheana a chuirtear i bhfeidhm maidir le sreafaí airgid saorga chun aon iarmhairtí neamhbheartaithe a bhaint. Ba cheart sainordú a thabhairt do ÚBE athbhreithniú a dhéanamh ar a threoirlínte maidir le stádas neamh-mhainnithe a thabhairt ar ais.*

(36) *D'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag tabhairt isteach an íosráta aschuir ar na ceanglais cistí dílse le haghaidh suíomhanna urrúsúcháin atá i seilbh institiúidí a úsáideann Cur Chuige na Rátálacha Inmheánacha i leith an Urrúsaithe nó Cur Chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh. Cé gur suíomhanna beaga iad na suíomhanna sin go ginearálta i gcomparáid le neamhchosaintí eile, d'fhéadfadh tabhairt isteach an íosráta aschuir difear a dhéanamh d'inmharthanacht eacnamaíoch na hoibríochta urrúsúcháin toisc nach leor an tairbhe stuamachta a bhaineann le haistriú an riosca. D'fhéadfadh sé sin tarlú i gcás ina mbeadh forbairt an mhargaidh urrúsúcháin mar chuid den phlean gníomhaíochta maidir le haontas na margaí caipitil a leagtar amach i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Meán Fómhair 2020 dar teideal *A Capital Markets Union for people and businesses – new action plan* [Aontas na Margaí Caipitil do dhaoine agus do ghnólachtaí – plean gníomhaíochta nua] ('an plean gníomhaíochta maidir le haontas na margaí caipitil') agus ina bhféadfadh sé go mbeadh ar institiúidí tionscnóra úsáid níos forleithne a bhaint as urrúsú chun a bpunanna a bhainistiú ar bhealach níos gníomhaí má thagann siad chun bheith faoi cheangal ag an íosráta aschuir. Le linn idirthréimhse, ba cheart d'institiúidí a úsáideann Cur Chuige na Rátálacha Inmheánacha i leith an Urrúsaithe nó Cur Chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh a bheith in ann láimhseáil fhabhrach a chur i bhfeidhm chun a n-íosráta aschuir a ríomh dá gcuid suíomhanna urrúsúcháin a ualaítear ó thaobh riosca agus úsáid á baint as ceachtar de na Cineálacha Cur Chuige sin. Ba cheart do ÚBE tuairisc a thabhairt don Choimisiún maidir leis an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh, b'fhéidir, ar láimhseáil stuamachta idirbheart urrúsúcháin, d'fhonn cur le híogaireacht riosca na láimhseála stuamachta.*

- (37) Le Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹, leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 chun caighdeáin Basel III maidir leis an athbhreithniú bunúsach ar an leabhar trádála a thug CBMB chun críche in 2019 ('caighdeáin chríochnaitheacha FRTB') a chur chun feidhme chun críoch tuairiscithe amháin. Fágadh tabhairt isteach ceanglas ceangailteach cistí dílse bunaithe ar na caighdeáin sin faoi **thogra** reachtach ar leith, **tar éis** measúnú a dhéanamh ar a dtionchar **ar institiúidí san Aontas**.
- (38) ***Ba cheart na caighdeáin chríochnaitheacha FRTB maidir leis an teorainn idir an leabhar trádála agus an leabhar neamhthrádála a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, toisc go bhfuil tionchar suntasach acu ar ríomh na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh. I gcomhréir le caighdeáin Basel III, ba cheart a áireamh i gcur chun feidhme na gceanglas teorann liostaí na n-ionstraimí atá le sannadh don leabhar trádála nó don leabhar neamhthrádála, chomh maith leis an maolú lena gceadaítear d'institiúidí, faoi réir fhormheas an údaráis inniúil, ionstraimí áirithe a shealbhaítear sa leabhar trádála de ghnáth, lena n-áirítear cothromais liostaithe, a shannadh don leabhar neamhthrádála, i gcás nach sealbhaítear suíomhanna sna hionstraimí sin le hintinn trádála nó nach ndéantar suíomhanna arna sealbhú le hintinn trádála a fhálú.***

⁹ Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann leis an gcóimheas luamhánaithe, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an bpríacal creidmheasa contrapháirtí, leis an bpríacal margaidh, leis na risíochtaí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na risíochtaí ar ghnóthais chomhinfheistíochta, leis na risíochtaí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta, agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 150, 7.6.2019, lch. 1).

- (39) *Chun ualach suntasach oibriúcháin ar institiúidí san Aontas a sheachaint, ba cheart an dáta céanna cur i bhfeidhm a bheith ag na ceanglais go léir lena gcuirtear caighdeáin chríochnaitheacha FRTB chun feidhme chun críche ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh. Dá bhrí sin, ba cheart dáta chur i bhfeidhm líon teoranta ceanglas FRTB a tugadh isteach cheana le Rialachán (AE) 2019/876 a ailíniú le dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. An 27 Feabhra 2023, d'eisigh ÚBE tuairim nár cheart do na húdaráis inniúla dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 tosaíocht a thabhairt d'aon ghníomhaíocht mhaoirseachta nó forfheidhmiúcháin maidir leis na ceanglais sin, más rud é, i gcás na bhforálacha dá dtagraítear in Airteagal 3(6) de Rialachán (AE) 2019/876, go bhfuil siad tugtha i bhfeidhm iad agus nach ndéantar foráil sa chreat dlíthiúil is infheidhme maidir le cur i bhfeidhm cineálacha cur chuige atá faoi spreagadh FRTB chun críocha ríofa caipitil, go dtí go mbeidh cur chun feidhme iomlán FRTB bainte amach, rud a mheastar a bheidh ann ón 1 Eanáir 2025.*
- (40) Chun an clár oibre athchóirithe a tugadh isteach tar éis ghéarchéim airgeadais dhomhanda 2008-2009 a thabhairt chun críche agus chun aghaidh a thabhairt ar na heasnamh sa chreat riosca margaidh reatha, ba cheart ceanglais cheangailteacha cistí dílse le haghaidh riosca margaidh bunaithe ar na caighdeáin chríochnaitheacha FRTB a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. Tá léirithe ag meastóireachtaí a rinneadh le déanaí ar thionchar na gcaighdeán chríochnaitheach FRTB ar ***institiúidí san*** Aontas gurb é an toradh a bheidh ar chur chun feidhme na gcaighdeán sin san Aontas méadú mór ar cheanglais cistí dílse don riosca margaidh le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe trádála agus cruthaithe margaidh atá tábhachtach do gheilleagar an Aontais. Chun an tionchar sin a mhaolú agus chun dea-fheidhmiú margai airgeadais san Aontas a choimeád, ba cheart coigeartuithe spriocdhírithe a thabhairt isteach maidir le ***cur chun feidhme*** na gcaighdeán chríochnaitheach FRTB i ndlí an Aontais.

- (41) Is féidir gníomhaíochtaí trádála institiúidí i margaí mórdhíola a dhéanamh go héasca thar theorainneacha, lena n-áirítear idir Ballstáit agus tríú tíortha. Ba cheart do chur chun feidhme chaighdeáin chríochnaitheacha FRTB, dá bhrí sin, cóineasú a mhéid is féidir thar dhlínsí, i dtéarmaí bunábhair agus uainithe araon. Murach sin, bheadh sé dodhéanta cothrom iomaíochta ar bhonn idirnáisiúnta a áirithiú do na gníomhaíochtaí sin. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme chaighdeáin chríochnaitheacha FRTB i ndlínsí eile atá ina gcomhaltaí de CBMB. Chun aghaidh a thabhairt, i gcás inar gá, ar aon saobhadh a d'fhéadfadh a bheith ann i gcur chun feidhme chaighdeáin chríochnaitheacha FRTB, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'). Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr¹⁰. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. ***Ba cheart na bearta a thugtar isteach trí bhíthin gníomhartha tarmligthe a bheith sealadach i gcónaí. I gcás inarb iomchuí go mbeadh feidhm ag na bearta sin ar bhonn buan, ba cheart don Choimisiún togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.***

¹⁰ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

- (42) Ba cheart don Choimisiún prionsabal na comhréireachta a chur san áireamh agus na ceanglais cistí dílse don riosca margaidh á ríomh d’institiúidí a bhfuil gnó meánmhéide leabhair trádála acu, agus na ceanglais sin a chalabrú dá réir. Dá bhrí sin, ba cheart cead a thabhairt d’institiúidí a bhfuil **gnó** meánmhéide **leabhair** trádála acu úsáid a bhaint as cur chuige caighdeánaithe simplithe chun na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh, i gcomhréir leis na caighdeáin arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta. Ina theannta sin, ba cheart na critéir incháilitheachta chun institiúidí a bhfuil gnó meánmhéide leabhair trádála acu a shainaithint a bheith comhsheasmhach leis na critéir chun na hinstitiúidí sin a dhíolmhú ó cheanglais tuairiscithe FRTB a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2019/876.
- (43) *I bhfianaise dhearadh nuashonraithe mhargadh lamháltas astaíochtaí carbóin an Aontais, a chobhsaíochta le blianta beaga anuas agus luaineacht theoranta na bpraghsanna ar chreidmheasanna carbóin, ba cheart ualú riosca sonrach le haghaidh neamhchosaintí ar thrádáil carbóin faoi Chóras an Aontais i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (EU ETS) a thabhairt isteach faoin gcur chuige caighdeánaithe malartach.*

(44) *Faoi n-gcur chuige caighdeánaithe malartach, tá neamhchosaintí ar ionstraimí lena n-íompraítear rioscaí iarmharacha faoi réir mhuirir forlíontáin riosca iarmharaigh chun rioscaí nach gcumhdaítear leis an modh íogaireacht-bhunaithe a chur san áireamh. Faoi chaighdeáin Basel III, ní féidir ionstraim agus a fálú a ghlanluacháil chun críocha an mhuirir sin ach amháin má dhéantar iad a fhritháireamh go hiomlán. Mar sin féin, is féidir le hinstitiúidí riosca iarmharach roinnt de na hionstraimí a fhálú, a bheag nó a mhór, laistigh de raon feidhme an mhuirir forlíontáin riosca iarmharaigh, rud a laghdóidh riosca foriomlán a bpunann, cé go bhféadfadh sé nach bhfritháireodh na fáluithe sin go hiomlán riosca an tsuímh tosaigh. Chun gur féidir le hinstitiúidí leanúint d'fhálú gan dídhreasachtaí míchuí agus mar aitheantas ar an réasúnaíocht eacnamaíoch a bhaineann leis an riosca foriomlán a laghdú, ba cheart a cheadú ar bhonn sealadach, le cur chun feidhme an mhuirir forlíontáin riosca iarmharaigh, faoi choinníollacha dochta agus faoi fhormheas maoirseachta, fáluithe na n-ionstraimí sin is féidir a fhálú sa mhargadh a eisiamh ón muirear forlíontáin riosca iarmharaigh.*

- (45) D'athbhreithnigh CBMB an caighdeán idirnáisiúnta maidir le riosca oibriúcháin chun aghaidh a thabhairt ar laigí a tháinig chun cinn tar éis ghéarchéim airgeadais dhomhanda 2008-2009. Seachas an easpa íogaireachta i leith riosca sa chur chuige caighdeánaithe, sainaithníodh easpa inchomparáideachta a eascraíonn as raon leathan cleachtas samhaltaithe inmheánach faoi ardchur chuige an tomhais. Dá bhrí sin, agus chun an creat um riosca oibriúcháin a shimpliú, cuireadh modh amháin nach bhfuil bunaithe ar shamhail, eadhon an cur chuige caighdeánaithe nua maidir le riosca oibriúcháin, in ionad gach cur chuige a bhí i bhfeidhm chun meastachán a dhéanamh ar na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca oibriúcháin. Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a ailíniú le creat críochnaithe Basel III ar mhaithe le cothrom iomaíochta idirnáisiúnta le haghaidh institiúidí atá bunaithe san Aontas ach a oibríonn lasmuigh den Aontas freisin, agus chun a áirithiú go leanfaidh an creat um riosca oibriúcháin sin de bheith ina chreat éifeachtach ar leibhéal an Aontais.
- (46) Leis an gcur chuige caighdeánaithe nua maidir le riosca oibriúcháin a thug CBMB isteach, tugtar táscaire a bhíonn ag brath ar mhéid ghnó na hinstitiúide agus táscaire a chuireann stair chaillteanais na hinstitiúide sin le chéile. Beartaítear i gcreat críochnaithe Basel III **rogha** áirithe maidir le conas a fhéadfar stair chaillteanais institiúide a chur chun feidhme. Tá na dlínsí in ann neamhaird a thabhairt ar chaillteanais stairiúla chun ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca oibriúcháin maidir le gach institiúid ábhartha a ríomh, nó sonraí a bhaineann le caillteanais stairiúla a chur san áireamh fiú amháin maidir le hinstitiúidí a bhfuil a ngnó faoi bhun méid áirithe. Chun cothrom iomaíochta laistigh den Aontas a áirithiú agus chun ríomh ceanglas cistí dílse le haghaidh riosca oibriúcháin a shimpliú, ba cheart **an rogha sin** a fheidhmiú ar bhealach comhchuibhithe do na ceanglais cistí dílse íosta, trí neamhaird a thabhairt ar shonraí a bhaineann le caillteanais oibriúcháin stairiúla i gcás gach institiúide.

- (47) *Agus na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca oibriúcháin á ríomh, féadfaidh sé go gceadófar polasaithe árachais a úsáid amach anseo mar theicníc éifeachtach maolaithe riosca. Chuige sin, ba cheart do ÚBE tuairisc a thabhairt don Choimisiún maidir le cé acu is iomchuí nó nach iomchuí polasaithe árachais a aithint mar theicníc éifeachtach maolaithe riosca agus maidir leis na coinníollacha, na critéir agus an fhoirmle chaighdeánach atá le húsáid sna cásanna sin.*
- (48) *D'fhéadfadh leibhéil shuntasacha luaineachta a bheith ann sna margáí airgeadais i ngeall ar an ngéarú ar an mbeartas airgeadaíochta i ndiaidh phaindéim COVID-19, géarú atá á dhéanamh ar luas urghnách nach bhfacthas riamh cheana. D'fhéadfadh an méid sin, anuas ar an éiginnteacht mhéadaithe as a n-eascraíonn torthaí méadaithe fiachais phoiblí, a bheith ina chúis le caillteanais neamhréadaithe ar shealúchais fiachais phoiblí institiúidí áirithe. Chun maolú a dhéanamh ar thionchar diúltach suntasach na luaineachta i margáí fiachais an rialtais láir ar chistí dílse na n-institiúidí agus, ar an gcaoi sin, ar chumas na n-institiúidí iasachtaí a thabhairt, ba cheart scagaire stuamachta sealadach a thabhairt isteach arís chun an tionchar sin a neodrú go páirteach.*

- (49) *D'fhéadfadh maoiniú poiblí trí bhannaí rialtais atá ainmnithe in airgeadra intíre Ballstáit eile a eisiúint a bheith riachtanach i gcónaí chun tacú le bearta poiblí chun dul i ngleic le hiarmhairtí an dá shuaitheadh eacnamaíocha thromchúiseacha a bhí ann mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Chun srianta ar institiúidí a infheistíonn sna bannaí sin a sheachaint, is iomchuí an socrú idirthréimhseach maidir le neamhchosaintí a thabhairt isteach arís do rialtais láir nó bainc cheannais i gcás ina bhfuil na neamhchosaintí sin ainmnithe in airgeadra intíre Ballstáit eile chun críocha na neamhchosaintí sin a láimhseáil faoin gcreat riosca creidmheasa.*
- (50) *Le Rialachán (AE) 2019/630 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹, tugadh isteach ceanglas i gcomhair cumhdach caillteanais íosta le haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha, an cúlstóp stuamachta mar a thugtar air. Ba é ab aidhm don bheart atógáil neamhchosaintí neamhthuillmheacha atá i seilbh institiúidí a sheachaint agus, ag an am céanna, bainistiú réamhghníomhach neamhchosaintí neamhthuillmheacha a chur chun cinn trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht imeachtaí athstruchtúraithe nó forfheidhmithe na n-institiúidí. I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart roinnt athruithe spriocdhírithe a chur i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí neamhthuillmheacha arna ráthú ag gníomhaireachtaí um chreidmheas onnmhairiúcháin nó ag ráthóirí poiblí. Thairis sin, institiúidí áirithe a chomhlíonann coinníollacha dochta agus atá speisialaithe maidir le héadái neamhchosaintí neamhthuillmheacha, ba cheart iad a eisiáimh ó chur i bhfeidhm an chúlstóp stuamachta.*

¹¹ *Rialachán (AE) 2019/630 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le cumhdach caillteanais íosta le haghaidh risíochtaí neamhthuillmheacha (IO L 111, 25.4.2019, lch. 4).*

- (51) Ba cheart d'institiúidí beaga neamhchasta **liostaithe** agus institiúidí ■ eile faisnéis a nochtadh faoi mhéid agus cáilíocht neamhchosaintí tuillmheacha, neamhthuillmheacha agus staonta, chomh maith le hanailís aosaithe ar chuntasaíocht a dhéanamh ar aon neamhchosaintí thar téarma. Ní chuireann an oibleagáid nochta sin ualach breise ar na hinstitiúidí ■ sin, ó tharla go bhfuil nochtadh tacar faisnéise chomh teoranta sin curtha chun feidhme cheana féin ag ÚBE ar bhonn Phlean Gníomhaíochta na Comhairle 2017 chun dul i ngleic le hiasachtaí neamhthuillmheacha san Eoraip ■ , lenar iarradh ar ÚBE ceanglais maidir le nochtadh a fheabhsú le haghaidh cáilíocht sócmhainní agus iasachtaí neamhthuillmheacha i gcás gach ■ institiúide. Tá an oibleagáid nochta sin go hiomlán comhsheasmhach leis an teachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 dar teideal *Tackling non-performing loans in the aftermath of the COVID-19 pandemic* [Dul i ngleic le hiasachtaí neamhthuillmheacha i ndiaidh phaindéim COVID-19] ■ .
- (52) Is gá an t-ualach comhlíontachta chun críoch nochta a laghdú agus inchomparáideacht nochtuithe a fheabhsú. Ba cheart do ÚBE, dá bhrí sin, ardán láraithe gréasánbhunaithe a bhunú a chuirfidh ar a chumas an fhaisnéis agus na sonraí a chuireann institiúidí ar aghaidh a nochtadh. Ba cheart don ardán láraithe gréasánbhunaithe sin fónamh mar phointe rochtana aonair do nochtuithe institiúidí, agus ba cheart na hinstitiúidí a chuireann an fhaisnéis agus na sonraí ar fáil a bheith mar úinéirí agus freagrach as cruinneas na faisnéise agus na sonraí sin i gcónaí. Ba cheart lárú fhoilsiú na faisnéise nochta a bheith i gcomhréir go hiomlán leis an bplean gníomhaíochta maidir le haontas na margaí caipitil. ***Ina theannta sin, ba cheart an t-ardán láraithe gréasánbhunaithe sin a bheith idir-inoibritheach leis an bpointe rochtana aonair Eorpach.***

(53) Ionas gur féidir tuairisciú maoirseachta agus nochtuithe a chomhtháthú a thuilleadh, ba cheart do ÚBE nochtuithe institiúidí a fhoilsiú ar bhealach láraithe, agus an ceart atá ag gach institiúid sonraí agus faisnéis a fhoilsiú iad féin á urramú. Leis na nochtuithe láraithe sin, ba cheart do ÚBE a bheith in ann nochtuithe institiúidí beaga neamhchasta a fhoilsiú, bunaithe ar an bhfaisnéis arna tuairisciú ag na hinstitiúidí sin d'údarais inniúla agus dá bharr sin ba cheart an t-ualach riaracháin a bhfuil institiúidí beaga neamhchasta faoina réir a laghdú go suntasach. An tráth céanna, níor cheart aon tionchar ó thaobh costais de a bheith ag lárú nochtuithe ar institiúidí eile, agus ba cheart trédhearcacht a mhéadú agus an costas ■ *ar rannpháirtithe margaidh* chun rochtain a fháil ar fhaisnéis stuamachta a laghdú leis. Leis an trédhearcacht mhéadaithe sin, ba cheart inchomparáideacht na sonraí i measc institiúidí a éascú agus disciplín an mhargaidh a chur chun cinn.

- (54) *Chun go mbainfear amach uaillmhianta comhshaoil agus aeráide an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, a leagtar amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019, agus chun rannchuidiú le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, ní mór méideanna móra infheistíochtaí ón earnáil phríobháideach a chur i dtreo infheistíochtaí inbhuanaithe san Aontas. Le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ba cheart tábhacht tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais (CSR) a léiriú agus ba cheart tuiscint iomlán a bheith ann ar na rioscaí a bhaineann leis na neamhchosaintí ar ghníomhaíochtaí atá nasctha le cuspóirí foriomlána inbhuanaitheachta nó le cuspóirí CSR. Chun cóineasú ar fud an Aontais agus tuiscint aonfhoirmeach ar thosca agus rioscaí CSR a áirithiú, ba cheart sainmhíniú ginearálta a leagan síos. Is féidir le tosca CSR tionchar dearfach nó diúltach a bheith acu ar fheidhmíocht airgeadais nó sócmhainneacht eintitis, cibé eintiteas ceannasach nó eintiteas aonair é. Ar na samplaí coiteanna de thosca CSR, tá astaíochtaí gás ceaptha teasa, bithéagsúlacht agus úsáid agus tomhaltas uisce i réimse an chomhshaoil; cearta an duine, agus cúrsaí saothair agus lucht saothair sa réimse sóisialta; agus cearta agus freagrachtaí ball foirne sinsearach agus luach saothair i réimse an rialachais.*

Ba cheart sócmhainní nó gníomhaíochtaí atá faoi réir thionchar na tosca comhshaoil nó sóisialta a shainmhíniú agus tagairt á déanamh d'uailmhian an Aontais a bheith aeráidneodrach faoi 2050 mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹², Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathchóiriú an dúlra agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/869, agus do spriocanna inbhuanaitheachta ábhartha an Aontais. Na critéir scagtha theicniúla i ndáil leis an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³, chomh maith le gníomhartha dlí sonracha an Aontais chun an t-athrú aeráide, díghrádú an chomhshaoil agus cailliúint na bithéagsúlachta a sheachaint, ba cheart iad a úsáid chun sócmhainní nó neamhchosaintí a shainaithint chun láimhseáil stuamachta thiomnaithe agus difreálaigh riosca a mheasúnú.

- (55) Ní gá go mbeidh **neamhchosaintí** ar rioscaí CSR comhréireach le méid agus castacht institiúide. **Tá leibhéil** na neamhchosaintí **ar rioscaí CSR** ar fud an Aontais sách ilchineálach freisin, agus léiríonn roinnt **Ballstát** tionchar idirthréimhseach éadrom féideartha agus léiríonn Ballstáit eile ardtionchar idirthréimhseach féideartha maidir le neamhchosaintí a bhaineann le gníomhaíochtaí a bhfuil tionchar diúltach suntasach acu, **go háirithe** ar an gcomhshaoil. Leis na ceanglais trédhearcachta a bhfuil institiúidí **faoina** réir agus leis na ceanglais **nocht**a maidir le hinbhuanaitheacht a leagtar síos i **■ ■ ■ ngníomhartha dlí** eile atá ann cheana féin san Aontas, soláthrófar sonraí níos gráinní i gceann cúpla bliain.

¹² Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (‘Dlí Aeráide na hEorpa’) (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

¹³ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

Chun measúnú ceart a dhéanamh ar na rioscaí CSR a d'fhéadfadh a bheith ag bagairt ar institiúidí, áfach, ní mór do mhargaí agus **údaráis inniúla** sonraí leordhóthanacha a fháil ó gach eintiteas atá neamhchosanta ar na rioscaí sin. ***Ba cheart d'institiúidí a bheith in ann trédhearcacht leordhóthanach a shainaithint agus a áirithiú go córasach maidir lena neamhchosaintí ar ghníomhaíochtaí a mheastar a dhéanann dochar suntasach do cheann de na cuspóirí comhshaoil de réir bhrí Rialachán (AE) 2020/852.*** Chun a áirithiú go mbeidh sonraí atá gráinneach, cuimsitheach agus inchomparáide ar fáil ag údaráis inniúla chun críoche maoirseacht éifeachtach a dhéanamh, ba cheart faisnéis faoi neamhchosaintí ar riosca CSR a bheith san áireamh i dtuairisciú maoirseachta institiúidí. ***Chun trédhearcacht chuimsitheach i leith na margaí a ráthú, ba cheart nochtadh rioscaí CSR a leathnú chuig gach institiúid freisin.*** Ba **■** cheart gráinneacht na faisnéise sin a bheith comhsheasmhach le prionsabal na comhréireachta, ag féachaint do mhéid agus castacht na ***h******institiúide lena mbaineann agus a neamhchosaintí ar rioscaí CSR. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le nochtadh rioscaí CSR, ba cheart do ÚBE measúnú a dhéanamh ar na bealaí chun feabhas a chur ar nochtadh rioscaí CSR comhthiomsuithe cumhdaigh de bhannaí faoi chumhdach agus ba cheart dó a mheas ar cheart faisnéis faoi neamhchosaintí ábhartha na gcomhthiomsuithe iasachtaí atá foluiteach le bannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí, cibé acu go díreach nó trí aistriú iasachtaí chuige eintiteas sainchuspóireach, a áireamh sna caighdeáin theicniúla cur chun feidhme athbhreithnithe nó sa chreat rialála agus nochta le haghaidh bannaí faoi chumhdach.***

- (56) De réir mar a bhíonn aistriú gheilleagar an Aontais chuig samhail eacnamaíoch inbhuanaithe ag bailiú nirt, éiríonn rioscaí inbhuanaitheachta níos feiceálaí agus d'fhéadfadh sé gur gá iad a bhreithniú a thuilleadh. ***Ba cheart measúnú iomchuí ar infhaighteacht agus inrochtaineacht sonraí iontaofa comhsheasmhacha CSR a bheith mar bhonn chun nasc iomlán a bhunú idir tionscnóirí riosca CSR agus catagóirí traidisiúnta rioscaí airgeadais agus tacar neamhchosaintí. Ba cheart do ESMA rannhuidiú freisin leis an mbailiú fianaise sin trí thuairisciú a dhéanamh i dtaobh an léirítear rioscaí CSR go hiomchuí i rátálacha riosca creidmheasa na gcontrapháirtithe nó na neamhchosaintí a d'fhéadfadh a bheith ag institiúidí. I bhfianaise na bhforbairtí tapa leanúnacha maidir le rioscaí CSR a bheith á sainaithint agus á gcainníochtú ag institiúidí agus maoirseoirí araon, ní mór freisin sainordú ÚBE maidir le measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar cibé acu a bheadh nó nach mbeadh údar le láimhseáil stuamachta thiomnaithe neamhchosaintí a bhaineann le sócmhainní nó gníomhaíochtaí atá bainteach go suntasach le cuspóirí comhshaoil nó sóisialta a thabhairt ar aghaidh go dtí dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.***

Ba cheart sainordú reatha ÚBE a dheighilt ina shraith tuarascálacha i ngeall ar fhad agus castacht na hoibre measúnaithe atá le déanamh. Dá bhrí sin, ba cheart dhá thuarascáil leantacha bhliantúla ÚBE a ullmhú faoi dheireadh 2024 agus 2025, faoi seach. De réir na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh, chun cuspóir na neodrachta carbóin a bhaint amach faoi 2050, ní féidir aon taiscéalaíocht ná leathnú nua a dhéanamh ar bhreoslaí iontaise. Ciallaíonn sé sin gur mó an riosca atá ag baint le neamhchosaintí ar bhreoslaí iontaise ar an micrileibhéal, toisc go dtiocfaidh laghdú ar luach na sócmhainní sin le himeacht ama, agus ar an macraileibhéal chomh maith, toisc go gcuireann maoiniú gníomhaíochtaí breoslaí iontaise an cuspóir maidir le srian a chur leis an ardú teochta domhanda go 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch i mbaol agus go gcuireann sé, dá bhrí sin, an chobhsaíocht airgeadais i mbaol. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis inniúla agus do rannpháirtithe margaidh tairbhe a bhaint as trédhearcacht mhéadaithe na n-institiúidí maidir lena neamhchosaintí ó thaobh eintitis in earnáil na mbreoslaí iontaise de, lena n-áirítear a ngníomhaíocht i leith foinsí fuinnimh in-athnuaite.

- (57) *Chun a áirithiú nach mbainfidh aon choigeartú maidir le neamhchosaintí le haghaidh bonneagair an bonn d'uailmhianta aeráide an Aontais, ní bhfaigheadh neamhchosaintí nua an lascaine ualaithe riosca ach amháin i gcás ina rannchuidíonn na sócmhainní atá á maoiniú go dearfach le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach i Rialachán (AE) 2020/852 agus nach ndéanann siad dochar suntasach do na cuspóirí eile a leagtar amach sa Rialachán sin, nó i gcás nach ndéanann na sócmhainní atá á maoiniú dochar suntasach d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach sa Rialachán sin.*
- (58) Tá sé fíor-riachtanach go mbeadh na **cumhachtaí** is gá ag maoirseoirí chun measúnú agus tomhas a dhéanamh, ar bhealach cuimsitheach, ar na rioscaí a bhfuil grúpa baincéireachta neamhchosanta ina leith ar leibhéal comhdhlúthaithe agus go mbeadh solúbthacht acu a gcur chuige maoirseachta a oiriúnú d'fhoinsí nua riosca. Tá sé tábhachtach lúba ar lár a sheachaint idir comhdhlúthú stuamachta agus cuntasáíochta ar féidir le hidirbhearta darb aidhm sócmhainní a bhaint amach as raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta, cé go bhfuil rioscaí fós ann sa ghrúpa baincéireachta, a bheith mar thoradh orthu. Leis an easpa comhleanúnachais sna sainmhínithe ar 'máthairghnóthas', 'fochuideachta' agus 'rialú', agus leis an easpa soiléireachta sa sainmhíniú ar 'gnóthas seirbhísí coimhdeacha', 'cuideachta sealbhaíochta airgeadais' agus 'institiúid airgeadais', fágтар níos deacra do mhaoirseoirí é na rialacha is infheidhme a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach san Aontas agus chun rioscaí a bhrath agus aghaidh a thabhairt orthu go hiomchuí ar leibhéal comhdhlúthaithe. Dá bhrí sin, ba cheart na sainmhínithe sin a leasú agus a shoiléiriú a thuilleadh. Ina theannta sin, meastar gurb iomchuí do ÚBE imscrúdú breise a dhéanamh ar cibé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí srian neamhbheartaithe a chur ar na **cumhachtaí** sin de chuid na maoirseoirí de bharr aon neamhréireachtaí nó lúba ar lár atá fágtha sna forálacha rialála nó ina n-idirghníomhú leis an gcreat cuntasáíochta is infheidhme.

(59) *Tá fás tapa tagtha ar mhargaí i gcrípteashócmhainní le blianta beaga anuas. Chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann d'institiúidí i ngeall ar a neamhchosaintí crípteashócmhainní nach gcumhdaítear go leordhóthanach leis an gcreat stuamachta reatha, d'fhoilsigh CBMB caighdeán cuimsitheach le haghaidh láimhseáil stuamachta neamhchosaintí crípteashócmhainní i mí na Nollag 2022. Is é an 1 Eanáir 2025 an dáta a moladh chun an caighdeán sin a chur i bhfeidhm, ach bhí roinnt gnéithe teicniúla den chaighdeán á bhforbairt a thuilleadh ar leibhéal CBMB le linn 2023 agus 2024. I bhfianaise a bhfuil ag tarlú sna margaí i gcrípteashócmhainní agus ag aithint dó a thábhachtaí atá sé caighdeán Basel maidir le neamhchosaintí crípteashócmhainní institiúidí a chur chun feidhme go hiomlán i ndlí an Aontais, ba cheart don Choimisiún togra reachtach a thíolacadh faoin 30 Meitheamh 2025 chun an caighdeán sin a chur chun feidhme, agus ba cheart dó an láimhseáil stuamachta is infheidhme maidir leis na neamhchosaintí sin a shonrú le linn na hidirthréimhse go dtí go gcuirfear an caighdeán sin chun feidhme. Leis an láimhseáil stuamachta idirthréimhseach, ba cheart an creat dlíthiúil arna thabhairt isteach le Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴ le haghaidh eisitheoirí crípteashócmhainní a chur san áireamh agus ba cheart láimhseáil stuamachta na gcrípteashócmhainní sin a shonrú. Dá bhrí sin, le linn na hidirthréimhse, ba cheart sócmhainní traidisiúnta téacschomharthaithe, lena n-áirítear comharthaí ríomh-airgid, a aithint mar shócmhainní lena mbaineann rioscaí atá cosúil leis na rioscaí a bhaineann le sócmhainní traidisiúnta agus crípteashócmhainní atá i gcomhréir leis an Rialachán sin agus ba cheart sócmhainní tagartha traidisiúnta, cé is moite d'airgeadra fiat aonair, tairbhe a bhaint as láimhseáil stuamachta atá comhsheasmhach le ceanglais an Rialacháin sin. Ba cheart ualú riosca 1 250 % a shannadh do neamhchosaintí ar chrípteashócmhainní eile, lena n-áirítear díorthaigh téacschomharthaithe ar chrípteashócmhainní atá éagsúil leis na cinn atá incháilithe don láimhseáil chaipitil is fabhraí.*

¹⁴ *Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcrípteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40).*

(60) Leis an easpa soiléireachta maidir le gnéithe áirithe den chreat um íosrátaí ar íos-chaolchorrlaigh le haghaidh idirbheart um maoiniú urrús ■ , a d'fhorbair CBMB mar chuid de chreat críochnaithe Basel III, chomh maith le hamhras maidir leis an údar eacnamaíoch lena chur i bhfeidhm maidir le cineálacha áirithe **idirbheart um maoiniú urrús**, ardaíodh ceist faoi cibé acu an féidir nó nach féidir cuspóirí stuamachta an chreata sin a bhaint amach gan iarmhairtí neamh-inmhianaithe a chruthú. Ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, athmheasúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme an chreata um íosrátaí ar íos-chaolchorrlaigh le haghaidh **idirbhearta um maoiniú urrús** i ndlí an Aontais ■ . Chun fianaise leordhóthanach a sholáthar don Choimisiún, ba cheart do ÚBE, i ndlúthchomhar le ESMA, tuairisciú don Choimisiún faoi thionchar an chreata sin, agus faoin gcur chuige is iomchuí chun é a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(61) *Faoi chreat críochnaithe Basel III, d'fhéadfadh sé nach mbeadh cineál an-ghearrthéarmach na n-idirbheart um maoiniú urrús léirithe go maith sa SA-CR, rud a d'fhágfadh go mbeadh ceanglais cistí dílse arna ríomh faoin gcur chuige sin a d'fhéadfadh a bheith i bhfad níos airde ná na ceanglais cistí dílse arna ríomh faoi Chur Chuige IRB. Mar thoradh air sin, agus i bhfianaise tabhairt isteach íosráta aschuir, d'fhéadfadh na ceanglais cistí dílse arna ríomh do na neamhchosaintí sin méadú go mór, rud a dhéanfadh difear do leachtacht margai fíachais agus urrús, lena n-áirítear margai an fhiachais cheannasaigh. Dá bhrí sin, ba cheart do ÚBE tuairisc a thabhairt ar oiriúnacht agus tionchar na gcaighdeán riosca creidmheasa maidir le hidirbhearta um maoiniú urrús, agus go sonrach ar cibé a bheadh údar le coigeartú a dhéanamh ar an SA-CR maidir leis na neamhchosaintí sin chun a gcineál gearrthéarmach a léiriú.*

- (62) Ba cheart don Choimisiún caighdeáin athbhreithnithe **Basel III** maidir le ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca coigeartaithe luachála creidmheasa (CVA) **a chur chun feidhme**, arna bhfoilsíú ag CBMB i mí Iúil 2020, a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, mar go gcuirtear feabhas leis na caighdeáin sin tríd is tríd ar ríomh na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca CVA trí aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheistanna a tugadh faoi deara roimhe seo, go háirithe go dteipeann ar an gcreat reatha um cheanglais cistí dílse CVA an riosca CVA a ghabháil go hiomchuí.
- (63) Nuair a cuireadh caighdeáin tosaigh Basel III maidir le riosca CVA a láimhseáil chun feidhme i ndlí an Aontais ■ , rinneadh idirbhearta áirithe a dhíolmhú ó ríomh na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca CVA. Comhaontaíodh na díolúintí sin chun cosc a chur ar mhéadú iomarcach **a d'fhéadfadh teacht ar** chostas roinnt de na hidirbhearta díorthacha arna spreagadh ag tabhairt isteach na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca CVA, go háirithe i gcás nárbh fhéidir le **hinstiúidí** maolú a dhéanamh ar riosca CVA cliant áirithe nach raibh in ann comhthaobhacht a mhalartú. De réir an tionchair mheasta a ríomh ÚBE, bheadh na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA faoi chaighdeáin athbhreithnithe Basel **III** ró-ard do na hidirbhearta díolmhaithe leis na cliaint sin. Chun a áirithiú go leanfaidh na cliaint **sin** a rioscaí airgeadais a fhálú trí bhíthin idirbhearta díorthacha, ba cheart na díolúintí a choimeád agus caighdeáin athbhreithnithe Basel **III** á gcur chun feidhme.

(64) D'fhéadfadh an riosca CVA iarbhir a bhaineann leis na hidirbhearta díolmhaithe a bheith ina fhoinsé riosca shuntasaigh do na *hinstiúidí* a chuireann na díolúintí sin i bhfeidhm, áfach. Má thagann na rioscaí sin chun cinn, d'fhéadfadh caillteanais shuntasacha a bheith mar thoradh air sin do na *hinstiúidí* lena mbaineann. Mar a chuir ÚBE in iúl ina thuarascáil ar CVA an 25 Feabhra 2015, agus béim á leagan aige ar an méid sin, baineann ábhair inní stuamachta le riosca CVA na n-idirbheart díolmhaithe, ar ábhair inní iad nach dtugtar aghaidh orthu i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Chun cuidiú le maoirseoirí faireachán a dhéanamh ar an riosca CVA a eascraíonn as na hidirbhearta díolmhaithe, ba cheart d'institiúidí an ríomh maidir le ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA na n-idirbheart díolmhaithe ba ghá i gcás nach raibh na hidirbhearta sin díolmhaithe a thuairisciú. Ina theannta sin, ba cheart do ÚBE treoirlínte a fhorbairt chun cuidiú le maoirseoirí riosca CVA iomarcach a aithint agus comhchuibhiú gníomhaíochtaí maoirseachta sa réimse sin a fheabhsú ar fud an Aontais.

- (65) Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála arna bhforbairt ag ÚBE a ghlacadh maidir leis na táscairí lena gcinntear na himthosca urghnácha le haghaidh coigeartuithe luacha breise; an modh chun an príomhthionscóir riosca le haghaidh suímh a shonrú agus cibé acu an suíomh fada nó gearr atá ann; an próiseas chun glansuíomhanna gearra creidmheasa nó glansuíomhanna cothromais gearr sa leabhar neamhthrádála a ríomh agus faireachán a dhéanamh orthu; fáluithe riosca malairte eachtraí de chuid cóimheasa caipitil a láimhseáil; na critéir atá le húsáid ag institiúidí chun ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe a shannadh; na critéir maidir le neamhchosaintí um maoiniú tionscadail airgeadais agus maoiniú réada ardchaighdeáin i gcomhthéacs iasachtú speisialaithe nach bhfuil measúnú creidmheasa is infheidhme go díreach ar fáil ina leith; na cineálacha fachtóirí atá le cur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-ualluithe riosca; an téarma ‘sásra dlíthiúil coibhéiseach i bhfeidhm chun a áirithiú go gcríochnófar an réadmhaoin atá á tógáil laistigh de thréimhse réasúnta ama’; na coinníollacha chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht úsáid córais rátála atá ann cheana; an mhodheolaíocht mheasúnachta maidir le comhlíonadh na gceanglas chun Cur Chuige IRB a úsáid; catagóirí an mhaoinithe tionscadail, an mhaoinithe réada agus an mhaoinithe tráchtearraí; na haicmí neamhchosanta faoi Chur Chuige IRB a shonrú a thuilleadh; na fachtóirí a bhaineann le hiasachtú speisialaithe; méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca a ríomh le haghaidh riosca caolúcháin ar earraí infhaighte ceannaithe; an measúnú ar shláine an phróisis sannta; modheolaíocht institiúide chun dóchúlacht mainneachtana a mheas; an mhaoin inchomparáide; deilte mhaoirseachta na gcéadroghanna ar dhíol nó ar cheannach; comhpháirteanna an táscaire gnó; coigeartú an táscaire gnó; an sainmhíniú ar ualach míchuí i gcomhthéacs ríomh an chaillteanais riosca oibriúcháin bhliantúil;

tacsanomaíocht riosca an riosca oibriúcháin; measúnú na n-údarás inniúil ar ríomh an chaillteanais riosca oibriúcháin bhliantúil; na coigeartuithe ar shonraí caillteanais; an bainistiú riosca oibriúcháin; ríomh na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh i gcomhair suíomhanna leabhar neamhthrádála atá faoi réir riosca malairte eachtraí nó riosca tráchtearraí; an mhodheolaíocht mheasúnachta le haghaidh na n-údarás inniúil don chur chuige caighdeánaithe malartach; leabhair thrádála na ngnóthas comhinfheistíochta; na critéir maidir leis an maolú forlíontáin ar riosca iarmharach; na coinníollacha agus na táscairí a úsáideadh chun a chinneadh an raibh imthosca urghnácha ann; na critéir maidir le hionchuir sonraí a úsáid sa tsamhail tomhais riosca; na critéir chun measúnú a dhéanamh ar insamhaltaitheacht na bhfachtóirí riosca; na coinníollacha agus na critéir ar dá réir a cheadaítear d'institiúid gan róluaineacht a áireamh; na critéir lena sonraítear an bhfuil na hathruithe teoiriciúla ar luach punainne deisce trádála gar nó gar go leor do na hathruithe hipitéiseacha; na coinníollacha agus na critéir chun measúnú a dhéanamh ar an riosca CVA a eascraíonn as idirbhearta um maoiniú urrús a bhfuil luach cóir orthu; na raonta difríochta; an measúnú ar na síntí agus na hathruithe ar an gcur chuige caighdeánaithe maidir le riosca CVA; agus na heilimintí teicniúla is gá d'institiúidí chun a gceanglais cistí dílse a ríomh i ndáil le cripteashócmhainní áirithe. Ba cheart don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 CFAE agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

- (66) Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna bhforbairt ag ÚBE a ghlacadh maidir leis an bpróiseas comhchinnteoireachta do Chur Chuige IRB arna thíolacadh ag máthairinstitiúidí AE, ag máthairchuideachtaí sealbhaíochta airgeadais AE agus ag máthairchuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha AE; maidir le hítimí an táscaire gnó trí na hítimí sin a mhapáil leis na cealla tuairiscithe lena mbaineann; maidir le formáidí aonfhoirmeacha nochta, na treoracha gaolmhara, faisnéis maidir leis an mbeartas um chur isteach arís agus réitigh TF le haghaidh nochtuithe; agus maidir le nochtuithe CSR. Ba cheart don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 291 CFAE agus i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.
- (67) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach, eadhon ceanglais aonfhoirmeacha stuamachta a bhfuil feidhm acu maidir le hinstiúidí a áirithiú ar fud an Aontais, agus ós rud é, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir an cuspóir sin a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

- (68) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) *i bpointe (1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):*

‘(b) aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Roinn A, pointí (3) agus (6), a ghabhann le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a dhéanamh, i gcás ina bhfuil feidhm ag ceann amháin de na níthe seo a leanas, ach nach déileálaí tráchtearraí agus lamháltas astaíochtaí, gnóthas comhinfheistíochta, gnóthas árachais ná gnólacht infheistíochta é an gnóthas a ndéantar an t-údarú mar institiúid creidmheasa a tharscaoileadh ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8a de Threoir 2013/36/AE:*

(i) is ionann agus EUR 30 billiún nó is mó ná sin luach iomlán shócmhainní comhdhlúite an ghnóthais atá bunaithe san Aontas, lena n-áirítear aon bhrainse nó aon fhochuideachta dá chuid a bunaíodh i dtríú tír;

- (ii) *is lú ná EUR 30 billiún luach iomlán shócmhainní an ghnóthais atá bunaithe san Aontas, lena n-áirítear aon bhrainse nó aon fhochuideachta dá chuid atá bunaithe i dtríú tír, agus is cuid de ghrúpa é an gnóthas inarb ionann agus EUR 30 billiún nó is mó ná sin luach iomlán shócmhainní comhdhlúite na ngnóthas uile sa ghrúpa sin atá bunaithe san Aontas, lena n-áirítear aon cheann dá mbrainsí nó dá bhfochuideachtaí atá bunaithe i dtríú tír, ar lú ná EUR 30 billiún na sócmhainní iomlána atá ag gach ceann acu ar bhonn aonair agus a dhéanann aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Roinn A, pointí (3) agus (6), a ghabhann le Treoir 2014/65/AE;*
- (iii) *is lú ná EUR 30 billiún luach iomlán shócmhainní an ghnóthais atá bunaithe san Aontas, lena n-áirítear aon bhrainse nó aon fhochuideachta dá chuid atá bunaithe i dtríú tír, agus is cuid de ghrúpa é an gnóthas inarb ionann agus EUR 30 billiún nó is mó ná sin luach iomlán shócmhainní comhdhlúite na ngnóthas uile sa ghrúpa a dhéanann aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Roinn A, pointí (3) agus (6), a ghabhann le Treoir 2014/65/AE, i gcás ina gcinnfidh an maoirseoir comhdhlúthaithe amhlaidh, i gcomhairle leis an gcoláiste maoirseachta, chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann go bhféadfaí dul timpeall ar an riail nó ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chobhsaíocht airgeadais an Aontais;*

* Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).’;

(ii) scriostar pointe (12);

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (15) agus (16):

‘(15) ciallaíonn ‘máthairghnóthas’ gnóthas a rialaíonn, de réir bhrí phointe (37), gnóthas amháin nó níos mó;

(16) ciallaíonn ‘fochuideachta’ gnóthas atá á rialú ag gnóthas eile, de réir bhrí phointe (37), ***fochuideachta de chuid fochuideachta, measfar gur fochuideachta í de chuid an ghnóthais atá ina mháthairghnóthas bunaidh aici;***’;

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (18):

‘(18) ciallaíonn ‘gnóthas seirbhísí coimhdeacha’ gnóthas arb í an phríomhghníomhaíocht a dhéanann sé, cibé acu a sholáthraítear iad do ghnóthais laistigh den ghrúpa nó do chliaint taobh amuigh den ghrúpa, aon cheann díobh seo a leanas:

- (a) síneadh díreach ar bhaincéireacht;
- (b) léasú oibriúcháin, ■ úinéireacht nó bainistiú ar mhaoin, soláthar seirbhísí próiseála sonraí nó aon ghníomhaíocht eile ***a mhéid atá na gníomhaíochtaí sin*** coimhdeach le baincéireacht;
- (c) aon ghníomhaíocht eile a mheasann ÚBE a bheith cosúil leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b);’;

(v) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (20):

‘(20) ciallaíonn ‘cuideachta sealbhaíochta airgeadais’ gnóthas a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas go léir:

- (a) is institiúid airgeadais é;

- (b) ní cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha é;
- (c) tá fochuideachta amháin ar a laghad aige ar institiúid í;
- (d) baineann níos mó ná 50 % d'aon cheann de na táscairí a leanas, ar bhonn cobhsaí, le fochuideachtaí is institiúidí nó institiúidí airgeadais, agus le gníomhaíochtaí a dhéanann an ghnóthas féin nach mbaineann le héadail nó le húinéireacht sealúchais i bhfochuideachtaí nuair is ionann cineál na ngníomhaíochtaí sin agus cineál na ngníomhaíochtaí a dhéanann institiúidí nó institiúidí airgeadais:
 - (i) cothromas an ghnóthais bunaithe ar a chás comhdhlúite;
 - (ii) sócmhainní an ghnóthais bunaithe ar a chás comhdhlúite;
 - (iii) ioncaim an ghnóthais bunaithe ar a chás comhdhlúite;
 - (iv) pearsanra an ghnóthais bunaithe ar a chás comhdhlúite;
 - (v) *táscairí* eile a mheasann an t-údarás inniúil a bheith ábhartha.

Féadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh nach gcáilíonn eintiteas mar chuideachta sealbhaíochta airgeadais fiú má chomhlíontar ceann amháin de na táscairí dá dtagraítear sa chéad mhír, pointí (i) go (iv), i gcás ina measann an t-údarás inniúil nach dtugann an táscaire ábhartha léargas cothrom fírinneach ar phríomhghníomhaíochtaí agus príomhrioscaí an ghrúpa. Sula ndéanfaidh sé cinneadh den sórt sin, rachaidh an t-údarás inniúil i gcomhairle le ÚBE agus tabharfaidh sé údar cáilíochtúil agus cainníochtúil a bhfuil bunús leis agus atá mionsonraithe. Tabharfaidh an t-údarás inniúil aird chuí ar an tuairim ó ÚBE agus, i gcás ina gcinnean sé imeacht uaithi, tabharfaidh sé do ÚBE, laistigh de 3 mhí ón dáta a gheobhaidh sé an tuairim ó ÚBE, an réasúnaíocht ba bhun leis an imeacht sin ón tuairim ábhartha.;’;

(vi) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(20a) ciallaíonn ‘cuideachta sealbhaíochta infheistíochta’ cuideachta sealbhaíochta infheistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (23), de Rialachán (AE) 2019/2033 ■ ;

(vii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (26):

‘(26) ciallaíonn ‘institiúid airgeadais’ gnóthas a chomhlíonann an dá choinníoll seo a leanas:

(a) ní institiúid, ná cuideachta sealbhaíochta lántionsclaíoch, ***ná eintiteas sainchuspóireach urrúsúcháin***, ná cuideachta sealbhaíochta árachais é, de réir mar a shainmhínítear in Airteagal 212(1), pointe (f), de Threoir 2009/138/CE, ná ní cuideachta sealbhaíochta árachais gníomhaíochtaí measctha é, de réir mar a shainmhínítear in Airteagal 212(1), ***pointe (g)***, den Treoir sin, ***ach amháin i gcás ina bhfuil fo-institiúid ag cuideachta sealbhaíochta árachais gníomhaíochtaí measctha***;

- (b) comhlíonann sé ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:
- (i) is é príomhghníomhaíocht an ghnóthais sealúchais a fháil nó a bheith ina úinéir sealúchas nó saothrú ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a liostaítear *in* Iarscríbhinn I, pointí 2 go 12 agus *pointí 15, 16 agus 17*, a ghabhann le Treoir 2013/36/AE, nó saothrú ceann amháin nó níos mó de na seirbhísí nó gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I, Roinn A nó B, a ghabhann le Treoir 2014/65/AE **■** i ndáil le hionstraimí airgeadais a liostaítear in Iarscríbhinn I, Roinn C, a ghabhann le Treoir 2014/65/AE;

- (ii) is gnólacht infheistíochta, cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha, cuideachta sealbhaíochta infheistíochta, soláthraí seirbhísí íocaíochta *de réir mar a dhéantar an méid sin a chatagóiriú faoi Airteagal 1(1), pointí (a) go (d)*, de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, cuideachta bainistíochta sócmhainní nó gnóthas seirbhísí coimhdeacha é an gnóthas;

* *Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoir 2002/65/CE, Treoir 2009/110/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).’;*

(viii) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(26a) ciallaíonn ‘cuideachta sealbhaíochta lántionsclaíoch’ gnóthas a chomhlíonann gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) is é a phríomhghníomhaíocht sealúchas a fháil nó a bheith ina úinéir sealúchais;

(b) **■** *ní thagraítear dó i bpointe 27(a), nó pointe (27)(d) go (l), den mhír seo agus ní gnólacht infheistíochta ná cuideachta bainistíochta sócmhainní, ná soláthraí seirbhísí íocaíochta é de réir mar a dhéantar an méid sin a chatagóiriú faoi Airteagal 1(1), pointí (a) go (d), de Threoir (AE) 2015/2366;*

■

(c) *níl aon rannpháirtíochtaí aige in eintiteas earnála airgeadais;*’;

(ix) scriostar pointe (27), (c);

(x) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (28):

‘(28) ciallaíonn ‘máthairinstitiúid i mBallstát’ institiúid i mBallstát a bhfuil institiúid nó institiúid airgeadais mar fhochuideachta aici, nó a bhfuil rannpháirtíocht aici in institiúid **■** *nó* in institiúid airgeadais, agus nach bhfuil ina fochuideachta de chuid institiúid eile atá údaráithe sa Bhallstát céanna, ná ina fochuideachta de chuid cuideachta sealbhaíochta airgeadais nó de chuid cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha atá bunaithe sa Bhallstát céanna;’;

(xi) cuirtear an méid seo a leanas *in ionad phointe (35)* ■ :

■

(35) ciallaíonn ‘rannpháirtíocht’ leas rannpháirteach, de réir mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle é, nó úinéireacht, bíodh sí díreach nó indíreach, 20 % nó níos mó de chearta vótála nó de chaipiteal gnóthais;*

* Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na tuarascálacha gaolmhara de chuid cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).’;

(xii) ■ cuirtear *an méid seo a leanas* in ionad phointe (37):

‘(37) ciallaíonn ‘rialú’ an caidreamh idir máthairghnóthas agus fochuideachta, mar atá sonraithe in Airteagal 22 de Threoir 2013/34/AE, nó sna caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil institiúid faoina réir faoi Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, nó caidreamh atá cosúil leis idir aon duine nádúrtha nó dlítheanach agus gnóthas;

* Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le cur i bhfeidhm na gcaighdeán idirnáisiúnta cuntasaíochta (IO L 243, 11.9.2002, lch. 1).’;

(xiii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (52):

‘(52) ciallaíonn ‘riosca oibriúcháin’ an riosca caillteanais mar thoradh ar phróisis, daoine agus córais inmheánacha ar theip orthu nó nach raibh leormhaith, nó mar thoradh ar imeachtaí seachtracha, lena n-áirítear riosca dlíthiúil, riosca samhla nó riosca teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC), *ach gan a bheith teoranta dóibh sin*, ach *gan* riosca straitéiseach ná riosca do chlú a bheith *san áireamh*’;

(xiv) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

‘(52a) ciallaíonn ‘riosca dlíthiúil’ **an riosca** caillteanais, lena n-áirítear speansais, fineálacha, pionóis nó damáistí pionósacha, **a d’fhéadfadh institiúid a thabhtú mar thoradh ar** theagmhais a mbíonn imeachtaí dlíthiúla mar thoradh orthu, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- (a) gníomhaíochtaí maoirseachta agus socraíochtaí príobháideacha;
- (b) neamhghníomh i gcás inar gá gníomhú chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh;
- (c) gníomhaíocht a dhéantar chun comhlíontacht le hoibleagáid dhlíthiúil a sheachaint;
- (d) teagmhais mhí-iompair, ar teagmhais iad a eascraíonn as mí-iompar toiliúil nó faillitheach, lena n-áirítear soláthar míchuí seirbhísí airgeadais **nó faisnéis neamhleor nó mhíthreorach a sholáthar maidir le riosca airgeadais na dtáirgí arna ndíol ag an institiúid;**
- (e) neamhchomhlíonadh aon cheanglas a fhaightear i bhforálacha náisiúnta nó idirnáisiúnta reachtúla nó reachtacha;
- (f) neamhchomhlíonadh aon cheanglais a fhaightear i socruithe conarthacha, nó neamhchomhlíonadh rialacha inmheánacha agus cód iompair arna gcur ar bun i gcomhréir le rialacha agus cleachtais náisiúnta nó idirnáisiúnta;
- (g) neamhchomhlíonadh na rialacha maidir le heitic;’;

(52b) ciallaíonn ‘riosca samhla’ an *riosca* caillteanais a *eascraíonn as* cinntí *ata* bunaithe go príomha ar aschur samhlacha inmheánacha, de dheasca earráidí maidir le *dearadh*, forbairt, *meastóireacht paraiméadair*, cur chun feidhme, *úsáid* nó *faireachán* na samhlacha sin, lena n-áirítear an méid a leanas:

- (a) samhail inmheánach roghnaithe agus a saintréithe a dhearadh go míchuí;
- (b) fíorú nach leormhaith ar oiriúnacht samhla inmheánaí roghnaithe chun meastóireacht a dhéanamh ar an ionstraim airgeadais nó chun an táirge a phraghsáil, nó ar oiriúnacht na samhla inmheánaí roghnaithe do na coinníollacha margaidh is infheidhme;
- (c) earráidí i gcur chun feidhme samhla inmheánaí roghnaithe;
- (d) luachálacha marcála míchearta ón margadh agus tomhas riosca de thoradh earráid le linn trádáil a chur isteach sa chóras trádála;

- (e) úsáid a bhaint as samhail inmheánach roghnaithe nó as a haschuir chun críche nach raibh an tsamhail sin beartaithe ná deartha chuici, lena n-áirítear cúbláil ar na paraiméadair shamhaltaithe;
- (f) faireachán *nó fíorú* míthráthu *nó* mí-éifeachtach a dhéanamh ar fheidhmiú na samhla nó *ar an gcumas réamhaisnéise* chun measúnú a dhéanamh an bhfuil an tsamhail inmheánach roghnaithe fós oiriúnach dá feidhm;

(52c) ciallaíonn ‘riosca TFC’ an riosca ■ caillteanas a bhaineann le *haon imthosca atá inaitheanta go réasúnta i ndáil le* húsáid córas gréasáin *agus faisnéise a d’fhéadfadh, má thagann siad chun cinn, dochar a dhéanamh do shlándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise, aon uirlise nó próisis atá spleách ar theicneolaíocht, ■ na n-oibríochtaí agus na bpróiseas, nó ■ soláthair seirbhísí trí éifeachtaí díobhálacha a chruthú sa timpeallacht dhigiteach nó fhisiciúil;*

(52d) ciallaíonn ‘*riosca* comhshaoil, sóisialta *agus* rialachais’ ■ *nó* ‘riosca ■ CSR’ an riosca maidir le ■ haon tionchar airgeadais diúltach ar institiúid a eascraíonn as an tionchar reatha nó ionchasach atá ag tosca comhshaoil, sóisialta nó rialachais (CSR) ar chontrapháirtithe nó sócmhainní infheistithe na hinstitiúide sin; *is trí na catagóirí traidisiúnta rioscaí airgeadais a thagann rioscaí CSR chun cinn;*

(52e) ciallaíonn ‘riosca comhshaoil’ an riosca maidir le ■ haon tionchar airgeadais diúltach ar institiúid a eascraíonn as an tionchar reatha nó ionchasach atá ag tosca comhshaoil ar chontrapháirtithe nó sócmhainní infheistithe na hinstitiúide sin, lena n-áirítear tosca a bhaineann leis an aistriú chuig ■ na cuspóirí *a leagtar amach in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

■

cuimsítear riosca fisiciúil agus riosca aistrithe le riosca comhshaoil;

(52f) ciallaíonn ‘riosca fisiciúil’, mar chuid den riosca comhshaoil ■ , an riosca maidir le ■ haon tionchar airgeadais diúltach ar institiúid a thagann ón tionchar reatha nó ionchasach ag éifeachtaí fisiciúla tosca comhshaoil ar chontrapháirtithe nó ar shócmhainní infheistithe na hinstitiúide sin;

- (52g) ciallaíonn ‘riosca aistrithe’, mar chuid den riosca comhshaoil, an riosca maidir le haon tionchar airgeadais diúltach ar institiúid a thagann ón tionchar reatha nó ó thionchar ionchasach atá ag an aistriú chuig geilleagar atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ar chontrapháirtithe nó sócmhainní infheistithe na hinstitiúide sin;
- (52h) ciallaíonn ‘riosca sóisialta’ an riosca go mbeadh aon tionchar airgeadais diúltach ar institiúid a eascraíonn ón tionchar reatha nó ó thionchar ionchasach atá ag tosca sóisialta ar a contrapháirtithe nó ar a sócmhainní infheistithe;
- (52i) ciallaíonn ‘riosca rialachais’ an riosca go mbeadh tionchar airgeadais diúltach ar institiúid a eascraíonn ón tionchar reatha nó ó thionchar ionchasach ag tosca rialachais ar chontrapháirtithe nó sócmhainní infheistithe na hinstitiúide sin;

* Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).’;

(xv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (54), (55) agus (56):

- (54) ‘ciallaíonn ‘dóchúlacht mainneachtana’ nó ‘PD’ dóchúlacht mainneachtana oibleagáideora *nó, i gcás inarb infheidhme*, dóchúlacht mainneachtana *saoráide creidmheasa* ar feadh tréimhse aon bhliain amháin, agus, i gcomhthéacs riosca caolúcháin, an dóchúlacht caolúcháin ar feadh tréimhse aon bhliain amháin;
- (55) ciallaíonn ‘caillteanas i gcás mainneachtana’ nó ‘LGD’ ■ cóimheas an chaillteanais ar neamhchosaint a bhaineann le saoráid aonair de thoradh mainneachtain oibleagáideora *nó, i gcás inarb infheidhme*, saoráide *creidmheasa* leis an méid *gan íoc tráth na mainneachtana nó ar dháta tagartha áirithe tar éis dháta na* mainneachtana agus, i gcomhthéacs an riosca caolúcháin, an caillteanas i gcás caolúcháin, rud a chiallaíonn ■ cóimheas an chaillteanais ar neamhchosaint *a bhaineann le hearra infhaighte ceannaithe* de bharr caolúcháin, leis an méid den ■ earra infhaighte ceannaithe atá gan íoc;
- (56) ciallaíonn ‘fachtóir coinbhéartachta’ nó ‘fachtóir coinbhéartachta creidmheasa’ nó ‘CCF’ ■ cóimheas an mhéid gealltanais atá gan tarraingt ó shaoráid aonair *ag pointe ama áirithe* roimh mhainneachtain agus ■, dá bhrí sin, atá gan íoc tráth na mainneachtana, ■ le méid an ghealltanais ■ atá gan tarraingt ón tsaoráid *sin*, is í an teorainn mholta a chinnfidh fairsinge an ghealltanais, ach amháin má tá an teorainn neamh-mholta níos airde;’;

■

(xvi) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (58), (59) agus (60):

- (58) ciallaíonn ‘cosaint creidmheasa chistithe’ nó ‘FCP’ teicníc maolaithe riosca creidmheasa ina dtagann an laghdú ar an riosca creidmheasa a ghabhann le neamhchosaint institiúide ó cheart na hinstitiúide sin, i gcás mhainneachtain an oibleagáideora ***nó na saoráide creidmheasa*** nó i gcás teagmhas creidmheasa sainithe eile a bhaineann leis an oibleagáideoir, sócmhainní nó méideanna áirithe a leachtú nó iad a bheith aistrithe nó leithreasaithe, nó iad a choinneáil, nó méid na neamhchosanta ar mhéid na difríochta idir méid na neamhchosanta agus méid éilimh ar an institiúid a laghdú nó méid na difríochta sin a chur ina ionad;
- (59) ciallaíonn ‘cosaint creidmheasa neamhchistithe’ nó ‘UFCP’ teicníc maolaithe riosca creidmheasa ina dtagann an laghdú ar an riosca creidmheasa a ghabhann le neamhchosaint institiúide as oibleagáid tríú páirtí méid a íoc i gcás mhainneachtain an oibleagáideora nó ***na saoráide creidmheasa, nó*** i gcás teagmhas creidmheasa sainithe eile;
- (60) ciallaíonn ‘ionstraim chomhshamhlaithe airgid’ deimhniú taisce, banna, lena n-áirítear banna faoi chumhdach, nó aon ionstraim neamh-fho-ordaithe eile atá eisithe ag institiúid iasachtaí, a bhfuil íocaíocht iomlán faighte ag an institiúid iasachtaí sin ina leith cheana féin agus a aisíocfaidh an institiúid gan choinníoll ag a luach ainmniúil;’;

(xvii) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(60a) ciallaíonn ‘órbhuilleán’ óir i bhfoirm tráchtearra, lena n-áirítear barraí óir, uingí agus boinn óir, a nglacann an margadh buillin leo go coitianta, i gcás inarb ann do mhargaí do bhuilleán, agus arb é luach an chion óir, arna shainiú de réir íonachta agus maise, a chinneann an luach atá orthu, seachas an díol spéise do lucht na moneolaíochta;’;

(xviii) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(74a) ciallaíonn ‘luach réadmhaoine’ **luach réadmhaoine cónaithe nó** luach réadmhaoine dochorraithe **tráchtála** arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 229(1);’;

(xix) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (75):

(75) ciallaíonn ‘réadmhaoín chónaithe’ aon cheann díobh seo a leanas:

(a) réadmhaoín dhochorraithe atá de chineál teaghaise agus a shásaíonn gach dlí agus rialachán is infheidhme a fhágann gur féidir an réadmhaoín a áitiú chun críoch tithíochta;

- (b) réadmhaoín dhochorraithe atá de chineál teaghaise agus atá fós á tógáil, ar choinníoll go meastar go sásóidh an réadmhaoín gach dlí agus rialachán is infheidhme a fhágann gur féidir an réadmhaoín a áitiú chun críoch tithíochta;
- (c) an ceart chun cónaí in árasán i gcomharchumainn tithíochta atá lonnaithe sa tSualainn;
- (d) talamh atá coimhdeach le réadmhaoín dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c);

(xx) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

‘(75a) ciallaíonn ‘réadmhaoín dhochorraithe tráchtála’ aon réadmhaoín dhochorraithe nach réadmhaoín chónaithe í ■ ;

(75b) ciallaíonn ‘neamhchosaint ar réadmhaoín a ghineann ioncam’ **nó** ‘neamhchosaint IPRE’ ■ neamhchosaint arna hurrú le réadmhaoín dhochorraithe tráchtála nó chónaithe amháin nó níos mó ina bhfuil comhlíonadh na n-oibleagáidí creidmheasa a bhaineann leis an neamhchosaint ag brath go hábhartha ar na sreafaí airgid arna nginiúint ag na réadmhaoíne dochorraithe sin a urraíonn an neamhchosaint sin, seachas ar acmhainneacht an oibleagáideora na hoibleagáidí creidmheasa a chomhlíonadh ó fhoinsí eile; ***nuair is léas nó íocaíochtaí cíosa, nó fáлтаis ó dhíol na réadmhaoíne cónaithe nó na réadmhaoíne dochorraithe tráchtála iad príomhfhoinsí na sreabh airgid sin;***

- (75c) ciallaíonn ‘neamhchosaint ar réadmhaoín nach ngineann ioncam’ **nó** ‘neamhchosaint neamh-**IPRE**’ aon neamhchosaint arna hurrú le réadmhaoín dhochorraithe tráchtála nó chónaithe amháin nó níos mó nach neamhchosaint **IPRE** í;
- (75d) ciallaíonn ‘neamhchosaint arna hurrú le réadmhaoín chónaithe’ nó ‘neamhchosaint arna hurrú le morgáiste ar réadmhaoín chónaithe’ neamhchosaint arna hurrú le réadmhaoín ■ chónaithe **nó neamhchosaint a mheastar a bheith amhlaidh i gcomhréir le hAirteagal 108(4);**
- (75e) ciallaíonn ‘neamhchosaint arna hurrú le réadmhaoín dhochorraithe tráchtála’ nó ‘neamhchosaint arna hurrú le morgáiste ar réadmhaoín dhochorraithe tráchtála’ ■ neamhchosaint arna hurrú le réadmhaoín dhochorraithe tráchtála ■ ;
- (75f) ciallaíonn ‘neamhchosaint arna hurrú le réadmhaoín dhochorraithe’ nó ‘neamhchosaint arna hurrú le morgáiste ar réadmhaoín dhochorraithe’ nó ‘neamhchosaint arna hurrú le comhthaobhacht réadmhaoine dochorraithe’ ■ neamhchosaint arna hurrú le réadmhaoín chónaithe nó réadmhaoín dhochorraithe tráchtála nó **neamhchosaint a mheastar a bheith amhlaidh i gcomhréir le hAirteagal 108(4);’;**

(xxi) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (78):

‘(78) ciallaíonn ‘ráta mainneachtana bliana’ an cóimheas idir líon na *n-oibleagáideoirí nó, i gcás ina gcuirtear an sainmhíniú ar mhainneachtain i bhfeidhm ar leibhéal na saoráide creidmheasa de bhun Airteagal 178(1), an dara fomhír, na saoráidí creidmheasa a meastar gur tharla mainneachtain* ina leith le linn tréimhse dar tús bliain amháin roimh dháta breathnaithe T, agus líon na n-oibleagáideoirí, nó i gcás ina gcuirtear an *sainmhíniú ar mhainneachtain* i bhfeidhm ar leibhéal na saoráide *creidmheasa de bhun Airteagal 178(1), an dara fomhír, saoráidí creidmheasa* a shanntar don ghrád sin nó don chomhthiomsú sin bliain amháin roimh an dáta breathnaithe T sin;’;

(xxii) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

‘(78a) ciallaíonn ‘neamhchosaintí maidir le héadail talún, forbairt agus tógáil’ nó ‘neamhchosaintí ADC’ neamhchosaintí ar chorparáidí nó eintitis shainchuspóireacha a mhaoiníonn aon éadail talún chun críoch forbartha agus tógála, nó a mhaoiníonn forbairt agus tógáil aon réadmhaoine cónaithe nó aon réadmhaoine dochorraithe tráchtála;

(78b) ciallaíonn ‘neamhchosaint neamh-ADC’ aon neamhchosaint arna hurrú le réadmhaoin chónaithe amháin nó níos mó nó réadmhaoin dhochorraithe tráchtála amháin nó níos mó nach neamhchosaint ADC í;’;

(xxiii) scriostar pointe (79);

(xxiv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (114):

‘(114) ciallaíonn ‘sealúchas indéach’ aon neamhchosaint d’eintiteas idirmheánach a bhfuil neamhchosaint aige ar ionstraimí caipitil arna n-eisiúint ag eintiteas earnála airgeadais nó ar dhliteanais arna n-eisiúint ag institiúid más rud é, i gcás ina ndíscríobhtar ionstraimí caipitil arna n-eisiúint ag an eintiteas earnála airgeadais nó na dliteanais arna n-eisiúint ag an institiúid go buan, nach mbeadh an caillteanas a thabhódh an institiúid mar thoradh ar an díscríobh éagsúil go hábhartha leis an gcaillteanas a thabhódh an institiúid ó shealúchas díreach na n-ionstraimí caipitil sin arna n-eisiúint ag an eintiteas earnála airgeadais ná na ndliteanas sin arna n-eisiúint ag an institiúid;’;

(xxv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (126):

‘(126) ciallaíonn ‘sealúchas sintéiseach’ infheistíocht institiúide in ionstraim airgeadais ar ionstraim í a bhfuil nasc díreach ag a luach le luach na n-ionstraimí caipitil arna n-eisiúint ag eintiteas earnála airgeadais nó le luach na ndliteanas arna n-eisiúint ag institiúid;’;

(xxvi) *i bpointe (127), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):*

‘(b) tá na hinstitiúidí comhdhlúite go hiomlán i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir 2013/34/AE agus áirítear iad sa mhaoirseacht a dhéantar, ar bhonn comhdhlúite, ar an institiúid ar máthairinstitiúid i mBallstát í i gcomhréir le Cuid a hAon, Teideal II, Caibidil 2, den Rialachán seo agus atá faoi réir ceanglas cistí dílse;’;

(xxvii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (144):

‘(144) ciallaíonn ‘deasc thrádála’, grúpa déileálaithe léir-shainaitheanta arna chur ar bun ag an institiúid i gcomhréir le hAirteagal 104b(1) chun comhbhainistiú a dhéanamh ar phunann de shuíomhanna leabhair trádála, nó na suíomhanna leabhair neamhthrádála dá dtagraítear i míreanna (5) agus (6) den Airteagal sin, i gcomhréir le straitéis ghnó chomhsheasmhach dhea-shainithe agus é ag oibriú faoin struchtúr bainistithe riosca céanna;’;

(xxviii) ■ i bpointe (145), *cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):*

‘(f) sáraíonn sócmhainní nó dliteanais chomhdhlúite na hinstitiúide a bhaineann le gníomhaíochtaí le contrapháirtithe atá lonnaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, cé is moite de neamhchosaintí laistigh de ghrúpa sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, 75 % de shócmhainní agus dliteanais iomlána chomhdhlúite na hinstitiúide, cé is moite de na neamhchosaintí laistigh de ghrúpa sa dá chás;’;

(xxix) cuirtear na pointí ■ seo a leanas leis:

‘(151) ciallaíonn ‘neamhchosaint imrothlach’ aon neamhchosaint lena gceadaítear iarmhéid an iasachtaí atá gan íoc a luainiú, de réir a chinntí maidir le hiasacht a fháil agus a aisíoc, suas go dtí teorainn chomhaontaithe;

(152) ciallaíonn ‘neamhchosaint oibreora’ aon neamhchosaint imrothlach a bhfuil ar a laghad 12 mhí de stair aisíocaíochta aici agus ar ceann díobh seo a leanas í:

- (a) neamhchosaint ar ina leith, go tráthrialta, eadhon gach 12 mhí ar a laghad, a chinntear an t-iarmhéid atá le haisíoc ar an gcéad dáta aisíocaíochta sceidealta eile mar an méid tarraingthe ar dháta tagartha réamhshainithe, agus ag a bhfuil dáta aisíocaíochta sceidealta tráth nach déanaí ná i ndiaidh 12 mhí, ar choinníoll go raibh an t-iarmhéid aisíoctha go hiomlán ar gach dáta aisíocaíochta sceidealta sa 12 mhí roimhe sin;
- (b) saoráid rótharraingte nach raibh aon tarraingt anuas uirthi le 12 mhí anuas;

(153) ciallaíonn ‘eintiteas in earnáil na mbreoslaí iontaise’ cuideachta, fiontar nó gnóthas a aicmítear ó thaobh staidrimh de mar eintiteas a bhfuil a príomhghníomhaíocht eacnamaíoch in earnáil na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnáil an ghuaile, na hola nó an gháis, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XXXIX, Teimpléad 3, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/637 ón gCoimisiún agus mar a shainaithnítear trí thagairt a dhéanamh d’aicmiú staidrimh na gcód gníomhaíochtaí eacnamaíocha (NACE Athbhreithniú 2) a liostaítear in Iarscríbhinn I, Ranna B, C, D agus G, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**; i gcás nach n-aicmítear príomhghníomhaíocht eacnamaíoch chuideachta, fiontair nó ghnóthais trí úsáid a bhaint as cóid NACE Athbhreithniú 2 a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006, nó as aicmiú náisiúnta a dhíorthaítear astu, cinntídh institiúidí go coimeádach an bhfuil a príomhghníomhaíocht nó a phríomhghníomhaíocht ag an gcuideachta, ag an bhfiontar nó ag an ngnóthas sin i gceann de na hearnálacha sin;*

(154) ciallaíonn ‘neamhchosaintí atá faoi réir thionchar tosca comhshaoil nó sóisialta’ neamhchosaintí a chuireann bac ar uaillmhian an Aontais a chuspóirí rialála a bhaineann le tosca CSR a bhaint amach, ar bhealach a bhféadfadh tionchar diúltach airgeadais a bheith aige ar institiúidí san Aontas;

(155) ciallaíonn ‘eintiteas scáthbhaincéireachta’ eintiteas a dhéanann gníomhaíochtaí baincéireachta lasmuigh den chreat rialáilte;

* *Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/637 ón gCoimisiún an 15 Márta 2021 lena leagtar síos caighdeán theicniúla cur chun feidhme maidir le nochtaí poiblí ag institiúidí i dtaca leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i dTeidil II agus III de Chuid a hOcht de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1423/2013 ón gCoimisiún, Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1555 ón gCoimisiún, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/200 ón gCoimisiún agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2295 ón gCoimisiún (IO L 136, 21.4.2021, lch. 1).*

** *Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).’;*

(xxx) *cuirtear na fomhíreanna seo a leanas leis:*

‘Chun críocha na chéad fhomhíre, pointí (1)(b)(ii) agus (iii), i gcás ina bhfuil an gnóthas ina chuid de ghrúpa tríú tír, áireofar sócmhainní iomlána gach brainse den ghrúpa tríú tír arna údarú san Aontas i gcomhluach iomlán shócmhainní na ngnóthas uile sa ghrúpa.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (1)(b)(iii), féadfaidh an maoirseoir comhdhlúthaithe an fhaisnéis ábhartha uile a iarraidh ar an ngnóthas chun a chinneadh a dhéanamh.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (52a), ní chuimseofar le riosca dlíthiúil aisíocaíochtaí le tríú páirtithe ná fostaithe agus íocaíochtaí cáilmheasa de bharr deiseanna gnó, i gcás nár tharla aon sárú ar aon rialacha ná ar iompar eiticiúil agus i gcás ina bhfuil a hoibleagáidí comhlíonta ag an institiúid go tráthúil. Ná ní chuimseofar le riosca dlíthiúil costais dlí sheachtracha i gcás nach teagmhas riosca oibriúcháin é an teagmhas as a leanann na costais sheachtracha sin.

‘Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (145)(e), den mhír seo, féadfaidh institiúid suíomhanna díorthacha arna ndéanamh aici lena cliaint neamhairgeadais agus na suíomhanna díorthacha a úsáideann sí chun na suíomhanna sin a fhálú a eisiáimh, ar choinníoll nach mó ná 10 % de shócmhainní uile na hinstitiúide atá laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe é comhluach na suíomhanna eisiata arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 273a(3).’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘5. Faoin ... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], eiseoidh ÚBE treoirlínte, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ina sonrófar na critéir chun na gníomhaíochtaí a shainaithint dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (18), den Airteagal seo.’;

(2) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3):

‘(3) ciallaíonn ‘caillteanas ionchasach’ nó ‘CI’, cóimheas, a bhaineann le saoráid aonair, an mhéid a cheaptar a chaillfear ar neamhchosaint i ngeall ar aon cheann díobh seo a leanas:

(a) mainneachtain fhéideartha oibleagáideora i gcaitheamh tréimhse bliana leis an méid gan íoc tráth na mainneachtana;

(b) teagmhas caolúcháin féideartha i gcaitheamh tréimhse bliana leis an méid gan íoc tráth an teagmhais caolúcháin;’;

(b) cuirtear na pointí seo a leanas leis:

- (4) ciallaíonn ‘oibleagáid chreidmheasa’ aon oibleagáid a eascraíonn as Conradh Creidmheasa, lena n-áirítear príomhshuíomh, ús fabhráithe agus táillí, atá dlite d’oibleagáideoir ■ ;
- (5) ciallaíonn ‘neamhchosaint creidmheasa’ aon ítim laistigh den chlár comhardaithe **nó** aon ítim lasmuigh ■ den chlár comhardaithe a bhfuil oibleagáid chreidmheasa mar thoradh uirthi nó a bhféadfadh oibleagáid chreidmheasa teacht aisti;
- (6) ciallaíonn ‘saoráid’ nó ‘saoráid chreidmheasa’ neamhchosaint creidmheasa a eascraíonn as Conradh nó tacar conarthaí idir oibleagáideoir agus institiúid;
- (7) ciallaíonn ‘corrlach coimeádachais’ ■ forlíontán ■ a ionchorpraítear i meastacháin ar **pharaiméadar** riosca chun cuntas a thabhairt ar an raon measta earráidí meastacháin a thagann ó easnaimh shainaitheanta i sonraí, modhanna, samhlacha agus athruithe ar chaighdeán frithgheallta, fonn riosca, beartais bhailithe agus aisghabhála agus aon fhoinsí eile éiginnteachta breise, agus ó earráid mheastacháin ghinearálta chomh maith leis sin;
- (8) ***ciallaíonn ‘coigeartú iomchuí’ an tionchar ar mheastacháin riosca a eascraíonn as cur i bhfeidhm modheolaíochtaí laistigh den mheastachán ar pharaiméadair riosca chun na heasnaimh arna sainaithint sna sonraí agus sna modhanna meastacháin a cheartú, agus chun athruithe ar chaighdeán frithgheallta, fonn riosca, beartais bhailithe agus aisghabhála agus aon fhoinsí eile éiginnteachta breise a chur san áireamh a mhéid is féidir chun claontachtaí i meastacháin ar pharaiméadair riosca a sheachaint;***

- (9) ciallaíonn ‘fiontar beag agus meánmhéide’ nó ‘FBM’ cuideachta, fiontar nó gnóthas a bhfuil láimhdeachas bliantúil nach mó ná EUR 50 000 000 aici nó aige, de réir na gcuntas comhdhlúite is déanaí uaidh;
- (10) ciallaíonn ‘gealltanais’ aon socrú conarthach a thairgeann institiúid do chliant agus a nglacann an cliant sin leis, chun creidmheas a shíneadh, chun sócmhainní a cheannach nó chun ionadaithe creidmheasa a eisiúint; agus aon socrú mar *sin* a fhéadfaidh institiúid a chealú gan choinníoll tráth ar bith gan fógra a thabhairt don oibleagáideoir roimh ré nó aon socrú a fhéadfaidh institiúid a chealú i gcás ina dteipeann ar an oibleagáideoir na coinníollacha arna leagan amach i ndoiciméadacht na saoráide a chomhlíonadh, lena n-áirítear coinníollacha nach mór don oibleagáideoir a chomhlíonadh sula ndéantar aon tarraingt anuas tosaigh nó aon tarraingt anuas ina dhiaidh sin, mura rud é go gcomhlíonann na socruithe conarthacha na coinníollacha seo a leanas go léir:
- (a) socruithe conarthacha nach bhfaigheann an institiúid aon táillí ná coimisiúin ina leith chun na socruithe conarthacha sin a bhunú nó a choinneáil ar bun;
- (b) socruithe conarthacha ina gceanglaítear ar an gcliant iarratas a dhéanamh ar an institiúid chun an íostarraingt tosaigh agus gach tarraingt anuas ina dhiaidh sin a dhéanamh faoi na socruithe conarthacha sin;

- (c) socruithe conarthacha ina bhfuil údarás iomlán ag an institiúid, gan beann ar na coinníollacha a leagtar amach i ndoiciméadacht an tsocraithe chonarthaigh a bheith á gcomhlíonadh ag an gcliant, ar chur i gcrích gach tarraingthe anuas;
 - (d) leis **na** socruithe conarthacha, **is féidir** leis an institiúid **measúnú a dhéanamh** ar acmhainneacht creidmheasa an chliant díreach roimh chinneadh a dhéanamh maidir le gach tarraingt anuas a fhorghníomhú **agus tá nósanna imeachta inmheánacha curtha chun feidhme agus á gcur i bhfeidhm ag an institiúid lena n-áirítear go bhfuil an measúnú sin á dhéanamh sula ndéantar gach tarraingt anuas a fhorghníomhú;**
 - (e) socruithe conarthacha a thairgtear d'eintiteas corparáideach, lena n-áirítear FMB, a ndéantar dlúthfhaireachán air ar bhonn leanúnach;
- (11) ciallaíonn 'gealltanas atá inchealaithe go neamhchoinníollach' aon ghealltanas a gceadaítear don institiúid lena théarmaí an gealltanas sin a chealú an oiread atá ceadaithe faoi ghníomhartha dlíthiúla maidir le cosaint tomhaltóirí agus faoi ghníomhartha dlíthiúla gaolmhara, **i gcás inarb infheidhme**, tráth ar bith gan fógra a thabhairt roimh ré don oibleagáideoir, nó lena ndéantar foráil go héifeachtach maidir le cealú uathoibríoch de dheasca meath ar acmhainneacht creidmheasa an iasachtaí.';

(3) *cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:*

‘Airteagal 5a

Sainmhínithe atá sonrach do chripteashócmhainní

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) *ciallaíonn ‘cripteashócmhainn’ cripteashócmhainn mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (5), de Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* nach airgeadra digiteach baineann ceannais í;*
- (2) *ciallaíonn ‘comhartha ríomh-airgid’ nó ‘comhartha r-airgid’ comhartha ríomh-airgid nó comhartha r-airgid mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (7), de Rialachán (AE) 2023/1114;*
- (3) *ciallaíonn ‘neamhchosaint cripteashócmhainní’ sócmhainn nó ítim lasmuigh den chlár comhardaithe a bhaineann le cripteashócmhainn as a dtagann riosca creidmheasa, riosca creidmheasa contrapháirtí, riosca margaidh, riosca oibriúcháin nó riosca leachtachta;*

- (4) *ciallaíonn ‘sócmhainn thraidisiúnta’ aon sócmhainn seachas cripteashócmhainn, lena n-áirítear:*
- (a) *ionstraimí airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (50), den Rialachán seo;*
 - (b) *cistí mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (25), de Threoir (AE) 2015/2366;*
 - (c) *taiscí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (3), de Threoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***, lena n-áirítear taiscí struchtúrtha;*
 - (d) *suíomhanna urrúsúcháin i gcomhthéacs urrúsú mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) 2017/2402;*
 - (e) *táirgí árachais neamhshaoil nó saoil a thagann faoi na haicmí árachais a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2009/138/CE nó conarthaí athárachais agus aisghéillte dá dtagraítear sa Treoir sin;*
 - (f) *táirgí pinsin a aithnítear, faoin dlí náisiúnta, mar tháirgí arb é is príomhchuspóir dóibh ioncam a sholáthar don infheisteoir agus an t-infheisteoir ar scor agus lena dtugtar teideal don infheisteoir sochair áirithe a ghnóthú;*

- (g) *scéimeanna pinsin ceirde a aithnítear go hoifigiúil faoi raon feidhme Threoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*** nó Threoir 2009/138/CE;*
- (h) *táirgí pinsin aonair a gceanglaítear ranníocaíocht airgeadais ón bhfostóir ina leith sa dlí náisiúnta agus nach bhfuil aon rogha ag an bhfostóir ná ag an bhfostaí maidir leis an táirge pinsin nó maidir le soláthraí an táirge pinsin;*
- (i) *Táirge Pinsin Phearsanta uile-Eorpach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle****;*
- (j) *scéimeanna slándála sóisialta a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***** agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*****.*
- (5) *ciallaíonn ‘sócmhainn thraidisiúnta théacscomharthaithe’ cineál cripteashócmhainne ar sócmhainn thraidisiúnta é, lena n-áirítear comhartha ríomh-airgid;*
- (6) *ciallaíonn ‘comhartha sócmhainn- tagartha’ comhartha sócmhainn- tagartha mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (6), de Rialachán (AE) 2023/1114;*
- (7) *ciallaíonn ‘seirbhís cripteashócmhainní’ seirbhís cripteashócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe 16, de Rialachán (AE) 2023/1114.*

-
- * *Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margat i gcrípteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40).*
- ** *Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí (IO L 173, 12.6.2014, lch. 149).*
- *** *Treoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le gníomhaíochtaí agus maoirseacht ar institiúidí um sholáthar pinsean ceirde (IORPanna) (IO L 354, 23.12.2016, lch. 37).*
- **** *Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach (TPPU) (IO L 198, 25.7.2019, lch. 1).*
- ***** *Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).*
- ***** *Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1).’;*

I

- (4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10a:

‘Airteagal 10a

Ceanglais stuamachta a chur i bhfeidhm ar bhonn comhdhlúite i gcás inar máthairghnóthais na gnólachtaí infheistíochta

‘Chun críocha na Caibidle seo, measfar gur máthairchuideachtaí sealbhaíochta airgeadais i mBallstát nó máthairchuideachtaí sealbhaíochta airgeadais *AE* gnólachtaí infheistíochta agus cuideachtaí sealbhaíochta infheistíochta i gcás inar máthairghnóthais institiúide nó gnólachta infheistíochta na gnólachtaí infheistíochta sin nó na gnólachtaí sealbhaíochta infheistíochta sin faoi réir an Rialacháin seo dá dtagraítear in Airteagal 1(2) nó (5) de Rialachán (AE) 2019/2033.’;

- (5) in Airteagal *13(1)*, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an *dara fomhír*:

I

‘Nochtfaidh fochuideachtaí móra mháthairinstitiúidí AE an fhaisnéis a shonraítear in Airteagail 437, 438, 440, 442, 449a, 449b, 450, 451, 451a agus 453 ar bhonn aonair nó, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Treoir 2013/36/AE, ar bhonn fo-chomhdhlúite.’;

(6) leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

- (a) scriostar mír 2;
- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Déanfar rannpháirtíochtaí in institiúidí agus in institiúidí airgeadais arna mbainistiú ag gnóthas a áirítear sa chomhdhlúthú mar aon le gnóthas amháin nó níos mó nach n-áirítear sa chomhdhlúthú a chomhdhlúthú go comhréireach de réir na scaire caipitil arna sealbhú, i gcás ina bhfuil dliteanas na ngnóthas sin teoranta don scair den chaipiteal atá ina seilbh.’;

- (c) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Go háirithe, féadfaidh na húdaráis inniúla úsáid an mhodha a ndéantar foráil dó in Airteagal 22(7), (8) agus (9) de Threoir 2013/34/AE a cheadú nó a éileamh.’;

- (d) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad **na** chéad fhomhíre **■** :

‘I gcás ina bhfuil fochuideachta ag institiúid ar gnóthas seachas institiúid nó institiúid airgeadais í nó i gcás ina bhfuil rannpháirtíocht ag institiúid i ngnóthas mar sin, cuirfidh sí modh an chothromais i bhfeidhm ar an bhfochuideachta sin nó ar an rannpháirtíocht sin. Mar sin féin, ní hionann an modh sin a úsáid agus na gnóthais lena mbaineann a bheith ar áireamh faoin maoirseacht ar bhonn comhdhlúite.’;

(e) *i mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaí:*

‘Féadfaidh údaráis inniúla comhdhlúthú iomlán nó cionmhar a cheangal ar fhochuideachta nó ar ghnóthas ina bhfuil rannpháirtíocht ag institiúid i gcás nach institiúid ná institiúid airgeadais an fhochuideachta nó an ghnóthas sin agus i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:’;

(f) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘10. Cuirfidh ÚBE tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin faoin... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin **leasaithe** seo] maidir le hiomláine agus ■ iomchuibheas shainmhínithe agus fhorálacha an Rialacháin seo a bhaineann le maoirseacht ar gach cineál riosca ar a bhfuil institiúidí neamhchosanta ar leibhéal comhdhlúite. Déanfaidh ÚBE measúnú go háirithe ar aon neamhréireachtaí féideartha a d’fhéadfadh a bheith fós sna sainmhínithe agus sna forálacha sin agus ar a n-idirghníomhú leis an gcreat cuntasáochta is infheidhme, agus ar aon ghné a bheadh fós ann a d’fhéadfadh srianta neamhbheartaithe a chur ar mhaoirseacht chomhdhlúite atá cuimsitheach agus inoiriúnaithe le foinsí nó cineálacha nua riosca nó struchtúr a bhféadfadh arbatráiste rialála a bheith mar thoradh acu. Tabharfaidh ÚBE ■ a thuarascáil cothrom le dáta **faoi dhó ar a laghad gach 2 bhliain.**

I bhfianaise thorthaí ÚBE, **cuirfidh** an Coimisiún **faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, i gcás inarb** iomchuí, **togra reachtach chun coigeartuithe a dhéanamh** ar na sainmhínithe ábhartha nó ar raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta.’;

(7) *leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:*

(a) *i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaí:*

‘Aon institiúid nó institiúid airgeadais atá ina fochuideachta nó ina gnóthas ina bhfuil seilbh ar rannpháirtíocht, ní gá í a áirithiú sa chomhdhlúthú i gcás ina bhfuil méid iomlán sócmhainní agus ítimí lasmuigh de chlár comhardaithe an ghnóthais lena mbaineann níos lú ná an ceann is ísle den dá mhéid seo a leanas:’;

(b) *i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaí:*

‘Sna cásanna thíos féadfaidh na húdaráis inniúla atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar bhonn comhdhlúite de bhun Airteagal 111 de Threoir 2013/36/AE cinneadh a dhéanamh, de réir an cháis ar a fhiúntas féin, nach gá a áirithiú sa chomhdhlúthú institiúid, nó institiúid airgeadais atá ina fochuideachta nó ina sealbhaítear rannpháirtíocht:’;

(8) leasaítear Airteagal 20 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) i gcás iarratais ar na ceadanna dá dtagraítear in Airteagal 143(1), Airteagal 151(9), Airteagal 283 agus Airteagal **325az** arna gcur isteach ag máthairinstitiúid AE agus a fochuideachtaí, nó i gcomhpháirt a chéile ag fochuideachtaí máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais AE nó máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha AE, chun cinneadh a dhéanamh cé acu a thabharfar nó nach dtabharfar an cead atá á lorg agus chun na téarmaí agus na coinníollacha, más ann dóibh, a chinneadh, ar cheart an cead sin a bheith faoina réir;’;

(ii) scriostar an tríú fhomhír;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Maidir le máthairinstitiúid AE agus a fochuideachtaí, fochuideachtaí máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais AE nó máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha AE, i gcás ina mbaineann siad úsáid as Cur Chuige IRB dá dtagraítear in Airteagal 143 ar bhonn aontaithe, ceadóidh na húdaráis inniúla don mháthairchuideachta agus dá fochuideachtaí, arna mbreithniú i dteannta a chéile, na critéir cháilíochta a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 3, Roinn 6, a chomhlíonadh ar bhealach atá i gcomhréir le struchtúr an ghrúpa agus lena chórais bhainistíochta riosca, lena phróisis agus lena mhodheolaíochtaí.’;

(c) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:*

‘8. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun an próiseas a bhaineann leis an gcinneadh comhpháirteach dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo a shonrú, maidir leis na hiarratais ar chead dá dtagraítear in Airteagal 143(1), Airteagal 151(9) agus Airteagail 283 agus 325a d’fhonn cinntí comhpháirteacha a éascú.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.’;

(9) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 22:*

‘Airteagal 22

Fo-chomhdhlúthú i gcás eintitis i dtríú tíortha

1. *Déanfaidh fo-institiúidí nó fochuideachtaí idirmheánacha sealbhaíochta airgeadais nó fochuideachtaí idirmheánacha sealbhaíochta airgeadais measctha na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 89, 90 agus 91 de Chodanna a Trí, a Ceathair agus a Seacht mar aon leis na ceanglais ghaolmhara tuairiscithe a leagtar síos i gCuid a Seacht A a chur i bhfeidhm ar bhonn a gcáis fho-chomhdhlúite má tá institiúid nó institiúid airgeadais mar fhochuideachta acu i dtríú tír, nó má tá rannpháirtíocht acu i ngnóthas mar sin.*
2. *De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh fo-institiúidí nó fochuideachtaí idirmheánacha sealbhaíochta airgeadais nó fochuideachtaí idirmheánacha sealbhaíochta airgeadais mheasctha a roghnú gan na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 89, 90 agus 91 agus i gCodanna a Trí, a Ceathair agus a Seacht agus na ceanglais ghaolmhara tuairiscithe a leagtar síos i gCuid a Seacht A a chur i bhfeidhm ar bhonn a gcáis fho-chomhdhlúite más lú ná 10 % de mhéid iomlán na sócmhainní agus na hítimí lasmuigh den chlár comhardaithe atá ag an bhfo-institiúid nó ag an bhfochuideachta idirmheánach sealbhaíochta airgeadais nó ag an bhfochuideachta idirmheánach sealbhaíochta airgeadais mheasctha.’;*

- (10) in Airteagal 27(1), pointe (a), scriostar pointe (v);
- (11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 34:

‘Airteagal 34

Coigeartuithe luacha breise

1. Cuirfidh institiúidí ceanglais Airteagal 105 i bhfeidhm ar a sócmhainní uile arna dtomhas ag luach cóir nuair a ríomhtar méid a gcistí dílse agus asbhainfidh siad méid aon choigeartuithe luacha breise is gá ó chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1.

2. De mhaolú ar mhír 1, in imthosca urghnácha, imthosca a gcinnfear gurb ann dóibh le tuairim a chuir ÚBE ar fáil, i gcomhréir le mír 3, féadfaidh institiúidí na coigeartuithe luacha breise iomlána a laghdú le linn dóibh an méid iomlán atá le hasbhaint ó chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a ríomh.

3. Chun an tuairim dá dtagraítear i mír 2 a sholáthar, déanfaidh ÚBE faireachán ar dhálaí an mhargaidh chun a mheasúnú ar tharla imthosca urghnácha agus, má tharla, tabharfaidh sé fógra láithreach don Choimisiún ina dtaobh.

4. Forbróidh ÚBE, *i gcomhairle le ESMA*, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na táscairí agus na coinníollacha a úsáidfídh ÚBE chun na himthosca urghnácha dá dtagraítear i mír 2 a chinneadh agus chun an laghdú ar na coigeartuithe luacha breise comhiomlánaithe uile dá dtagraítear sa mhír sin a shonrú.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an *Rialacháin leasaithe* seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.’;

(12) leasaítear Airteagal 36 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) i gcás institiúidí a ríomhann méideanna neamhchosaintí a ualaítear ó thaobh riosca trí úsáid a bhaint as an gCur Chuige Immheánach Bunaithe ar Rátálacha (Cur Chuige IRB), easnamh IRB, i gcás inarb infheidhme, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 159;’;

(ii) leasaítear pointe (k) mar a leanas:

(1) scriostar pointe (v);

(2) *cuirtear an pointe seo a leanas leis:*

‘(vi) neamhchosaintí i bhfoirm aonad nó scaireanna i GC dá sanntar ualú riosca 1 250 % i gcomhréir le hAirteagal 132(2), an dara fomhír.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘5. Chun an méid cumhdaigh neamhdhóthanaigh is infheidhme i leith neamhchosaintí neamhthuillmheacha a ríomh, agus chun na gcríoch sin amháin, i gcomhréir le mír 1, pointe (m), den Airteagal seo, de mhaolú ar Airteagal 47c agus tar éis fógra a thabhairt don údarás inniúil, is nialas an méid cumhdaigh neamhdhóthanaigh is infheidhme i leith neamhchosaintí neamhthuillmheacha arna gceannach ag athstruchtúróir speisialaithe fiachais. Beidh feidhm ag an maolú a leagtar amach san fhomhír seo ar bhonn aonair agus, i gcás grúpaí ina gcáilíonn na hinstitiúidí go léir mar athstruchtúróirí speisialaithe fiachais, ar bhonn comhdhlúite.

Chun críocha na míre seo, ciallaíonn ‘athstruchtúróir speisialaithe fiachais’ institiúid a chomhlíon, le linn na bliana airgeadais roimhe sin, na coinníollacha seo a leanas go léir ar bhonn aonair agus ar bhonn comhdhlúite araon:

(a) is é príomhghníomhaíocht na hinstitiúide neamhchosaintí neamhthuillmheacha a cheannach, a bhainistiú agus a athstruchtúrú i gcomhréir le próiseas cinnteoireachta inmheánach atá soiléir agus éifeachtach arna chur chun feidhme ag a comhlacht bainistíochta;

- (b) ní mó ná 15 % dá sócmhainní iomlána an luach cuntaíochta a thomhaistear gan aon choigeartuithe i leith riosca creidmheasa ar a hiasachtaí tionscnaimh dílse a chur san áireamh;*
- (c) is ionann ar a laghad 5 % den luach cuntaíochta a thomhaistear gan aon choigeartuithe i leith riosca creidmheasa dá hiasachtaí tionscnaimh dílse a chur san áireamh agus athmhaoiniú iomlán nó páirteach, nó coigeartú ar théarmaí ábhartha na neamhchosaintí neamhthuillmheacha arna gceannach a cháilíonn mar bheart staonta i gcomhréir le hAirteagal 47b;*
- (d) ní mó ná EUR 20 billiún luach iomlán shócmhainní na hinstitiúide;*
- (e) coimeádann an institiúid, ar bhonn leanúnach, cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí 130 % ar a laghad;*
- (f) ní mó ná 5 % de dhliteanais iomlána na hinstitiúide taiseí ar amharc na hinstitiúide.*

Tabharfaidh an t-athstruchtúróir speisialaithe fiachais fógra don údarás inniúil, gan mhoill, más rud é nach bhfuil ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a leagtar amach sa dara fomhír á gcomhlíonadh a thuilleadh. Tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra do ÚBE, ar bhonn bliantúil ar a laghad, faoi chur i bhfeidhm na míre seo ag institiúidí a thagann faoina maoirseacht.

Déanfaidh ÚBE liosta d'athstruchtúróirí speisialaithe fiachais a bhunú, a choimeád agus a fhoilsiú. Déanfaidh ÚBE faireachán ar ghníomhaíocht athstruchtúróirí speisialaithe fiachais agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2028 maidir le torthaí an fhaireacháin sin agus, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh sé comhairle ar an gCoimisiún faoi cé acu atá nó nach bhfuil na coinníollacha chun cáiliú mar 'athstruchtúróir speisialaithe fiachais' sách rioscabhunaithe agus iomchuí i bhfianaise buntáiste a thabhairt don mhargadh tánaisteach i gcás iasachtaí neamhthuillmheacha, agus measúnú a dhéanamh chun féachaint an bhfuil gá le coinníollacha breise.';

(13) in Airteagal 46(1), pointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

‘(ii) na hasbhaintí dá dtagraítear in Airteagal 36(1), pointí (a) go (g), pointí (k)(ii) **go (vi)** agus pointí (l), (m) agus (n), cé is moite den mhéid a bheidh le hasbhaint i dtaca le sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht amach anseo agus a thagann ó dhifríochtaí sealadacha;’;

(14) *leasaítear Airteagal 47c mar seo a leanas:*

(a) *leasaítear mír 4 mar a leanas:*

(i) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:*

‘De mhaolú ar mhír 3 den Airteagal seo, beidh feidhm ag na fachtóirí seo a leanas maidir leis an gcuid den neamhchosaint neamhthuillmheach arna ráthú nó arna frithráthú ag soláthraí cosanta incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 201(1), pointí (a) go (e), na neamhchosaintí neamhurraithe a sannfaí ualú riosca 0 % dóibh faoi Chuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2:’;

(ii) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):*

‘(b) 1 le haghaidh na coda urraithe den neamhchosaint neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm ón gcéad lá den ochtú bliain tar éis í a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach, mura rud é gur chomhaontaigh an soláthraí cosanta incháilithe oibleagáidí iocaíochta uile an oibleagáideora i leith na hinstitiúide a chomhlíonadh go hiomlán agus i gcomhréir leis an mbunsceideal iocaíochta conartha, agus sa chás sin beidh feidhm ag fachtóir 0 le haghaidh na coda urraithe den neamhchosaint neamhthuillmheach.’;

(b) *cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*

‘4a. De mhaolú ar mhír 3, ní bheidh an chuid den neamhchosaint neamhthuillmheach arna ráthú nó arna hárachú ag gníomhaireacht creidmheasa onnmhairiúcháin oifigiúil faoi réir na gceanglas a leagtar síos san Airteagal seo.’;

(15) in Airteagal 48, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

‘(ii) Airteagal 36(1), pointí (a) go (h), pointí (k)(ii) **go (vi)** agus ■ pointí (l), (m) agus (n), cé is moite de shócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht amach anseo agus a thagann ó dhifríochtaí sealadacha;’;

(b) i bpointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

‘(ii) Airteagal 36(1), pointí (a) go (h), pointí (k)(ii) **go (vi)** agus pointí (l), (m) agus (n), cé is moite de shócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht amach anseo agus a thagann ó dhifríochtaí sealadacha;’;

(16) in Airteagal 49, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Na sealúchais sin nach ndéantar asbhaint ina leith i gcomhréir le mír 1, cáileoidh siad mar neamhchosaintí agus déanfar iad a ualú ó thaobh riosca i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2.

Na sealúchais sin nach ndéantar asbhaint ina leith i gcomhréir le míreanna 2 nó 3, cáileoidh siad mar neamhchosaintí agus déanfar iad a ualú ó thaobh riosca ag 100 %.’;

- (17) in Airteagal 60(1), i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):
- ‘(ii) Airteagal 36(1), pointí (a) go (g), pointí (k)(ii) **go (vi)** agus pointí (l), (m) agus (n), cé is moite de shócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht amach anseo agus a thagann ó dhifríochtaí sealadacha;’;
- (18) in Airteagal 62, an chéad mhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):
- (d) maidir le hinstitiúidí a dhéanann méideanna neamhchosaintí a ualaítear ó thaobh riosca a ríomh i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 3, an barrachas IRB, i gcás inarb infheidhme, agus éifeachtaí cánach san áireamh, a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 159, go dtí 0,6 % de mhéideanna neamhchosaintí a ualaítear ó thaobh riosca a ríomhtar i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 3.’;
- (19) in Airteagal 70(1), i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):
- ‘(ii) Airteagal 36(1), pointí (a) go (g), pointí (k)(ii) **go (vi)** agus pointí (l), (m) agus (n), cé is moite den mhéid a bheidh le hasbhaint i dtaca le sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht amach anseo agus a thagann ó dhifríochtaí sealadacha;’;

- (20) in Airteagal 72b(3), an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Sa bhreis ar na dliteanais dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, féadfaidh an t-údarás réitigh ligean do dhliteanais a bheith incháilithe mar ionstraimí dliteanas suas go dtí méid comhiomlán nach mó ná 3,5 % de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3), ar choinníoll an mhéid seo a leanas:’;

- (21) in Airteagal 72i(1), i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

‘(ii) Airteagal 36(1), pointí (a) go (g), pointí (k)(ii) **go (vi)** agus pointí (l), (m) agus (n), cé is moite den mhéid a bheidh le hasbhaint i dtaca le sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht amach anseo agus a thagann ó dhifríochtaí sealadacha;’;

- (22) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 74:*

‘Airteagal 74

Sealúchas d'ionstraimí caipitil arna n-eisiúint ag eintitis earnála airgeadais nach gcáilíonn mar chaipiteal rialála

Ní dhéanfaidh institiúidí aon eilimint a asbhaint dá gcistí féin, bíodh siad ina sealúchais dhíreacha, indíreacha nó shintéiseacha d'ionstraimí caipitil arna n-eisiúint ag eintiteas earnála airgeadais rialáilte nach gcáilíonn mar chaipiteal rialála an eintitis sin. Cuirfidh institiúidí ualuithe riosca i bhfeidhm maidir le sealúchais mar sin i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2.’;

(23) leasaítear Airteagal 84 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá ag an bhfochuideachta lúide an ceann is ísle díobh seo a leanas:

(i) an méid de chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá ag an bhfochuideachta sin a theastaíonn chun an méid seo a leanas a chomhlíonadh:

(1) i gcás inar *ceann díobhsan a liostaítear in Airteagal 81(1), pointe (a), den Rialachán seo í* an fhochuideachta *ach nach gnólacht infheistíochta ná cuideachta idirmheánach sealbhaíochta infheistíochta í*, suim an cheanglais a leagtar síos in Airteagal 92(1), pointe (a), den Rialachán seo, na ceanglais dá dtagraítear in Airteagail 458 agus 459 den Rialachán seo, na ceanglais shonracha cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE agus an ceanglas maoláin chomhcheangailte a shainmhínítear in Airteagal 128, pointe (6), den Treoir sin, nó aon rialacháin mhaoirseachta áitiúla i dtríú tíortha a mhéid atá na ceanglais sin le comhlíonadh le caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1;

(2) *i gcás inar gnólacht infheistíochta nó cuideachta idirmheánach sealbhaíochta infheistíochta í an fhochuideachta, suim an cheanglais a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/2033, na ceanglais shonracha cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 39(2), pointe (a), de Threoir (AE) 2019/2034, nó aon rialacháin mhaoirseachta áitiúla i dtríú tíortha a mhéid atá na ceanglais sin le comhlíonadh le caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1;*

(ii) *an méid de chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 comhdhlúite a bhaineann leis an bhfochuideachta sin atá faoi cheangal ar bhonn comhdhlúite an tsuim atá sa cheanglas a leagtar síos in Airteagal 92(1), pointe (a), den Rialachán seo a chomhlíonadh, na ceanglais dá dtagraítear in Airteagail 458 agus 459 den Rialachán seo, na ceanglais shonracha cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE agus an ceanglas maoláin comhcheangailte a shainmhínítear in Airteagal 128, pointe (6), den Treoir sin, nó aon rialacháin mhaoirseachta áitiúla i dtríú tíortha, a mhéid atá na ceanglais sin le comhlíonadh le caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1;’;*

(ii) *cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:*

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír, pointe (a), féadfaidh an t-údarás inniúil cead a thabhairt d’institiúid ceachtar de na méideanna dá dtagraítear i bpointe (a)(i) nó (ii) a asbhaint a luaithe a léireoidh an institiúid sin chun sástacht an údaráis inniúil go bhfuil an méid breise leasa mhionlaigh ar fáil chun caillteanais a ionsú ar an leibhéal comhdhlúite.’;

(b) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) déanann sí comhdhlúthú ar fho-institiúid nach bhfuil ach sealbhaíocht mhionlach aici inti de bhua na gaolmhaireachta rialaithe de bhrí Airteagal 4(1), pointe (37);’;

(24) in Airteagal 85(1), leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) an caipiteal Leibhéal 1 atá ag an bhfochuideachta lúide an ceann is ísle díobh seo a leanas:

(i) an méid caipitil Leibhéal 1 atá ag an bhfochuideachta sin is gá chun an méid seo a leanas a chomhlíonadh:

(1) i gcás inar ceann díobhsan a liostaítear in Airteagal 81(1), pointe (a), den Rialachán seo í an fhochuideachta ach nach gnólacht infheistíochta ná cuideachta idirmheánach sealbhaíochta infheistíochta í, suim an cheanglais a leagtar síos in Airteagal 92(1), pointe (b), den Rialachán seo, na ceanglais dá dtagraítear in Airteagail 458 agus 459 den Rialachán seo, na ceanglais shonracha cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE agus an ceanglas maoláin chomhcheangailte a shainmhínítear in Airteagal 128, pointe (6), den Treoir sin, nó aon rialacháin mhaoirseachta áitiúla i dtríú tíortha a mhéid atá na ceanglais sin le comhlíonadh le caipiteal Leibhéal 1;

(2) i gcás inar gnólacht infheistíochta nó cuideachta idirmheánach sealbhaíochta infheistíochta í an fhochuideachta, suim an cheanglais a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/2033, na ceanglais shonracha cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 39(2), pointe (a), de Threoir (AE) 2019/2034, nó aon rialacháin mhaoirseachta áitiúla i dtríú tíortha a mhéid atá na ceanglais sin le comhlíonadh le caipiteal Leibhéal 1;

(ii) an méid de chaipiteal Leibhéal 1 comhdhlúite a bhaineann leis an bhfochuideachta sin atá faoi cheangal ar bhonn comhdhlúite an tsuim atá sa cheanglas a leagtar síos in Airteagal 92(1), pointe (b), den Rialachán seo a chomhlíonadh, na ceanglais dá dtagraítear in Airteagail 458 agus 459 den Rialachán seo, na ceanglais shonracha cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE agus an ceanglas maoláin comhcheangailte a shainmhínítear in Airteagal 128, pointe (6), den Treoir sin, nó aon rialacháin mhaoirseachta áitiúla i dtríú tíortha, a mhéid atá na ceanglais sin le comhlíonadh le caipiteal Leibhéal 1;’;

(b) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír, pointe (a), féadfaidh an t-údarás inniúil cead a thabhairt d’institiúid ceachtar de na méideanna dá dtagraítear i bpointe (a)(i) nó (ii) a asbhaint a luaithe a léireoidh an institiúid sin chun sástacht an údaráis inniúil go bhfuil an méid breise de chaipiteal Leibhéal 1 ar fáil chun caillteanais a ionsú ar an leibhéal comhdhlúite.’;

(25) in Airteagal 87(1), leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) cistí dílse na fochuideachta lúide an ceann is ísle díobh seo a leanas:

(i) an méid de chistí dílse na fochuideachta a theastaíonn chun an méid seo a leanas a chomhlíonadh:

(1) i gcás inar ceann díobhsan a liostaítear in Airteagal 81(1), pointe (a), den Rialachán seo í an fhochuideachta ach nach gnólacht infheistíochta ná cuideachta idirmheánach sealbhaíochta infheistíochta í, suim an cheanglais a leagtar síos in Airteagal 92(1), pointe (c), den Rialachán seo, na ceanglais dá dtagraítear in Airteagail 458 agus 459 den Rialachán seo, na ceanglais shonracha cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE agus an ceanglas maoláin chomhcheangailte a shainmhínítear in Airteagal 128, pointe (6), den Treoir sin, nó aon rialacháin mhaoirseachta áitiúla i dtríú tíortha a mhéid atá na ceanglais sin le comhlíonadh le cistí dílse;

(2) i gcás inar gnólacht infheistíochta nó cuideachta idirmheánach sealbhaíochta infheistíochta í an fhochuideachta, an tsuim atá sa cheanglas a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/2033, na ceanglais shonracha cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 39(2), pointe (a), de Threoir (AE) 2019/2034, nó aon rialacháin mhaoirseachta áitiúla i dtríú tíortha a mhéid atá na ceanglais sin le comhlíonadh le cistí dílse;

(ii) *an méid cistí dílse comhdhlúite a bhaineann leis an bhfochuideachta sin atá faoi cheangal ar bhonn comhdhlúite an tsuim atá sa cheanglas a leagtar síos in Airteagal 92(1), pointe (c), den Rialachán seo a chomhlíonadh, na ceanglais dá dtagraítear in Airteagail 458 agus 459 den Rialachán seo, na ceanglais shonracha cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE agus an ceanglas maoláin comhcheangailte a shainmhínítear in Airteagal 128, pointe (6), den Treoir sin, nó aon rialacháin mhaoirseachta áitiúla i dtríú tíortha, a mhéid atá na ceanglais sin le comhlíonadh le **cistí dílse**;’;*

I

(b) *cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:*

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír, pointe (a), féadfaidh an t-údarás inniúil cead a thabhairt d’institiúid ceachtar de na méideanna dá dtagraítear i bpointe (a)(i) nó (ii) a asbhaint a luaithe a léireoidh an institiúid sin chun sástacht an údaráis inniúil go bhfuil an méid breise cistí dílse ar fáil chun caillteanais a ionsú ar an leibhéal comhdhlúite.’;

(26) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 88b

Gnóthais i dtríú tíortha

Chun críocha an Teidil seo, tuigfear go n-áirítear leis na téarmaí ‘gnólacht infheistíochta’ agus ‘institiúid’ gnóthais atá bunaithe i dtríú tíortha, ar gnóthais iad a thiocfadh faoi shainmhíniú na dtéarmaí sin sa Rialachán seo dá mba san Aontas a bheidís bunaithe.’;

(27) **leasaítear** Airteagal 89 *mar a leanas*:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad *mhíreanna 1 agus 2*:

- ‘1. Beidh sealúchas cáilitheach, ar mó a mhéid ná 15 % de chaipiteal incháilithe na hinstitiúide, i ngnóthas nach eintiteas earnála airgeadais é, faoi réir na bhforálacha a leagtar síos i mír 3.
2. *Beidh suim iomlán sealúchas cáilitheach atá ag institiúid i ngnóthais seachas na gnóthais sin dá dtagraítear i mír 1 agus ar mó iad ná 60 % dá caipiteal incháilithe faoi réir mhír 3.’;*

(b) *scriostar mír 4;*

(28) leasaítear Airteagal 92 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad *mhíreanna* 3 agus 4:

‘3. Ríomhfaidh *institiúidí* méid iomlán na neamhchosanta ar riosca mar leanas:

$$\text{TREA} = \max \{ \text{U-TREA} ; x \cdot \text{S-TREA} \}$$

i gcás inarb amhlaidh:

TREA = méid iomlán neamhchosaint an eintitis ar riosca;

U-TREA = méid iomlán neamhchosaint an eintitis ar riosca nach bhfuil socraithe ar íosráta arna ríomh i gcomhréir le mír 4;

S-TREA = méid iomlán caighdeánaithe neamhchosaint an eintitis ar riosca arna ríomh i gcomhréir le mír 5;

$$x = 72,5 \, \%$$

*De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh Ballstát a chinneadh gurb éard a bheidh i méid iomlán na neamhchosanta ar riosca **méid iomlán na neamhchosanta ar riosca nach bhfuil socraithe ar íosráta**, arna ríomh i gcomhréir le mír 4, **maidir le hinstitiúidí atá mar chuid de ghrúpa le máthairinstitiúid sa Bhallstát céanna, ar choinníoll go ndéanfaidh an mháthairinstitiúid sin nó, i gcás grúpaí atá comhdhéanta de chomhlacht lárnach agus d'institiúidí buanchleamhnaithe, an t-iomlán mar atá comhdhéanta den chomhlacht lárnach agus a institiúidí cleamhnaithe, méid iomlán na neamhchosanta ar riosca a ríomh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den mhír seo ar bhonn comhdhlúite.***

I

4. Ríomhfar méid iomlán na neamhchosanta ar riosca nach bhfuil socraithe ar íosráta mar shuim phointí (a) go (g) den mhír seo tar éis mír **6 den Airteagal seo** a chur san áireamh:
 - (a) na méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca le haghaidh riosca creidmheasa, lena n-áirítear riosca creidmheasa contrapháirtí, agus riosca caolúcháin, arna ríomh i gcomhréir le Teideal II den Chuid seo agus le hAirteagal 379, maidir le gníomhaíochtaí gnó uile institiúide, cé is moite de mhéideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca ó ghnó leabhair trádála na hinstitiúide;
 - (b) ceanglais cistí dílse gnó institiúide, ar gnó é sin a bhaineann leis an leabhar trádála, i gcás an mhéid seo a leanas:
 - (i) riosca margaidh, arna ríomh i gcomhréir le Teideal IV den Chuid seo;

- (ii) neamhchosaintí móra a sháraíonn na teorainneacha a shonraítear in Airteagail 395 go 401, a mhéid is ceadmhach d'institiúid na teorainneacha sin a shárú, arna gcinneadh i gcomhréir le Cuid a Ceathair;
- (c) na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh, arna ríomh i gcomhréir le Teideal IV den Chuid seo le haghaidh gach gníomhaíochta gnó leabhair neamhthrádála atá faoi réir riosca malairte eachtraí nó riosca tráchtearraí;
- (d) na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca socraíochta, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagail 378 agus 380;
- (e) na ceanglais cistí dílse le haghaidh an riosca coigeartaithe luachála creidmheasa arna ríomh i gcomhréir le Teideal VI den Chuid seo;
- (f) na ceanglais cistí dílse le haghaidh le riosca oibriúcháin, arna ríomh i gcomhréir le Teideal III den Chuid seo;
- (g) na méideanna neamhchosaintí a ualaítear ó thaobh riosca le haghaidh riosca **creidmheasa** contrapháirtí a eascraíonn as gnó leabhar trádála na hinstitiúide i gcás na gcineálacha idirbheart agus comhaontuithe a leanas, arna ríomh i gcomhréir le Teideal II den Chuid seo:
 - (i) conarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II agus díorthaigh chreidmheasa;

- (ii) idirbhearta athcheannaigh, idirbhearta iasachtaithe nó iasachtaíochta urrús nó tráchtearraí bunaithe ar urrúis nó ar thráchtearraí;
- (iii) idirbhearta iasachtaithe corrlaigh bunaithe ar urrúis nó ar thráchtearraí;
- (iv) idirbhearta socraíochta iarchurtha.’;

(b) cuirtear na míreanna ■ seo a leanas leis:

‘5. Ríomhfar méid iomlán caighdeánaithe na neamhchosanta ar riosca mar shuim mhír 4, pointí (a) go (g), tar éis na forálacha a leagtar amach i mír 6 agus na ceanglais seo a leanas a chur san áireamh:

- (a) na méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca le haghaidh riosca creidmheasa, lena n-áirítear riosca creidmheasa contrapháirtí, agus riosca caolúcháin, dá dtagraítear i mír 4, pointe (a), agus le haghaidh riosca **creidmheasa** contrapháirtí a eascraíonn as gnó leabhair trádála na hinstitiúide ■ dá dtagraítear i bpointe (g) den mhír sin, déanfar iad a ríomh gan aon cheann de na cineálacha cur chuige seo a leanas a úsáid:
 - (i) cur chuige na samhla inmheánaí le haghaidh máistir-chomhaontuithe glanluachála a leagtar amach in Airteagal 221;
 - (ii) an Cur Chuige Bunaithe ar Rátálacha Inmheánacha a leagtar amach i dTeideal II, Caibidil 3;

- (iii) Cur Chuige Bunaithe ar Rátálacha Inmheánacha i leith an Urrúsaithe a leagtar amach in Airteagail 258, 259 agus 260 agus Cur Chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh a leagtar amach in Airteagal 265;
 - (iv) Modh na Samhla Inmheánaí a leagtar amach i dTeideal II, Caibidil 6, Roinn 6;
- (b) déanfar na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh do ghnó an leabhair trádála dá dtagraítear i mír 4, pointe (b)(i), ***a ríomh gan úsáid a bhaint astu seo a leanas:***
- (i) ***an cur chuige samhla inmheánaí malartach a leagtar amach i dTeideal IV, Caibidil 1b; nó***
 - (ii) ***aon chur chuige a liostaítear faoi phointe (a) den mhír seo, i gcás inarb infheidhme;***
- (c) déanfar ***na ceanglais cistí dílse*** le haghaidh gach gníomhaíochta gnó leabhair neamhthrádála de chuid institiúide atá faoi réir riosca malairte eachtraí nó riosca tráchtearraí dá dtagraítear i **■** mír 4, ***pointe (c), den Airteagal seo*** a ríomh gan an cur chuige samhla inmheánaí malartach a leagtar amach i dTeideal IV, Caibidil 1b, a úsáid.

■

6. Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas nuair a bheidh **■** méid ***iomlán*** na neamhchosanta ar riosca nach bhfuil socraithe ar íosráta dá dtagraítear i mír 4 agus méid ***iomlán*** caighdeánaithe na neamhchosanta ar riosca dá dtagraítear i mír 5 á ríomh:

- (a) áireofar sna ceanglais cistí dílse dá dtagraítear i mír 4, pointí (d), (e) agus (f), na ceanglais sin a eascraíonn as gníomhaíochtaí gnó uile institiúide;
- (b) déanfaidh institiúidí na ceanglais cistí dílse a leagtar amach i mír 4, pointí (b) go (f), a iolrú faoi 12,5.’;

(29) in Airteagal 92a(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

- ‘(a) ‘cóimheas rioscabhunaithe 18 %, arb iad cistí dílse agus dliteanais incháilithe na hinstitiúide arna sloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 92(3);’;

(30) leasaítear Airteagal 94 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaí:

‘De mhaolú ar Airteagal 92(4), pointe (b), agus ar Airteagal 92(5), pointe (b), féadfaidh institiúidí an ceanglas maidir le cistí dílse a ngnó a bhaineann leis an leabhar trádála a ríomh i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo ar choinníoll gur lú méid gnó na n-institiúidí a bhaineann leis an leabhar trádála laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe ná an dá thairseach seo a leanas, nó go mbeidh siad cothrom leo, ar bhonn measúnú a dhéanfar orthu go míosúil agus na sonraí ón lá deireanach den mhí á n-úsáid:’;

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) agus phointe (b):

‘(a) maidir leis na conarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II, pointe 1, ar conarthaí iad a bhaineann le cothromais dá dtagraítear i bpointe 3 den Iarscríbhinn sin agus díorthaigh chreidmheasa, féadfaidh institiúidí na suíomhanna sin a dhíolmhú ón gceanglas maidir le cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 92(4), pointe (b), agus Airteagal 92(5), pointe (b);

(b) maidir le suíomhanna leabhair trádála, seachas iad siúd dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo, féadfaidh institiúidí an ceanglas arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(4), pointe (a), agus Airteagal 92(5), pointe (a), a chur in ionad an cheanglais maidir le cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 92(4), pointe (b), agus Airteagal 92(5), pointe (b).’;

(c) *leasaítear mír 3 mar a leanas:*

(i) *sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (c):*

‘(c) déanfar luach absalóideach an tsuímh fhada chomhiomlánaithe a shuimiú le luach absalóideach an tsuímh ghearr chomhiomlánaithe.’;

(ii) *cuirtear na fomhíreanna seo a leanas leis:*

‘Chun críocha na chéad fhomhíre, is ionann suíomh fada agus suíomh ina dtiocfaidh méadú ar mhargadhluach an tsuímh nuair a thagann méadú ar luach a phríomhthionscnóra riosca, agus is ionann suíomh gearr agus suíomh ina laghdaíonn margadhluach an tsuímh nuair a thagann méadú ar luach a phríomhthionscnóra riosca.

Chun críocha na chéad fhomhíre, beidh luach an tsuímh fhada (gearr) chomhiomlánaithe cothrom le suim luachanna na suíomhanna fada (gearr) aonair a áirítear sa ríomh i gcomhréir le pointe (a).’;

(d) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘10. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun an modh a shonrú chun príomhthionscnóirí riosca suímh a shainaithint agus chun a chinneadh an suíomh fada nó suíomh gearr é idirbheart dá dtagraítear i mír3 den Airteagal seo, agus in Airteagail 273a(3) agus 325a(2).

Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin á bhforbairt aige, cuirfidh ÚBE san áireamh an modh a forbraíodh le haghaidh na gcaighdeán teicniúil rialála a shainordaítear i gcomhréir le hAirteagal 279a(3), pointe (b).

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.’;

(31) *in Airteagal 95(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):*

‘(a) suim na n-ítimí dá dtagraítear in Airteagal 92(4), pointí (a) go (e) agus (g), tar éis Airteagal 92(6) a chur i bhfeidhm;’;

(32) *in Airteagal 96(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):*

‘(a) Airteagal 92(4), pointí (a) go (e) agus (g), tar éis Airteagal 92(6) a chur i bhfeidhm;’;

(33) in Airteagal 102, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige dá dtagraítear in Airteagal 325(1), pointe (b), sannfar suíomhanna leabhair trádála do dheasca trádála;

(34) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 104:

‘Airteagal 104

Áireamh sa leabhar trádála

1. Beidh beartais agus nósanna imeachta a bheidh sainmhínithe go soiléir i bhfeidhm ag institiúid chun cinneadh a dhéanamh cén suíomh a áireofar sa leabhar trádála ar mhaithe lena ceanglais cistí dílse a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 102 agus leis an Airteagal seo, agus a hacmhainneachtaí agus cleachtais bainistithe riosca á gcur san áireamh. Déanfaidh institiúid doiciméadú iomlán ar an gcaoi a bhfuil sí ag comhlíonadh na mbeartas agus na nósanna imeachta sin, déanfaidh sí iniúchadh inmheánach orthu ar a laghad ar bhonn bliantúil agus cuirfidh sí torthaí an iniúchta sin ar fáil do na húdaráis inniúla.

Beidh feidhm neamhspleách rialaithe riosca i bhfeidhm ag institiúid a dhéanfaidh meastóireacht, ar bhonn leanúnach, an bhfuil nó nach bhfuil a hionstraimí á sannadh mar is ceart don leabhar trádála nó don leabhar neamhthrádála.

2. Sannfaidh institiúidí suíomhanna sna hionstraimí a leanas don leabhar trádála:
 - (a) ionstraimí a chomhlíonann na critéir, a leagtar amach in Airteagal 325(6), (7) agus (8), chun iad a chur ar áireamh sa phunann trádála comhghaoil mhalartach (‘ACTP’);

- (b) ionstraimí a dtiocfadh glansuíomh creidmheasa gearr nó glansuíomh cothromais gearr sa leabhar neamhthrádála chun cinn mar thoradh orthu, cé is moite de dhliteanais dhílse na hinstitiúide, ach amháin i gcás ina gcomhlíonann na suíomhanna sin na critéir dá dtagraítear i bpointe (e);
- (c) ionstraimí mar thoradh ar ghealltanais frithgheallta urrús, i gcás ina mbaineann na gealltanais frithgheallta sin le hurrúis a bhfuil coinne leis go gceannóidh an institiúid iad ar an dáta socraíochta, agus leis na hurrúis sin amháin;
- (d) *ionstraimí* a aicmítear go soiléir mar shócmhainní nó dliteanais a bhfuil cuspóir trádála acu faoin gcreat cuntasáochta is infheidhme maidir leis an institiúid;
- (e) ionstraimí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí cruthaithe margaidh;
- (f) na suíomhanna a shealbhaítear le hintinn trádála in GCanna, ar choinníoll go gcomhlíonann na GCanna sin ar a laghad ceann amháin de na coinníollacha a leagtar amach i mír 8;
- (g) cothromais liostaithe;
- (h) idirbhearta um maoiniú urrús atá bainteach le trádáil;
- (i) roghanna, nó díorthaigh eile, leabaithe i ndliteanais dhílse na hinstitiúide sa leabhar neamhthrádála a bhaineann le riosca creidmheasa nó riosca cothromais.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (b), beidh glansuíomh cothromais gearr ag institiúid i gcás inar brabús don institiúid é an toradh a bheidh ar laghdú ar phraghas an chothromais. Beidh glansuíomh creidmheasa gearr ag institiúid i gcás inar brabús don institiúid é an toradh a bheidh ar mhéadú ar raon difríochta creidmheasa eisitheora nó grúpa eisitheoirí nó meathlúchán ar acmhainneacht creidmheasa eisitheora nó grúpa eisitheoirí. Déanfaidh institiúidí faireachán leanúnach chun féachaint an mbeidh glansuíomh creidmheasa gearr nó glansuíomh cothromais gearr sa leabhar neamhtrádála chun cinn mar thoradh ar ionstraimí.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (i), roinnfidh institiúid an rogha leabaithe, **nó díorthach eile**, óna dliteanas dílis ■ sa leabhar neamhtrádála **a bhaineann le** riosca creidmheasa nó riosca cothromais. **Sannfaidh sí an rogha leabaithe, nó díorthach eile, don leabhar trádála** agus **fágfaidh sí** an dliteanas dílis **sa leabhar neamhtrádála. I gcás, mar gheall ar a cineál, nach féidir an ionstraim a roinnt, sannfaidh an institiúid** an ionstraim **iomlán don leabhar trádála. I gcás mar sin, déanfaidh sí doiciméadú cuí ar an gcúis leis an láimhseáil sin a chur i bhfeidhm.**

3. Ní shannfaidh institiúidí suíomhanna sna hionstraimí seo a leanas don leabhar trádála:
- (a) ionstraimí atá ainmnithe le haghaidh stórasú urrúsúcháin;
 - (b) ionstraimí a bhaineann le sealúchais réadmhaoine;
 - (c) cothromais neamhliostaithe;
 - (d) ionstraimí a bhaineann le miondíol agus creidmheas FBManna;
 - (e) suíomhanna in GCanna eile seachas na cinn dá dtagraítear i mír 2, pointe (f);
 - (f) conarthaí díorthacha agus GCanna ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na hionstraimí foluiteacha dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) den mhír seo;
 - (g) ionstraimí arna sealbhú chun riosca ar leith a fhálú maidir le suíomh amháin nó níos mó in ionstraim dá dtagraítear i bpointí (a) go (f), **(h) agus (i), den mhír seo;**
 - (h) dliteanais dhílse na hinstitiúide, ach amháin i gcás ina gcomhlíonann na hionstraimí sin na critéir dá dtagraítear i mír 2, pointe (e), **nó na critéir dá dtagraítear i mír 2, an tríú fomhír;**
 - (i) **ionstraimí i gcistí fálaithe.**

4. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh institiúid suíomh in ionstraim dá dtagraítear i bpointí (d) go (i) den mhír sin a shannadh don leabhar neamhthrádála, faoi réir fhormheas a húdaráis inniúil. Tabharfaidh an t-údarás inniúil a fhormheas i gcás inar léirigh an institiúid chun sástacht an údaráis inniúil nach sealbhaítear an suíomh le hintinn é a thrádáil ná nach bhfálaíonn sé suíomhanna arna sealbhú le hintinn iad a thrádáil.
5. *De mhaolú ar mhír 3, féadfaidh institiúid suíomh in ionstraim dá dtagraítear i bpointe (i) den mhír sin a shannadh don leabhar trádála, faoi réir fhormheas a húdaráis inniúil. Tabharfaidh an t-údarás inniúil a fhormheas i gcás ina mbeidh sé léirithe ag an institiúid chun sástacht a údaráis inniúil go bhfuil an suíomh á shealbhú le hintinn trádála, nó go bhfálaítear suíomhanna arna sealbhú le hintinn trádála agus go gcomhlíonann an institiúid ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha a leagtar amach i mír 8 don suíomh sin.*

6. *I gcás* ina bhfuil suíomh in ionstraim seachas na hionstraimí dá dtagraítear i mír 2, pointí (a), (b) nó (c), sannta ag institiúid don leabhar trádála, féadfaidh údarás inniúil na hinstitiúide a iarraidh ar an institiúid fianaise a sholáthar chun údar a thabhairt leis an sannadh sin. I gcás nár sholáthair an institiúid fianaise oiriúnach, féadfaidh a húdarás inniúil a cheangal ar an institiúid an suíomh sin a athshannadh don leabhar neamhthrádála.
7. I gcás ina bhfuil suíomh in ionstraim seachas na hionstraimí dá dtagraítear i mír 3 sannta ag an institiúid don leabhar neamhthrádála, féadfaidh údarás inniúil na hinstitiúide a iarraidh ar an institiúid fianaise a sholáthar chun údar a thabhairt leis an sannadh sin. I gcás nár sholáthair an institiúid fianaise oiriúnach, féadfaidh a húdarás inniúil a éileamh ar an institiúid an suíomh sin a athshannadh don leabhar trádála.

8. Sannfaidh institiúid suíomh in GC don leabhar trádála, *cé is moite de na suíomhanna dá dtagraítear i mír 3, pointe (f)*, atá á shealbhú le hintinn trádála ■, i gcás ina gcomhlíonfaidh an institiúid aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:
- (a) tá an institiúid in ann faisnéis leordhóthanach a fháil faoi neamhchosaintí foluiteacha aonair an ghnóthais comhinfeistíochta;
 - (b) níl an institiúid in ann faisnéis leordhóthanach a fháil faoi neamhchosaintí foluiteacha an ghnóthais comhinfeistíochta, ach is eol don institiúid a bhfuil i sainordú an ghnóthais comhinfeistíochta agus tá sí in ann praghsanna luaite laethúla a fháil don ghnóthas comhinfeistíochta.
9. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun a shonrú a thuilleadh an próiseas atá le húsáid ag institiúidí chun glansuíomhanna creidmheasa gearr nó glansuíomhanna cothromais gearr sa leabhar neamhthrádála dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), a ríomh agus chun faireachán a dhéanamh orthu.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin *leasaithe* seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.’;

(35) leasaítear Airteagal 104a mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Déanfaidh ÚBE faireachán ar raon na gcleachtas maoirseachta agus eiseoidh sé treoirlínte faoin ... *[36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo]*, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, faoin mbrí atá le himthosca eisceachtúla chun críocha na chéad fhomhíre den mhír seo agus mhír 5 den Airteagal seo. Go dtí go n-eiseoidh ÚBE na treoirlínte sin, cuirfidh údaráis inniúla ÚBE ar an eolas faoina gcinntí maidir le cé acu a thabharfaidh siad cead d’institiúid a suíomh a athaicmiú dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, nó nach dtabharfaidh, agus an réasúnaíocht a bheidh leis.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Ní fhéadfar athaicmiú suímh a rinneadh i gcomhréir leis an Airteagal seo a chúlghairm, ach amháin sna himthosca eisceachtúla dá dtagraítear i mír 1.’;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘6. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh institiúid suíomh leabhair neamhthrádála a athaicmiú mar shuíomh leabhair trádála de bhun Airteagal 104(2), pointe (d), gan cead a lorg óna húdarás inniúil. I gcás mar sin, beidh feidhm i gcónaí ag na ceanglais a leagtar síos i míreanna 3 agus 4 maidir leis an institiúid. Tabharfaidh institiúid fógra dá húdarás inniúil láithreach i gcás inar tharla athaicmiú mar sin.’;

(36) leasaítear Airteagal 104b mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige dá dtagraítear in Airteagal 325(1), pointe (b), bunóidh institiúidí deasca trádála agus sannfaidh siad gach ceann dá suíomhanna leabhair trádála agus dá suíomhanna leabhair neamhthrádála dá dtagraítear i míreanna 5 agus 6 den Airteagal seo do cheann de na deasca trádála sin. Ní shannfar suíomhanna leabhair trádála don deasc thrádála chéanna ach amháin i gcás ina gcomhlíonfaidh na suíomhanna sin an straitéis ghnó a comhaontaíodh le haghaidh na deisce trádála sin agus i gcás ina ndéanfar bainistiú agus faireachán go comhsheasmhach orthu i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo.’;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

- ‘5. Chun a gceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh, déanfaidh institiúidí gach ceann dá suíomhanna leabhair neamhthrádála atá faoi réir riosca malairte eachtraí nó riosca tráchtearraí a shannadh do dheasca trádála a bunaíodh i gcomhréir le mír 1 a bhainistíonn rioscaí atá cosúil le rioscaí na suíomhanna sin.
6. De mhaolú ar mhír 5, féadfaidh institiúidí, agus a gceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh á ríomh acu, deasc thrádála amháin nó níos mó a bhunú dá sannfaidh siad go heisiach suíomhanna leabhair neamhthrádála atá faoi réir riosca malairte eachtraí nó riosca tráchtearraí. Ní bheidh na deasca trádála sin faoi réir na gceanglas a leagtar amach i míreanna 1, 2 agus 3.’;

(37) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 104c

Fáluithe riosca malairte eachtraí de chuid cóimheasa caipitil a láimhseáil

1. Féadfaidh institiúid a bhfuil suíomh riosca tógtha aici d’aon turas chun fálú a dhéanamh, ar a laghad go páirteach, in aghaidh gluaiseachtaí díobhálacha i rátaí malairte eachtraí ar aon cheann dá cóimheasa caipitil dá dtagraítear in Airteagal 92(1), pointí (a), (b) agus (c), féadfaidh sí, faoi réir chead a húdaráis inniúil, an suíomh riosca sin a eisiamh ó na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca malairte eachtraí dá dtagraítear in Airteagal 325(1), ar choinníoll go gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha a leanas:
 - (a) tá uasmhéid an tsuímh riosca a eisiatar ó na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh teoranta do mhéid an tsuímh riosca a neodraíonn íogaireacht aon cheann de na cóimheasa caipitil chuig na gluaiseachtaí díobhálacha i rátaí malairte eachtraí;
 - (b) eisiatar an suíomh riosca ó na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh ar feadh ar a laghad 6 mhí;
 - (c) tá creat bainistíochta riosca iomchuí bunaithe ag an institiúid chun na gluaiseachtaí díobhálacha i rátaí malairte eachtraí ar aon cheann dá cóimheasa caipitil a fhálú, lena n-áirítear straitéis fálúcháin shoiléir agus struchtúr rialála soiléir;

- (d) tá údar le suíomh riosca a eisiamh ó na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh, mionsonraí an tsuímh riosca sin agus an méid le heisiamh, tugtha ag an institiúid don údarás inniúil.
2. Déanfar aon eisiamh ar shuíomhanna riosca ó na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh i gcomhréir le mír 1 a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
3. Formheasfaidh an t-údarás inniúil aon athrú a dhéanfaidh an institiúid ar an gcreat bainistíochta riosca dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), agus ar mhionsonraí na suíomhanna riosca dá dtagraítear i mír 1, pointe (d).
4. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na nithe seo a leanas a shonrú:
- (a) na suíomhanna riosca is féidir le hinstitiúid a thógáil d'aon turas chun fáil a dhéanamh, ar a laghad go páirteach, in aghaidh gluaiseachtaí díobhálacha i rátaí malairte eachtraí ar aon cheann dá cóimheasa caipitil dá dtagraítear i mír 1;
- (b) conas an t-uasmhéid dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo a chinneadh, agus an bealach atá institiúid leis an méid sin a eisiamh maidir le gach ceann de na cineálacha cur chuige dá dtagraítear in Airteagal 325(1);

- (c) na critéir atá le comhlíonadh ag creat bainistíochta riosca institiúide dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), chun é a mheas a bheith iomchuí chun críocha an Airteagail seo.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [] ... 24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin *leasaithe* seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun *an Rialachán seo a fhorlíonadh trí* na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo *a ghlacadh* i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.’;

(38) leasaítear Airteagal 106 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ■ mhíreanna 3 agus 4 ■ :

‘3. I gcás ina ndéanfaidh institiúid fálú ar neamhchosaint leabhair neamhthrádála ar riosca creidmheasa nó ar neamhchosaint ar riosca contrapháirtí ag úsáid díorthach creidmheasa atá cláraithe ina leabhar trádála, aithneofar an suíomh díorthaigh creidmheasa sin mar fhálú inmheánach ar neamhchosaint leabhair neamhthrádála ar riosca creidmheasa nó ar neamhchosaint ar riosca contrapháirtí chun críche na méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca dá dtagraítear in Airteagal 92(4), pointe (a), a ríomh i gcás ina ndéanfaidh an institiúid idirbheart díorthaigh chreidmheasa eile le soláthraí cosanta tríú páirtí incháilithe a chomhlíonann na ceanglais le haghaidh cosaint creidmheasa neamhchistithe sa leabhar neamhthrádála agus a fhritháiríonn go hiomlán riosca margaidh an fhálaithe inmheánaigh.

Áireofar fálú inmheánach a aithnítear i gcomhréir leis an gcéad fhomhír agus an díorthach creidmheasa a dhéantar le soláthraí cosanta tríú páirtí incháilithe araon sa leabhar trádála chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh. Chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh agus an cur chuige dá dtagraítear in Airteagal 325(1), pointe (b), á úsáid, sannfar an dá shuíomh don deasc thrádála chéanna lena mbainistítear rioscaí comhchosúla.

4. *I gcás ina ndéanfaidh institiúid fálú ar neamhchosaint leabhair neamhthrádála ar riosca cothromais ag úsáid díorthach cothromais atá cláraithe ina leabhar trádála, aithneofar an suíomh díorthaigh cothromais sin mar fhálú inmheánach ar neamhchosaint leabhair neamhthrádála ar riosca cothromais chun críche na méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca dá dtagraítear im Airteagal 92(4), pointe (a), a ríomh i gcás ina ndéanfaidh an institiúid idirbheart díorthaigh cothromais eile le soláthraí cosanta tríú páirtí incháilithe a chomhlíonann na ceanglais le haghaidh cosaint creidmheasa neamhchistithe sa leabhar neamhthrádála agus a fhritháiríonn go hiomlán riosca margaidh an fhálaithe inmheánaigh.*

Áireofar fálú inmheánach a aithnítear i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den mhír seo agus an díorthach cothromais a dhéantar le soláthraí cosanta tríú páirtí incháilithe araon sa leabhar trádála chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh. Chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh rioscaí margaidh a ríomh agus an cur chuige dá dtagraítear in Airteagal 325(1), pointe (b), á úsáid, sannfar an dá shuíomh don deasc thrádála chéanna lena mbainistítear rioscaí comhchosúla.’;

(b) *cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*

‘4a. Chun críocha mhíreanna 3 agus 4, féadfaidh an t-idirbheart díorthaigh creidmheasa nó an t-idirbheart díorthaigh cothromais a rinne institiúid a bheith comhdhéanta de níos mó ná idirbheart amháin le níos mó ná soláthraí cosanta tríú páirtí incháilithe amháin, ar an gcoinníoll go gcomhlíonann an t-idirbheart comhiomlánaithe is toradh air na coinníollacha a leagtar amach sna míreanna sin.’;

(c) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:*

‘5. I gcás ina ndéanfaidh institiúid fálú ar neamhchosaintí leabhair neamhthrádála ar riosca ráta úis agus suíomh riosca ráta úis á úsáid atá cláraithe ina leabhar trádála, measfar gur fálú inmheánach é an suíomh sin maidir le riosca an ráta úis chun críoch riosca ráta úis a thagann as suíomhanna leabhair neamhthrádála a mheasúnú i gcomhréir le hAirteagail 84 agus 98 de Threoir 2013/36/AE i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) **chun** na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh **a ríomh** agus na cineálacha cur chuige dá dtagraítear in Airteagal 325(1), pointí (a), (b) agus (c), á n-úsáid, sannadh an suíomh do phunann ar leithligh ó na suíomhanna leabhair trádála eile, arb é is straitéis ghnó di bainistiú agus maolú a dhéanamh ar an riosca margaidh a bhaineann le fáluithe inmheánacha ar neamhchosaint ar riosca ráta úis, agus an méid sin amháin; ■

- (b) chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh agus an cur chuige dá dtagraítear in Airteagal 325(1), pointe (b), á úsáid, sannadh an suíomh do dheasc thrádála arb é is straitéis ghnó di bainistiú agus maolú a dhéanamh ar an riosca margaidh a bhaineann le fáluithe inmheánacha ar neamhchosaint ar riosca ráta úis, agus an méid sin amháin;
- (c) rinne an institiúid doiciméadú iomlán ar an gcaoi a maolóidh an suíomh an riosca ráta úis a bhaineann le suíomhanna leabhair neamhthrádála chun críocha na gceanglas a leagtar síos in Airteagail 84 agus 98 de Threoir 2013/36/AE.’;
- (d) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:
 - ‘5a. Chun críocha mhír 5, pointe (a), féadfaidh an institiúid a shannadh don phunann sin suíomhanna eile riosca ráta úis a dhéantar le tríú páirtithe, nó lena leabhar trádála féin, ar choinníoll go bhfritháiríonn an institiúid go hiomlán riosca margaidh na suíomhanna eile riosca ráta úis sin a rinneadh lena leabhar trádála féin trí shuíomhanna riosca ráta úis urchomhaireacha a bheith acu le tríú páirtithe.

5b. Beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas maidir leis an deasc thrádála dá dtagraítear i mír 5, pointe (b), den Airteagal seo:

- (a) féadfaidh an deasc thrádála sin suíomhanna eile riosca ráta úis a bheith aici le tríú páirtithe nó le deasca trádála eile de chuid na hinstitiúide, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh na suíomhanna sin go hiomlán na ceanglais chun iad a chur ar áireamh sa leabhar trádála dá dtagraítear in Airteagal 104 agus go bhfritháireoidh na deasca trádála eile sin go hiomlán riosca margaidh na suíomhanna eile riosca ráta úis sin trí shuíomhanna riosca ráta úis urchomhaireacha a bheith acu le tríú páirtithe;
- (b) ní shanntar aon suíomhanna leabhair trádála ar an deasc thrádála sin, seachas na suíomhanna dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo;
- (c) de mhaolú ar Airteagal 104b, ní bheidh an deasc thrádála sin faoi réir na gceanglas a leagtar amach i míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal sin.’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 6 agus 7:

- ‘6. Na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh na suíomhanna uile a sannadh don phunann ar leithligh dá dtagraítear i mír 5, pointe (a), nó don deasc thrádála dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír sin, déanfar iad a ríomh ar bhonn neamhspleách, sa bhreis ar na ceanglais cistí dílse do na suíomhanna leabhair trádála eile.
7. I gcás ina ndéanann institiúid fálú maidir le neamhchosaint ar riosca coigeartaithe ar luacháil creidmheasa (CVA) trí ionstraim dhíorthach a úsáid a rinne sí lena leabhar trádála, aithneofar an suíomh san ionstraim dhíorthach sin mar fhálú inmheánach don neamhchosaint ar riosca CVA chun na ceanglais cistí dílse a ríomh do riosca CVA i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach in Airteagal 383 nó 384, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) aithnítear an suíomh díorthach mar fhálú incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 386;
 - (b) i gcás ina bhfuil an suíomh díorthach faoi réir aon cheann de na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 325c(2), pointe (b) nó (c), nó in Airteagal 325e(1), pointe (c), fritháiríonn an institiúid go hiomlán riosca margaidh an tsuímh dhíorthaigh sin trí shuíomhanna urchomhaireacha a dhéanamh le tríú páirtithe.

Áireofar suíomh leabhair trádála urchomhaireach an fhálaithe inmheánaigh a aithnítear i gcomhréir leis an gcéad fhomhír i leabhar trádála na hinstitiúide chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh.’;

(39) ■ in Airteagal 107, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 2 agus 3:

- ‘1. Cuirfidh institiúidí an Cur Chuige Caighdeánaithe dá bhforáiltear i gCaibidil 2 i bhfeidhm nó, i gcás ina gceadaíonn na húdaráis inniúla é i gcomhréir le hAirteagal 143, an Cur Chuige Inmheánach Bunaithe ar Rátálacha dá bhforáiltear i gCaibidil 3 chun a méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca a ríomh chun críocha Airteagal 92(4), pointí (a) agus (g).
2. I gcás neamhchosaintí trádála agus i gcás ranníocaíochtaí an chiste mainneachtana le contrapháirtí lárnach, cuirfidh institiúidí an láimhseáil a leagtar amach i gCaibidil 6, Roinn 9, i bhfeidhm chun a méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca a ríomh chun críocha Airteagal 92(4), pointí (a) agus (g). Maidir le gach cineál eile neamhchosanta contrapháirtí lárnaigh, déanfaidh institiúidí iad a láimhseáil mar a leanas:
 - (a) mar neamhchosaintí institiúide maidir le gach cineál eile neamhchosanta contrapháirtí lárnaigh cháilithigh;
 - (b) mar neamhchosaintí ar chorparáid maidir le gach cineál eile neamhchosanta contrapháirtí lárnaigh neamhcháilithigh.

3. Chun críocha an Rialacháin seo, láimhseálfar neamhchosaintí gnólachtaí infheistíochta tríú tír, institiúidí creidmheasa tríú tír agus malartáin ■ tríú tír ■ , chomh maith le neamhchosaintí institiúidí airgeadais tríú tír atá údaraithe ag údaráis tríú tír, a ndéanann údaráis tríú tír maoirseacht orthu agus atá faoi réir ceanglais stuamachta atá inchomparáide leis na ceanglais a chuirtear i bhfeidhm ar institiúidí i dtéarmaí stóinseachta, déanfar iad a láimhseáil mar neamhchosaintí institiúide i gcás ina gcuirfidh an tríú tír ceanglais stuamachta agus mhaoirseachta i bhfeidhm ar an eintiteas sin, ar ceanglais iad atá ar a laghad coibhéiseach leo siúd a chuirtear i bhfeidhm san Aontas, agus sa chás sin amháin.’;

(40) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 108:

‘Airteagal 108

Teicnící um maolú riosca creidmheasa a úsáid faoin gCur Chuige Caighdeánaithe agus faoi Chur Chuige IRB le haghaidh riosca creidmheasa agus riosca caolúcháin

1. Maidir le neamhchosaint a gcuireann institiúid an Cur Chuige Caighdeánaithe i bhfeidhm ina leith faoi Chaibidil 2 nó a gcuireann sí Cur Chuige IRB i bhfeidhm ina leith faoi Chaibidil 3 ach gan a cuid meastachán féin ar chaillteanas i gcás LGD a úsáid faoi Airteagal 143, féadfaidh an institiúid éifeacht cosanta creidmheasa cistithe a chur san áireamh i gcomhréir le Caibidil 4 nuair a bheidh sí ag ríomh méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca chun críocha Airteagal 92(4), pointí (a) agus (g), **agus**, i gcás inarb ábhartha, méideanna caillteanais ionchasaigh chun críocha an ríomha dá dtagraítear in Airteagal 36(1), pointe (d), agus in Airteagal 62, pointe (d).

2. Maidir le neamhchosaint a gcuirfidh institiúid Cur Chuige IRB i bhfeidhm ina leith trína cuid meastachán LGD féin a úsáid faoi Airteagal 143, féadfaidh an institiúid éifeacht cosanta creidmheasa cistithe a chur san áireamh ***i gcomhréir le Caibidil 3 nuair a bheidh méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca á ríomh chun críocha Airteagal 92(4), pointí (a) agus (g), agus, i gcás inarb ábhartha, méideanna an chaillteanais ionchasaigh chun críocha an ríomha dá dtagraítear in Airteagal 36(1), pointe (d), agus Airteagal 62, pointe (d).***
3. I gcás ina gcuireann institiúid Cur Chuige IRB i bhfeidhm trína meastacháin féin ar LGD a úsáid faoi Airteagal 143 le haghaidh na neamhchosanta bunaidh agus le haghaidh neamhchosaintí díreacha inchomparáide ar an soláthraí cosanta araon, féadfaidh an institiúid éifeacht cosanta creidmheasa neamhchistithe a chur san áireamh ***i gcomhréir le Caibidil 3*** agus méideanna na neamhchosaintí a ualaítear ó thaobh riosca ***á ríomh chun críoch Airteagal 92(4), pointí (a) agus (g), agus, i gcás inarb ábhartha, méideanna an chaillteanais ionchasaigh chun críoch an ríomha dá dtagraítear in Airteagal 36(1), pointe (d), agus Airteagal 62, pointe (d).*** I ngach cás eile, ***chun na gcríoch sin,*** féadfaidh an institiúid éifeacht cosanta creidmheasa neamhchistithe a chur san áireamh agus méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh á ríomh i gcomhréir le Caibidil 4.

4. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i mír 5, *féadfar údaráis* iasachtaí *do dhaoine nádúrtha a mheas* mar neamhchosaintí arna n-urrú le morgáiste ar réadmhaoín chónaithe, in ionad iad a láimhseáil mar neamhchosaintí ráthaithe, chun críocha Theideal II, Caibidlí 2, 3 agus 4, de réir mar is infheidhme, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leanas do na hiasachtaí sin i mBallstát:
- (a) maidir le formhór na n-iasachtaí le daoine nádúrtha chun réadmhaoín chónaithe a cheannach sa Bhallstát sin, ní chuirtear iad ar fáil mar mhorgáistí i bhfoirm dhlíthiúil;
 - (b) maidir le formhór na n-iasachtaí le *daoine nádúrtha* chun réadmhaoín chónaithe a cheannach sa Bhallstát sin, déanann *soláthraí cosanta* iad a ráthú le measúnú creidmheasa ó IMCS ainmnithe a chomhfhreagraíonn do chéim cáilíochta creidmheasa 1 nó 2, a éilítear chun an institiúid a aisíoc go hiomlán i gcás mhainneachtain an iasachtaí bhunaidh;
 - (c) tá an ceart dlíthiúil ag an institiúid morgáiste a ghlacadh *ar an réadmhaoín chónaithe i gcás nach gcomhlíonann an soláthraí cosanta* dá dtagraítear i bpointe (b) *a oibleagáidí faoin ráthaíocht a cuireadh ar fáil, nó i gcás nach féidir leis nó léi iad a chomhlíonadh.*

Cuirfidh na húdaráis inniúla ÚBE ar an eolas i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach sa chéad fhomhír, bpointí (a), (b) agus (c), den mhír seo i gcríocha náisiúnta a gcuid dlínsí, agus soláthróidh siad ainmneacha na *soláthraithe cosanta* a bheidh incháilithe don láimhseáil sin lena gcomhlíonfar coinníollacha na míre seo agus mhír 5.

Foilseoidh ÚBE an liosta de na ***soláthraithe cosanta*** incháilithe uile sin ar a shuíomh gréasáin agus tabharfaidh sé an liosta sin cothrom le dáta gach bliain.

5. Chun críocha mhír 4, féadfar iasachtaí dá dtagraítear sa mhír sin a láimhseáil mar neamhchosaintí arna n-urrú le morgáiste ar réadmhaoín chónaithe, in ionad iad a láimhseáil mar neamhchosaintí ráthaithe, i gcás ina gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) maidir le neamhchosaint a láimhseáiltear faoin gCur Chuige Caighdeánaithe, comhlíonann an neamhchosaint gach ceann de na ceanglais a bheidh le sannadh don aicme neamhchosanta um Chur Chuige Caighdeánaithe ‘neamhchosaintí arna n-urrú le morgáistí ar réadmhaoín dhochorraithe’ de bhun Airteagail 124 agus 125 ach amháin nach bhfuil morgáiste ag an institiúid a cheadóidh an iasacht ar an réadmhaoín chónaithe;
 - (b) i gcás neamhchosaint a láimhseáiltear faoi Chur Chuige IRB, comhlíonann an neamhchosaint gach ceann de na ceanglais a bheidh le sannadh don aicme neamhchosanta IRB ‘neamhchosaintí miondíola arna n-urrú le réadmhaoín chónaithe’ dá dtagraítear in Airteagal 147(2), pointe (d)(ii), ach amháin nach bhfuil morgáiste ag an institiúid a cheadóidh an iasacht ar an réadmhaoín chónaithe;
 - (c) níl aon lian morgáiste ar an réadmhaoín chónaithe nuair a cheadaítear an iasacht agus ***i gcás iasachtaí a ceadaíodh ón 1 Eanáir 2014***, tá an t-iasachtaí faoi cheangal conarthach gan aon lian morgáiste a cheadú gan toiliú ón institiúid a cheadaigh an iasacht an chéad uair;

- (d) is ***soláthraí cosanta*** incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 201 é an soláthraí cosanta, agus tá measúnú creidmheasa ag an soláthraí sin ■ a rinne IMCS ainmnithe a chomhfhreagraíonn do chéim cáilíochta creidmheasa 1 nó 2;
 - (e) is institiúid nó eintiteas earnála airgeadais é an ***soláthraí cosanta*** atá faoi réir na gcistí dílse atá ***inchomparáide*** leo sin is infheidhme maidir le hinstitiúidí nó gnóthais árachais;
 - (f) bhunaigh an ***soláthraí cosanta*** comhchiste ráthaíochta lánchistithe nó cosaint choibhéiseach do ghnóthais árachais chun caillteanais riosca creidmheasa a sheasamh, agus déanfaidh a údarás inniúil calabrú an chiste sin a athbhreithniú ar bhonn tréimhsiúil agus déanfar tástáil ***thréimhsiúil*** struis, ***gach re bliain ar a laghad***;
 - (g) tá an institiúid cumhachtaithe, go conarthach agus go dlíthiúil, morgáiste a ghlacadh ar an réadmhaoin chónaithe i gcás ***nach gcomhlíonann an soláthraí cosanta a oibleagáidí faoin ráthaíocht a chuirtear ar fáil, nó i gcás nach féidir leis nó léi iad a chomhlíonadh.***
6. ***Institiúidí*** a ■ úsáideann an rogha dá bhforáiltear i mír 4 le haghaidh ***soláthraí cosanta*** incháilithe ar leith faoin sásra dá dtagraítear sa mhír ***sin*** ■, déanfaidh siad é sin dá gcuid ■ neamhchosaintí ***ar dhaoine nádúrtha*** uile arna ráthú ag an ***soláthraí cosanta*** sin faoin sásra sin’;

(41) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 110a

Faireachán ar shocruithe conarthacha nach gealltanais iad

Déanfaidh institiúidí faireachán ar shocruithe conarthacha a chomhlíonann na coinníollacha uile a leagtar amach in Airteagal 5, pointí (10)(a) go (e), agus déanfaidh siad doiciméadú chun sástacht a n-údarás inniúil ar a gcomhlíontacht leis na coinníollacha sin go léir’;

(42) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 111:

‘Airteagal 111

Luach na neamhchosanta

1. Is é a bheidh i luach na neamhchosanta ar ítim shócmhainne an luach cuntasaíochta a bheidh fágtha tar éis coigeartuithe sonracha i leith riosca creidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 110, coigeartuithe luacha breise i gcomhréir le hAirteagal 34 a bhaineann le gnó leabhair neamhthrádála na hinstitiúide, méideanna arna n-asbhaint i gcomhréir le hAirteagal 36(1), pointe (m), agus laghduithe i leith cistí dílse eile a bhaineann leis an ítim shócmhainne a bheith curtha i bhfeidhm.

2. Is é a bheidh i luach na neamhchosanta ar ítim lasmuigh den chlár comhardaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I an céatadán seo a leanas de luach ainmniúil na hítim tar éis coigeartuithe sonracha i leith riosca creidmheasa a asbhaint i gcomhréir le hAirteagal 110 agus méideanna a asbhaint i gcomhréir le hAirteagal 36(1), pointe (m):
- (a) 100 % le haghaidh ítimí i mbuicéad 1;
 - (b) 50 % le haghaidh ítimí i mbuicéad 2;
 - (c) 40 % le haghaidh ítimí i mbuicéad 3;
 - (d) 20 % le haghaidh ítimí i mbuicéad 4;
 - (e) 10 % le haghaidh ítimí i mbuicéad 5.
3. Beidh luach na neamhchosanta ar ghealltanais ar ítim lasmuigh den chlár comhardaithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo ar an gcuid is ísle de na céatadáin seo a leanas de luach ainmniúil an ghealltanais tar éis coigeartuithe sonracha i leith riosca creidmheasa a asbhaint agus méideanna a asbhaint i gcomhréir le hAirteagal 36(1), pointe (m):
- (a) an céatadán dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo is infheidhme maidir leis an ítim ar a ndéantar an gealltanais;
 - (b) an céatadán dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo is infheidhme maidir leis an gcineál gealltanais.

4. I gcás socruithe **conarthacha** arna dtairiscint ag institiúid, ach nár ghlac an cliant leo fós, ar gealltanais iad a bheadh ina ngealltanais dá nglacadh an cliant leo, **déanfar iad a láimhseáil** mar ghealltanais **agus** is é an céatadán a bheidh infheidhme ■ **an céatadán** dá bhforáiltear i gcomhréir le mír 2.

I gcás socruithe conarthacha a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5, pointí (10)(a) go (e), is é 0 % an céatadán is infheidhme.

5. I gcás ina mbeidh an Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 223 in úsáid ag institiúid, méadófar luach na neamhchosanta ag urrúis nó ag tráchtearraí a dhíolfar, a bhreacfar nó a thabharfar ar iasacht faoi idirbheart um maoiniú urrús, ag brath ar an gcoigeartú luaineachta a bheidh oiriúnach d'urrúis nó do na tráchtearraí sin i gcomhréir le hAirteagail 223 agus 224.
6. Déanfar luach na neamhchosanta a bheidh ag ionstraim dhíorthach a liostaítear in Iarscríbhinn II a chinneadh i gcomhréir le Caibidil 6, agus na héifeachtaí a bheidh ag conarthaí nuachana agus ag comhaontuithe glanluachála eile mar a shonraítear sa Chaibidil sin á gcur san áireamh. Féadfar luach na neamhchosanta d'idirbhearta um maoiniú urrús agus na n-idirbheart socraíochta iarchurtha a chinneadh i gcomhréir le Caibidil 4 nó le Caibidil 6.

7. I gcás ina mbeidh an neamhchosaint cumhdaithe ag cosaint creidmheasa chistithe, féadfar luach na neamhchosanta a leasú i gcomhréir le Caibidil 4.
8. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na nithe seo a leanas a shonrú:
 - (a) na critéir a úsáidfídh institiúidí chun ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe a shannadh, cé is moite d'ítimí atá áirithe cheana féin in Iarscríbhinn I, do bhuicéid 1 go 5 dá dtagraítear in Iarscríbhinn I;
 - (b) na tosca a d'fhéadfadh srian a chur ar chumas na n-institiúidí na gealltanais atá inchealaithe go neamhchoinníollach dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a chur ar ceal;
 - (c) an próiseas chun fógra a thabhairt do ÚBE faoi aicmiú na n-institiúidí ar ítimí eile atá lasmuigh den chlár comhardaithe lena ngabhann rioscaí den chineál céanna leo sin dá dtagraítear in Iarscríbhinn I.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.';

(43) leasaítear Airteagal 112 mar a leanas

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad *phointe (i)*:

‘*(i) neamhchosaintí arna n-urrú le morgáistí ar réadmhaoín dhochorraithe agus neamhchosaintí ADC;*’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad *phointe (k)*:

‘*(k) neamhchosaintí fofhiachais;*’;

(44) leasaítear Airteagal 113 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Chun na méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca a ríomh, cuirfear ualuithe riosca i bhfeidhm maidir le gach neamhchosaint, seachas i gcás ina n-asbhaintear na neamhchosaintí sin de chistí dílse nó *ina bhfuil siad faoi réir na láimhseála a leagtar amach in Airteagal 72e(5), an chéad fhomhír*, i gcomhréir le *forálacha* Roinn 2 den Rialachán seo. *Beidh cur i bhfeidhm na n-ualuithe riosca* bunaithe ar an aicme neamhchosanta a bhfuil an *neamhchosaint sannta di* agus, a mhéid a shonraítear i Roinn 2, ar *a* cáilíocht chreidmheasa ■ . Féadfar cáilíocht chreidmheasa a chinneadh trí thagairt a dhéanamh do mheasúnuithe creidmheasa IMCSanna nó measúnuithe creidmheasa na ngníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin i gcomhréir le Roinn 3. Cé is moite de na neamhchosaintí a shanntar do na haicmí neamhchosanta a leagtar amach in Airteagal 112, *pointí* (a), (b), (c) agus (e), ■ den Rialachán seo, i gcás ina léirítear leis an measúnú i gcomhréir le hAirteagal 79, pointe (b), de Threoir 2013/36/AE saintréithe riosca níos airde ná iad sin a thugtar le fios leis an *gcéim cáilíochta creidmheasa dá sannfaí an neamhchosaint bunaithe ar an measúnú creidmheasa is infheidhme* de chuid IMCS ainmnithe nó na ngníomhaireachta creidmheasa onnmhairiúcháin, sannfaidh an institiúid ualú riosca a bheidh céim cáilíochta creidmheasa amháin ar a laghad níos airde ná an t-ualú riosca is intuigthe leis an measúnú creidmheasa a dhéanfaidh IMCS ainmnithe nó an ghníomhaireacht creidmheasa onnmhairiúcháin’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. I gcás ina mbeidh neamhchosaint faoi réir cosaint creidmheasa, féadfar luach na neamhchosanta nó an t-uailú riosca is infheidhme maidir leis an neamhchosaint sin, de réir mar is iomchuí, a leasú i gcomhréir leis an gCaibidil seo agus le Caibidil 4.’;

(c) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:*

‘5. *Sannfar uailú riosca 100 % ar luach na neamhchosanta d’aon ítim nach bhfuil aon uailú riosca curtha ar fáil ina leith faoin gCaibidil seo.’;*

(d) *i mír 6, leasaítear an chéad fhomhír mar a leanas:*

(i) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:*

‘Cé is moite de neamhchosaintí as a dtagann ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, Chaipiteal Breise Leibhéal 1 nó Chaipiteal Leibhéal 2, féadfaidh institiúid, faoi réir faomhadh na n-údarás inniúil a fháil roimh ré, cinneadh a dhéanamh gan ceanglais mhír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí na hinstitiúide sin ar chontrapháirtí arb é a máthairghnóthas, a fochuideachta, fochuideachta de chuid a máthairghnóthas nó gnóthas atá nasctha leis an institiúid trí ghaol de réir bhrí Airteagal 22(7) de Threoir 2013/34/AE é. Tá sé de chumhacht ag na húdaráis inniúla faomhadh a dheonú má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) is institiúid nó institiúid airgeadais atá faoi réir ceanglais stuamachta iomchuí é an contrapháirtí;’;

(45) leasaítear Airteagal 115 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘-1. I gcás neamhchosaintí ar rialtais réigiúnacha nó údaráis áitiúla a bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith, déanfar ualú riosca a shannadh dóibh i gcomhréir le Tábla 1 a chomhfhreagraíonn don mheasúnú creidmheasa a rinne an IMCS i gcomhréir le hAirteagal 136.

Tábla 1

<i>Céim na cáilíochta creidmheasa</i>	<i>1</i>	<i>2</i>	<i>3</i>	<i>4</i>	<i>5</i>	<i>6</i>
<i>Ualú riosca</i>	<i>20 %</i>	<i>50 %</i>	<i>50 %</i>	<i>100 %</i>	<i>100 %</i>	<i>150 %</i>

’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I gcás neamhchosaintí ar rialtais réigiúnacha nó údaráis áitiúla nach bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith, déanfar ualú riosca a shannadh dóibh i gcomhréir leis an gcéim cáilíochta creidmheasa a bhfuil neamhchosaintí ar rialtas láir na dlínse ina bhfuil rialtais réigiúnacha nó údaráis áitiúla corpraithe sannta di i gcomhréir le Tábla 2.

Tábla 2

Céim na cáilíochta creidmheasa	1	2	3	4	5	6
Ualú riosca	20 %	50 %	100 %	100 %	100 %	150 %

Maidir leis na neamhchosaintí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, déanfar ualú riosca 100 % a shannadh i gcás ina bhfuil rialtas láir na dlínse ina bhfuil rialtais réigiúnacha nó údaráis áitiúla ionchorpraithe gan rátáil.’;

(c) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘De mhaolú ar mhíreanna -1 agus 1, déanfar neamhchosaintí ar rialtais réigiúnacha nó ar údaráis áitiúla a láimhseáil mar neamhchosaintí ar an rialtas láir sin a bhfuil siad bunaithe ina dhlínse i gcás nach bhfuil aon difríocht ó thaobh riosca idir na neamhchosaintí sin toisc go bhfuil cumhachtaí sonracha tiomsaithe ioncaim ag na rialtais réigiúnacha agus ag na húdaráis áitiúla, agus toisc go bhfuil socruithe institiúideacha sonracha ann a bhfuil sé d’éifeacht acu a riosca mainneachtana a laghdú.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Déanfar neamhchosaintí ar eaglaisí nó ar phobail reiligiúnacha arna gcomhdhéanamh i bhfoirm duine dhlítheanaigh faoin dlí poiblí, a mhéid is go mbailíonn siad cánacha i gcomhréir le gníomhartha dlí lena dtugtar de cheart dóibh sin a dhéanamh, a láimhseáil mar neamhchosaintí ar rialtais réigiúnacha agus ar údaráis áitiúla. Sa chás sin, ní bheidh feidhm ag mír 2.’;

(e) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘De mhaolú ar mhíreanna -1 agus 1, i gcás ina ndéanfaidh údaráis inniúla tríú tír a chuireann socruithe maoirseachta agus rialála i bhfeidhm atá cothrom ar a laghad leo sin a chuirtear i bhfeidhm san Aontas neamhchosaintí ar rialtais réigiúnacha nó ar údaráis áitiúla a láimhseáil mar neamhchosaintí ar a rialtas láir féin agus nach bhfuil difríocht ar bith ó thaobh riosca idir na neamhchosaintí sin toisc go bhfuil cumhachtaí sonracha tiomsaithe ioncaim ag an rialtas réigiúnach nó ag údaráis áitiúla agus mar gheall ar shocruithe institiúideacha sonracha chun an riosca mainneachtana a laghdú, féadfaidh institiúidí neamhchosaintí ar na rialtais réigiúnacha agus ar na húdaráis áitiúla sin a ualú ar an tslí chéanna ó thaobh riosca.’

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. De mhaolú ar mhíreanna -1 agus 1, déanfar ualú riosca 20 % a shannadh do neamhchosaintí ar rialtais réigiúnacha nó ar údaráis áitiúla na mBallstát nach dtagraítear dóibh i míreanna 2, 3 agus 4 agus atá ainmnithe agus cistithe in airgeadra intíre an rialtais réigiúnaigh nó an údaráis áitiúil sin.’;

(46) leasaítear Airteagal 116 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Déanfar neamhchosaintí ar eintitis earnála poiblí a bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith a láimhseáil i gcomhréir le hAirteagal 115(-1).’;

(b) i mír 4, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘Coimeádfaidh ÚBE bunachar sonraí a bheidh ar fáil go poiblí d’eintitis earnála poiblí uile laistigh den Aontas dá dtagraítear sa chéad fhomhír.’;

(47) *in Airteagal 117(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:*

‘Déanfar ualú riosca a shannadh do neamhchosaintí ar bhainc forbartha iltaobhacha nach dtagraítear dóibh i mír 2 agus a bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith i gcomhréir le Tábla 1. Sannfar ualú riosca 50 % ar neamhchosaintí ar bhainc forbartha iltaobhacha nach dtagraítear dóibh i mír 2 agus nach bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith.

Tábla 1

<i>Céim na cáilíochta creidmheasa</i>	<i>1</i>	<i>2</i>	<i>3</i>	<i>4</i>	<i>5</i>	<i>6</i>
<i>Ualú riosca</i>	<i>20 %</i>	<i>30 %</i>	<i>50 %</i>	<i>100 %</i>	<i>100 %</i>	<i>150 %</i>

’;

(48) *in Airteagal 119, scriostar míreanna 2 agus 3;*

(49) in Airteagal 120, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

- ‘1. I gcás neamhchosaintí ar institiúidí a bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith, déanfar ualú riosca a shannadh dóibh i gcomhréir le Tábla 1 a chomhfhreagraíonn don mheasúnú creidmheasa a rinne an IMCS i gcomhréir le hAirteagal 136.

Tábla 1

Céim na cáilíochta creidmheasa	1	2	3	4	5	6
Ualú riosca	20 %	30 %	50 %	100 %	100 %	150 %

2. I gcás neamhchosaintí ar institiúidí a bhfuil aibíocht bunaidh 3 mhí nó níos lú acu a bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe ina leith ar fáil agus neamhchosaintí a eascraíonn as gluaiseacht earraí thar theorainneacha náisiúnta ag a bhfuil aibíocht bunaidh 6 mhí nó níos lú agus a bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe ina leith ar fáil, déanfar ualú riosca a shannadh do na neamhchosaintí sin i gcomhréir le Tábla 2 a chomhfhreagraíonn don mheasúnú creidmheasa a rinne IMCS i gcomhréir le hAirteagal 136.

Tábla 2

Céim na cáilíochta creidmheasa	1	2	3	4	5	6
Ualú riosca	20 %	20 %	20 %	50 %	50 %	150 %

’;

(50) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 121:

‘Airteagal 121

Neamhchosaintí ar institiúidí gan rátáil

1. Déanfar neamhchosaintí ar institiúidí nach bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith a shannadh do cheann de na gráid seo a leanas:
 - (a) i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas, déanfar neamhchosaintí ar institiúidí a shannadh do Ghrád A:
 - (i) tá acmhainneacht leordhóthanach ag an institiúid chun a gealltanais airgeadais a chomhlíonadh, lena n-áirítear aisíocaíochtaí príomhshuime agus úis, go tráthúil, ar feadh shaolré mheasta na sócmhainní nó na neamhchosaintí agus gan beann ar thimthriallta eacnamaíocha ná ar dhálaí gnó;
 - (ii) comhlíonann nó sáraíonn an institiúid an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 92(1) **den Rialachán seo, agus Airteagal 458(2), pointí (d)(i) agus (vi), agus Airteagal 459, pointe (a), den Rialachán seo á gcur san áireamh i gcás inarb infheidhme**, na ceanglais cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE, an ceanglas maoláin comhcheangailte a shainmhínítear in Airteagal 128, pointe (6), de Threoir 2013/36/AE, **nó** aon cheanglais mhaoirseachta agus rialála áitiúil choibhéiseacha **agus** bhreise i dtríú tíortha, a mhéid atá na ceanglais sin foilsithe agus le comhlíonadh le caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1, caipiteal Leibhéal 1 nó cistí dílse, **de réir mar is infheidhme**;

- (iii) déantar an fhaisnéis faoi ***cibé a chomhlíonann nó a sháraíonn an institiúid*** na ceanglais dá dtagraítear i bpointe (ii) den phointe seo a nochtadh go poiblí, nó cuirtear ar fáil ***don institiúid iasachtaí*** ar shlí eile í;
- (iv) níor tugadh le fios leis an measúnú ***a rinne an institiúid iasachtaí*** i gcomhréir le hAirteagal 79 de Threoir 2013/36/AE nach gcomhlíonann an institiúid na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (i) agus (ii) den phointe seo;
- (b) i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas agus nach gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha i bpointe (a) den mhír seo, déanfar neamhchosaintí ar institiúidí a shannadh do Ghrád B:
 - (i) tá an institiúid faoi réir riosca creidmheasa substaintiúil, lena n-áirítear acmhainneacht aisíocaíochta atá ag brath ar dhálaí eacnamaíocha nó ar dhálaí gnó cobhsaí nó fabhracha;
 - (ii) comhlíonann nó sáraíonn an institiúid an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 92(1) den Rialachán seo, ***agus*** Airteagal 458(2), ***pointe (d)(i)***, agus ***Airteagal 459, pointe (a), den Rialachán seo á gcur san áireamh, i gcás inarb infheidhme***, na ceanglais cistí dílse sonracha dá dtagraítear in Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE, ***nó*** aon cheanglais mhaoirseachta ***nó*** rialála áitiúla choibhéiseacha ***agus*** bhreise ***i dtríú tíortha***, a mhéid atá na ceanglais sin foilsithe agus le comhlíonadh le caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1, caipiteal Leibhéal 1 ***nó*** cistí dílse, ***de réir mar is infheidhme***;

- (iii) déantar an fhaisnéis faoi ***cibé a chomhlíonann nó a sháraíonn an institiúid*** na ceanglais dá dtagraítear i bpointe (ii) den phointe seo a nochtadh go poiblí, nó cuirtear ar fáil ***don institiúid iasachtaí*** ar shlí eile í;
 - (iv) níor tugadh le fios leis an measúnú ***a rinne an institiúid iasachtaí*** i gcomhréir le hAirteagal 79 de Threoir 2013/36/AE nach gcomhlíonann an institiúid na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (i) agus (ii) den phointe seo.
- (c) i gcás ***nach ndéantar neamhchosaintí ar institiúidí a shannadh*** do Ghrád A nó Grád ***B***, nó i gcás ina gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas, déanfar neamhchosaintí ar institiúidí a shannadh do Ghrád C:
- (i) tá rioscaí réamhshocraithe ábhartha agus corrlaigh sábháilteachta teoranta ag an institiúid;
 - (ii) is rídhócha nach mbeidh sé ar chumas na hinstitiúide, nó nach raibh sé ar chumas na hinstitiúide, a gealltanais airgeadais a chomhlíonadh mar gheall ar dhrochdhálaí gnó, airgeadais, nó eacnamaíocha;

- (iii) i gcás ina gceanglaítear ráitis airgeadais iniúchta de réir dlí ar an institiúid, inar eisigh an t-iniúcháir seachtrach tuairim iniúcháireachta dhiúltach nó inar léirigh sé amhras substaintiúil maidir le cumas na hinstitiúide leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ina chuid ráiteas airgeadais iniúchta nó ina thuarascálacha iniúchta laistigh den 12 mhí roimhe seo.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (b)(ii), den mhír seo, ní áireofar caipiteal maolánach atá coibhéiseach leo sin a shainítear in Airteagal 128 de Threoir 2013/36/AE leis na ceanglais mhaoirseachta nó rialála áitiúla choibhéiseacha **agus** bhreise.

- 2. ***I gcás neamhchosaintí ar institiúidí airgeadais a láimhseáiltear mar neamhchosaintí ar institiúidí i gcomhréir le hAirteagal 119(5), chun a mheasúnú an gcomhlíonann na hinstitiúidí airgeadais sin na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, pointí (a)(ii) agus (b)(ii), den Airteagal seo, measfaidh siad an gcomhlíonann na hinstitiúidí airgeadais sin aon cheanglais stuamachta inchomparáide, nó an sáraíonn siad iad sin.***
- 3. Is mar a leanas a dhéanfar ualú riosca a shannadh do neamhchosaintí arna sannadh do Ghrád A, B nó C i gcomhréir le mír 1:
 - (a) neamhchosaintí arna sannadh do Ghrád A, B nó C a chomhlíonann aon cheann de na coinníollacha seo a leanas, déanfar ualú riosca a shannadh dóibh le haghaidh neamhchosaintí gearrthéarmacha i gcomhréir le Tábla 1:
 - (i) tá aibíocht bhunaidh 3 mhí nó níos giorra ag an neamhchosaint;
 - (ii) tá aibíocht bunaidh 6 mhí nó níos giorra ag an neamhchosaint agus eascraíonn sí as gluaiseacht earraí thar theorainneacha náisiúnta;

- (b) déanfar ualú riosca 30 % a shannadh do neamhchosaintí arna sannadh do Ghrád A nach neamhchosaintí gearrthéarmacha iad, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:
- (i) ní chomhlíonann an neamhchosaint aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a);
 - (ii) tá Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 na hinstitiúide cothrom le 14 % nó níos airde ná sin;
 - (iii) tá cóimheas luamhánaithe na hinstitiúide **cothrom le 5 % nó** níos airde ná sin;
- (c) neamhchosaintí arna sannadh do Ghrád A, B nó C nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) nó (b), sannfar ualú riosca dóibh i gcomhréir le Tábla 1.

I gcás nach ndéantar neamhchosaint institiúide a ainmniú in airgeadra intíre dhlínse chorpraithe na hinstitiúide sin, nó i gcás inar chuir an institiúid sin an oibleagáid chreidmheasa in áirithe i mbrainse i ndlínse dhifriúil agus nach bhfuil an neamhchosaint in airgeadra intíre na dlínse ina bhfeidhmíonn an brainse, ní bheidh an t-ualú riosca arna shannadh i gcomhréir le pointí (a), (b) nó (c), maidir le neamhchosaintí seachas iad sin a bhfuil aibíocht aon bhliain amháin nó níos lú acu a eascraíonn as ítimí teagmhasacha féinleachtaitheacha a bhaineann le trádáil a eascraíonn as gluaiseacht earraí thar theorainneacha náisiúnta, ní bheidh sé níos ísle ná ualú riosca atá ag neamhchosaint rialtas láir na tíre ina bhfuil an institiúid ionchorpraithe.

Tábla 1

Measúnú riosca creidmheasa	Grád A	Grád B	Grád C
Ualú riosca maidir le neamhchosaintí gearrthéarmacha	20 %	50 %	150 %
Ualú riosca	40 %	75 %	150 %

2.

(51) leasaítear Airteagal 122 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 6:

‘Tábla 1

Céim na cáilíochta creidmheasa	1	2	3	4	5	6
Ualú riosca	20 %	50 %	75 %	100 %	150 %	150 %

’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. I gcás neamhchosaintí nach bhfuil an measúnú creidmheasa sin ar fáil ina leith, déanfar ualú riosca cothrom le 100 % a shannadh dóibh.’;

(52) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 122a

Neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe

1. Laistigh den aicme neamhchosanta ar chorparáidí dá dtagraítear in Airteagal 112, pointe (g), déanfaidh institiúidí neamhchosaintí a bhfuil na tréithe uile seo a leanas acu a shainaithint ar leithligh mar neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe:

(a) is neamhchosaint ar eintiteas a cruthaíodh go sonrach chun sócmhainní fisiceacha a mhaoiniú nó a oibriú atá i gceist nó is neamhchosaint í atá inchomparáide go heacnamaíoch le neamhchosaint mar sin;

- (b) níl baint ag an neamhchosaint ■ le maoiniú réadmhaoine cónaithe nó réadmhaoine dochorraithe tráchtála *agus tá sí laistigh de na sainmhínithe ar mhaoiniú réada, ar mhaoiniú tionscadail nó ar neamhchosaintí ar mhaoiniú tráchtearraí a leagtar síos i mír 3;*
- (c) tugann na socruithe conarthacha lena rialaítear an oibleagáid a bhaineann leis an neamhchosaint smacht áirithe don institiúid ar na sócmhainní agus ar an ioncam a ghintear leo;
- (d) is é príomhfhoinsé aisíocaíochta na hoibleagáide a bhaineann leis an neamhchosaint ná an t-ioncam a ghintear leis na sócmhainní atá á maoiniú, seachas an acmhainneacht neamhspleách atá ag fiontar tráchtála níos leithne.
2. Neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe a bhfuil measúnú creidmheasa is infheidhme go díreach a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith, déanfar ualú riosca a shannadh dóibh i gcomhréir le Tábla 1.

Tábla 1

Céim na cáilíochta creidmheasa	1	2	3	4	5	6
Ualú riosca	20 %	50 %	75 %	100 %	150 %	150 %

3. Neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe nach bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe is infheidhme go díreach ar fáil ina leith, déanfar ualú riosca a shannadh dóibh mar a leanas:
- (a) i gcás inarb é is cuspóir do neamhchosaint ar iasachtú speisialaithe maoiniú a sholáthar chun sócmhainní fisiceacha a fháil, lena n-áirítear longa, aerárthaí, satailítí, cairr iarnróid agus cabhlaigh, agus ina mbeidh an t-ioncam a ghinfear leis na sócmhainní sin i bhfoirm sreabha airgid arna nginiúint ag na sócmhainní fisiceacha sonracha atá maoinithe agus geallta nó sannta don iasachtóir ■ ('neamhchosaintí um maoiniú réada'), cuirfidh na hinstitiúidí **ualú** riosca 100 % i bhfeidhm;
-
- (b) i gcás inarb é is cuspóir do neamhchosaint ar iasachtú speisialaithe maoiniú gearrthéarmach a sholáthar le haghaidh cúlchistí, fardal nó infháltais i leith tráchtearraí arna dtrádáil ar an stocmhalartán, lena n-áirítear amhola, miotail nó barra, agus inarb é an t-ioncam atá le giniúint leis na cúlchistí, fardail nó infháltais sin na fáltais ón tráchtearra a dhíol ('neamhchosaintí um maoiniú tráchtearraí'), cuirfidh na hinstitiúidí ualú riosca 100 % i bhfeidhm;

(c) i gcás inarb é is cuspóir do neamhchosaint ar iasachtú speisialaithe tionscadal *aonair* a mhaoiniú, *bíodh sé i bhfoirm maoiniú chun suiteáil chaipitil nua a thógáil, nó suiteáil atá ann cheana a athmhaoiniú, le feabhsuithe nó gan feabhsuithe*, chun suiteálacha móra, casta agus costasacha a fhorbairt nó a fháil, lena n-áirítear gléasraí cumhachta, gléasraí próiseála ceimiceán, mianaigh, bonneagar iompair, timpeallacht agus bonneagar teileachumarsáide, *ina bhféachann an institiúid iasachtaí go príomha ar an ioncam* a ghinfidh an tionscadal *maoinithe*, bíodh sé mar *fhoinse aisíocaíochta agus mar urrús don iasacht* ('neamhchosaintí um maoiniú tionscadail'), cuirfidh na hinstitiúidí na hualuithe riosca seo a leanas i bhfeidhm:

- (i) *130 % i gcás ina bhfuil an tionscadal lena mbaineann an neamhchosaint sa chéim réamhoibriúcháin;*
- (ii) ar choinníoll nach gcuirtear i bhfeidhm an coigeartú ar cheanglais cistí dílse le haghaidh riosca creidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 501a, 80 % i gcás ina bhfuil an tionscadal lena mbaineann an neamhchosaint sa chéim oibriúcháin agus ina gcomhlíonann an neamhchosaint gach ceann de na critéir seo a leanas:
 - (1) tá srianta conarthacha le cumas an oibleagáideora gníomhaíochtaí a dhéanamh lena bhféadfaí dochar a dhéanamh d'iasachtóirí, lena n-áirítear an srian nach féidir fiacha nua a eisiúint gan cead ó sholáthraithe féich atá ann cheana;

- (2) tá cúlchistí leordhóthanacha ag an oibleagáideoir atá cistithe go hiomlán le hairgead tirim, nó socruithe airgeadais eile le **heintiteas**, chun an cistiú teagmhasach agus na riachtanais caipitil oibre a chumhdach le linn shaolré an tionscadail atá á mhaoiniú, **ar choinníoll go sannann IMCS aitheanta rátáil IMCS ag a bhfuil céim cáilíochta creidmheasa 3 ar a laghad don eintiteas nó, i gcás institiúidí a ríomhann méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh i gcomhréir le Caibidil 3, i gcás nach bhfuil measúnú creidmheasa ag an eintiteas ó IMCS aitheanta, sannann an institiúid rátáil chreidmheasa inmheánach don eintiteas sin atá coibhéiseach le céim cáilíochta creidmheasa 3 ar a laghad, ar choinníoll go ndéanann an institiúid rátáil inmheánach ar an eintiteas sin i gcomhréir le forálacha Chaibidil 3, Roinn 6;**
- (3) gineann an **tionscadal lena mbaineann an neamhchosaint** sreabha airgid atá intuartha agus lena gcumhdaítear na haisíocaíochtaí iasachta uile a bheidh ann amach anseo;

(4) i gcás nach gcistítear ioncam an oibleagáideora le híocaíochtaí ó líon mór úsáideoirí, braitheann foinse aisíocaíochta na hoibleagáide ar phríomh-chontrapháirtí amháin agus is ceann díobh seo a leanas an príomh-chontrapháirtí sin:

- banc ceannais, rialtas láir, rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil ar choinníoll go sanntar ualú riosca 0 % dóibh i gcomhréir le hAirteagail 114 agus 115 nó go sannann IMCS aitheanta rátáil IMCS ag a bhfuil céim cáilíochta creidmheasa dar méid 3 ar a laghad dóibh; **nó, i gcás institiúidí a ríomhann méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh i gcomhréir le Caibidil 3, i gcás nach bhfuil measúnú creidmheasa ag an mbanc ceannais, ag an rialtas láir, ag an rialtas réigiúnach nó ag an údarás áitiúil ó IMCS aitheanta, sannann an institiúid rátáil chreidmheasa inmheánach atá coibhéiseach le céim cáilíochta creidmheasa 3 ar a laghad dóibh, ar an gcoinníoll go bhfuil siad rátáilte go himmheánach ag an institiúid i gcomhréir le forálacha Chaibidil 3, Roinn 6;**

- eintiteas earnála poiblí ar choinníoll go sannann IMCS ainmnithe ualú riosca 20 % nó níos lú don eintiteas sin i gcomhréir le hAirteagal 116, nó go sannann **IMCS aitheanta** rátáil IMCS ag a bhfuil céim cáilíochta creidmheasa 3 ar a laghad don eintiteas **nó, i gcás institiúidí a ríomhann méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh i gcomhréir le Caibidil 3, i gcás nach bhfuil measúnú creidmheasa ag an eintiteas earnála poiblí sin ó IMCS aitheanta, sannann an institiúid rátáil chreidmheasa inmheánach atá coibhéiseach le céim cáilíochta creidmheasa 3 ar a laghad don eintiteas, ar choinníoll go ndéanann an institiúid an t-eintiteas earnála poiblí sin a rátáil go hinmheánach i gcomhréir le Caibidil 3, Roinn 6;**

- eintiteas corparáideach ar shann **IMCS aitheanta** rátáil IMCS ag a bhfuil céim cáilíochta creidmheasa 3 ar a laghad dó, **nó, i gcás institiúidí a ríomhann méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh i gcomhréir le Caibidil 3, i gcás nach bhfuil measúnú creidmheasa ag an eintiteas corparáideach ó IMCS aitheanta, go sannann an institiúid rátáil chreidmheasa inmheánach don eintiteas corparáideach sin atá coibhéiseach le céim 3 ar a laghad den cháilíocht chreidmheasa, ar choinníoll go ndéanann an institiúid rátáil inmheánach ar an eintiteas corparáideach sin i gcomhréir le forálacha Chaibidil 3, Roinn 6;**
- (5) foráiltear leis na forálacha conarthacha lena rialaítear an neamhchosaint ar an oibleagáideoir maidir le leibhéal ard cosanta don institiúid iasachtaí i gcás ina mainníonn an t-oibleagáideoir;
- (6) **déanann an príomh-chontrapháirtí, nó na contrapháirtithe eile a chomhlíonann na critéir incháilitheachta ar an gcaoi chéanna maidir leis an bpríomh-chontrapháirtí,** an institiúid iasachtaí a chosaint go héifeachtach ar chaillteanais a bheadh mar thoradh ar fhoirceannadh an tionscadail;

- (7) tá na sócmhainní agus na conarthaí uile is gá chun an tionscadal a fheidhmiú geallta don institiúid iasachtaí a mhéid is a cheadaítear de réir an dlí is infheidhme;
- (8) *is* féidir leis an institiúid iasachtaí smacht a ghlacadh ar an eintiteas oibleagáideora *i gcás teagmhas* mainneachtana;
- (iii) 100 % i gcás ina bhfuil an tionscadal lena mbaineann an neamhchosaint sa chéim oibriúcháin agus nach gcomhlíonann an neamhchosaint na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (ii);
- (d) chun críocha phointe (c)(ii)(3), ní mheasfar gurb intuatha na sreabha airgid a ghintear mura gcomhlíonann cuid shubstaintiúil de na hioncaim ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:
- (i) tá an t-ioncam ‘bunaithe ar infhaighteacht’, *rud a chiallaíonn go bhfuil an t-oibleagáideoir, a luaithe a bheidh an tógáil curtha i gcrích agus a fhad agus a chomhlíontar na coinníollacha conarthacha, i dteideal íocaíochtaí óna chontrapháirtithe conarthacha a chumhdaíonn costais oibriúcháin agus chothabhála, costais fiachsheirbhíse agus tuairisceáin chothromais de réir mar a oibríonn an t-oibleagáideoir an tionscadal, agus nach mbíonn na híocaíochtaí sin faoi réir luascadh éilimh, mar shampla, leibhéil tráchta, agus nach ndéantar iad a choigeartú de ghnáth ach d’easpa feidhmíochta nó d’easpa infhaighteachta na sócmhainne don phobal;*

- (ii) tá na hioncaim faoi réir rialáil ráta fáлтаis;
- (iii) tá na hioncaim faoi réir Conradh lena ngabhann dearbhoibleagáid íocaíochta;
- (e) chun críocha phointe (c), ciallóidh an chéim oibriúcháin an chéim ina gcomhlíonann an t-eintiteas a cruthaíodh go sonrach chun an tionscadal a mhaoiniú, nó **atá inchomparáide ó thaobh eacnamaíochta de**, an dá choinníoll seo a leanas:
 - (i) tá glan-sreabhadh airgid thirim dearfach ag an eintiteas, atá leordhóthanach chun aon oibleagáid chonarthaigh a fágtha a chumhdach;
 - (ii) tá fiachas fadtéarmach atá ag dul i laghad ag an eintiteas.
- 4. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar ar bhealach níos mionsonraithe fós na coinníollacha faoina gcomhlíonfar na critéir a leagtar amach i mír 3, **pointe (c)(ii)**.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin **leasaithe** seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.’;

(53) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 123:

‘Airteagal 123

Neamhchosaintí miondíola

1. Measfar gur neamhchosaintí miondíola iad neamhchosaintí a chomhlíonann gach ceann de na critéir seo a leanas:
 - (a) baineann an neamhchosaint ■ le duine nádúrtha amháin nó níos mó *nó* le FBM ■ ;
 - (b) ní mó ná EUR 1 mhilliún an méid iomlán a bheidh dlite don institiúid, dá máthairghnóthais agus dá fochuideachtaí, ón oibleagáideoir nó ón ngrúpa cliant nasctha, lena n-áirítear aon neamhchosaint ar mainneachtain ach gan neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoín chónaithe suas go dtí an luach réadmhaoine san áireamh, a mhéid is feasach don institiúid, a dhéanfaidh bearta réasúnta chun an cás a dheimhniú;
 - (c) is é atá sa neamhchosaint ceann amháin de líon suntasach neamhchosaintí a mbeidh tréithe comhchosúla acu, sa mhéid is go laghdaítear go mór na rioscaí a bhaineann leis na neamhchosaintí sin;
 - (d) láimhseálann an institiúid lena mbaineann an neamhchosaint ina creat bainistíochta riosca agus bainistíonn sí an neamhchosaint go himmheánach mar neamhchosaint mhiondíola go comhleanúnach thar am agus ar bhealach a bheidh cosúil leis an láimhseáil a dhéanfaidh an institiúid ar neamhchosaintí eile miondíola.

Beidh luach reatha na n-íocaíochtaí léasa íosta ar mhiondíol incháilithe don aicme neamhchosanta miondíola.

Faoin... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], eiseoidh ÚBE treoirlínte, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, chun modhanna comhréireacha éagsúlaithe a shonrú faoina measfar neamhchosaint mar cheann de líon suntasach neamhchosaintí comhchosúla mar a shonraítear sa chéad fhomhír, pointe (c), den mhír seo ■ .

2. Ní mheasfar gur neamhchosaintí miondíola na neamhchosaintí seo a leanas:
 - (a) neamhchosaintí neamhfhiachais a chuireann fo-éileamh iarmharach in iúl ar shócmhainní nó ioncam an eisi theor a;
 - (b) neamhchosaintí fiachais agus urrús eile, comhpháirtíochtaí, díorthaigh, nó uirlisí eile, a bhfuil a dtábhacht eacnamaíoch cosúil leis na neamhchosaintí atá sonraithe i bpointe (a);
 - (c) gach neamhchosaint eile i bhfoirm urrús.
3. Neamhchosaintí miondíola dá dtagraítear i mír 1, sannfar ualú riosca 75 % dóibh, cé is moite de neamhchosaintí oibreora, a sannfar ualú riosca 45 % dóibh.

4. *I gcás nach gcomhlíontar aon cheann de na critéir dá dtagraítear i mír 1 maidir le neamhchosaint ar dhuine nádúrtha amháin nó níos mó, measfar gur neamhchosaint mhiondíola í an neamhchosaint agus sannfar ualú riosca 100 % di.*
5. De mhaolú ar mhír 3, neamhchosaintí i ngeall ar iasachtaí arna ndeonú ag institiúid do phinsinéirí nó d'fhostaithe a bhfuil Conradh buan acu in aghaidh aistriú neamhchoinníollach cuid de phinsean nó de thuarastal an iasachtaí chuig an institiúid sin, sannfar ualú riosca 35 % dóibh, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:
- (a) chun an iasacht a aisíoc, údaraíonn an t-iasachtaí go neamhchoinníollach don chiste pinsin nó don fhostóir íocaíochtaí díreacha a dhéanamh leis an institiúid trí na híocaíochtaí míosúla ar an iasacht a asbhaint as pinsean nó thuarastal míosúil an iasachtaí;
 - (b) clúdaítear go cuí na rioscaí báis, éagumais chun oibre, dífhostaíochta nó laghdaithe ar phinsean nó thuarastal glan míosúil an iasachtaí le polasaí árachais chun tairbhe na h-institiúide;
 - (c) ní mó ná 20 % de phinsean nó thuarastal glan míosúil an iasachtaí na híocaíochtaí míosúla atá le déanamh ag an iasachtaí ar na hiasachtaí uile a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (a) agus (b);
 - (d) tá uastréimhse aibíochta bunaidh na hiasachta cothrom le 10 mbliana nó níos giorra ná sin.?’;

(54) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 123a

Neamhchosaintí lena mbaineann neamhréir airgeadra

1. *I gcás neamhchosaintí ar dhaoine nádúrtha a shanntar don **■** aicme neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 112, pointe (h), nó i gcás neamhchosaintí ar dhaoine nádúrtha a cháilíonn mar neamhchosaintí arna n-urrú le morgáistí ar réadmhaoín chónaithe a shanntar don aicme neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 112, pointe (i), iolrófar an t-ualú riosca a shanntar i gcomhréir leis an gCaibidil seo faoi fhachtóir 1,5, trí nach mbeidh an t-ualú riosca a bheidh mar thoradh air níos airde ná 150 %, sa chás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:*

- (a) ainmnítear an **■** neamhchosaint in airgeadra atá difriúil le hairgeadra fhoinse ioncaim an oibleagáideora;
- (b) níl fáil ag an oibleagáideoir le haghaidh an riosca íocaíochta mar gheall ar neamhréir airgeadra, de bharr ionstraim airgeadais nó ioncam airgeadra eachtrach atá i gcomhréir le hairgeadra na neamhchosanta, nó cumhdaíonn foriomlán na bhfáluithe sin atá ar fáil don iasachtaí ní lú ná 90 % do **gach** tráthchuid don neamhchosaint seo.

I gcás nach bhfuil institiúid in ann na neamhchosaintí ar leith sin ag a bhfuil neamhréir airgeadra a phiocadh amach, beidh feidhm ag an iolraitheoir ualaithe riosca de 1,5 maidir le gach neamhchosaint neamhfhálaíthe i gcás ina bhfuil airgeadra na neamhchosanta difriúil le hairgeadra intíre thír chónaithe an oibleagáideora.

2. Chun críocha an Airteagail seo, tagraíonn foinse ioncaim d'aon fhoinsé a ghineann sreabhadh airgid don oibleagáideoir, lena n-áirítear íocaíochtaí, ioncam ó chíos nó tuarastail, fad is a fhágtar fáлтаis ó dhíol sócmhainní nó gníomhartha iontaofa cosúla ag an institiúid as an áireamh.
3. ***De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina bhfuil an péire airgeadraí dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), comhdhéanta den euro agus airgeadra Ballstáit atá rannpháirteach sa dara céim den aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta (ERM II), ní bheidh feidhm ag an iolraitheoir ualaithe riosca de 1,5.***

(55) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 124, 125 agus 126:

‘Airteagal 124

Neamhchosaintí arna n-urrrú le morgáistí ar réadmhaoín dhochorraithe

1. Déanfar neamhchosaint neamh-ADC nach gcomhlíonann na coinníollacha uile a leagtar amach i mír 3, ***nó aon chuid de neamhchosaint neamh-ADC a sháraíonn méid ainmniúil an liain ar an réadmhaoín***, a láimhseáil mar seo a leanas:
 - (a) déanfar neamhchosaint neamh-IPRE ***a ualú ó thaobh riosca*** mar neamhchosaint ***ar an gcontrapháirtí nach bhfuil*** urraithe leis an réadmhaoín dhochorraithe lena mbaineann;
 - (b) sannfar ualú riosca 150 % do neamhchosaint IPRE.

2. Déanfar neamhchosaint neamh-ADC, *suas go dtí méid ainmniúil an liain ar an* réadmhaoín, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo ■ , a láimhseáil mar seo a leanas:

(a) i gcás ina bhfuil an neamhchosaint arna hurrú le réadmhaoín chónaithe, ■

(i) *láimhseálfar* neamhchosaint *neamh-IPRE i gcomhréir le hAirteagal 125(1):*

(ii) *láimhseálfar* neamhchosaint IPRE ■ i gcomhréir le hAirteagal 125(1) i gcás ina gcomhlíonann sí aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

- (1) is ionann an réadmhaoín dhochorraithe lena n-urraítear an neamhchosaint agus príomháit chónaithe an oibleagáideora, i gcás inarb ionann an réadmhaoín dhochorraithe ina hiomláine agus aonad tithíochta aonair nó i gcás inarb ionann an réadmhaoín dhochorraithe lena n-urraítear an neamhchosaint agus aonad tithíochta atá ina chuid scoite laistigh den réadmhaoín dhochorraithe;
- (2) is do *dhuine nádúrtha* atá an neamhchosaint agus tá sí urraithe le haonad tithíochta cónaithe a ghineann ioncam, i gcás inarb ionann an réadmhaoín dhochorraithe ina hiomláine agus aonad tithíochta aonair nó i gcás ina bhfuil an t-aonad tithíochta ina chuid scoite laistigh den réadmhaoín dhochorraithe, agus nach bhfuil neamhchosaintí foriomlána na hinstitiúide don *duine nádúrtha* sin urraithe le breis agus ceithre réadmhaoín dhochorraithe, lena n-áirítear iad siúd nach réadmhaoine dhochorraithe iad nó nach gcomhlíonann aon chritéar a leagtar amach sa phointe seo, nó aonaid tithíochta aonair laistigh de réadmhaoín dhochorraithe;

- (3) neamhchosaint ■ ar chomhlachais nó ar chomharchumainn *daoine nádúrtha* atá rialáilte leis an dlí náisiúnta agus atá ann le haon chuspóir amháin chun úsáid as príomháit chónaithe sa mhaoin lena n-urraítear an iasacht a thabhairt dá gcomhaltaí;
- (4) neamhchosaint ar ■ chuideachtaí tithíochta poiblí nó comhlachais neamhbhrabúis atá rialáilte ag an dlí agus atá ann chun freastal ar fheidhmeanna sóisialta agus chun tithíocht fhadtéarmach a chur ar fáil do thionóntaí;
- (iii) láimhseálfar neamhchosaint *IPRE nach* gcomhlíonann aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (ii) den phointe seo, i gcomhréir le hAirteagal 125(2);
- (b) i gcás ina bhfuil an neamhchosaint urraithe le réadmhaoin dhochorraithe tráchtála, déanfar í a láimhseáil mar a leanas:
 - (i) láimhseálfar neamhchosaint neamh-IPRE i gcomhréir le hAirteagal 126(1);
 - (ii) láimhseálfar neamhchosaint IPRE i gcomhréir le hAirteagal 126(2).
- 3. Chun bheith incháilithe don láimhseáil *dá dtagraítear i mír 2*, ■ comhlíonfaidh neamhchosaint atá urraithe le réadmhaoin dhochorraithe gach ceann de na coinníollacha a leanas:
 - (a) comhlíonann an réadmhaoin dhochorraithe lena n-urraítear an neamhchosaint aon cheann de na coinníollacha a leanas:
 - (i) cuireadh an réadmhaoin dhochorraithe i gcrích ina hiomláine;

- (ii) is foraois nó talamh talmhaíochta í an réadmhaoín dhochorraithe;
- (iii) **is leis an duine nádúrtha atá an t-iasachtú agus** is ionann an réadmhaoín dhochorraithe **agus** réadmhaoín chónaithe atá á tógáil nó talamh ar a bhfuil sé beartaithe réadmhaoín chónaithe a thógáil sa chás inar fhaomh **go dlíthiúil** gach údarás **ábhartha** an pleán, **de réir mar is infheidhme**, agus sa chás ina gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha a leanas:
- (1) níl níos mó ná ceithre aonad chónaithe sa réadmhaoín **dhochorraithe** agus príomháit chónaithe an oibleagáideora a bheidh ann agus ní bheidh iasachtú an **duine nádúrtha** ag maoiniú neamhchosaintí ADC go hindíreach;
- (2) tá rialtas láir, rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil nó eintiteas earnála poiblí **i gceist**, a láimhseáiltear neamhchosaintí air i gcomhréir le hAirteagail 115(2) nó 116(4), faoi seach, agus tá na cumhachtaí dlíthiúla agus an cumas aige lena chinntiú go gcríochnófar réadmhaoín atá á tógáil faoi thráthchlár réasúnta agus a n-éilítear air, nó a thug gealltanas ar bhealach atá ceangailteach ó thaobh dlí de, críochnú a áirithiú i gcás nach gcríochnófaí an tógáil laistigh de thráthchlár réasúnta den sórt sin murach sin; **de rogha air sin, tá sásra dlíthiúil coibhéiseach i bhfeidhm chun a áirithiú go gcríochnófar an réadmhaoín atá á tógáil laistigh de thréimhse réasúnta ama;**

- (b) tá an neamhchosaint urraithe le céad lian atá i seilbh na hinstitiúide ar an réadmhaoín dhochorraithe, nó tá an chéad lian agus aon lian eile ag a bhfuil rangú níos ísle ar an réadmhaoín sin i seilbh na hinstitiúide;
- (c) ní bhraitheann an luach réadmhaoine go hábhartha ar cháilíocht chreidmheasa an oibleagáideora;
- (d) déantar an fhaisnéis ar fad is gá ag tionscnamh na neamhchosanta agus chun críoch faireacháin a dhoiciméadú go cuí, lena n-áirítear faisnéis maidir le cumas an oibleagáideora aisíocaíocht a dhéanamh agus faisnéis maidir le luach na réadmhaoine;
- (e) comhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 208 agus comhlíontar na rialacha luachála a leagtar amach in Airteagal 229(1).

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (c), féadfaidh institiúidí cásanna a fhágáil ar lár i gcás ina ndéanfaidh tosca atá go hiomlán maicreacnamaíoch difear don luach réadmhaoine agus d'fheidhmíocht an oibleagáideora araon.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (d), ***cuirfidh institiúidí beartais frithgheallta i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoín dhochorraithe a thionscnamh lena n-áirítear measúnú ar chumas an iasachtaí aisíocaíocht a dhéanamh. Áireofar sna beartais frithgheallta na méadrachtaí ábhartha don mheasúnú sin agus a n-uasleibhéil faoi seach.***

4. De mhaolú ar mhír 3, pointe (b), i ndlíní ina dtugann liain shóisearacha éileamh ar chomhthaobhacht atá in-fhorfheidhmithe go dlíthiúil don sealbhóir, agus ar maolú riosca creidmheasa éifeachtach é, d'fhéadfaí liain shóisearacha arna sealbhú ag institiúid, seachas an ceann ag a bhfuil an lian sinsearach, a aithint, lena n-áirítear sa chás nach bhfuil an lian sinsearach i seilbh na hinstitiúide nó nach bhfuil ina seilbh rangú liain idir lian níos sinsearaí agus lian níos sóisearaí agus an dá cheann i seilbh na hinstitiúide.

Chun críocha na chéad fhomhíre, áiritheoidh na rialacha lena rialaítear na liain gach ní a leanas:

- (a) is féidir le gach institiúid ag a bhfuil lian ar réadmhaoín díol na réadmhaoine a thionscnamh go neamhspleách ar eintitis eile ag a bhfuil lian ar an réadmhaoín;
- (b) sa chás nach ndíoltar an réadmhaoín trí bhíthin ceant poiblí, déanfaidh eintitis ag a bhfuil lian sinsearach bearta réasúnta chun margadhluach cóir a fháil nó an praghas is fearr is féidir a fháil sna himthosca agus aon chumhacht díola á feidhmiú acu.

5. *Chun méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca a ríomh i gcás saoráidí neamhtharraingthe, féadfar liain a chomhlíonann na ceanglais incháilitheachta uile a leagtar amach i mír 3 agus, i gcás inarb infheidhme, mír 4 a aithint i gcás ina bhfuil tarraingt faoin tsaoráid ag brath ar lian a chomhdú roimh ré nó go comhuaineach a mhéid a bhaineann le leas na hinstitiúide sa lian a luaite a bheidh an tsaoráid tarraingthe, ionas nach mbeidh aon leas ag an institiúid sa lian a mhéid nach dtarraingítear an tsaoráid.*

6. Chun críocha Airteagal 125(2) agus Airteagal 126(2), ríomhfar an cóimheas idir neamhchosaint agus luach trí bhíthin an t-ollmhéid neamhchosanta a roinnt faoin luach réadmhaoin faoi réir na gcoinníollacha a leanas:
- (a) ríomhfar an t-ollmhéid neamhchosanta mar *luach cuntasáíochta na hítíme sócmhainne* a bhaineann leis an neamhchosaint arna hurrú le réadmhaoin dhochorraithe agus aon mhéid neamhtharraingthe, ach atá geallta, a mhéadóidh luach neamhchosanta na neamhchosanta arna hurrú le réadmhaoin dhochorraithe nuair a tharraingeofar é; ríomhfar an t-ollmhéid neamhchosanta *sin* gan an méid seo a leanas a chur san áireamh:
- (i) coigeartuithe *sonracha* i leith riosca creidmheasa *i gcomhréir le hAirteagal 110*;
- (ii) *coigeartuithe luacha breise i gcomhréir le hAirteagail 34 maidir le gnó leabhair neamhthrádála na hinstitiúide*;
- (iii) *méideanna arna asbhaint i gcomhréir le hAirteagal 36(1), pointe (m)*; agus
- (iv) laghduithe eile ar chistí dílse a bhaineann leis an *ítim shócmhainne*;
- (b) *ríomhfar an t-ollmhéid* neamhchosanta *gan* aon chineál cosanta creidmheasa cistithe nó neamhchistithe *a chur san áireamh*, ach amháin le haghaidh cuntais taisce gheallta atá ag an institiúid iasachtaí a chomhlíonann gach ceanglas i gcás glanluachála laistigh den chlár comhardaithe, faoi na máistir-chomhaontuithe glanluachála i gcomhréir le hAirteagail 196 agus 206 nó faoi chomhaontuithe glanluachála eile laistigh den chlár comhardaithe i gcomhréir le hAirteagail 195 agus 205 agus atá geallta go neamh-choinníollach agus go neamh-inchúlghairthe chun an oibleagáid chreidmheasa a bhaineann leis an neamhchosaint arna hurrú le réadmhaoin dhochorraithe a chomhlíonadh agus chun na críche sin amháin;

- (c) i gcás neamhchosaintí nach mór a láimhseáil i gcomhréir le hAirteagal 125(2) nó Airteagal 126(2) i gcás ina bhfuil lian sinsearach i seilbh páirtí seachas an institiúid agus ina bhfuil lian sóisearach i seilbh na hinstitiúide atá aitheanta faoi mhír 4 den Airteagal seo, ríomhfar ollmhéid neamhchosanta mar shuim ollmhéid neamhchosanta an liain atá i seilbh na hinstitiúide agus ollmhéideanna neamhchosanta do gach lian eile ag a bhfuil sinsearach rangaithe atá cothrom leis an lian atá i seilbh na hinstitiúide, nó atá níos airde ná é.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (a), i gcás ina bhfuil níos mó ná neamhchosaint amháin urraithe leis an réadmhaoín dhochorraithe chéanna ag institiúid agus i gcás ina bhfuil na neamhchosaintí sin urraithe le liain ar an réadmhaoín dhochorraithe sin atá seicheamhach ó thaobh ordú rangaithe gan lian i seilbh tríú páirtí rangaithe eatarthu, déanfar na neamhchosaintí a láimhseáil mar chomh-neamhchosaint amháin agus suimeálfar na hollmhéideanna neamhchosanta le haghaidh na neamhchosaintí aonair chun an t-ollmhéid neamhchosanta a ríomh don chomh-neamhchosaint amháin.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (c), i gcás ina bhfuil easpa faisnéise chun gur féidir rangú na lian eile a fhionnadh, déanfaidh an institiúid rangú na lian sin a láimhseáil *pari passu* leis an lian sóisearach atá i seilbh na hinstitiúide. Déanfaidh an institiúid an t-ualú riosca a chinneadh ar dtús i gcomhréir le hAirteagal 125(2) nó Airteagal 126(2) ('an bun-ualú riosca'), de réir mar is infheidhme. Coigeartóidh sé an t-ualú riosca ansin faoi iolraitheoir 1,25, chun méideanna na lian sóisearach a ualaítear ó thaobh riosca a ríomh. I gcás ina bhfuil an bun-ualú riosca i gcomhréir leis an mbuicéad **neamhchosanta agus luacha** is ísle, ní chuirfear an t-iolraitheoir i bhfeidhm. Déanfar an t-ualú riosca atá ann mar thoradh ar an mbun-ualú riosca a iolrú faoi 1,25 a uasteorannú ag an ualú riosca a chuirfí i bhfeidhm ar an neamhchosaint mura gcomhlíonfaí na ceanglais i mír 3.

7. ***Neamhchosaintí ar thionónta faoi idirbheart léasaithe réadmhaoine dochorraithe faoinarb í an institiúid an léasóir agus a bhfuil sé de rogha ag an tionónta í a cheannach, cáileoidh siad mar neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoin dhochorraithe agus déanfar iad a láimhseáil i gcomhréir leis an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 125 nó Airteagal 126 má chomhlíontar na coinníollacha is infheidhme a leagtar amach san Airteagal seo, ar choinníoll go bhfuil neamhchosaint na hinstitiúide urraithe lena húinéireacht ar an maoín.***

8. Ainmneoidh na Ballstáit údarás a bheidh freagrach as mír 9 a chur i bhfeidhm. Is é an t-údarás inniúil nó an t-údarás ainmnithe a bheidh san údarás sin.

I gcás inarb é an t-údarás inniúil an t-údarás a ainmneoidh an Ballstát chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm, déanfaidh an t-údarás inniúil sin a áirithiú go gcuirfear na comhlachtaí agus údaráis ábhartha náisiúnta ag a bhfuil sainordú macrastuamachta ar an eolas go cuí maidir le rún an údaráis inniúil úsáid a bhaint as an Airteagal seo, agus go mbeidh siad rannpháirteach go hiomchuí sa mheasúnú ar ábhair inní maidir le cobhsaíocht airgeadais ina Bhallstát i gcomhréir le mír 9.

I gcás nach é an t-údarás inniúil é an t-údarás a ainmneoidh an Ballstát chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm, glacfaidh an Ballstát na forálacha is gá chun comhordú agus malartú ceart faisnéise idir an t-údarás inniúil agus an t-údarás ainmnithe a áirithiú le go gcuirfear an tAirteagal seo i bhfeidhm go cuí. Go háirithe, ceanglófar ar na húdaráis comhoibriú go dlúth agus an fhaisnéis ar fad a chomhroinnt a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun go ndéanfaidh an t-údarás ainmnithe na dualgais a fhorchuirtear air, de bhun an Airteagail seo, ar bhealach leordhóthanach. Beidh sé d'aidhm leis an gcomhar sin aon chineál gníomhaíochtaí dubailteacha nó neamh-chomhsheasmhacha idir an t-údarás inniúil agus an t-údarás ainmnithe a sheachaint, agus a áirithiú go gcuirfear san áireamh go cuí aon idirghníomhaíocht le bearta eile, go háirithe faoi Airteagal 458 den Rialachán seo agus faoi Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE.

9. Bunaithe ar an bhfaisnéis arna bailiú faoi Airteagal 430a **agus** ar aon táscaire ábhartha eile, déanfaidh an t-údarás arna ainmniú i gcomhréir le mír 8 den Airteagal seo a mheas go tréimhsiúil, agus ar a laghad uair sa bhliain, an bhfuil na hualuithe **riosca** a leagtar síos in Airteagail 125 agus 126 do neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoín dhochorraithe atá suite ar chríoch Bhallstát an údaráis sin atá bunaithe go hiomchuí ar an méid a leanas:
 - (a) caillteanas taithí na neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoín dhochorraithe;
 - (b) forbairtí réamhbhreathnaitheacha sa mhargadh réadmhaoine dochorraithe.

I gcás ina mbeidh an t-údarás arna ainmniú i gcomhréir le mír 8 den Airteagal seo den tuairim, bunaithe ar an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír, nach léireofar go leordhóthanach sna hualuithe riosca a leagtar amach in Airteagal 125 nó 126 na rioscaí iarbhir a bhaineann le neamhchosaintí maidir le deighleog amháin réadmhaoine nó maidir le níos mó deighleog réadmhaoine arna n-urrú le morgaistí ar réadmhaoin chónaithe nó ar réadmhaoin dhochorraithe tráchtála atá lonnaithe i gcuid amháin nó i gcodanna de chríoch Bhallstát an údaráis sin, agus má mheasann sé go bhféadfadh neamhdhóthanacht na n-ualluithe riosca difear díobhálach a dhéanamh don chobhsaíocht airgeadais atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo ina Bhallstát, féadfaidh sé na hualuithe riosca is infheidhme ar na neamhchosaintí sin a mhéadú laistigh de na raonta a shocraítear sa cheathrú fomhír den mhír seo nó féadfaidh sé critéir a fhorchur atá níos déine ná na critéir a leagtar amach i mír 3 den Airteagal sin.

Tabharfaidh an t-údarás arna ainmniú i gcomhréir le mír 8 den Airteagal seo fógra do ÚBE agus do BERS faoi aon choigeartú ar na hualuithe riosca agus ar na critéir a chuirtear i bhfeidhm de bhun na míre seo. Laistigh de mhí amháin tar éis dóibh an fógra sin a fháil, tabharfaidh ÚBE agus BERS a dtuairim don Bhallstát lena mbaineann ***agus féadfaidh siad a lua sa tuairim sin, i gcás inar gá, cé acu an measann siad nó nach measann siad go moltar na coigeartuithe ar ualluithe riosca agus ar chritéir do Bhallstáit eile freisin.***

Foilseoidh ÚBE agus BERS na hualuithe riosca agus na critéir le haghaidh neamhchosaintí dá dtagraítear in Airteagail 125 agus 126 agus in Airteagal 199(1), pointe (a), arna gcur chun feidhme ag an údarás ábhartha.

Chun críocha an dara fomhír den mhír seo, féadfaidh an t-údarás a ainmnítear i gcomhréir le mír 8 den Airteagal seo na hualuithe riosca a leagtar síos in Airteagal 125(1), an chéad fhomhír, in *Airteagal 125(2)*, an chéad fhomhír, in Airteagal 126(1), an chéad fhomhír, ***nó in Airteagal 126(2), an chéad fhomhír, a mhéadú, nó féadfaidh sé critéir níos déine a fhorchur ná iad siúd a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo i gcás neamhchosaintí ar dheighleog réadmhaoine amháin nó níos mó arna n-urrú le morgáistí ar réadmhaoín dhochorraithe atá suite i gcuid amháin nó níos mó de chríoch Bhallstáit an údaráis sin.*** Ní mhéadóidh an t-údarás sin na ***hualuithe riosca*** sin go breis agus 150 %.

Chun críocha an dara fomhír den mhír seo, féadfaidh an t-údarás arna ainmniú i gcomhréir le mír 8 den Airteagal seo na céatadáin den luach réadmhaoine dá dtagraítear in Airteagal 125(1) nó in Airteagal 126(1), nó na céatadáin neamhchosanta agus luacha a shainíonn an buicéad ualaithe riosca neamhchosanta agus luacha a leagtar amach in Airteagal 125(2), Tábla 1, nó in Airteagal 126(2), Tábla 1, a laghdú freisin. Áiríteoidh an t-údarás ábhartha comhsheasmhacht thar gach buicéad ualaithe riosca neamhchosanta agus luacha, ionas gurb ísle i gcónaí an t-uallú riosca a bhaineann le buicéad ualaithe riosca neamhchosanta nó luacha níos ísle ná an t-uallú riosca a bhaineann le buicéad ualaithe riosca neamhchosanta agus luacha níos airde, nó gurb ionann iad.

- 10. I gcás ina ndéanfaidh an t-údarás arna ainmniú i gcomhréir le mír 8 ualuithe riosca níos airde nó critéir níos déine a shocrú de bhun ■ mhír 9, ■ beidh idirthréimhse 6 mhí ag institiúidí chun na hualuithe riosca nua a chur i bhfeidhm.**

11. Déanfaidh ÚBE, i ndlúthchomhar le BERS, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun cineálacha tosca atá le meas chun a iomchuí atá na hualuithe riosca dá dtagraítear i mír 9 a mheasúnú a shainiú.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... *[18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo]*.

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

12. Féadfaidh BERS, trí bhíthin moltaí, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010, agus i ndlúthchomhar le ÚBE, treoir a thabhairt do na húdaráis a ainmneofar i gcomhréir le mír 8 den Airteagal seo maidir leis an dá ní seo a leanas:

- (a) na tosca a d'fhéadfadh 'difear díobhálach a dhéanamh do chobhsaíocht airgeadais faoi láthair nó amach anseo' dá dtagraítear i mír 9, an dara fhomhír;
- (b) tagarmharcanna táscacha atá le cur san áireamh ag an údarás arna ainmniú i gcomhréir le mír 8 agus ualuithe riosca níos airde á socrú.

13. Cuirfidh institiúidí arna mbunú i mBallstát na hualuithe riosca agus na critéir arna gcinneadh ag údaráis de chuid Ballstáit eile i gcomhréir le mír 9 i bhfeidhm maidir lena neamhchosaintí comhfhreagracha arna n-urrú le morgáistí ar réadmhaoin chónaithe nó ar réadmhaoin dhochorraithe tráchtála atá suite i gcuid amháin nó i gcodanna den Bhallstát sin.
14. *Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun a bhfuil i gceist le ‘sásra dlíthiúil coibhéiseach atá i bhfeidhm chun a áirithiú go gcríochnófar an réadmhaoin atá á tógáil laistigh de thréimhse ama réasúnach’, a shonrú, i gcomhréir le mír 3, pointe (a)(iii)(2).*

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 125

Neamhchosaintí arna n-urrú le morgáistí ar réadmhaoín ■ chónaithe

1. Maidir le neamhchosaint arna hurrú le réadmhaoín chónaithe *dá dtagraítear* in Airteagal 124(2), ■ pointe (a)(i) nó (ii), déanfar ualú riosca 20 % a shannadh ■ don chuid den neamhchosaint suas le 55 % den luach réadmhaoine.

I gcás ina bhfuil lian sóisearach i seilbh hinstitiúide agus ina bhfuil liain níos sinsearaí nach bhfuil i seilbh na hinstitiúide sin, chun an chuid de neamhchosaint na hinstitiúide atá incháilithe d'ualú riosca 20 % a chinneadh, déanfar méid 55 % den luach réadmhaoine a laghdú faoi mhéid na lian níos sinsearaí nach bhfuil i seilbh na hinstitiúide.

I gcás ina bhfuil liain nach bhfuil i seilbh na hinstitiúide ar chéim pari passu leis an lian atá i seilbh na hinstitiúide, chun an chuid de neamhchosaint na hinstitiúide atá incháilithe d'ualú riosca 20 % a chinneadh, déanfar méid 55 % den luach réadmhaoine, arna laghdú faoi mhéid aon lian níos sinsearaí nach bhfuil i seilbh na hinstitiúide, a laghdú de thoradh an mhéid seo a leanas:

- (a) 55 % den luach réadmhaoine, arna laghdú faoi mhéid lian níos sinsearaí, más ann dóibh, atá i seilbh na hinstitiúide agus i seilbh hinstitiúidí eile araon; agus

(b) méid na lian nach bhfuil i seilbh an fhorais atá ar chéim pari passu leis an lian atá i seilbh na hinstitiúide arna roinnt ar shuíom na lian pari passu uile.

I gcás, i gcomhréir le hAirteagal 124(9), inar shocraigh an t-údarás inniúil nó an t-údarás ainmnithe ualú riosca níos airde nó céatadán níos ísle den luach réadmhaoine ná na cinn siúd dá dtagraítear sa mhír seo, úsáidfidh institiúidí an t-ualú riosca nó céatadán a socraíodh i gcomhréir le hAirteagal 124(9).

Déanfar an chuid atá fágtha den neamhchosaint dá dtagraítear sa chéad fhomhír, más ann dó, a **ualú ó thaobh riosca** de mar neamhchosaint **ar chontrapháirtí** nach bhfuil urraithe le réadmhaoín chónaithe.

2. Sannfar do neamhchosaint **dá dtagraítear in Airteagal 124(2)**, pointe (a)(iii) **■**, an t-ualú riosca a socraíodh **■** i gcomhréir le neamhchosaint agus luach maidir leis an **mbuicéad ualaithe riosca faoi seach** i dTábla 1.

Chun críocha na míre seo, i gcomhréir le hAirteagal 124(9), i gcás inar shocraigh an t-údarás inniúil nó an t-údarás ainmnithe ualú riosca níos airde nó céatadán neamhchosanta agus luacha atá níos ísle ná na cinn siúd dá dtagraítear sa mhír seo, úsáidfidh institiúidí an t-ualú riosca nó céatadán a socraíodh i gcomhréir le hAirteagal 124(9).

Tábla 1

ETV	$ETV \leq 50 \%$	$50 \% < ETV \leq 60 \%$	$60 \% < ETV \leq 80 \%$	$80 \% < ETV \leq 90 \%$	$90 \% < ETV \leq 100 \%$	$ETV > 100 \%$
Ualú riosca	30 %	35 %	45 %	60 %	75 %	105 %

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh institiúidí an láimhseáil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm ar neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoín chónaithe atá lonnaithe laistigh de chríoch Bhallstáit, i gcás inar ***fhoilsigh údarás inniúil an Bhallstáit sin i gcomhréir le hAirteagal 430a(3)*** rátaí caillteanais do na neamhchosaintí sin nach mó iad, ***bunaithe ar na sonraí comhiomlánaithe arna dtuairisciú ag na hinstitiúidí sa Bhallstát sin le haghaidh an mhargaidh réadmhaoine dochorraithe náisiúnta sin***, ná aon cheann de na teorainneacha seo a leanas le haghaidh caillteanais chomhiomlána thar **■** na hinstitiúidí uile agus na neamhchosaintí sin a bhí ann an bhliain roimhe:

- (a) ***ní mó ná 0,3 % an méid comhiomlánaithe a thuairiscíonn institiúidí faoi Airteagal 430a(1), pointe (a), arna roinnt ar an méid comhiomlánaithe a thuairiscíonn institiúidí faoi Airteagal 430a(1), pointe (c);***
- (b) ***ní mó ná 0,5 % an méid comhiomlánaithe a thuairiscíonn institiúidí faoi Airteagal 430a(1), pointe (b), arna roinnt ar an méid comhiomlánaithe a thuairiscíonn institiúidí faoi Airteagal 430a(1), pointe (c).***

3. *Chomh maith leis sin, féadfaidh institiúidí an maolú dá dtagraítear i mír 2, an tríú fomhír, den Airteagal seo a chur i bhfeidhm freisin i gcásanna ina ndéanfaidh an t-údarás inniúil den tríú tír, a chuireann socruithe maoirseachta agus rialála i bhfeidhm atá cothrom ar a laghad leo siúd a chuirtear i bhfeidhm san Aontas mar a cinneadh i gcinneadh ón gCoimisiún a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 107(4), rátaí caillteanais comhfhreagracha a fhoilsiú le haghaidh neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoin chónaithe atá suite laistigh den tríú tír sin.*

I gcás nach bhfoilseoidh údarás inniúil tríú tír rátaí caillteanais comhfhreagracha le haghaidh neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoin chónaithe atá suite laistigh de chríoch an tríú tír sin, féadfaidh ÚBE an fhaisnéis sin a fhoilsiú don tríú tír sin, ar choinníoll go bhfuil sonraí staidrimh bailí, atá ionadaíoch ó thaobh staidrimh de ar an margadh comhfhreagrach réadmhaoine cónaithe, ar fáil.

1. *Maidir le neamhchosaint arna hurrú le réadmhaoín dhochorraithe tráchtála dá dtagraítear in Airteagal 124(2), pointe (b)(i), déanfar ualú riosca 60 % a shannadh don chuid den neamhchosaint suas le 55 % den luach réadmhaoine.*

I gcás ina bhfuil lian sóisearach i seilbh institiúide agus ina bhfuil liain níos sinsearaí nach bhfuil i seilbh na hinstitiúide sin, chun an chuid de neamhchosaint na hinstitiúide atá incháilithe d'ualú riosca 60 % a chinneadh, déanfar méid 55 % den luach réadmhaoine a laghdú faoi mhéid na lian níos sinsearaí nach bhfuil i seilbh na hinstitiúide.

I gcás ina bhfuil lian nach bhfuil i seilbh na hinstitiúide ar chéim pari passu leis an lian atá i seilbh na hinstitiúide, chun an chuid de neamhchosaint na hinstitiúide atá incháilithe d'ualú riosca 60 % a chinneadh, déanfar méid 55 % den luach réadmhaoine, arna laghdú faoi mhéid aon lian níos sinsearaí nach bhfuil i seilbh na hinstitiúide, a laghdú de thoradh an mhéid seo a leanas:

- (a) *55 % den luach réadmhaoine, arna laghdú faoi mhéid lian níos sinsearaí, más ann dóibh, atá i seilbh na hinstitiúide agus i seilbh institiúidí eile araon; agus*

(b) méid na lian nach bhfuil i seilbh an fhorais atá ar chéim pari passu leis an lian atá i seilbh na hinstitiúide arna roinnt ar shuíom na lian pari passu uile.

I gcás, i gcomhréir le hAirteagal 124(9), inar shocraigh an t-údarás inniúil nó an t-údarás ainmnithe **ualú riosca níos airde** nó céatadán níos ísle den luach réadmhaoine ná na cinn siúd dá dtagraítear sa mhír seo, úsáidfídh institiúidí **an t-ualú riosca nó** céatadán a socraíodh i gcomhréir le hAirteagal 124(9).

Déanfar an chuid atá fágtha den neamhchosaint dá dtagraítear sa chéad fhomhír, más ann dó, a **ualú ó thaobh riosca** de mar neamhchosaint **ar an gcontrapháirtí** nach bhfuil urraithe le **réadmhaoin dhochorraithe tráchtála**.

2. Déanfar an t-ualú riosca a socraíodh i gcomhréir le luach na neamhchosanta maidir leis an **mbuicéad ualaithe riosca neamhchosanta agus luacha faoi seach i dTábla 1** a shannadh do neamhchosaint dá dtagraítear in Airteagal 124(2), pointe (b)(ii) .

Chun críocha na míre seo, i gcomhréir le hAirteagal 124(9), i gcás inar shocraigh an t-údarás inniúil nó an t-údarás ainmnithe ualú riosca níos airde nó céatadán neamhchosanta agus luacha atá níos ísle ná na cinn siúd dá dtagraítear sa mhír seo, úsáidfídh institiúidí an t-ualú riosca nó céatadán a socraíodh i gcomhréir le hAirteagal 124(9).

Tábla 1

	ETV $\leq$ 60 %	60 % < ETV $\leq$ 80 %	ETV > 80 %
Ualú riosca	70 %	90 %	110 %

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh institiúidí an láimhseáil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm ar **neamhchosaintí** arna n-urrú le réadmhaoín **dhochorraithe** tráchtála atá lonnaithe laistigh de chríoch Bhallstáit, i gcás inar **fhoilsigh údarás inniúil an Bhallstáit sin i gcomhréir le hAirteagal 430a(3)**, rátaí caillteanais na neamhchosaintí sin **nach mó iad, bunaithe ar na sonraí comhiomlánaithe arna dtuairisciú ag na hinstitiúidí** sa Bhallstát sin **le haghaidh an mhargaidh réadmhaoine dochorraithe náisiúnta sin**, ná aon cheann de na teorainneacha seo a leanas le haghaidh caillteanais chomhiomlána thar na hinstitiúidí uile agus na neamhchosaintí sin a bhí ann an bhliain roimhe:

- (a) **ní mó ná 0,3 % an méid comhiomlánaithe a thuairiscíonn institiúidí faoi Airteagal 430a(1), pointe (d), arna roinnt ar an méid comhiomlánaithe a thuairiscíonn institiúidí faoi Airteagal 430a(1), pointe (f);**
 - (b) **ní mó ná 0,5 % an méid comhiomlánaithe a thuairiscíonn institiúidí faoi Airteagal 430a(1), pointe (e), arna roinnt ar an méid comhiomlánaithe a thuairiscíonn institiúidí faoi Airteagal 430a(1), pointe (f).**
3. **Féadfaidh institiúidí an maolú dá dtagraítear i mír 2, an tríú fomhír, den Airteagal seo a chur i bhfeidhm freisin i gcásanna ina ndéanfaidh an t-údarás inniúil de thríú tír, a chuireann socruithe maoirseachta agus rialála i bhfeidhm atá cothrom ar a laghad leo siúd a chuirtear i bhfeidhm san Aontas mar a cinneadh i gcinneadh ón gCoimisiún a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 107(4), rátaí caillteanais comhfhreagracha a fhoilsiú le haghaidh neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoín dhochorraithe tráchtála atá suite laistigh den tríú tír sin.**

I gcás nach bhfoilseoidh údarás inniúil tríú tír rátaí caillteanais comhfhreagracha le haghaidh neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoine dhochorraithe tráchtála atá suite laistigh den tríú tír sin, féadfaidh ÚBE an fhaisnéis sin a fhoilsiú don tríú tír sin, ar choinníoll go bhfuil sonraí staidrimh bailí, atá ionadaíoch ó thaobh staidrimh de ar mhargadh comhfhreagrach na réadmhaoine dochorraithe tráchtála, ar fáil.

4. *Déanfaidh ÚBE measúnú ar a iomchuí atá sé coigeartú a dhéanamh ar láimhseáil na neamhchosaintí arna n-urrú le morgáistí ar réadmhaoine dhochorraithe tráchtála, lena n-áirítear neamhchosaintí IPRE agus neamh-IPRE, agus oiriúnacht na n-ualluithe rioscaí agus na difríochtaí coibhneasta i neamhchosaintí riosca arna n-urrú le réadmhaoine chónaithe, na difríochtaí in iogaireacht riosca neamhchosaintí IPRE arna n-urrú le réadmhaoine chónaithe dá dtagraítear in Airteagal 125(2), Tábla 1, agus neamhchosaintí IPRE arna n-urrú le réadmhaoine dhochorraithe thráchtála dá dtagraítear i dTábla 1 san Airteagal seo agus moltaí BERS maidir leis na leochaileachtaí in earnáil na réadmhaoine dochorraithe tráchtála san Aontas á gcur san áireamh. Cuirfidh ÚBE tuarascáil ar a thorthaí faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2027.*

Ar bhonn na tuarascála dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus aird chuí á tabhairt aige ar na caighdeáin ábhartha a d'fhorbair CBMB arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh an Coimisiún togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 31 Nollaig 2028.';

(56) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 126a

Neamhchosaintí maidir le héadáil talún, forbairt agus tógáil

1. Sannfar ualú riosca 150 % do neamhchosaint ADC.
2. D'fhéadfaí ualú riosca 100 % a shannadh do neamhchosaintí ADC ar réadmhaoine chónaithe, ar choinníoll go gcuireann an institiúid chun feidhme na caighdeáin iontaofa tionscanta agus faireacháin a chomhlíonann ceanglais a leagtar síos in Airteagail 74 agus 79 de Threoir 2013/36/AE agus i gcás ina gcomhlíontar ceann de na coinníollacha a leanas:

- (a) is cuid shuntasach d'fhoriomlán na gconarthaí iad conarthaí réamh**dhíola nó** réamhléasaithe atá ceangailteach ó thaobh dlí, a bhfuil taisce shubstaintiúil airgid thirim, atá faoi réir forghéilleadh má fhoirceannantar é, íoctha ag an gceannaitheoir nó ag an tionónta dó, ***nó i gcás ina ndéantar an maoiniú a áirithiú ar bhealach coibhéiseach, nó conarthaí díolacháin nó léasa atá ceangailteach ó thaobh dlí, lena n-áirítear i gcás ina ndéantar an íocaíocht i dtráthchodanna de réir mar a théann na hoibreacha foirgníochta chun cinn;***

(b) tá cothromas substaintiúil faoi riosca ag an oibleagáideoir, cothromas a léirítear mar mhéid iomchuí de chothromas atá curtha ag an oibleagáideoir le luach ■ na réadmhaoine cónaithe tar éis í a chur i gcrích.

3. Faoi... [■ 12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] eiseoidh ÚBE treoirlínte, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ina sonrófar na téarmaí ‘taiscí substaintiúla airgid thirim’, ‘**maoiniú a áirithíodh ar bhealach coibhéiseach**’, ‘cuid shuntasach d’fhoriomlán na gconarthaí’ agus ‘méid iomchuí de chothromais atá curtha ag an oibleagáideoir’, **agus sainiúlachtaí maidir le hinstitiúidí ag tabhairt iasachtaí do thithíocht phoiblí nó eintitis neamhbhrabúis ar fud an Aontais á gcur san áireamh, ar eintitis iad atá á rialáil le dlí agus atá ann chun críocha sóisialta agus chun tithíocht fhadtéarmach a thairiscint do thionóntaí.**’;

(57) leasaítear Airteagal 127 mar a leanas:

- (a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘Chun na coigeartuithe sonracha i leith riosca creidmheasa ■ dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ríomh maidir le **neamhchosaint a ceannaíodh agus í ar mainneachtain cheana**, áireoidh institiúidí sa ríomh aon difríocht dhearfach idir ■ an méid atá dlite ón oibleagáideoir ar an neamhchosaint **sin** agus ■ suim an laghdaithe breise cistí dílse **dá** ndíscríobhfaí an neamhchosaint **sin** ina hiomláine agus aon laghduithe ar chistí dílse atá ann cheana a bhaineann leis an neamhchosaint sin.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

- ‘2. Chun críoch cuid urraithe den neamhchosaint ar mainneachtain a chinneadh, beidh comhthaobhacht agus ráthaíochtaí cáilithe chun críoch maolaithe riosca creidmheasa i gcomhréir le Caibidil 4.
3. Sannfar ualú riosca 100 % do luach na neamhchosanta a bheidh ann tar éis coigeartuithe sonracha maidir le riosca creidmheasa ar neamhchosaintí neamh-IPRE iad, arna n-urrú le réadmhaoín chónaithe nó le réadmhaoín dhochorraithe tráchtála i gcomhréir le hAirteagail 125 agus 126, faoi seach, i gcás gur tharla mainneachtain i gcomhréir le hAirteagal 178.’;

(c) scriostar mír 4;

(58) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 128:

‘Airteagal 128

Neamhchosaintí ar fhiachas fo- ordaithe

1. Déanfar na neamhchosaintí seo a leanas a láimhseáil mar neamhchosaintí ar fhiachas fo- ordaithe:
 - (a) neamhchosaintí ar fhiachas atá fo-ordaithe d’*éilimh gnáthchreidiúnaithe neamhurraithe*;
 - (b) ionstraimí cistí dílse a mhéid nach meastar gur neamhchosaintí ar chothromas i gcomhréir le hAirteagal 133(1) iad na hionstraimí sin; agus

(c) *neamhchosaintí a thagann as ionstraimí dliteanas incháilithe a shealbhaíonn an institiúid* lena gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 72b.

2. Sannfar ualú riosca 150 % do neamhchosaintí ar fhiachas fo-ordaithe, mura n-asbhaintear na neamhchosaintí sin ■ ar fhiachas fo-ordaithe *as cistí dílse nó faoi réir na láimhseála a leagtar amach in Airteagal 72e(5), an chéad fhomhír.*’;

(59) *leasaítear Airteagal 129 mar a leanas:*

(a) *i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:*

‘Gan dochar don chéad fhomhír, pointe (c), den mhír seo, go dtí an 1 Iúil 2027, déanfar neamhchosaintí indíreacha ar institiúidí creidmheasa gan rátáil sheachtrach lena ráthaítear iasachtaí morgáiste go dtí a gclárú chun críocha an phointe sin a láimhseáil mar neamhchosaintí ar institiúidí creidmheasa a cháilíonn do chéim 1 den cháilíocht chreidmheasa, ar choinníoll gur neamhchosaintí gearrthéarmacha iad a shanntar do ghrád A faoi Airteagal 121 agus go mbeidh na hiasachtaí morgáiste ráthaithe, a luaithe a chlárófar iad, incháilithe don láimhseáil fhabhrach de bhun na chéad fhomhíre, pointí (d), (e) agus (f), den mhír seo.’;

(b) i mír 3, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘Chun réadmhaoín dhochorraithe a luacháil, féadfaidh na húdaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 18(2) de Threoir (AE) 2019/2162 a cheadú an réadmhaoín sin a luacháil ar an margadhluach nó luach níos ísle, nó sna Ballstáit sin a bhfuil critéir dhiana leagtha síos acu chun measúnú a dhéanamh ar an luach iasachta morgáiste i bhforálacha reachtúla nó rialúcháin, ag luach iasachta morgáiste na réadmhaoine sin, gan na teorainneacha a leagtar amach in Airteagal 229(1), pointe **(e) den Rialachán seo**, a chur i bhfeidhm;’;

(c) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 4 agus 5:*

‘4. I gcás bannaí faoi chumhdach a bhfuil measúnú creidmheasa atá infheidhme go díreach agus a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith, déanfar ualú riosca a shannadh dóibh i gcomhréir le Tábla 1 a chomhfhreagraíonn don mheasúnú creidmheasa a rinne an IMCS i gcomhréir le hAirteagal 136.

Tábla 1

Céim na	1	2	3	4	5	6
Ualú riosca	10 %	20 %	20 %	50 %	50 %	100 %

5. I gcás bannaí faoi chumhdach nach bhfuil measúnú creidmheasa atá infheidhme go díreach agus a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith, déanfar ualú riosca a shannadh dóibh ar bhonn an ualaithe riosca a sannadh do neamhchosaintí neamhurraithe sinsearacha ar an institiúid a eisíonn iad. Beidh feidhm ag an gcomhfhreagras seo a leanas idir ualuithe riosca:

- (a) má dhéantar ualú riosca 20 % a shannadh do na neamhchosaintí ar an institiúid, déanfar ualú riosca 10 % a shannadh don bhanna faoi chumhdach;*
- (aa) má dhéantar ualú riosca 30 % a shannadh do na neamhchosaintí ar an institiúid, déanfar ualú riosca 15 % a shannadh don bhanna faoi chumhdach;*
- (ab) má dhéantar ualú riosca 40 % a shannadh do na neamhchosaintí ar an institiúid, déanfar ualú riosca 20 % a shannadh don bhanna faoi chumhdach;*

- (b) má dhéantar ualú riosca 50 % a shannadh do na neamhchosaintí ar an institiúid, déanfar ualú riosca 25 % a shannadh don bhanna faoi chumhdach;*
- (ba) má dhéantar ualú riosca 75 % a shannadh do na neamhchosaintí ar an institiúid, déanfar ualú riosca 35 % a shannadh don bhanna faoi chumhdach;*
- (c) má dhéantar ualú riosca 100 % a shannadh do na neamhchosaintí ar an institiúid, déanfar ualú riosca 50 % a shannadh don bhanna faoi chumhdach;*
- (d) má dhéantar ualú riosca 150 % a shannadh do na neamhchosaintí ar an institiúid, déanfar ualú riosca 100 % a shannadh don bhanna faoi chumhdach.’;*

(60) in Airteagal 132a(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘De mhaolú ar Airteagal 92(4), pointe (e), féadfaidh institiúidí a ríomhfaidh méid neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca de neamhchosaintí GC i gcomhréir le mír 1 nó 2 den Airteagal seo, féadfaidh siad an ceanglas cistí dílse do riosca coigeartaithe luachála creidmheasa an GC sin a ríomh mar mhéid is ionann agus 50 % de cheanglais cistí dílse na neamhchosaintí díorthach sin arna ríomh i gcomhréir le Roinn 3, 4 nó 5 de Chaibidil 6 den Teideal seo, de réir mar is infheidhme.’;

(61) *in Airteagal 132b, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:*

‘2. Féadfaidh institiúidí a eisiamh ó na ríomhanna dá dtagraítear in Airteagal 132 neamhchosaintí ar chothromas neamhchosaintí foluiteacha i bhfoirm aonad nó scaireanna in GCanna ar eintitis a sanntar ualú riosca 0 % dá n-oibleagáidí creidmheasa faoin gCaibidil seo, lena n-áirítear na heintitis sin a urraítear go poiblí inar féidir ualú riosca 0 % a chur i bhfeidhm, agus neamhchosaintí ar chothromas dá dtagraítear in Airteagal 133(5), agus ina ionad sin an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 133 a chur i bhfeidhm maidir leis na neamhchosaintí sin ar chothromas.’;

(62) *in Airteagal 132c(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:*

‘Ríomhfaidh institiúidí luach na neamhchosanta a bhaineann leis an ngealltanais íosluacha a chomhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo mar luach lascainithe reatha an mhéid faoi ráthaíocht ag úsáid fachtóir lascaine a dhíorthaítear ó ráta saor ó riosca de bhun Airteagal 325l (2) nó (3), de réir mar is infheidhme. Féadfaidh institiúidí luach na neamhchosanta a bhaineann leis an ngealltanais íosluacha a laghdú faoi aon chaillteanais a aithnítear i ndáil leis an ngealltanais íosluacha faoin gcaighdeán cuntasáíochta is infheidhme.’;

I

(63) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 133:

‘Airteagal 133

Neamhchosaintí ar chothromas

1. Aicmeofar an méid ar fad seo a leanas mar neamhchosaintí cothromais:

(a) aon neamhchosaint a chomhlíonann gach ceann de na coinníollacha a leanas:

- (i) níl sí infhuascailte sa chiall nach féidir fáltas na gcistí infheistithe a bhaint amach ach amháin trí bhíthin dhíol na hinfheistíochta nó dhíol na gceart ar an infheistíocht nó leachtú an eisitheora;
- (ii) ní oibleagáid de chuid an eisitheora í;
- (iii) cuireann sí éileamh iarmharach ar na sócmhainní nó ar ioncam an eisitheora in iúl;

- (b) ionstraimí a cháileodh mar ítimí Shraith 1 dá n-eiseodh institiúid iad;
- (c) ionstraimí atá mar chuid d'oibleagáid de chuid an eisitheora agus a chomhlíonann aon cheann de na coinníollacha a leanas:
 - (i) tá an t-eisitheoir in ann socraíocht na hoibleagáide a iarchur gan uair a cheapadh;
 - (ii) éilítear leis an oibleagáid, nó ceadaítear léi ar dhiscreíd an eisitheora, socraíocht trí bhíthin líon socraithe de scaireanna cothromais an eisitheora a eisiúint;
 - (iii) éilítear leis an oibleagáid, nó ceadaítear léi ar dhiscreíd an eisitheora, socraíocht trí bhíthin líon athraitheach de scaireanna cothromais an eisitheora a eisiúint agus, *ceteris paribus*, tá aon athrú ar luach na hoibleagáide inchurtha leis an athrú ar luach líon socraithe de scaireanna cothromais an eisitheora, inchomparáide leis, agus sa treo céanna leis;
 - (iv) tá an rogha ag sealbhóir na hionstraime a éileamh go socrófar an oibleagáid i scaireanna cothromais, mura gcomhlíonfar ceann de na coinníollacha a leanas:
 - (1) i gcás ionstraim thrádáilte, tá léirithe ag an institiúid chun sástacht an údaráis inniúil go dtrádáiltear an ionstraim ar an margadh ar bhealach níos cosúla le fiachas an eisitheora ná an cothromas;

- (2) i gcás ionstraimí neamhthrádáilte, tá léirithe ag an institiúid chun sástacht an údaráis inniúil gur cheart an ionstraim a láimhseáil mar shuíomh fiachais;
- (d) oibleagáidí fiachais agus urrúis eile, comhpháirtíochtaí, díorthaigh nó uirlisí eile atá struchtúrtha ar bhealach a bhfuil a dtábhacht eacnamaíoch cosúil leis na neamhchosaintí atá sonraithe i bpointí (a), (b) agus (c), lena n-áirítear dliteanais óna bhfuil an fáltas nasctha leis na cothromais;
- (e) neamhchosaintí cothromais a thaifeadtar mar iasacht ach a eascraíonn as babhtáil fiachais ar chothromas arna déanamh mar chuid de réadú ordúil nó athstruchtúró an fhiachais.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (c)(iii), cuirtear ar áireamh sna hoibleagáidí iad siúd a éilíonn nó a cheadaíonn socraíocht trí bhíthin líon athraitheach de scaireanna cothromais an eisitheora a eisiúint ar ina leith is ionann an t-athrú ar luach airgeadúil na hoibleagáide agus an t-athrú ar luach cóir líon socraithe scaireanna cothromais arna n-iolrú faoi fhachtóir sonraithe, sa chás ina bhfuil an fachtóir agus an líon tagartha scaireanna socraithe.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (c)(iv), i gcás ina gcomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha a leagtar síos sa phointe sin, féadfaidh an institiúid na rioscaí a mhiondealú chun críoch reachtúil, faoi réir réamhcheadú ón údarás inniúil.

2. Ní dhéanfar infheistíochtaí cothromais a láimhseáil mar neamhchosaintí cothromais in aon cheann de na cásanna seo a leanas:
 - (a) tá na hinfeistíochtaí cothromais struchtúrtha ar bhealach ina bhfuil a dtábhacht eacnamaíoch cosúil le tábhacht eacnamaíoch sealúchais fiachais nach gcomhlíonann na critéir a leagtar amach i mír 1;
 - (b) is neamhchosaintí ar urrúsú na hinfeistíochtaí cothromais.
3. Sannfar ualú riosca 250 % do neamhchosaintí cothromais, seachas iad sin dá dtagraítear i míreanna 4 go 7, mura gceanglaítear na neamhchosaintí sin a asbhaint nó a ualú ó thaobh riosca i gcomhréir le Cuid a Dó.

4. Sannfar ualú riosca 400 % do na neamhchosaintí cothromais seo a leanas ar chuideachtaí neamhliostaithe, mura gceanglaítear na neamhchosaintí sin a asbhaint nó a ualú ó thaobh riosca i gcomhréir le Cuid a 2:
- (a) infheistíochtaí le haghaidh athdhíol gearrthéarmach;
 - (b) infheistíochtaí i ngnólachtaí caipitil fiontair nó infheistíochtaí cosúla a fhaightear ag dréim le gnóthachain chaipitil shuntasacha ghearrthéarmacha.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, sannfar ualú riosca i gcomhréir le mír 3 nó 5, de réir mar is infheidhme, d'infheistíochtaí cothromais fadtéarmacha, lena n-áirítear infheistíochtaí i gcothromais de chuid cliant corparáideach ar bhunaigh an institiúid gaolmhaireacht gnó fhadtéarmach leo ■ nó a bhfuil sé i gceist ag an institiúid gaolmhaireacht gnó fhadtéarmach a bhunú leo agus babhtálacha fiachais ar chothromas chun críoch athstruchtúrú corparáideach. Chun críocha an Airteagail seo, is é is infheistíocht cothromais fhadtéarmach infheistíocht cothromais arna sealbhú ar feadh 3 bliana nó níos faide nó arna tabhú agus é de rún í a shealbhú ar feadh 3 bliana nó níos faide arna fhorpheas ag ardbhainistíocht na hinstitiúide.

5. Institiúidí a bhfuil cead faighte acu roimh ré ó na húdaráis inniúla, féadfaidh siad ualú riosca 100 % a shannadh do neamhchosaintí ar chothromas arna dtabhú faoi chlár reachtacha chun eárnálacha sonraithe den gheilleagar a spreagadh, ***suas leis an gcuid sin de na neamhchosaintí sin ar chothromas nach mó, i bhfoirm chomhiomlán, ná 10 % de chistí dílse na hinstitiúide***, agus a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas go léir:
- (a) soláthraítear don institiúid leis na clár reachtacha fóirdheontais shuntasacha ***nó ráthaíochtaí*** suntasacha, lena n-áirítear ■ ó bhainc forbartha iltaobhacha, institiúidí creidmheasa forbartha poiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 429a(2) nó eagraíochtaí idirnáisiúnta, le haghaidh na hinfheistíochta;
 - (b) baineann na clár reachtacha le cineál éigin de mhaoirseacht rialtais;

- (c) *baineann na cláir reachtacha le srianta ar infheistíocht chothromais, mar shampla, teorainneacha ar mhéid agus cineálacha na ngnólachtaí ina bhfuil an institiúid ag infheistiú, ar mhéideanna incheadaithe leasanna úinéireachta, ar an suíomh geografach agus ar thosca ábhartha eile a chuireann teorainn le riosca féideartha na hinfheistíochta don institiúid infheistíochta.*

6. Sannfar ualú riosca 0 % do neamhchosaintí ar chothromas ar bhainc cheannais.
7. Maidir le *sealúchas cothromais* a thairfeadtar mar iasacht ach *a d'eascair as babhtáil* fiachais go cothromas arna déanamh mar chuid de réadú ordúil nó athstruchtúrú an fhiachais, ní dhéanfar ualú riosca atá níos ísle ná an t-ualú riosca a bheadh i bhfeidhm *dá* mbeadh an *sealúchas* cothromais á *láimhseáil mar neamhchosaint* ar fhiachas a shannadh dó.';

(64) in Airteagal 134, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

- '3. Déanfar ualú riosca 20 % a shannadh d'ítimí airgid atá á gcrúinniú. Déanfar ualú riosca 0 % a shannadh d'airgead tirim faoi úinéireacht agus arna shealbhú ag institiúid nó faoi bhealach agus d'ítimí airgid coibhéiseacha.';

■

(65) in Airteagal 135, cuirtear an mhír ■ seo a leanas leis:

- ‘3. ■ Faoin... [■ 12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an *Rialacháin leasaithe seo*] ullmhóidh ESMA tuarascáil *i dtaobh an léirítear rioscaí CSR go hiomchuí i modheolaíochtaí rátála riosca creidmheasa IMCS agus cuirfidh sé an tuarascáil sin faoi bhráid an Choimisiúin.*

Ar bhonn na tuarascála sin, cuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoi ... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].’;

(66) leasaítear Airteagal 138 mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

- ‘(g) *i gcás neamhchosaintí ar institiúidí*, ní úsáidfí institiúid measúnú creidmheasa IMCS a ionchorpraíonn ■ toimhdí de thacaíocht rialtais intuigthe, ach amháin má thagraítear i measúnú creidmheasa IMCS faoi seach d’institiúid faoi úinéireacht nó atá bunaithe agus urraithe ag rialtais láir, rialtais réigiúnacha nó údaráis áitiúla.’;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘Chun críocha na chéad mhíre, pointe (g), i gcás institiúidí seachas institiúidí atá faoi úinéireacht nó bunaithe agus urraithe ag rialtais láir, rialtais réigiúnacha nó údaráis áitiúla, nach bhfuil ann ina leith ach measúnuithe creidmheasa IMCS a ionchorpraíonn toimhdí de thacaíocht rialtais intuigthe, déanfar neamhchosaintí ar institiúidí den sórt sin a láimhseáil mar neamhchosaintí ar institiúidí gan rátáil i gcomhréir le hAirteagal 121.

Ciallaíonn ‘tacaíocht rialtais intuigthe’ go **ndéanfadh** an rialtas láir, an rialtas réigiúnach nó an t-údarás áitiúil gníomhú chun creidiúnaithe na hinstitiúide a chosc ar chaillteanais a thabhu i gcás mhainneachtain nó bhrú na hinstitiúide.’;

(67) in Airteagal 139(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

- ‘(a) táirgeann an measúnú creidmheasa ualú riosca níos airde ná mar a bheadh amhlaidh dá ndéanfaí an neamhchosaint a láimhseáil mar neamhchosaint gan rátáil agus tá an méid a leanas fíor i gcás na neamhchosanta lena mbaineann:
- (i) ní neamhchosaint ar iasachtú speisialaithe í;
 - (ii) rangáítear an neamhchosaint *pari passu* nó ar chéim níos sóisearaí i ngach cás i gcomparáid leis an gclár sonrach nó leis an tsaoráid shonrach eisiúna nó le neamhchosaintí neamhurraithe sinsearacha an eistheora sin, de réir mar is ábhartha;
- (b) táirgeann an measúnú creidmheasa ualú riosca níos ísle ***ná mar a bheadh amhlaidh i gcás ina ndéanfaí an neamhchosaint a láimhseáil mar neamhchosaint gan rátáil*** agus tá an méid a leanas fíor i gcás na neamhchosanta lena mbaineann:
- (i) ní neamhchosaint ar iasachtú speisialaithe í;
 - (ii) rangáítear an neamhchosaint *pari passu* nó ar chéim níos sinsearaí i ngach cás i gcomparáid leis an gclár sonrach nó leis an tsaoráid shonrach eisiúna nó le neamhchosaintí neamhurraithe sinsearacha an eistheora sin, de réir mar is ábhartha.’;

(68) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 141:

‘Airteagal 141

Ítimí airgeadra intíre agus eachtraigh

1. Ní úsáidfear measúnú creidmheasa a thagraíonn d’ítim atá ainmnithe in airgeadra intíre an oibleagáideora chun ualú riosca a dhíorthú do neamhchosaint maidir leis an oibleagáideoir céanna sin atá ainmnithe in airgeadra eachtrach.
2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina dtagann neamhchosaint chun cinn trí rannpháirtíocht institiúide in iasacht arna síneadh ag, nó arna ráthú in aghaidh in-chomhshóiteachta agus aistriú riosca ag, banc forbartha iltaobhach a liostaítear in Airteagal 117(2) a n-aithnítear a stádas mar chreidiúnaí tosaíochta sa mhargadh, féadfar an measúnú creidmheasa ar ítim airgeadra intíre an oibleagáideora a úsáid ar mhaithe le hualú riosca a dhéanamh le haghaidh neamhchosaint ar an oibleagáideoir céanna sin atá ainmnithe in airgeadra eachtrach.

Chun críocha na chéad fhomhíre, i gcás ina bhfuil an neamhchosaint atá ainmnithe in airgeadra eachtrach ráthaithe in aghaidh in-chomhshóiteachta agus aistriú riosca, ní fhéadfar an measúnú creidmheasa ar ítim airgeadra intíre an oibleagáideora a úsáid ach chun críoch ualaithe riosca ar an gcuid ráthaithe den neamhchosaint sin. Déanfar an chuid den neamhchosaint nach bhfuil ráthaithe a ualú ó thaobh riosca bunaithe ar mheasúnú creidmheasa ar an oibleagáideoir ina dtagraítear d’ítim atá ainmnithe san airgeadra eachtrach sin.’;

(69) in Airteagal 142, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

‘(1a) ciallaíonn ‘aicme neamhchosanta’ ceann ar bith de na haicmí neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 147(2), pointe (a), pointe (aa)(i) nó (ii), pointe (b), pointe (c)(i), (ii) nó (iii), pointe (d)(i), (ii), (iii) nó (iv), pointe (e), (ea), (f) **nó** (g);

■

(1b) ciallaíonn ‘neamhchosaint ar chorparáidí’ neamhchosaint a shanntar ■ d’aon cheann de na haicmí neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 147(2), pointe (c)(i), (ii) nó (iii) ■ ;

(1c) ciallaíonn ‘neamhchosaint mhiondiola’ aon neamhchosaint a shanntar **d’aon cheann** de na haicmí neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 147(2), pointe (d)(i), (ii), (iii) **nó** (iv);

(1d) ciallaíonn ‘neamhchosaint ar údaráis réigiúnacha agus áitiúla agus ar eintitis earnála poiblí’ aon neamhchosaint a shanntar d’aon cheann de na haicmí neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 147(2), pointe (aa)(i) nó(ii);’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (2):

(2) ciallaíonn ‘cineál neamhchosanta’ grúpa neamhchosaintí arna mbainistiú go haonchineálach, a d’fhéadfadh a bheith teoranta d’eintiteas amháin nó d’fho-fhoireann aonair eintiteas laistigh de ghrúpa ar choinníoll go ndéantar bainistíocht éagsúil ar an gcineál céanna neamhchosaintí in eintitis eile den ghrúpa;’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (4) agus (5):

‘(4) ciallaíonn ‘mór-eintiteas earnála airgeadais rialáilte’ aon eintiteas earnála airgeadais a chomhlíonann na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) is mó ná EUR 70 billiún, nó cothrom leis, sócmhainní iomlána an eintitis, nó sócmhainní iomlána a mháthairchuideachta, i gcás go bhfuil máthairchuideachta ag an eintiteas, a ríomhtar ar bhonn aonair nó ar bhonn comhdhlúite, agus leas á bhaint as an ráiteas airgeadais iniúchta is déanaí nó as an ráiteas airgeadais comhdhlúite is déanaí chun méid na sócmhainne a chinneadh;

(b) tá an t-eintiteas faoi réir ceanglas stuamachta, go díreach ar bhonn aonair nó comhdhlúite, nó go hindíreach ó chomhdhlúthú stuamachta a mháthairghnóthais, i gcomhréir leis an Rialachán seo, le Rialachán (AE) 2019/2033, le Treoir 2009/138/CE, nó le ceanglais stuamachta dlíthiúla tríú tír a bheidh comhionann ar a laghad leis na hionstraimí sin de chuid an Aontais;

(5) ciallaíonn ‘eintiteas earnála airgeadais neamhrialáilte’ eintiteas earnála airgeadais nach gcomhlíonann an coinníoll a leagtar amach i bpointe (4)(b);’;

(d) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(5a) ciallaíonn ‘corparáid mhór’ aon ghnóthas corparáideach a bhfuil méid foriomlán a dhíolacháin chomhdhlúite bhliantúil os cionn EUR 500 milliún nó a bhaineann le grúpa ina bhfuil díolachán bliantúil an ghrúpa chomhdhlúite níos mó ná EUR 500 milliún;’;

(e) cuirtear na pointí seo a leanas leis:

‘(8a) **ciallaíonn** ‘cur chuige um shamhaltú coigeartaithe PD/LGD’ coigeartú ar an LGD nó coigeartú ar an PD agus an PGD a shamhaltú den neamhchosaint fholuiteach ■ ;

(9) ciallaíonn ‘íosráta RW an tsoláthraí cosanta’ an t-ualú riosca infheidhme maidir le neamhchosaint inchomparáide dhíreach leis an soláthraí cosanta;

- (10) maidir le neamhchosaint a gcuirfidh institiúid Cur Chuige IRB i bhfeidhm ina leith trína cuid meastachán féin ar LGD a úsáid faoi Airteagal 143, ciallaíonn cosaint creidmheasa neamhchistithe ‘aitheanta’ cosaint creidmheasa neamhchistithe a dtugtar an tionchar atá aige ar ríomh na méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca nó méideanna an chaillteanais ionchasaigh de chuid na neamhchosanta forluití san áireamh le ceann de na modhanna a leanas, i gcomhréir le hAirteagal 108(3):
- (a) Cur chuige um shamhaltú coigeartaithe PD/LGD;
 - (b) ionadú an chur chuige maidir le paraiméadair riosca faoi A-IRB, mar a sainmhínítear in Airteagal 192, pointe (5);
- (11) ciallaíonn ‘SA-CCF’ an céatadán is infheidhme faoi Chaibidil 2 i gcomhréir le hAirteagal 111(2);
- (12) ciallaíonn ‘IRB-CCF’ féinmheastacháin ar fhachtóir coinbhéartachta creidmheasa.’;

(f) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (5a), *agus an measúnú don tairseach díolachán á dhéanamh, déanfar na méideanna a thuairisciú, mar atá siad, i ráitis airgeadais iniúchta na gcorparáidí nó, i gcás corparáidí atá mar chuid de ghrúpaí comhdhlúite, a ngrúpaí comhdhlúite de réir an chaighdeáin cuntasáíochta is infheidhme maidir le máthairghnóthas deiridh an ghrúpa chomhdhlúite. Beidh na figiúirí bunaithe ar na meánmhéideanna arna ríomh in imeacht na 3 bliana roimhe sin, nó ar na méideanna is déanaí arna dtabhairt cothrom le dáta gach 3 bliana ag an institiúid.*’;

(70) leasaítear Airteagal 143 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Beidh gá le cead a iarraidh roimh ré chun Cur Chuige IRB a úsáid, lena n-áirítear a meastacháin féin ar LGD agus IRB-CCF, maidir le gach aicme neamhchosanta agus gach córas rátála agus gach cur chuige maidir le meastachán a thabhairt ar LGDanna agus ar CCFanna arna n-úsáid.’;

(b) i mír 3, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

‘(a) athruithe ábhartha ar raon feidhme córais rátála a bhfuair an institiúid cead é a úsáid;

(b) athruithe ábhartha ar chóras rátála a bhfuair an institiúid cead é a úsáid.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 4 agus 5:

‘4. Tabharfaidh institiúidí fógra do na húdaráis inniúla maidir le gach athrú ar na córais rátála.

5. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na coinníollacha a shonrú maidir le measúnú a dhéanamh ar ábharthacht úsáid córais rátála atá ann cheana féin le haghaidh neamhchosaintí breise eile nach bhfuil cumhdaithe cheana faoin gcóras rátála sin agus athruithe ar chórais rátála faoi Chur Chuige IRB.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun **an Rialachán seo a fhorlíonadh trí** na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo **a ghlacadh** i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010’;

(71) leasaítear Airteagal 144 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) rinne an institiúid bailíochtú ar gach córas rátála i dtréimhse iomchuí sula bhfuair sí cead an córas rátála sin a úsáid, rinne sí measúnú le linn na tréimhse sin **féachaint an oireann gach** córas rátála do raon feidhme an chórais rátála **sin**, agus, bunaithe ar an measúnú a bheith déanta aici, rinne sí na hathruithe is gá ar **gach córas** rátála.’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

‘(h) tá an institiúid tar éis gach neamhchosaint a shannadh, agus leanfaidh sí den sannadh sin, i réimse cur i bhfeidhm chórais rátála maidir le grád rátála nó comhthiomsú an chórais rátála sin.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

- ‘2. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun an mhodheolaíocht mheasúnúcháin a shonrú le leanúint ag na húdaráis inniúla le linn dóibh measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh institiúide leis na ceanglais chun Cur Chuige IRB a úsáid.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... *[24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo]*.

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun *an Rialachán seo a fhorlíonadh trí* na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo *a ghlacadh* i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010’;

(72) leasaítear Airteagal 147 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

- ‘2. Sannfar gach neamhchosaint do cheann de na haicmí neamhchosanta a leanas:

(a) neamhchosaintí ar rialtas láir agus ar bhainc cheannais;

(aa) neamhchosaintí ar *rialtais* réigiúnacha, ar údaráis áitiúla agus ar eintitis earnála poiblí atá le sannadh do na haicmí neamhchosanta seo a leanas:

(i) neamhchosaintí ar *rialtais* réigiúnacha nó ar údaráis áitiúla;

- (ii) neamhchosaintí ar eintitis eárnála poiblí;
- (b) neamhchosaintí ar institiúidí;
- (c) neamhchosaintí ar chomhlachtaí corpraithe, le sannadh do na haicmí neamhchosanta seo a leanas:
 - (i) corparáidí ginearálta;
 - (ii) neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe;
 - (iii) earraí infhaighte ceannaithe corparáideacha;
- (d) neamhchosaintí miondíola, **le** sannadh do na haicmí neamhchosanta seo a leanas:
 - (i) neamhchosaintí imrothlacha cáilitheacha ar mhiondíol ('QRREanna');
 - (ii) neamhchosaintí miondíola arna n-urrú le réadmhaoín chónaithe;
 - (iii) earraí infhaighte ceannaithe ar mhiondíol;
 - (iv) neamhchosaintí eile miondíola;
- (e) neamhchosaintí ar chothromas;
- (ea) neamhchosaintí i bhfoirm aonad nó scaireanna i GC;
- (f) ítimí in ionannas le suíomhanna urrúsúcháin;
- (g) sócmhainní oibleagáide neamhchreidmheasa eile.';

(b) i mír 3, scriostar pointe (a);

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘3a. ***De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, sannfar neamhchosaintí*** ■ ar rialtais réigiúnacha, ar údaráis áitiúla agus ar eintitis earnála poiblí don aicme neamhchosanta dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), den Airteagal seo ***i gcás ina ndéantar na neamhchosaintí sin a láimhseáil mar neamhchosaintí ar rialtais láir i gcomhréir le*** hAirteagal 115 nó 116.’;

(d) i mír 4, scriostar pointí (a) agus (b);

(e) leasaítear mír 5 mar a leanas:

(i) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

‘(ii) neamhchosaintí ar FBM, ar choinníoll sa chás sin nach mó an méid iomlán a bheidh dlite don institiúid agus do na máthairghnóthais agus dá fochuideachtaí, lena n-áirítear aon neamhchosaint ar mainneachtain, ag an oibleagáideoir cliant nó ag an ngrúpa cliant nasctha, ach gan neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoín chónaithe, suas go dtí an luach réadmhaoine san áireamh, a mhéid is feasach don institiúid, ■ ná ***EUR 1 mhilliún***, a dhéanfaidh bearta réasúnta chun méid na neamhchosaintí sin a fhíorú;

(iii) neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoín chónaithe, lena n-áirítear an chéad lian agus liain ina dhiaidh sin, iasachtaí téarma, línte creidmheasa cothromais tí imrothlacha, agus neamhchosaintí dá dtagraítear in Airteagal 108(4) agus (5), gan beann ar mhéid na neamhchosanta, ar choinníoll gur ceann díobh seo a leanas atá sa neamhchosaint:

- (1) neamhchosaint ar dhuine nádúrtha;
- (2) neamhchosaint ar chomhlachais nó ar chomharchumainn daoine aonair atá rialáilte faoin dlí náisiúnta agus atá ann le haon chuspóir amháin chun úsáid as príomháit chónaithe sa mhaoín lena n-urraítear an iasacht a thabhairt dá gcomhaltaí;’;

(ii) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):*

‘(c) ní bhainistítear iad díreach chomh haonarach agus a dhéantar le neamhchosaintí sna haicmí neamhchosanta dá dtagraítear i mír 2, pointe (c)(i), (ii) nó (iii),’;

(iii) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas leis:

‘Sannfar na neamhchosaintí a chomhlíonann na coinníollacha uile a leagtar amach sa chéad fhomhír, pointe (a)(iii), pointí (b), (c) agus (d), den mhír seo don aicme neamhchosanta dá dtagraítear i mír 2, pointe (d)(ii).

De mhaolú ar an tríú fomhír den mhír seo, féadfaidh údaráis inniúla iasachtaí le daoine nádúrtha a bhfuil níos mó ná ceithre réadmhaoín dhochorraithe nó aonad tithíochta faoi mhorgáiste acu, lena n-áirítear iasachtaí le daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 108(4), a eisiamh ón aicme neamhchosanta dá dtagraítear i mír 2, pointe (d)(ii), lena n-áirítear iasachtaí le daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 108(4), agus na hiasachtaí sin a shannadh do ***cheann de na haicmí neamhchosanta dá dtagraítear i mír 2, pointe (c)(i), (ii) nó (iii).***’;

(f) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘5a. ***Déanfar*** neamhchosaintí miondíola a bhaineann le cineál neamhchosaintí a chomhlíonann na coinníollacha uile seo a leanas a shannadh don aicme neamhchosanta dá dtagraítear i mír 2, pointe (d)(i):

- (a) is ar ***dhuine nádúrtha amháin nó níos mó*** a bheidh neamhchosaintí an chineáil sin neamhchosaintí;
- (b) is neamhchosaintí den chineál sin neamhchosaintí iad atá imrothlach, neamhurraithe, agus, sa mhéid nach dtarraingítear láithreach agus go neamhchoinníollach iad, inchealaithe ag an institiúid;
- (c) EUR 100 000 nó níos lú an neamhchosaint uasta ar ***dhuine nádúrtha sa*** chineál sin neamhchosanta;
- (d) thaispeáin an cineál sin neamhchosaintí luaineacht íseal maidir le rátaí caillteanais, i gcoibhneas lena mheánleibhéal rátaí caillteanais, go háirithe laistigh de bhannaí ísle PD;

- (e) tá láimhseáil *na neamhchosaintí arna sannadh don chineál sin neamhchosaintí* mar neamhchosaint imrothlach cháilitheach miondíola comhsheasmhach le saintréithe riosca foluiteacha an chineáil *sin* neamhchosaintí ■ .

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, pointe (b), ní bheidh feidhm ag an gceanglas a bheith neamhurraithe maidir le saoráidí creidmheasa comhthaobhaithe atá nasctha le cuntas pá. Sa chás sin, ní chuirfear san áireamh méideanna a gnóthaíodh ón gcomhthaobhacht sna meastacháin LGD.

Sainaithneoidh institiúidí laistigh den aicme neamhchosanta dá dtagraítear i mír 2, pointe (d)(i), neamhchosaintí ar oibreoir ('oibreoirí QRRE') agus neamhchosaintí nach neamhchosaintí ar oibreoir iad ('imrothlóirí QRRE'). Go háirithe, sainaithneofar QRREanna a bhfuil níos lú ná 12 mhí de stair aisíocaíochta acu mar imrothlóirí QRRE.';

- (g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 6 agus 7:

- ‘6. Mura sanntar iad don aicme neamhchosanta dá dtagraítear i mír 2, pointe (ea), den Airteagal seo, déanfar na neamhchosaintí dá dtagraítear in Airteagal 133(1) a shannadh don aicme neamhchosanta dá dtagraítear i mír 2, pointe (e), den Airteagal seo.
7. Maidir le haon oibleagáid chreidmheasa nach bhfuil sannta do na haicmí neamhchosanta dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), pointe (aa)(i) nó (ii), pointe (b), pointe (d)(i), (ii), (iii) nó (iv), pointe (e), **(ea)** nó (f), sannfar iad do cheann de na haicmí neamhchosanta dá dtagraítear i bpointe **(c)(i), (ii) nó** (iii) den mhír sin.’;

(h) i mír 8, cuirtear an fhomhír seo a leanas *leis*:

‘Sannfar na neamhchosaintí sin don aicme neamhchosanta dá dtagraítear i mír 2, pointe (c)(ii), agus déanfar iad a chatagóiriú mar a leanas: ‘maoiniú tionscadail’ (PF), ‘maoiniú réada’ (OF), ‘maoiniú tráchtearraí’ (CF) agus ‘réadmhaoin a ghineann ioncam’ (IPRE).’;

(i) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘11. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na nithe seo a leanas a shonrú:

- (a) catagóiriú ar PF, OF agus CF, go comhsheasmhach leis na sainmhínithe i gCaibidil 2;
- (b) cinneadh a dhéanamh maidir le catagóir IPRE, ina sonraítear go háirithe cé na neamhchosaintí ADC agus na neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoin dhochorraithe a fhéadfar a chatagóiriú, nó a dhéanfar a chatagóiriú, mar IPRE ■■ .

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ...[24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo]. ■

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun *an Rialachán seo a fhorlíonadh trí* na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa *chéad* fhomhír den mhír seo *a ghlacadh* i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010’;

12. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na coinníollacha agus na critéir ■ a shonrú *a thuilleadh* chun neamhchosaintí a shannadh *do na haicmí dá dtagraítear i mír 2 agus, i gcás inar gá, chun na haicmí neamhchosanta sin a shonrú a thuilleadh.*

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ...[36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa *chéad* fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.’;

(73) leasaítear Airteagal 148 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 2 agus 3:

- ‘1. Déanfaidh institiúid a gceadaítear di Cur Chuige IRB a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 107(1) mar aon le haon mháthairghnóthas agus a fochuideachtaí, Cur Chuige IRB a chur chun feidhme le haghaidh ceann amháin ar a laghad de na haicmí neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 147(2), pointe (a), pointe (aa)(i) nó (ii), pointe (b), pointe (c)(i), (ii) nó (iii), pointe (d)(i), (ii), (iii) nó (iv) ■ nó pointe (g). A luaithé a bheidh Cur Chuige IRB *curtha chun feidhme* ag institiúid maidir le *cineál áirithe neamhchosaintí atá laistigh den aicme* neamhchosanta sin, déanfaidh sí amhlaidh maidir leis na neamhchosaintí uile atá laistigh den aicme neamhchosanta sin, mura mbeidh cead faighte aici ón údarás inniúil an Cur Chuige Caighdeánaithe a úsáid go buan i gcomhréir le hAirteagal 150.

Faoi réir réamhchead na n-údarás inniúil, féadfar Cur Chuige IRB a chur chun feidhme go seicheamhach ar feadh na gcineálacha éagsúla neamhchosaintí laistigh d'aicme neamhchosanta **ar leith** ■ laistigh den aonad gnó céanna ■ agus feadh na n-aonad gnó éagsúla sa ghrúpa céanna, ■ nó ar mhaithe lena meastacháin féin ar LGD nó chun IRB-CCF **a úsáid**.

2. Cinnfidh na húdaráis inniúla an tréimhse a gceanglófar ar institiúid agus ar aon mháthairghnóthas agus a fhochuideachtaí Cur Chuige IRB a chur chun feidhme lena linn maidir le gach neamhchosaint atá laistigh d'aicme neamhchosanta **ar leith** thar **chineálacha éagsúla neamhchosaintí laistigh den aonad gnó céanna agus thar aonaid ghnó éagsúla** sa ghrúpa céanna ■ , nó ar mhaithe lena meastacháin féin ar LGD a úsáid nó chun IRB-CCF **a úsáid**, de réir mar is infheidhme. Is tréimhse í sin a mheasann na húdaráis inniúla a bheith iomchuí ar bhonn chineál agus scála ghníomhaíochtaí na hinstitiúide lena mbaineann, nó de chuid aon mháthairghnóthais agus a fhochuideachtaí, agus líon agus cineál na gcóras rátála atá le cur chun feidhme.

3. *Déanfaidh institiúidí Cur Chuige IRB a chur chun feidhme de réir na gcoinníollacha arna gcinneadh ag na húdaráis inniúla. Leagfaidh an t-údarás inniúil amach na coinníollacha sin amhail is go n-áiritheoidh siad nach n-úsáidfear go roghnaitheach an tsolúbthacht faoi mhír 1 ar mhaithe le ceanglais cistí dílse laghdaithe a bhaint amach maidir leis na cineálacha neamhchosaintí nó aonad gnó sin atá le cur ar áireamh fós i gCur Chuige IRB, nó chun a meastacháin féin ar LGD a úsáid agus chun IRB-CCF a úsáid.’;*

(b) scriostar míreanna 4, 5 agus 6;

(74) *in Airteagal 149(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):*

‘(a) tá sé léirithe ag an institiúid, chun sástachta an údaráis inniúil, nach mbaintear úsáid as an gCur Chuige Ginearálta d’fhonn dul i mbun arbatráiste rialála, lena n-áirítear trí cheanglais cistí dílse na hinstitiúide a laghdú go míchuí, agus go bhfuil gá lena úsáid ar bhonn chineál agus chastacht na neamhchosaintí ar fad den chineál sin atá ag an institiúid agus nach mbeadh tionchar díobhálach ábhartha aici ar shócmhainneacht na hinstitiúide ná ar an gcumas atá aici rioscaí a bhainistiú go héifeachtach;

(75) leasaítear Airteagal 150 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Cuirfidh institiúidí an Cur Chuige Caighdeánaithe i bhfeidhm le haghaidh na neamhchosaintí uile a leanas:

(a) neamhchosaintí a shanntar don aicme neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 147(2), pointe (e);

(b) neamhchosaintí a shanntar d’aicmí neamhchosanta nó *do chineálacha* neamhchosaintí atá *laistigh d’aicme neamhchosanta* nach bhfuair institiúidí cead roimh ré ó na húdaráis inniúla Cur Chuige IRB a úsáid ina leith chun na méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh a ríomh.

Féadfaidh institiúid a gceadaítear di Cur Chuige IRB a úsáid chun méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus méideanna an chailleanais ionchasaigh d’aicme neamhchosanta ar leith a ríomh, ***faoi réir réamhchead a fháil ón údarás inniúil, féadfaidh sí an Cur Chuige Caighdeánaithe a chur i bhfeidhm maidir le cineálacha éagsúla neamhchosaintí laistigh den aicme neamhchosanta sin, lena n-áirítear neamhchosaintí ar bhraintí eachtracha agus grúpaí éagsúla táirgí, i gcás ina bhfuil na cineálacha neamhchosaintí sin neamhábhartha i dtéarmaí méide agus na próifíle riosca braite.***’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘1a. I dteannta na neamhchosaintí dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, féadfaidh institiúid, faoi réir réamhchead a fháil ón údarás inniúil, an Cur Chuige Caighdeánaithe a chur i bhfeidhm maidir leis na neamhchosaintí seo a leanas i gcás ina gcuirtear Cur Chuige IRB i bhfeidhm maidir le cineálacha eile neamhchosaintí laistigh den aicme neamhchosanta chéanna ■ ***:***

(a) neamhchosaintí ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais na mBallstát agus a gcuid rialtas réigiúnach, údarás áitiúil, agus eintiteas earnála poiblí ar an gcoinníoll:

- (i) nach bhfuil aon difríocht ó thaobh riosca idir na neamhchosaintí ar an rialtas láir sin agus ar na bainc cheannais agus na neamhchosaintí eile sin i ngeall ar shocrúithe poiblí sonracha; agus***
- (ii) go ndéantar ualú riosca 0 % a shannadh do neamhchosaintí ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais faoi Airteagal 114(2) nó (4);***

- (b) *neamhchosaintí institiúide ar chontrapháirtí arb é a máthairghnóthas, a fhochuideachtaí nó fochuideachta a máthairghnóthais é ar an gcoinníoll gurb é atá sa chontrapháirtí ná institiúid nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais, cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha, institiúid airgeadais, cuideachta bainistíochta sócmhainní nó gnóthas seirbhísí coimhdeacha atá faoi réir ag ceanglais stuamachta iomchuí nó gnóthas atá nasctha trí ghaolmhaireacht de réir bhrí Airteagal 22(7) de Threoir 2013/34/AE;*
- (c) *neamhchosaintí idir institiúidí a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 113(7).*

Institiúid a gceadaítear di Cur Chuige IRB a úsáid chun méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca do chineálacha neamhchosaintí ar leith amháin laistigh d’aicme neamhchosanta a ríomh, cuirfidh sí an Cur Chuige Caighdeánaithe i bhfeidhm maidir leis na cineálacha neamhchosaintí atá fágtha laistigh den aicme neamhchosanta sin.

I dteannta na neamhchosaintí dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, den Airteagal seo agus sa mhír seo, féadfaidh institiúid an Cur Chuige Caighdeánaithe a chur i bhfeidhm i gcás neamhchosaintí ar eaglaisí agus ar phobail reiligiúnacha, a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 115(3).’;

(c) scriostar mír 2;

(d) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘2a. Faoi ... [48 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], eiseoidh ÚBE treoirlínte, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, maidir lena bhfuil i gceist leis na cineálacha neamhchosaintí atá neamhábhartha ó thaobh méide agus na próifíle riosca a bhraitear leo.’;

(e) scriostar míreanna 3 agus 4;

(76) leasaítear Airteagal 151 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Maidir le méideanna neamhchosaintí a ualaítear ó thaobh riosca le haghaidh riosca creidmheasa ar neamhchosaintí atá i gceann de na haicmí neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 147(2), pointe (a), pointe (aa)(i) nó (ii), pointe (b), pointí (c)(i), (ii) nó (iii), pointí (d)(i), (ii), (iii) nó (iv) nó pointe (g), déanfar iad a ríomh i gcomhréir le Foroinn 2, ach amháin i gcás ina n-asbhaintear na neamhchosaintí sin de chistí dílse nó ina bhfuil siad faoi réir na láimhseála a leagtar amach in Airteagal 72e(5), an chéad fhomhír’;

(b) scriostar mír 4;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 7, 8 agus 9:

- ‘7. Maidir le neamhchosaintí miondíola, soláthróidh institiúidí a meastacháin féin ar LGD, agus IRB-CCF i gcás inarb infheidhme de bhun Airteagal 166(8) agus (8b), i gcomhréir le hAirteagal 143 agus Roinn 6. Úsáidfí institiúidí SA-CCFanna i gcás nach féidir faoi Airteagal 166(8), agus (8b) IRB-CCF a úsáid.
8. Maidir leis na neamhchosaintí a leanas, cuirfidh institiúidí na luachanna LGD a leagtar amach in Airteagal 161(1) agus SA-CCFanna i gcomhréir le hAirteagal 166(8), (8a) agus (8b) i bhfeidhm:
 - (a) neamhchosaintí a shanntar don aicme neamhchosanta ar chothromas dá dtagraítear in Airteagal 147(2), pointe (b);
 - (b) neamhchosaintí ar eintitis earnála airgeadais *seachas na cinn dá dtagraítear i bpointe (a) den fhomhír seo*;
 - (c) neamhchosaintí ar chorparáidí móra *nach sanntar don aicme neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 147(2), pointe (c)(ii)*.

Maidir le neamhchosaintí sna haicmí neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 147(2), pointe (a), pointe (aa)(i) nó (ii) nó pointe (c)(i), (ii) nó (iii), seachas na neamhchosaintí dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, cuirfidh institiúidí na luachanna LGD a leagtar amach in Airteagal 161(1) agus SA-CCFanna i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 166,(8), (8a) agus (8b), ach amháin má ceadaíodh dóibh a meastacháin féin ar LGD agus IRB-CCF a úsáid i gcás na neamhchosaintí sin i gcomhréir le mír 9 den Airteagal seo.

9. Maidir leis na neamhchosaintí dá dtagraítear i mír 8, an dara fhomhír, den Airteagal seo, ceadóidh an t-údarás inniúil d'institiúidí a meastacháin féin ar LGD agus IRB-CCF a úsáid i gcás inarb infheidhme de bhun Airteagal 166(8) agus (8b), i gcomhréir le hAirteagal 143 agus Roinn 6.';

(d) cuirtear *an mhír seo* a leanas leis:

■

- '11. Maidir le neamhchosaintí i bhfoirm scaireanna nó aonad in GC de chuid na haicme neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 147(2), pointe (ea), cuirfidh institiúidí an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 152 i bhfeidhm, *ach amháin i gcás ina n-asbhaintear na neamhchosaintí sin de chistí dílse nó ina bhfuil siad faoi réir na láimhseála a leagtar amach in Airteagal 72e(5), an chéad fhomhír.*';

■

(77) *leasaítear Airteagal 152 mar a leanas:*

(a) *i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:*

‘De mhaolú ar Airteagal 92(4), pointe (e), féadfaidh institiúidí a ríomhfaidh méid neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca an GC i gcomhréir le mír 1 nó 2 den Airteagal seo, féadfaidh siad an ceanglas cistí dílse do riosca coigeartaithe luachála creidmheasa neamhchosaintí díorthacha an GC sin a ríomh mar mhéid is ionann agus 50 % den cheanglas cistí dílse do na neamhchosaintí díorthacha sin arna ríomh i gcomhréir le Caibidil 6, Roinn 3, le Roinn 4 nó le Roinn 3, den Teideal seo, de réir mar is infheidhme’;

(b) **■** cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Maidir le hinstitiúidí a chuireann cur chuige na trédhearcachta i bhfeidhm i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo agus nach n-úsáideann na modhanna a leagtar amach sa Chaibidil seo nó i gCaibidil 5, de réir mar is infheidhme, maidir le gach cuid nó codanna de neamhchosaintí foluiteacha an GC, ríomhfaidh siad méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh **do gach cuid de na neamhchosaintí foluiteacha sin** i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:

(a) maidir le neamhchosaintí foluiteacha a shannfaí don aicme neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 147(2), pointe (e), cuirfidh institiúidí an Cur Chuige Caighdeánaithe a leagtar síos i gCaibidil 2 i bhfeidhm;

- (b) maidir le neamhchosaintí a shanntar do na hítimí ionannas le suíomhanna urrúsúcháin dá dtagraítear in Airteagal 147(2), pointe (f), cuirfidh institiúidí an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 254 i bhfeidhm amhail is dá mbeadh na neamhchosaintí sin i seilbh na n-institiúidí sin go díreach;
- (c) maidir le gach neamhchosaint fholuiteach eile, cuirfidh institiúidí an Cur Chuige Caighdeánaithe a leagtar síos i gCaibidil 2 i bhfeidhm.’;

(78) leasaítear Airteagal 153 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca i gcás neamhchosaintí ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais, neamhchosaintí ar rialtais réigiúnacha, ar údaráis áitiúla agus ar eintitis earnála poiblí, neamhchosaintí ar institiúidí agus neamhchosaintí ar chorporáidí’;

- (b) leasaítear mír 1 mar a leanas:

- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Faoi réir ag cur chun feidhme na láimhseálacha sonracha a leagtar amach i míreanna 2 agus 4, déanfar na méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca i gcás neamhchosaintí ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais, neamhchosaintí ar rialtais réigiúnacha, ar údaráis áitiúla agus ar eintitis earnála poiblí, neamhchosaintí ar institiúidí agus neamhchosaintí ar chorporáidí, a ríomh de réir na bhfoirmlí seo a leanas:’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (iii):

‘(iii) má tá $0 < PD < 1$, ansin:

$$RW = \left(LGD \cdot N \left(\frac{1}{\sqrt{1-R}} \cdot G(PD) + \sqrt{\frac{R}{1-R}} \cdot G(0,999) \right) - LGD \cdot PD \right) \cdot \frac{1 + (M - 2,5) \cdot b}{1 - 1,5 \cdot b} \cdot 12,5$$

i gcás inarb amhlaidh:

N = an fheidhm dáileacháin charnaigh d'athróg randamach normálta chaighdeánach, i.e. tá $N(x)$ cothrom leis an dóchúlacht go bhfuil athróg randamach normálta de mheán 0 agus d'athraitheas 1 níos lú ná, nó cothrom le, x ;

G = an fheidhm dáileacháin charnaigh inbhéartaigh d'athróg randamach normálta chaighdeánach, i.e. má tá $x = G(z)$, is é x an luach sa chaoi is go bhfuil $N(x) = z$;

R = an chomhéifeacht comhghaolúcháin, arna sainiú mar:

$$R = 0,12 \cdot \frac{1 - e^{-50 \cdot PD}}{1 - e^{-50}} + 0,24 \left(1 - \frac{1 - e^{-50 \cdot PD}}{1 - e^{-50}} \right)$$

b = an fachtóir coinbhéartachta aibíochta, arna shainiú mar:

$$b = [0,11852 - 0,05478 \cdot \ln(PD)]^2;$$

M = an aibíocht, arna sloinneadh i mblianta agus arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 162.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Maidir le neamhchosaintí ar eintitis mhóra rialáilte san earnáil airgeadais agus ar eintitis neamhrialáilte san earnáil airgeadais, déanfar an chomhéifeacht comhghaolúcháin R dá dtagraítear i mír 1, pointe (iii), nó mír 4, de réir mar is infheidhme, a iolrú faoi 1,25 agus ualuithe riosca na neamhchosaintí sin á ríomh.’;

(d) scriostar mír 3;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

‘9. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun a shonrú mar a chuirfidh institiúidí na fachtóirí dá dtagraítear i mír 5, an dara fomhír, san áireamh nuair a bheidh ualuithe riosca á sannadh do neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin .../24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.’;

(79) leasaítear Airteagal 154 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

‘(ii) má tá $PD < 1$:

$$RW = \left(LGD \cdot N \left(\frac{1}{\sqrt{1-R}} \cdot G(PD) + \sqrt{\frac{R}{1-R}} \cdot G(0,999) \right) - LGD \cdot PD \right) \cdot 12,5$$

i gcás inarb amhlaidh:

N = an fheidhm dáileacháin charnagh d'athróg randamach normálta chaighdeánach, i.e. tá $N(x)$ cothrom leis an dóchúlacht go bhfuil athróg randamach normálta de mheán 0 agus d'athraitheas 1 níos lú ná, nó cothrom le, x ;

G = an fheidhm dáileacháin charnagh inbhéartaigh d'athróg randamach normálta chaighdeánach, i.e. má tá $x = G(z)$, is é x an luach sa chaoi is go bhfuil $N(x) = z$;

R = an chomhéifeacht comhghaolúcháin, arna sainiú mar:

$$R = 0,03 \cdot \frac{1 - e^{-35 \cdot PD}}{1 - e^{-35}} + 0,16 \left(1 - \frac{1 - e^{-35 \cdot PD}}{1 - e^{-35}} \right)$$

’;

- (b) scriostar mír 2;
- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. I gcás neamhchosaintí miondíola nach bhfuil ar mainneachtain agus atá arna n-urrú nó arna n-urrú go páirteach le réadmhaoín chónaithe, cuirfear 0,15 de chomhéifeacht comhghaolúcháin R in ionad an fhigiúir a thagann ón bhfoirmle comhéifeachta comhghaolúcháin i mír 1.

Déanfar an t-ualú riosca arna ríomh maidir le neamhchosaint arna hurrú go páirteach le réadmhaoín chónaithe *de bhun mhír 1, pointe (ii)*, agus comhéifeacht comhghaolúcháin R mar a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo á cur san áireamh, a chur i bhfeidhm maidir leis an gcuid urraithe agus leis an gcuid neamhurraithe den neamhchosaint sin araon.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. I gcás QRREnna nach bhfuil ar mainneachtain, cuirfear comhéifeacht comhghaolúcháin R de 0,04 in ionad an fhigiúir a thagann ón bhfoirmle comhéifeachta comhghaolúcháin i mír 1.

Déanfaidh údaráis inniúla athbhreithniú ar luaineacht choibhneasta na rátaí caillteanais ar fud QRREnna a bhaineann leis an gcineál céanna neamhchosaintí, agus ar fud na haicme neamhchosanta QRRE comhiomlán, agus déanfaidh siad faisnéis maidir le gnáth-shaintréithe rátaí an chaillteanais cháilithigh imrothlaigh ar mhiondíol a roinnt leis na Ballstáit agus le ÚBE.’;

(80) scriostar Airteagal 155;

(81) in Airteagal 157, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘6. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na nithe seo a leanas a shonrú a thuilleadh:

(a) an mhodheolaíocht chun an méid neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca a ríomh le haghaidh riosca caolúcháin ar earraí infhaighte ceannaithe, lena n-áirítear aitheantas ar mhaolú riosca creidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 160(4), agus na coinníollacha ó thaobh a mheastacháin féin agus paraiméadair an chur chuige cúltaca a úsáid;

- (b) an measúnú ar an gcritéar neamhábharthachta don chineál neamhchosaintí dá dtagraítear i mír 5.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin .../36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010’;

(82) leasaítear Airteagal 158 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Ríomhfar an caillteanas ionchasach (EL) agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh i gcás neamhchosaintí ar chorparáidí, institiúidí, ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais, ar rialtais réigiúnacha, ar údaráis áitiúla agus ar eintitis earnála poiblí agus ar neamhchosaintí miondíola i gcomhréir leis na foirmlí seo a leanas:

caillteanas ionchasach (EL) = PD * LGD

méid an chaillteanais ionchasaigh = EL [iolraithe faoi] luach na neamhchosanta.

I gcás neamhchosaintí a mhainnigh (PD = 100 %) nuair a úsáideann institiúidí a meastachán LGD féin, beidh EL cothrom le EL_{BE}, an meastachán is fearr de chuid na hinstitiúide ar chaillteanas ionchasach i gcás na neamhchosanta a mhainnigh i gcomhréir le hAirteagal 181(1), pointe (h).’;

- (b) scriostar míreanna 7, 8 agus 9.’;

(83) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 159:

‘Airteagal 159

Méideanna an chaillteanais ionchasaigh, easnamh IRB agus barrachas IRB a láimhseáil

1. Déanfaidh na hinstiúidí méideanna caillteanais ionchasaigh na neamhchosaintí dá dtagraítear in Airteagal 158(5), (6) agus (10) a dhealú ó shuim na nithe seo uile a leanas:

- (a) na coigeartuithe ginearálta agus sonracha i leith riosca creidmheasa a bhaineann leis na neamhchosaintí sin, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 110;
- (b) coigeartuithe luacha breise i ngeall *ar* mhainneachtain an chontrapháirtí arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 34 agus a bhaineann le ■ neamhchosaintí a ríomhtar méideanna an chaillteanais ionchasaigh ina leith i gcomhréir le hAirteagal 158(5), (6) agus (10);
- (c) laghduithe eile ar chistí dílse a bhaineann leis na neamhchosaintí sin seachas na hasbhaintí arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 36(1), pointe (m).

I gcás ina dtiocfaidh méid deimhneach as an ríomh arna dhéanamh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, tabharfar ‘barrachas IRB’ ar an méid a gheofar. I gcás ina dtiocfaidh méid diúltach as an ríomh arna dhéanamh i gcomhréir le torthaí na chéad fhomhíre, tabharfar ‘easnamh IRB’ ar an méid a gheofar.

2. Chun críocha an ríomha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, láimhseálfaidh institiúidí lascainí ■ arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 166(1) ar neamhchosaintí sa chlár comhardaithe arna gceannach agus iad ar mainneachtain ar an mbealach céanna agus a láimhseálfaidh siad coigeartuithe sonracha i leith riosca creidmheasa. Ní cheadófar lascainí ■ ar neamhchosaintí sa chlár comhardaithe arna gceannach gan iad a bheith ar mainneachtain a chur san áireamh agus easnamh IRB nó barrachas IRB á ríomh. Ní úsáidfear coigeartuithe sonracha i leith riosca creidmheasa ar neamhchosaintí ar mainneachtain chun méideanna caillteanais ionchasaigh ar neamhchosaintí eile a chumhdach. Ní áireofar i ríomh easnamh IRB ná bharrachas IRB méideanna an chaillteanais ionchasaigh i gcás neamhchosaintí urrúsaithe ná coigeartuithe ginearálta agus sonracha i leith riosca creidmheasa a bhaineann leis na neamhchosaintí sin. ■ ’;

- (84) i gCuid a Trí, cuirtear an Fhoroinn seo a leanas isteach i ndiaidh Roinn 4; ‘PD, LGD agus aibíocht’:

‘Foroinn -1

Neamhchosaintí arna gcumhdach le ráthaíochtaí arna soláthar ag rialtais láir agus bainc cheannais na mBallstát nó ag BCE

Airteagal 159a

Neamhfheidhm íosrátaí ionchuir PD ■ , LGD agus CCF

Chun críocha Chaibidil 3, agus go háirithe maidir le hAirteagail 160(1), 161(4), 164(4) agus 166(8c), i gcás ina gcumhdaítear neamhchosaint le ráthaíocht incháilithe arna soláthar ag rialtas láir nó banc ceannais nó ag BCE, ní bheidh feidhm ag na híosrátaí ionchuir PD, LGD ná CCF maidir leis an gcuid den neamhchosaint a chumhdaítear leis an ráthaíocht sin. Beidh an chuid den neamhchosaint nach gcumhdaítear leis an ráthaíocht sin, áfach, faoi réir na n-íosrátaí ionchuir PD, LGD agus CCF lena mbaineann.’;

- (85) i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 3, Roinn 4, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad theideal Fhoroinn 1:

‘Neamhchosaintí ar chorparáidí, ar institiúidí, ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais, ar rialtais réigiúnacha, ar údaráis áitiúla agus ar eintitis earnála poiblí’;

- (86) leasaítear Airteagal 160 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Maidir le neamhchosaintí a shanntar do na haicmí neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 147(2), pointe (b), nó pointe (c)(i), (ii) nó (iii), chun neamhchosaintí a ualaítear ó thaobh riosca agus méideanna caillteanais ionchasaigh na neamhchosaintí sin a ríomh, agus chuige sin amháin, go háirithe chun críocha Airteagail 153 agus 157, agus Airteagal 158(1), (5) agus (10), ní bheidh luach PD a úsáidtear mar ionchur de na méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus d’fhoirmlí maidir le caillteanas ionchasach níos lú ná an luach seo a leanas: 0,05 %.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘1a. Maidir le neamhchosaintí a shanntar do na haicmí neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 147(2), pointe (aa)(i) nó (ii), chun méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus méideanna caillteanais ionchasaigh na neamhchosaintí sin a ríomh, agus chuige sin amháin, ní bheidh luach PD a úsáidtear le haghaidh gach neamhchosanta mar ionchur de na méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus d’fhoirmlí maidir le caillteanas ionchasach ■ níos lú ná an luach seo a leanas: 0,03 %.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Maidir le neamhchosaint atá cumhdaithe le cosaint creidmheasa neamhchistithe, féadfaidh institiúid a úsáideann a meastacháin LGD féin faoi Airteagal 143 le haghaidh na ■ neamhchosanta atá cumhdaithe le cosaint creidmheasa neamhchistithe agus i gcás neamhchosaintí díreacha inchomparáide ar sholáthraí na cosanta, féadfaidh sí an chosaint creidmheasa neamhchistithe a aithint sa PD i gcomhréir le hAirteagal 183.’;

(d) scriostar mír 5;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 6 agus 7:

- ‘6. I gcás riosca caolúcháin i leith earraí infhaighte corparáideacha ceannaithe, beidh PD cothrom le meastacháin caillteanais ionchasaigh na hinstitiúide ar an riosca caolúcháin. Institiúid a mbeidh cead faighte aici ón údarás inniúil de bhun Airteagal 143 úsáid a bhaint as a meastacháin LGD féin le haghaidh neamhchosaintí ar chorparáidí agus ar féidir léi a meastacháin ar chaillteanas ionchasach le haghaidh riosca caolúcháin earraí infhaighte corparáideacha ceannaithe a mhiondealú ina PDanna agus ina LGDanna ar shlí a measfaidh an t-údarás inniúil a bheith iontaofa, féadfaidh sí úsáid a bhaint as na meastacháin PD a tháinig ón miondealú sin. Féadfaidh institiúidí cosaint creidmheasa neamhchistithe a aithint in PD i gcomhréir le Caibidil 4.
- ‘7. Aon institiúid a mbeidh cead faighte aici ón údarás inniúil de bhun Airteagal 143 a meastacháin LGD féin a úsáid le haghaidh riosca caolúcháin i leith earraí infhaighte corparáideacha ceannaithe, féadfaidh sí cosaint creidmheasa neamhchistithe a aithint trí bhíthin PDanna a choigeartú faoi réir Airteagal 161(3).’;

(87) leasaítear Airteagal 161 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) neamhchosaintí sinsearacha gan cosaint creidmheasa chistithe incháilithe ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais ■, ar eintitis earnála airgeadais agus ar rialtais réigiúnacha, ar údaráis áitiúla agus ar eintitis earnála poiblí: 45 %;’;

(ii) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(aa) neamhchosaintí sinsearacha gan cosaint creidmheasa chistithe incháilithe ■ ar chorparáidí nach eintitis earnála airgeadais iad: 40 %;’;

(iii) scriostar pointe (c);

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) i gcás neamhchosaintí sinsearacha ar earraí infhaighte corparáideacha ceannaithe, i gcás nach mbeidh an institiúid in ann PDanna a mheas nó nuair nach gcomhlíonann meastacháin PD na hinstitiúide na ceanglais a leagtar amach i Roinn 6: 40 %;’;

(v) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

‘(g) i gcás riosca caolúcháin i leith earraí infhaighte corparáideacha ceannaithe: 100 %.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

- ‘3. Maidir le neamhchosaint atá cumhdaithe le cosaint creidmheasa neamhchistithe, féadfaidh institiúid a úsáideann a meastacháin LGD féin de bhun Airteagal 143 le haghaidh na ■ neamhchosanta atá cumhdaithe le cosaint creidmheasa neamhchistithe agus i gcás neamhchosaintí díreacha inchomparáide ar sholáthraí na cosanta, féadfaidh sí an chosaint creidmheasa neamhchistithe a aithint sa LCD i gcomhréir le hAirteagal 183.
4. I gcás neamhchosaintí arna sannadh do na haicmí neamhchosanta ■ ■ dá dtagraítear in Airteagal 147(2), pointe (c)(i), (ii) nó (iii), chun méideanna neamhchosaintí a ualaítear ó thaobh riosca agus méideanna caillteanais ionchasaigh na neamhchosaintí sin a ríomh, agus chuige sin amháin, agus go háirithe chun críocha Airteagal 153(1), pointe (iii), Airteagal 157, agus Airteagal 158(1), (5) agus (10), i gcás ina n-úsáidtear a meastacháin LGD féin, ní bheidh luachanna LGD maidir le gach neamhchosaint a úsáidtear mar ionchur de na méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus d’fhoirmlí maidir le caillteanas ionchasach níos lú ná na luachanna íosráta ionchuir LGD seo a leanas, arna ríomh i gcomhréir le mír 6 den Airteagal seo.

Tábla 1

<i>Íosrátaí ionchuir LGD ($LGD_{iosráta}$) i gcás neamhchosaintí a bhaineann leis na haicmí neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 147(2), pointe (c)(i), (ii) nó (iii)</i>		
<i>Neamhchosaint gan FCP incháilithe ($LGD_{iosráta U}$)</i>	<i>Neamhchosaint arna hurrú go hiomlán le FCP incháilithe ($LGD_{iosráta S}$)</i>	
25 %	<i>comhthaobhacht airgeadais</i>	0 %
	<i>earraí infhaighte</i>	10 %
	<i>réadmhaoin chónaithe nó réadmhaoin dhochorraithe tráchtála</i>	10 %
	<i>comhthaobhacht fhisiceach eile</i>	15 %

’;

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

- ‘5. Maidir le neamhchosaintí a shanntar do na haicmí neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 147(2), pointe (aa)(i) nó (ii), chun méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus méideanna caillteanais ionchasaigh na neamhchosaintí sin a ríomh, agus chuige sin amháin, agus go háirithe chun críocha Airteagal 153(1), pointe (iii), Airteagal 157, agus Airteagal 158(1), (5) agus (10), i gcás ina n-úsáidtear a meastacháin féin ar LGD, ní bheidh luach LGD a úsáidtear mar ionchur de na méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus d’fhoirmlí maidir le caillteanas ionchasach do neamhchosaintí gan FCP incháilithe níos lú ná an luach íosráta ionchuir LGD seo a leanas: 5 %.

6. Chun críocha mhír 4 den Airteagal seo, beidh feidhm ag na híosrátaí ionchuir LGD i dTábla 1 sa mhír sin maidir le neamhchosaintí arna n-urrrú go hiomlán le cosaint creidmheasa chistithe incháilithe, tar éis na coigeartuithe luaineachta H_c agus H_{fx} lena mbaineann a bheith curtha i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 230, i gcás inarb ionann luach na cosanta creidmheasa cistithe agus luach na neamhchosanta foluití nó is mó ná an luach sin.

Chun críocha mhír 4 den Airteagal seo agus chun críocha chur i bhfeidhm na coigeartuithe gaolmhara ábhartha, H_c agus H_{fx} , i gcomhréir le hAirteagal 230, beidh cosaint creidmheasa chistithe ■ incháilithe de bhun na Caibidle seo. ***Sa chás sin, déanfar an cineál cosanta creidmheasa chistithe ‘comhthaobhacht fhisiceach eile’ in Airteagal 230, Tábla 1, a thuiscint mar ‘comhthaobhacht fhisiceach eile agus comhthaobhacht incháilithe eile’.***

Déantar an t-íosráta ionchuir LGD is infheidhme ($LGD_{iosráta}$) i gcás aon neamhchosanta arna hurrú go páirteach le FCP a ríomh mar mheán ualaithe $LGD_{iosráta U}$ don chuid den neamhchosaint gan FCP agus mar $LGD_{iosráta S}$ don chuid atá urraithe go hiomlán, mar a leanas:

$$LGD_{iosráta} = LGD_{iosráta U} \cdot \frac{E_U}{E \cdot (1 + H_E)} + LGD_{iosráta S} \cdot \frac{E_S}{E \cdot (1 + H_E)}$$

i gcás inarb amhlaidh:

Is iad $LGD_{iosráta U}$ agus $LGD_{iosráta S}$ na híosluachanna ábhartha i dTábla 1;

Cinntear E , E_S , E_U agus H_E i gcomhréir le hAirteagal 230.

7. I gcás ina n-úsáideann institiúid a meastacháin LGD féin le haghaidh cineál ar leith neamhchosaintí neamhurraithe ar chorparáidí agus le haghaidh neamhchosaintí neamhurraithe ar rialtais réigiúnacha, ar údaráis áitiúla agus ar eintitis eanála poiblí nach bhfuil ar a cumas aici an éifeacht a bhaineann leis an gcosaint creidmheasa chistithe lena n-urraítear ceann de na neamhchosaintí den chineál sin neamhchosanta a chur san áireamh ina meastachán féin ar LGD ceal sonraí maidir le haisghabhálacha don chosaint creidmheasa chistithe sin, ceadófar don institiúid an fhoirmle a leagtar amach in Airteagal 230 a chur i bhfeidhm, ach amháin gurb é meastachán na hinstitiúide féin ar LGD a chuirfear ar LGD_U san fhoirmle sin i gcás neamhchosaintí neamhurraithe. Sa chás sin, beidh an chosaint creidmheasa chistithe incháilithe i gcomhréir le Caibidil 4 agus déanfar meastachán na hinstitiúide féin ar LGD arna n-úsáid LGD_U a ríomh bunaithe ar shonraí maidir le caillteanas foluiteach gan aon ghnóthú a eascraíonn as an gcosaint creidmheasa chistithe sin a chur san áireamh.’;

(88) leasaítear Airteagal 162 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

- ‘1. I gcás neamhchosaintí nach bhfuair institiúid cead ón údarás inniúil chun a meastacháin féin ar LGD a úsáid ina leith, cuirfear an luach aibíochta (‘M’) i bhfeidhm go comhsheasmhach agus socrófar é ag 2,5 bliain, ach amháin i gcás neamhchosaintí a eascraíonn as idirbhearta um maoiniú urrús, a mbeidh 0,5 bliain in M ina leith, nó, i gcásanna eile, ríomhfar luach aibíochta (‘M’) i gcomhréir le mír 2 ■’.

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘I gcás neamhchosaintí a gcuireann institiúid a meastacháin féin ar LGD i bhfeidhm ina leith, ríomhfar an luach aibíochta (‘M’) i dtréimhsí arna sloinneadh i mblianta mar a leagtar amach sa mhír seo agus faoi réir mhíreanna 3, 4 agus 5 den Airteagal seo. Ní bheidh M níos mó ná 5 bliana, seachas i gcásanna a shonraítear in Airteagal 384(2) áit a n-úsáidfear M mar a shonraítear ansin é. Ríomhfar M mar a leanas i ngach ceann de na cásanna seo a leanas: ■’;

(ii) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

‘(da) i gcás idirbheart iasachta urraithe atá faoi réir máistir-chomhaontú glanluachála, is é a bheidh in M meánaibíocht ualaithe iarmhair na n-idirbheart, mar a mbeidh 20 lá ar a laghad in M; úsáidfear méid barúlach gach idirbhirt chun an aibíocht a ualú;

(db) i gcás máistir-chomhaontú glanluachála lena n-áirítear níos mó ná aon cheann de na cineálacha idirbhirt a chomhfhreagraíonn do phointe (c), (d) nó (da) den mhír seo, is é a bheidh in M meánaibíocht ualaithe iarmhair na n-idirbheart, mar a mbeidh in M an tréimhse sealbhaíochta is faide ar a laghad, arna sloinneadh i mblianta, agus infheidhme do na hidirbhearta sin mar a fhoráiltear dó in Airteagal 224(2); 10 lá nó 20 lá, ag brath ar na cásanna. Úsáidfear méid barúlach gach idirbhirt chun an aibíocht a ualú;’;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) i gcás aon ionstraime seachas iad siúd dá dtagraítear sa mhír seo nó i gcás nach bhfuil an institiúid in ann M a ríomh mar a leagtar amach i bpointe (a), is é a bheidh in M an tréimhse is faide a bheidh fágtha, i mblianta, a bheidh ceadaithe don oibleagáideoir le go gcomhlíonfadh sé a oibleagáidí conarthacha, lena n-áirítear an phríomhshuim, an t-ús agus na táillí, mar a mbeidh bliain amháin ar a laghad in M;’;

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (i) agus (j):

- ‘(i) i gcás institiúidí a úsáideann na cineálacha cur chuige dá dtagraítear in Airteagal 382a(1), pointe (a) nó (b), chun na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca CVA a bhaineann le hidirbhearta le contrapháirtí ar leith, ní bheidh M níos mó ná 1 san fhoirmle a leagtar amach in Airteagal 153(1), pointe (iii), chun méideanna neamhchosaintí a ualaítear ó thaobh riosca a ríomh le haghaidh riosca contrapháirtí i gcás na n-idirbheart céanna, dá dtagraítear in Airteagal 92(4), pointe (a) nó (g), de réir mar is infheidhme;
- (j) i gcás neamhchosaintí imrothlacha, úsáidfear dáta uasta foirceanta conarthach na saoráide chun M a chinneadh; ní úsáidfí institiúidí dáta aisíocaíochta na tarraingthe reatha murab é dáta foirceanta conarthach uasta na saoráide é an dáta sin.’;

(c) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

‘I gcás inar gá an doiciméadacht a ataisceadh agus a athluacháil go laethúil agus ina bhfuil forálacha inti lena gceadaítear leachtú nó fritháireamh pras na comhthaobhachta i gcás mainneachtana nó i gcás nach ndéantar an t-ataisceadh, is é a bheidh in M meánaibíocht ualaithe iarmhair na n-idirbheart agus beidh M cothrom le lá amháin ar a laghad le haghaidh an mhéid seo a leanas:’;

(ii) leasaítear an dara fomhír mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) idirbhearta maoiniúcháin trádála gearrthéarmacha atá féinleachtaitheach agus earraí infhaighte ceannaithe corparáideacha, ar choinníoll go bhfuil aibíocht iarmhair suas le bliain amháin ag na neamhchosaintí faoi seach ■ ;’;

(2) cuirtear an pointe seo a leanas léi:

‘(e) litreacha creidmheasa arna n-eisiúint agus arna ndeimhniú atá gearrthéarmach, is é sin go bhfuil aibíocht níos lú ná bliain amháin acu, agus atá féinleachtaitheach.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. I gcás neamhchosaintí ar chorparáidí atá bunaithe san Aontas, nach corparáidí móra iad, beidh de rogha ag institiúidí M a shocrú le haghaidh gach neamhchosanta mar sin mar a leagtar amach i mír 1 seachas mír 2 a chur i bhfeidhm.’;

(e) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘6. Chun an líon íosta laethanta dá dtagraítear i mír 2, pointí (c) go (db), agus i mír 3, a shloinneadh i mblianta, roinnfear an líon íosta laethanta ar 365,25.’;

(89) leasaítear Airteagal 163 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. D’aon toisc chun méideanna neamhchosaintí a ualaítear ó thaobh riosca de agus méideanna caillteanais ionchasaigh na neamhchosaintí sin a ríomh, agus go háirithe chun críoch Airteagail 154 agus 157, agus Airteagal **158**(1), (5) agus (10), is é a bheidh sa PD do gach neamhchosaint a úsáidfear mar ionchur de na méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus d’fhoirmlí maidir le caillteanas ionchasach an PD bliana amháin níos **■** airde a bhaineann le grád nó comhthiomsú inmheánach an iasachtaí dá sanntar an neamhchosaint mhiondíola agus na luachanna íosráta ionchuir PD a leanas:

(a) 0,1 % i gcás imrothlóirí QRRE;

(b) 0,05 % i gcás neamhchosaintí miondíola nach imrothlóirí QRRE iad.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. I gcás aon neamhchosanta a chumhdaítear le cosaint creidmheasa neamhchistithe, féadfaidh institiúid a úsáideann a meastacháin féin ar LGD faoi Airteagal 143 i gcás neamhchosaintí díreacha inchomparáide ar an soláthraí cosanta an chosaint creidmheasa neamhchistithe a aithint in PD i gcomhréir le hAirteagal 183.’;

(90) leasaítear Airteagal 164 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Cuirfidh na hinstitiúidí a meastacháin féin ar LGD ar fáil faoi réir na gceanglas a shonraítear i Roinn 6 den Chaibidil seo agus ar choinníoll go bhfaighidh siad cead ó na húdaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 143. I gcás riosca caolúcháin ar earraí infhaighte ceannaithe, úsáidfear luach LGD atá cothrom le 100 %. I gcás inar féidir le hinstitiúid a meastacháin caillteanais ionchasaigh ar riosca caolúcháin na n-earraí infhaighte ceannaithe a mhiondealú in PDanna agus in LGDanna ar bhealach iontaofa, féadfaidh an institiúid a meastachán féin ar LGD a úsáid.

2. Féadfaidh institiúidí a úsáideann a meastacháin féin ar LGD de bhun Airteagal 143 i gcás neamhchosaintí díreacha inchomparáide ar sholáthraí na cosanta, féadfaidh siad an chosaint creidmheasa neamhchistithe a aithint san LGD i gcomhréir le hAirteagal 183.’;

(b) scriostar mír 3;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. D’aon toisc chun na méideanna neamhchosaintí a ualaítear ó thaobh riosca de agus méideanna caillteanais ionchasaigh na neamhchosaintí sin miondíola a ríomh, agus go háirithe de bhun Airteagal 154(1), pointe (ii), Airteagal 157, agus Airteagal 158(1), (5) agus (10), ní bheidh luachanna LGD do gach neamhchosaint a úsáidtear mar ionchur de na méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus d’fhoirmlí maidir le caillteanas ionchasach níos lú ná na luachanna íosráta ionchuir LGD a leagtar amach i dTábla 1, arna ríomh i gcomhréir le mír 4a den Airteagal seo:

Tábla 1

Íosrátaí ionchuir LGD ($LGD_{\text{iosráta}}$) i gcás neamhchosaintí miondíola			
Neamhchosaint gan FCP ($LGD_{\text{iosráta U}}$)		Neamhchosaint arna hurrú le FCP ($LGD_{\text{iosráta S}}$)	
Neamhchosaint mhiondíola arna hurrú le réadmhaoín chónaithe	Ní bhaineann le hábhar	Neamhchosaint mhiondíola arna hurrú le réadmhaoín chónaithe	5 %
QRRE	50 %	QRRE	Ní bhaineann le hábhar
Neamhchosaint eile mhiondíola	30 %	Neamhchosaint eile mhiondíola arna hurrú le comhthaobhacht airgeadais	0 %
		Neamhchosaint eile mhiondíola arna hurrú le suimeanna infhaighte	10 %
		Neamhchosaint eile mhiondíola arna hurrú le réadmhaoín chónaithe nó réadmhaoín dhochorraithe tráchtála	10 %
		Neamhchosaint eile mhiondíola arna hurrú le comhthaobhacht fhisiceach eile	15 %

2.

(d) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘4a. Chun críocha mhír 4, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

- (a) Beidh feidhm ag íosrátaí ionchuir LGD i mír 4, Tábla 1, maidir le neamhchosaintí arna n-urrú le cosaint creidmheasa chistithe i gcás ina mbeidh an chosaint creidmheasa chistithe incháilithe de bhun na Caibidle seo;
- (b) seachas i gcás neamhchosaintí miondíola arna n-urrú le réadmhaoín chónaithe, beidh feidhm ag na híosrátaí ionchuir LGD i mír 4, Tábla 1, den Airteagal seo maidir le neamhchosaintí arna n-urrú go hiomlán le cosaint creidmheasa chistithe, tar éis na coigeartuithe luaineachta ábhartha a bheith curtha i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 230, i gcás inarb ionann luach FCP agus luach na neamhchosanta foluití nó is mó ná an luach sin; chun críoch chur i bhfeidhm na gcoigeartuithe gaolmhara ábhartha, H_c agus H_{fx} , i gcomhréir le hAirteagal 230, beidh cosaint creidmheasa chistithe incháilithe de bhun na Caibidle seo;
- (c) seachas i gcás neamhchosaintí miondíola arna n-urrú le réadmhaoín chónaithe, déantar an t-íosráta ionchuir LGD is infheidhme maidir le neamhchosaint arna n-urrú go páirteach le cosaint creidmheasa chistithe a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar amach in Airteagal 161(6);
- (d) i gcás neamhchosaintí miondíola arna n-urrú le réadmhaoín chónaithe, socrófar an t-íosráta ionchuir LGD is infheidhme ag 5 % gan beann ar an leibhéal comhthaobhachta arna sholáthar leis an réadmhaoín chónaithe.

’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 6 agus 7:

‘6. Bunaithe ar na sonraí arna mbailiú faoi Airteagal 430a agus ar aon táscaire ábhartha eile, agus forbairtí réamhbhreathnaitheacha sna margaí réadmhaoine dochorraithe á gcur san áireamh, déanfaidh an t-údarás arna ainmniú i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo a mheas go tréimhsiúil nó, ar a laghad uair sa bhliain, an bhfuil na luachanna íosráta ionchuir LGD dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo iomchuí do neamhchosaintí miondíola arna n-urrú le réadmhaoín chónaithe nó neamhchosaintí eile miondíola arna n-urrú le réadmhaoín chónaithe nó réadmhaoín dhochorraithe tráchtála atá suite i gcuid amháin nó níos mó de chríoch Bhallstát an údaráis sin.

I gcás ina mbeidh an t-údarás a ainmneofar i gcomhréir le mír 5 den tuairim, ar bhonn an mheasúnaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, nach leordhóthanach na luachanna íosráta ionchuir LGD dá dtagraítear i mír 4, agus ina measfaidh sé go bhféadfadh neamhleordhóthanacht na luachanna íosráta ionchuir LGD difear díobhálach a dhéanamh do chobhsaíocht airgeadais faoi láthair nó amach anseo ina Bhallstát, féadfaidh sé luachanna íosráta ionchuir LGD níos airde a shocrú i dtaca leis na neamhchosaintí sin atá lonnaithe i gcuid amháin nó níos mó de chríoch Bhallstát an údaráis sin. Féadfar na luachanna íosráta ionchuir LGD níos airde sin a chur i bhfeidhm freisin ar leibhéal ceann amháin nó níos mó de na deighleoga réadmhaoine den sórt sin.

Tabharfaidh an t-údarás a ainmneofar i gcomhréir le mír 5 fógra do ÚBE agus do BERS roimh an gcinneadh dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo a dhéanamh. Laistigh de mhí amháin tar éis an fógra sin a fháil, cuirfidh ÚBE agus BERS a dtuairimí in iúl don Bhallstát lena mbaineann. Foilseoidh ÚBE agus BERS na luachanna íosráta ionchuir LGD níos airde dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo.

7. I gcás ina ndéanfaidh an t-údarás a a ainmneofar i gcomhréir le mír 5 luachanna íosráta ionchuir LGD níos airde a shocrú de bhun mhír 6, beidh idirthréimhse 6 mhí ag institiúidí chun iad a chur i bhfeidhm.’;

(91) i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 3, Roinn 4, scriostar Foroinn 3;

(92) leasaítear Airteagal 166 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Neamhchosaintí ar chorparáidí, ar institiúidí, ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais, ar rialtais réigiúnacha, ar údaráis áitiúla agus ar eintitis earnála poiblí agus neamhchosaintí miondíola’;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

‘8. Déanfar luach neamhchosanta ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe nach conarthaí iad mar a liostaítear in Iarscríbhinn II iad a ríomh trí IRB-CCF nó trí SA-CCFanna a úsáid, i gcomhréir le míreanna 8a agus 8b den Airteagal seo agus le hAirteagal 151(8).

I gcás nach mbeidh ach iarmhéideanna tarraingthe saoráidí imrothlacha urrúsaithe, áiríteoidh institiúidí go bhfanfaidh siad i seilbh mhéid na gcistí dílse a cheanglaítear orthu a shealbhú in aghaidh na n-iarmhéideanna neamhtharraingthe atá bainteach leis an urrúsú.

Institiúid nach bhfuair cead IRB-CCF a úsáid, ríomhfaidh sí luach na neamhchosanta mar an méid atá geallta ach neamhtharraingthe arna iolrú faoi SA-CCF lena mbaineann.

Ríomhfaidh institiúid a úsáideann IRB-CCF luach na neamhchosanta le haghaidh ceangaltais neamhtharraingthe mar an méid neamhtharraingthe arna iolrú faoi IRB-CCF.’;

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘8a. Maidir le neamhchosaint nach bhfuil cead faighte ag institiúid ina leith IRB-CCF a úsáid ■, is é a bheidh sa CCF is infheidhme SA-CCF mar a fhoráiltear dó i gCaibidil 2 maidir leis na cineálacha céanna ítimí mar a leagtar síos in Airteagal 111. Is é an ceann is ísle de luach an mhéid atá geallta ach neamhtharraingthe agus den luach ■ a léiríonn aon srian a d’fhéadfadh a bheith ann ar infhaighteacht na saoráide, lena n-áirítear uasteorainn a bheith ann ar an méid féideartha iasachta a bhaineann le sreabhadh airgid thirim tuairiscithe an oibleagáideora, a bheidh sa mhéid ar a bhfuil an SA-CCF le cur i bhfeidhm. I gcás ina mbeidh srian den sórt sin ar shaoráid, beidh nósanna imeachta leordhóthanacha ag an institiúid chun faireachán agus bainistíocht ar an líne a dhéanamh chun tacú leis an srian sin a bheith ann.

8b. Faoi réir cead údarás inniúil, bainfidh institiúidí a chomhlíonann na ceanglais chun IRB-CCF a úsáid mar a shonraítear i Roinn 6 úsáid as IRB-CCF i gcás neamhchosaintí a eascraíonn as gealltanais neamhtharraingthe imrothlacha a láimhseáiltear faoi Chur Chuige IRB ar choinníoll nach mbeadh na neamhchosaintí sin faoi réir SA-CCF 100 % faoin gCur Chuige Caighdeánaithe. Úsáidfear SA-CCFanna le haghaidh an mhéid seo a leanas:

- (a) gach ítim eile lasmuigh den chlár comhardaithe, go háirithe gealltanais neamhtharraingthe neamh-imrothlacha;
- (b) neamhchosaintí nach gcomhlíonann an institiúid na híosccheanglais ina leith chun IRB-CCF a ríomh mar a shonraítear i Roinn 6, nó i gcás nár thug an t-údarás inniúil cead chun IRB-CCF a úsáid.

Chun críche an Airteagail seo, measfar go mbeidh gealltanais ‘imrothlach’ i gcás ina dtabharfaidh sé caoi d’fhéichiúnaí iasacht a fháil ina mbeidh sé de sholúbthacht ag an bhféichiúnaí a chinneadh cá mhinice a aistarraingeoidh sé as iasacht agus cé na faid ama a bheidh idir na haistarraingtí, rud a ligfidh don oibleagáideoir iasachtaí airleacain a tugadh dó a tharraingt anuas, a aisíoc agus a atarraingt. Is mar shocrúithe ‘imrothlacha’ a mheasfar socruithe conarthacha lena gceadaítear réamhíocaíochtaí a dhéanamh agus atarraingtí a dhéanamh ar na réamhíocaíochtaí sin ina dhiaidh sin.

8c. I gcás ina n-úsáidtear IRB-CCF chun na méideanna neamhchosaintí a ualaítear ó thaobh riosca agus méideanna caillteanais ionchasaigh na neamhchosaintí a thagann as ceangaltais imrothlacha seachas neamhchosaintí a shanntar don aicme neamhchosanta i gcomhréir le hAirteagal 147(2), pointe (a), go háirithe de bhun Airteagal 153(1), Airteagal 157 agus Airteagal 158(1), (5) agus (10), agus chun na críche sin amháin, ní bheidh luach na neamhchosanta maidir le gach neamhchosaint a úsáidtear mar ionchur den mhéid neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus d'fhoirmlí maidir le caillteanas ionchasach níos lú ná suim na nithe seo a leanas:

- (a) méid tarraingthe an ghealltanais imrothlaigh;
- (b) 50 % de mhéid na neamhchosanta atá lasmuigh den chlár comhardaithe ar an gcuid neamhtharraingthe den ghealltanais imrothlach atá fágtha arna ríomh leis an SA-CCF is infheidhme dá bhforáiltear in Airteagal 111.

Tagrófar do shuim phointí (a) agus (b) mar 'íosráta ionchuir CCF'.;

(d) scriostar mír 10;

(93) scriostar Airteagal 167;

(94) cuirtear an fhomhír seo leanas leis:

‘Eiseoidh ÚBE treoirínte, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, faoin mbealach ina bhféadtar na ceanglais maidir le dearadh samhla, cainníochtú riosca, bailíochtú agus cur i bhfeidhm paraiméadar riosca a chur i bhfeidhm sa chleachtas trí scálaí rátála leanúnacha nó fíorghráinneacha a úsáid le haghaidh gach paraiméadair riosca.’;

(95) leasaítear Airteagal 170 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Déanfaidh struchtúr na gcóras rátála le haghaidh neamhchosaintí ar chorparáidí, ar institiúidí agus ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais, agus ar rialtais réigiúnacha, ar údarais áitiúla agus ar eintitis earnála poiblí na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh.’;

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) saintréithe an riosca idirbhirt, lena n-áirítear cineálacha táirgí agus cineálacha na cosanta creidmheasa cistithe, cosaint creidmheasa neamhchistithe aitheanta, bearta iasachta/luacha, stálú agus sinsearach; tabharfaidh institiúidí aghaidh go sainráite ar chásanna ina mbaineann roinnt neamhchosaintí tairbhe as an gcosaint creidmheasa chistithe nó neamhchistithe chéanna.’;

(96) in Airteagal 171, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. Úsáidfídh institiúidí tréimhse ama is faide ná bliain amháin chun rátálacha a shannadh. Beidh rátáil oibleagáideora ina léiriú ar mheasúnú na hinstitiúide ar chumas agus toil an oibleagáideora feidhmiú go conarthach in ainneoin dálaí eacnamaíocha díobhálacha nó teagmhais neamhthuartha. Déanfar córais rátála a dhearadh ar bhealach ina mbeidh athruithe neamhghnácha agus , i gcás inar tionscnóirí ábhartha riosca iad sin don chineál neamhchosanta, athruithe tionscal-sonracha, ina dtionscnóir imirce ó ghrád nó comhthiomsú amháin go ceann eile. ■ D’fhéadfadh éifeachtaí timthrialla gnó a bheith ina dtionscnóirí imirce ■ freisin.’;

(97) in Airteagal 172, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘I gcás neamhchosaintí ar rialtais ■ láir agus ar bhainc cheannais, neamhchosaintí ar rialtais réigiúnacha, údaráis áitiúla nó eintitis earnála poiblí, neamhchosaintí ar institiúidí agus neamhchosaintí ar chorporáidí, déanfar neamhchosaintí a shannadh i gcomhréir leis na critéir seo a leanas:’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) déanfar rátáil ar leith ar gach eintiteas dlíthiúil ar leith ar a bhfuil an institiúid neamhchosanta;’;

(c) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas leis:

‘Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (d), beidh beartais iomchuí ag institiúid maidir leis an mbealach a láimhseáiltear cliaint aonair ar oibleagáideoirí iad agus grúpaí cliant nasctha. Beidh próiseas sna beartais sin chun Sainriosca Comhghaolmhaireachta a shainaithint i gcás gach eintitis dhlítheanaigh a bhfuil an institiúid neamhchosanta ina leith.

Chun críocha Chaibidil 6, déanfar idirbhearta le contrapháirtithe i gcásanna inar sainaithníodh Sainriosca Comhghaolmhaireachta a láimhseáil ar bhealach difriúil nuair a bheidh luach na neamhchosanta á ríomh acu.’;

(98) leasaítear Airteagal 173 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaí:

‘I gcás neamhchosaintí ar rialtais ■ láir agus ar bhainc cheannais, neamhchosaintí ar rialtais réigiúnacha, údaráis áitiúla nó eintitis earnála poiblí, neamhchosaintí ar institiúidí agus neamhchosaintí ar chorporáidí, comhlíonfaidh an próiseas sannacháin na ceanglais seo a leanas:’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina leagfar amach modheolaíochtaí na n-údarás inniúil chun sláine an phróisis sannta agus an measúnú neamhspleách tráthrialta a dhéantar ar rioscaí a mheas.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin .../24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.’;

(99) leasaítear Airteagal 174 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Úsáidfídh institiúidí modhanna staitistiúla nó matamaiticiúla eile (‘samhlacha’) chun neamhchosaintí a shannadh d’oibleagáideoir nó do ghráid nó do chomhthiomsuithe saoráidí ■. Comhlíonfar na ceanglais seo a leanas ■ :’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) beidh acmhainn mhaith réamhaisnéise ag an tsamhail agus ní chuirfear na ceanglais cistí dílse as a riocht de bharr í a úsáid;’;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘Chun críocha na chéad mhíre, pointe (a), beidh na hathróa ionchuir ina mbonn réasúnach éifeachtach leis na réamhaisnéisí a sholáthrófar. Ní bheidh aon laofacht ábhartha sa tsamhail. Beidh nasc feidhmeach idir ionchuir agus aschuir na samhla, a fhéadfar a chinneadh trí bhreithiúnas saineolaithe, i gcás inarb iomchuí.’;

(100) leasaítear Airteagal 176 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaí:

‘I gcás neamhchosaintí ar rialtais ■ láir ■ agus ar bhainc cheannais, neamhchosaintí ar rialtais réigiúnacha, údaráis áitiúla nó eintitis earnála poiblí, neamhchosaintí ar institiúidí agus neamhchosaintí ar chorporáidí, déanfaidh na hinstitiúidí an méid seo a leanas a bhailiú agus a stóráil:’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. I gcás neamhchosaintí dá gceadaítear sa Chaibidil seo d’institiúidí a meastacháin féin ar LGD agus ar IRB-CCF a úsáid ach nach n-úsáideann siad a meastacháin féin ar LGD ná ar IRB-CCF lena n-aghaidh, baileoidh agus stórálfaidh na hinstitiúidí sin sonraí ar chomparáidí idir LGDanna réadaithe agus na luachanna mar a leagtar amach in Airteagal 161(1), agus idir CCFanna réadaithe agus SA-CCFanna mar a leagtar amach in Airteagal 166(8a).’;

(101) ■ leasaítear Airteagal 177 ■ mar a leanas:

(a) ■ cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘2a. Áireofar sna cásanna a úsáidtear faoi mhír 2 tionscnóirí riosca CSR, go háirithe tionscnóirí rioscaí fisiciúla agus rioscaí aistrithe a eascraíonn as an athrú aeráide.

Eiseoidh ÚBE treoirlínte, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE)

Uimh. 1093/2010, maidir le cur i bhfeidhm mhír 2 agus mhír 2a.’;

(b) scriostar mír 3;

(102) leasaítear Airteagal 178 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Mainneachtain oibleagáideora nó saoráide creidmheasa’;

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) tá an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá in aon oibleagáid chreidmheasa ábhartha i leith na hinstitiúide, an mháthairghnóthais nó ceann ar bith dá fochuideachtaí.’;

(c) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) toilíonn an institiúid le beart staonta dá dtagraítear in Airteagal 47b den oibleagáid chreidmheasa i gcás inar dóigh go mbeidh mar thoradh ar an mbeart sin oibleagáid airgeadais níos lú mar gheall ar chealú ábhartha nó ar chur siar na príomhshuime, an úis nó, i gcás inarb ábhartha, na dtáillí ■’;

(d) i mír 7, cuirtear na fomhíreanna seo a leanas *leis*:

‘Faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], eiseoidh ÚBE treoirlínte, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, chun na treoirlínte dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a nuashonrú. Go háirithe, tabharfar aird chuí sa nuashonrú sin ar an ngá atá le hinstiúidí a spreagadh chun dul i mbun athstruchtúró réamhghníomhach coisctheach fóinteach fiachais chun tacú leis na hoibleagáideoirí.

Agus na treoirlínte sin á gceapadh aige, déanfaidh ÚBE breithniú cuí ar an ngá atá le solúbthacht leordhóthanach a dheonú d’instiúidí nuair a dhéanfar sonrú ar cad is ann ‘d’oibleagáid laghdaithe airgeadais’ chun críocha mhír 3, pointe (d).’;

(103) in Airteagal 179(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

- (f) chun claontachtaí a shárú, áireoidh institiúid coigeartuithe iomchuí ina meastacháin a mhéid is féidir; tar éis di coigeartú iomchuí a áireamh, cuirfidh institiúid corrlach choimeádachais leordhóthanach lena meastacháin a bhaineann le raon ionchasach na n-earráidí meastacháin; i gcás ina meastar nach bhfuil na modhanna agus na sonraí sásúil nó go bhfuil raon ionchasach na n-earráidí níos mó, beidh an corrlach choimeádachais níos mó.’;

(104) leasaítear Airteagal 180 mar a leanas:

- (a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Agus na paraiméadair riosca a bhainfidh leis na gráid nó leis na comhthiomsuithe rátála á gcainníochtú acu, déanfaidh na hinstitiúidí na ceanglais seo a leanas a bhaineann go sonrach le meastachán PD a chur i bhfeidhm i gcás neamhchosaintí ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais, neamhchosaintí ar rialtais réigiúnacha, údaráis áitiúla agus eintitis earnála poiblí, neamhchosaintí ar institiúidí agus neamhchosaintí ar chorporáidí.’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) sa mhéid go n-úsáideann institiúid sonraí maidir leis an taithí inmheánach ar an mainneachtain chun PDanna a mheas, cuirfear san áireamh sna meastacháin na caighdeáin frithgheallta reatha agus na difríochtaí sa chóras rátála a ghin na sonraí agus an córas rátála reatha; I gcás ina bhfuil athrú tagtha ar na caighdeáin frithgheallta nó ar na córais rátála, tar éis coigeartú iomchuí a chur san áireamh, cuirfidh an institiúid corrlach coimeádachais níos mó lena meastachán ar PD a bhaineann le raon ionchasach na n-earráidí meastacháin nach bhfuil cumhdaithe cheana féin leis an gcoigeartú iomchuí;’;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

(h) is cuma cé acu foinsí sonraí seachtracha, inmheánacha nó comhthiomsaithe, nó meascán den trí rud sin a úsáideann an institiúid dá meastachán PD, beidh fad na tréimhse breathnóireachta stairiúla foluití cothrom le 5 bliana ar a laghad i gcás foinse amháin díobh ar a laghad;’;

(iv) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(i) gan beann ar an modh a úsáidfear chun PD a mheas, déanfaidh institiúidí meastachán ar PD i gcás gach gráid rátála bunaithe ar an meánráta stairiúil mainneachtana bliana breathnaithe, ar meán uimhríochtúil é bunaithe ar líon na n-oibleagáideoirí (a ualaítear ó thaobh a lín); ní cheadófar cineálacha cur chuige eile, lena n-áirítear meáin a ualaítear ó thaobh na neamhchosanta.’;

(v) cuirtear an fhomhír seo a leanas *leis*:

‘Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (h), den mhír seo, i gcás inar faide ná sin an tréimhse bhreathnóireachta a bheidh le fáil i gcás aon fhoinsé ar leith, agus i gcás ina mbeidh na sonraí sin ábhartha, is í an tréimhse is faide sin a úsáidfear. Cuimseoidh na sonraí sin meascán ionadaíoch de bhlianta maithe agus de dhrochbhlianta an timthrialla eacnamaíoch a bheidh ábhartha don chineál neamhchosaintí. Faoi réir chead na n-údarás inniúil, institiúidí nach mbeidh cead faighte acu ón údarás inniúil de bhun Airteagal 143 a meastacháin féin ar LGD ná IRB-CCF a úsáid, féadfaidh siad sonraí ábhartha a chumhdóidh tréimhse 2 bhliain a úsáid le linn dóibh Cur Chuige IRB a chur chun feidhme. Cuirfear 1 bhliain amháin gach bliain leis an tréimhse atá le cumhdach go dtí go gcumhdóidh sonraí ábhartha tréimhse 5 bliana ar a laghad.’;

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) déanfaidh institiúidí meastachán ar PDanna de réir an ghráid nó an chomhthiomsaithe oibleagáideora nó saoráide ar bhonn meán fadtréimhseach rátaí mainneachtana bliana, agus ní ríomhfar rátaí mainneachtana ar leibhéal na saoráide ach amháin i gcás ina gcuirfear sainiú na mainneachtana i bhfeidhm ar leibhéal na saoráide creidmheasa aonair de bhun Airteagal 178(1), an dara fomhír;’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) is cuma cé acu foinsí sonraí seachtracha, inmheánacha nó comhthiomsaithe, nó meascán den trí rud sin, a úsáideann an institiúid dá meastachán PD, beidh fad na tréimhse breathnóireachta stairiúla foluití cothrom le 5 bliana ar a laghad i gcás foinse amháin díobh ar a laghad;’;

(iii) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas *leis*:

‘Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (a), beidh PD bunaithe ar an meánráta stairiúil mainneachtana bliana breathnaithe.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (e), i gcás inar faide ná sin an tréimhse bhreathnóireachta a bheidh le fáil i gcás aon fhoinsé ar leith, agus i gcás ina mbeidh na sonraí sin ábhartha, is í an tréimhse is faide sin a úsáidfear. Cuimseoidh na sonraí sin meascán ionadaíoch de bhlianta maithe agus de dhrochbhlianta an timthrialla eacnamaíoch a bheidh ábhartha don chineál neamhchosaintí. ■ Faoi réir chead na n-údarás inniúil, féadfaidh institiúidí, le linn dóibh Cur Chuige IRB a chur chun feidhme, sonraí ábhartha a chumhdóidh tréimhse 2 bhliain a úsáid. Cuirfear 1 bhliain amháin gach bliain leis an tréimhse atá le cumhdach go dtí go gcumhdóidh sonraí ábhartha 5 bliana ar a laghad.

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na modheolaíochtaí a shonrú ar dá réir a mheasúnóidh údaráis inniúla modheolaíocht institiúide maidir le PD a mheas de bhun Airteagal 143.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin .../24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.’;

(105) leasaítear Airteagal 181 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c) go (g):
- ‘(c) breithneoidh institiúid a mhéid a bhraitheann riosca an oibleagáideora, ar thaobh amháin, agus riosca na cosanta creidmheasa cistithe nó riosca an tsoláthraí cosanta sin, ar an taobh eile, ar a chéile, seachas máistir-chomhaontuithe glanluachála agus glanluacháil iasachtaí agus taiscí atá laistigh den chlár comhardaithe;
- (d) déanfar neamhréireanna airgeadra idir an oibleagáid fholuiteach agus an chosaint creidmheasa chistithe seachas máistir-chomhaontuithe glanluachála agus glanluacháil iasachtaí agus taiscí atá laistigh den chlár comhardaithe a láimhseáil go coimeádach maidir le measúnú na hinstitiúide ar LGD;
- (e) a mhéid a chuirfear san áireamh sna meastacháin ar LGD cosaint creidmheasa chistithe a bheith ann seachas máistir-chomhaontuithe glanluachála agus glanluacháil iasachtaí agus taiscí atá laistigh den chlár comhardaithe, ní bheidh na meastacháin sin bunaithe ar mhargadhluach measta na cosanta creidmheasa cistithe sin amháin;

- (f) a mhéid a chuirfear san áireamh sna meastacháin ar LGD cosaint creidmheasa chistithe seachas máistir-chomhaontuithe glanluachála agus glanluacháil iasachtaí agus taiscí atá laistigh den chlár comhardaithe, bunóidh institiúidí ceanglais inmheánacha maidir le bainistíocht, deimhneacht dhlíthiúil agus bainistíocht riosca na cosanta creidmheasa cistithe sin, agus beidh na ceanglais sin comhsheasmhach i gcoitinne leis na cinn a leagtar amach i gCaibidil 4, Roinn 3, Foroinn 1;
- (g) a mhéid a aithneoidh institiúid cosaint creidmheasa chistithe seachas máistir-chomhaontuithe glanluachála agus glanluacháil iasachtaí agus taiscí atá laistigh den chlár comhardaithe chun luach na neamhchosanta ar riosca creidmheasa an chontrapháirtí a chinneadh i gcomhréir le Caibidil 6, Roinn 5 nó 6, ní chuirfear san áireamh sna meastacháin LGD aon suim a bhfuiltear ag súil lena gnóthú ón gcosaint creidmheasa chistithe sin’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (i) agus (j):

- ‘(i) a mhéid a chaipitlítear ar tháillí ar íocaíochtaí déanacha, arna ngearradh ar an oibleagáideoir roimh thráth na mainneachtana, i ráiteas ioncaim na hinstitiúide, cuirfear iad sin le tomhas na hinstitiúide ar neamhchosaint agus ar chaillteanas;
- (j) i gcás neamhchosaintí ar chorporáidí, ar institiúidí agus ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais, agus ar rialtais réigiúnacha, ar údaráis áitiúla agus ar eintitis earnála poiblí, bunófar na meastacháin LGD ar shonraí thar 5 bliana ar a laghad, agus cuirfear bliain amháin in aghaidh na bliana leis an tréimhse sin tar éis a gcur chun feidhme go dtí go sroichfear 7 mbliana ar a laghad, i gcás foinse sonraí amháin ar a laghad, más faide an tréimhse bhreathnóireachta a bheidh ar fáil d’aon fhoinsé ar bith, agus má tá na sonraí ábhartha, úsáidfear an tréimhse is faide sin.’;

I

(iii) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas *leis*:

‘Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (a), den mhír seo, cuirfidh institiúid gnóthuithe arna réadú le linn na bpróiseas ábhartha gnóthaithe ó aon chineál de chosaint creidmheasa chistithe agus ó chosaint creidmheasa neamhchistithe nach dtagann faoi réim an tsainmhínithe in Airteagal 142(1), pointe (10), san áireamh mar is iomchuí.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (c), is go coimeádach a láimhseálfar cásanna ina bhfuil spleáchas suntasach.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (e), cuirfear san áireamh sna meastacháin LGD cén chaoi a rachadh sé i gcion ar na hinstitiúidí gan a bheith in ann a gcomhthaobhacht a ghabháil go gasta agus í a leachtú.’;

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in **■** ionad phointe (b):

‘(b) tarraingtí todhchaí a chur san áireamh ina bhfachtóirí coinbhéartachta nó ina meastacháin ar LGDanna;’;

(ii) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach tar éis na chéad fhomhíre:

‘Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (b), i gcás ina n-áiríonn institiúidí tarraingtí breise amach anseo ina bhfachtóirí coinbhéartachta, ba cheart iad sin a chur san áireamh in LGD san uimhreoir agus san ainmneoir araon. I gcás nach n-áiríonn institiúidí tarraingtí breise amach anseo ina bhfachtóirí coinbhéartachta, ba cheart iad sin a chur san áireamh in uimhreoir LGD amháin;’;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad *an dara fomhír*:

‘I gcás neamhchosaintí miondíola, bunófar meastacháin LGD ar shonraí thar 5 bliana ar a laghad. Faoi réir chead na n-údarás inniúil, féadfaidh institiúidí, le linn dóibh Cur Chuige IRB a chur chun feidhme, sonraí ábhartha a chumhdóidh tréimhse 2 bhliain a úsáid. Cuirfear bliain amháin gach bliain leis an tréimhse atá le cumhdach go dtí go gcumhdóidh sonraí ábhartha tréimhse 5 bliana ar a laghad.’;

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

- ‘4. Eiseoidh ÚBE treoirlínte, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, lena soiléireofar an bealach a ndéanfar aon chineál cosanta creidmheasa cistithe agus cosanta creidmheasa neamhchistithe a láimhseáil chun críocha mhír 1, pointe (a), den Airteagal seo agus chun na paraiméadair LGD a chur i bhfeidhm;’;
5. *Chun críche caillteanas a ríomh, eiseoidh ÚBE, faoin 31 Nollaig 2025, treoirlínte nuashonraithe, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 maidir leis an méid seo a leanas:*
- (a) *maidir le cásanna a fhilleann ar stádas neamh-mhainnithe, lena sonrófar an chaoi a ndéanfar sreabhadh airgid saorga a láimhseáil agus cé acu atá nó nach bhfuil sé níos iomchuí d’institiúidí an sreabhadh airgid saorga a lascainiú le linn na tréimhse mainneachtana iarbhír;*
- (b) *measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil calabrú agus cur i bhfeidhm an ráta lascaine iomchuí chun caillteanas eacnamaíoch a ríomh ar fud na neamhchosaintí uile.’;*

(106) leasaítear Airteagal 182 mar a leanas:

- (a) ■ leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) léireofar in IRB-CCF institiúidí an fhéidearthacht go ndéanfaidh oibleagáideoir tarraingtí breise go dtí go spreagfar teagmhas mainneachtana agus ina dhiaidh sin; ■’;

(ii) cuirtear na pointí seo a leanas *leis*:

‘(g) úsáidfear tréimhse shocráithe 12 mhí mar chur chuige chun IRB-CCF institiúidí a mheas ■’;

(h) beidh IRB-CCF institiúidí bunaithe ar shonraí tagartha ina léireofar saintréithe chleachtais bainistíochta an oibleagáideora, na saoráide agus an bhainc i leith na neamhchosaintí dá gcuirfear na meastacháin i bhfeidhm.’;

(iii) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas *leis*:

‘Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (a), i gcás ina dtugann institiúidí faoi deara go bhfuil fachtóir coinbhéartachta réadaithe diúltach ag gabháil dá mbreathnuithe mainneachtana, beidh an fachtóir coinbhéartachta réadaithe ar na breathnuithe sin cothrom le nialas chun críche a gcuid IRB-CCF a chainníochtú. Féadfaidh institiúidí an fhaisnéis faoin bhfachtóir coinbhéartachta réadaithe diúltach a úsáid le linn fhorbairt na samhla chun críche difreáil riosca.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (c), cuimseofar in IRB-CCF corrlach choimeádachais níos mó i gcás inar féidir ionchas a bheith leis, ar bhonn réasúnach, go mbeidh comhghaol deimhneach níos láidre ann idir minicíocht na mainneachtana agus méid an fhachtóra coinbhéartachta.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (g), déanfar ■ gach ■ mainneachtain ■ a nascadh le saintréithe ábhartha an oibleagáideora agus na saoráide ar an dáta tagartha socraithe a shainmhínítear mar 12 mhí roimh dháta na mainneachtana ■ .’;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘1a. Chun críocha mhír 1, pointe (h), ní bheidh IRB-CCF arna chur i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí ar leith bunaithe ar shonraí a mheascann na héifeachtaí atá ag saintréithe éagothroma ná ar shonraí ó neamhchosaintí a léiríonn saintréithe riosca éagsúla ó thaobh ábhair de. Beidh IRB-CCF bunaithe ar dheighleoga aonchineálacha mar is iomchuí. Chun na críche sin, ní cheadófar na cleachtais seo a leanas ach amháin ar bhonn grinnscrúdú agus réasúnú mionsonraithe arna ndéanamh ag institiúid:

(a) sonraí foluiteacha FBM/meánmhargaidh a bheith á gcur i bhfeidhm maidir le hoibleagáideoirí corparáideacha móra;

(b) sonraí ó ghealltanais, ar beag a n-infhaighteacht teorann gan úsáid, a bheith á gcur i bhfeidhm maidir le saoráidí ar mór an infhaighteacht teorann gan úsáid atá acu;

- (c) sonraí ó oibleagáideoirí atá thar téarma nó bactha in aghaidh tuilleadh tarraingtí anuas a dhéanamh tráth an dáta tagartha a bheith á gcur i bhfeidhm maidir le hoibleagáideoirí nach eol iad a bheith thar téarma nó faoi shrianta ábhartha;
 - (d) sonraí a ndearna athruithe i meascán iasachtaí agus táirgí eile creidmheasa na n-oibleagáideoirí difear dóibh thar an tréimhse breathnóireachta mura rud é go bhfuil na sonraí sin coigeartaithe go héifeachtach trí éifeachtaí na n-athruithe sa mheascán táirgí a bhaint.
- 1b. Chun críocha mhír 1a, pointe (d), léireoidh institiúidí do na húdaráis inniúla go bhfuil tuiscint mhionsonraithe acu ar an tionchar a imríonn athruithe i meascán táirgí custaiméara ar thacair sonraí tagartha na neamhchosaintí agus IRB-CCF gaolmhar, agus go bhfuil an tionchar neamhábhhartha nó maolaithe go héifeachtach laistigh dá bpróiseas meastacháin. Ina leith sin, ní mheasfar gurb iomchuí iad na nithe seo a leanas:
- (a) íosrátaí nó uasteorainneacha ar IRB-CCF nó breathnóireacht ar luach neamhchosanta a shocrú, cé is moite den fhachtóir coinbhéartachta réadaithe atá cothrom le nialas, i gcomhréir leis an dara fómhír de mhír 1;

- (b) úsáid a bhaint as meastacháin ar leibhéal an oibleagáideora nach gcumhdaítear leo ina n-iomláine na roghanna ábhartha claochlaithe táirge nó a gcomhcheanglaítear leo go míchuí táirgí a bhfuil saintréithe an-éagsúil acu;
 - (c) gan ach breathnóireachtaí ábhartha a ndearna claochlú táirge difear dóibh a choigeartú;
 - (d) breathnóireachtaí a ndearna claochlú próifíle táirge difear dóibh a eisiamh.
- 1c. Áiritheoidh institiúidí go ndéanfar a gcuid IRB-CCF a chur ar coraintín go héifeachtach ó éifeachtaí éagobhsaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann de dheasca saoráid a bheith tarraingthe go hiomlán ar an dáta tagartha.
- 1d. Ní chuirfear uasteorainn leis na sonraí tagartha ar mhéid phríomhshuim na saoráide nó ar an teorainn saoráide atá ar fáil. Déanfar ús fabhráithe, íocaíochtaí dlite eile agus tarraingtí os cionn na dteorainneacha saoráide a áireamh sna sonraí tagartha.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. I gcás neamhchosaintí ar chorparáidí, ar institiúidí agus ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais, agus ar rialtais réigiúnacha, ar údaráis áitiúla agus ar eintitis earnála poiblí, bunófar na meastacháin ar fhachtóirí coinbhéartachta ar shonraí thar 5 bliana ar a laghad, agus cuirfear bliain amháin in aghaidh na bliana leis an tréimhse sin tar éis a gcur chun feidhme go dtí go sroichfear 7 mbliana ar a laghad, i gcás aon fhoinse sonraí amháin ar a laghad. Más faide an tréimhse bhreathnóireachta a bheidh ar fáil d’aon fhoinse ar leith, agus má tá na sonraí ábhartha, úsáidfear an tréimhse is faide sin.’;

(d) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘I gcás neamhchosaintí miondíola, bunófar meastacháin ar fhachtóirí coinbhéartachta ar shonraí thar 5 bliana ar a laghad. Faoi réir chead na n-údarás inniúil, féadfaidh institiúidí, le linn dóibh Cur Chuige IRB a chur chun feidhme, sonraí ábhartha a chumhdóidh tréimhse 2 bhliain a úsáid. Cuirfear bliain amháin in aghaidh na bliana leis an tréimhse atá le cumhdach gach bliain go dtí go gcumhdóidh sonraí ábhartha tréimhse 5 bliana ar a laghad.’;

(e) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘5. Faoi 31 Nollaig 2026, eiseoidh ÚBE treoirlinnte, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, lena sonraítear an mhodheolaíocht atá institiúidí le cur i bhfeidhm chun IRB-CCF a mheas.’;

■

(107) leasaítear Airteagal 183 mar a leanas

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Ceanglais maidir le measúnú a dhéanamh ar an éifeacht a bhíonn ag cosaint creidmheasa neamhchistithe i gcás neamhchosaintí ar ■ rialtais láir agus ar bhainc cheannais, neamhchosaintí ar rialtais réigiúnacha, údaráis áitiúla agus eintitis earnála poiblí, agus, neamhchosaintí ar chorparáidí, i gcás ina n-úsáidtear a meastacháin LGD féin agus i gcás neamhchosaintí miondíola’;

(b) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) beidh an ráthaíocht fianaithe i scríbhinn, beidh sí neamh-inchealaithe agus neamh-inathraithe ó thaobh an ráthóra, beidh sí i bhfeidhm nó go gcomhlíonfar an oibleagáid ina hiomláine, a mhéid a bhaineann le méid agus aibíocht na ráthaíochta, agus is féidir í a chur i bhfeidhm le dlí i gcoinne an ráthóra i ndlínse ina bhfuil sócmhainní ag an ráthóir a fhéadfar a urghabháil chun breithiúnas a fhorfheidhmiú;

(ii) cuirtear an pointe seo a leanas *leis*:

‘(d) beidh an ráthaíocht gan choinníoll.’;

■

(iii) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas *leis*:

‘Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (d), ciallaíonn ‘ráthaíocht gan choinníoll’ ráthaíocht nach bhfuil aon chlásal i gconradh na cosanta creidmheasa nach bhfuil a chomhlíonadh faoi rialú díreach na hinstitiúide iasachtaí agus ■ a d’fhéadfadh cosc a chur ar an ráthóir a bheith faoi oibleagáid íocaíocht a dhéanamh go tráthúil de bhun mhainneachtain cháilitheach an oibleagáideora nó de bhun méid dlite gan a bheith íoctha ag an oibleagáideoir bunaidh ■ . I gcás ina mbeidh clásal sa chonradh cosanta creidmheasa lena bhforáiltear go gcealófar nó go laghdófar fairsinge na ráthaíochta arna tairiscint ag an ráthóir i gcás dícheall cuí lochtach nó calaois a bheith déanta ag an institiúid iasachtaí, ní bheidh an ráthaíocht sin dícháilithe óna bheith measta mar ráthaíocht gan choinníoll.

I gcás ráthaíochtaí ina bhfuil íocaíocht an ráthóra faoi réir na hinstitiúide iasachtaí a bheith ag tóraíocht an oibleagáideora ar dtús agus nach gcumhdaítear leo ach caillteanais a bheidh fágtha tar éis don institiúid an próiseas réitigh a thabhairt i gcrích, measfar go bhfuil na ráthaíochtaí sin gan choinníoll.’;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘1a. Féadfaidh institiúidí cosaint creidmheasa neamhchistithe a aithint trí chur chuige um shamhaltú coigeartaithe PD/LGD, i gcomhréir leis an Airteagal seo agus faoi réir an cheanglais a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo, nó trí ionadú an chur chuige maidir le paraiméadair riosca faoi A-IRB i gcomhréir le hAirteagal 236a agus faoi réir cheanglais incháilitheachta Chaibidil 4. Beidh beartais shoiléire ag institiúidí chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a bhíonn ag cosaint creidmheasa neamhchistithe ar pharaiméadair riosca. Beidh beartais na n-institiúidí comhsheasmhach le cleachtais inmheánacha bainistíochta riosca agus léireofar ceanglais an Airteagail seo iontu. Sonrófar go soiléir sna beartais sin cé acu modhanna sonracha a dtugtar tuairisc orthu sa mhír seo a úsáidfear i gcás gach córais rátála agus cuirfidh institiúidí na beartais sin i bhfeidhm go comhsheasmhach le himeacht ama.’;

(d) i mír 3, cuirtear an fhomhír seo a leanas *leis*:

‘Féadfar díorthaigh chreidmheasa don chéad mhainneachtain a aithint mar chosaint creidmheasa neamhchistithe incháilithe. Ní aithneofar díorthaigh chreidmheasa don dara mainneachtain ná aon díorthaigh chreidmheasa eile don n-ú mainneachtain mar chosaint creidmheasa neamhchistithe incháilithe.’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. I gcás ina n-úsáidfídh institiúidí cur chuige um shamhaltú coigeartaithe PD/LGD chun cosaint creidmheasa neamhchistithe a aithint, ní shannfar ualú riosca do chuid chumhdaithe na neamhchosanta foluití a bheadh níos lú ná íosráta RW an tsoláthraí cosanta. Chun na críche sin, ríomhfar íosráta RW an tsoláthraí cosanta ag úsáid an PD céanna, an LGD céanna agus na feidhme ualaithe riosca céanna agus na cinn is infheidhme maidir le neamhchosaint dhíreach inchomparáide ar an tsoláthraí cosanta dá dtagraítear in Airteagal 236a.’;

(f) scriostar mír 6;

(108) i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 3, Roinn 6, scriostar Foroinn 4;

(109) in Airteagal 192, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

■

‘(5) ciallaíonn ‘ionadú an chur chuige maidir le paraiméadair riosca faoi A-IRB’ paraiméadair riosca PD agus LGD araon na neamhchosanta foluití a chur in ionad PD agus LGD chomhfhreagraigh a shannfaí faoi Chur Chuige IRB agus meastacháin LGD féin á n-úsáid ar neamhchosaint dhíreach inchomparáide ar an tsoláthraí cosanta, i gcomhréir le hAirteagal 236a.’;

(110) in Airteagal 193, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘7. Is féidir comhthaobhacht a chomhlíonann na ceanglais incháilitheachta uile a leagtar amach sa Chaibidil seo a aithint ■ fiú amháin i gcás neamhchosaintí a bhfuil baint acu le saoráidí neamhtharraingthe, i gcás ina mbeidh tarraingt faoin tsaoráid ag brath ar chomhthaobhacht arna ceannach nó arna fáil roimhe sin nó go comhuaineach a mhéid is iomchuí maidir le leas na hinstitiúide sa chomhthaobhacht nuair a bheidh an tsaoráid tarraingthe, ionas nach mbeidh aon leas ag an institiúid sa chomhthaobhacht a mhéid nach dtarraingítear an tsaoráid ■ .’;

(111) in Airteagal 194, scriostar mír 10;

(112) leasaítear Airteagal 197 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) go (e):

‘(b) urrúis fiachais, arna n-eisiúint ag rialtais láir nó ag bainc cheannais, a bhfuil measúnú creidmheasa ina leith ag IMCS nó ag gníomhaireacht chreidmheasa onnmhairiúcháin sna cásanna seo a leanas:

(i) tá IMCS nó an ghníomhaireacht creidmheasa onnmhairiúcháin ainmnithe ag an institiúid chun críocha Chaibidil 2; agus

- (ii) tá sé cinnte ag ÚBE go mbaineann an measúnú creidmheasa le céim 1, 2, 3 nó 4 den cháilíocht chreidmheasa de réir na rialacha ualaithe riosca maidir le neamhchosaintí ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais faoi Chaibidil 2;
- (c) urrúis fiachais, arna n-eisiúint ag institiúidí, a bhfuil measúnú creidmheasa ina leith ag IMCS sna cásanna seo a leanas:
 - (i) tá IMCS ainmnithe ag an institiúid chun críocha Chaibidil 2; agus
 - (ii) tá sé cinnte ag ÚBE go mbaineann an measúnú creidmheasa le céim 1, 2 nó 3 den cháilíocht chreidmheasa de réir rialacha ualaithe riosca maidir le neamhchosaintí ar *institiúidí* faoi Chaibidil 2;
- (d) urrúis fiachais, arna n-eisiúint ag eintitis eile, a bhfuil measúnú creidmheasa ina leith ag IMCS sna cásanna seo a leanas:
 - (i) tá IMCS ainmnithe ag an institiúid chun críocha Chaibidil 2; agus
 - (ii) tá sé cinnte ag ÚBE go mbaineann an measúnú creidmheasa le céim 1, 2 nó 3 den cháilíocht chreidmheasa de réir rialacha ualaithe riosca maidir le neamhchosaintí ar *chorparáidí* faoi Chaibidil 2;
- (e) urrúis fiachais a ndéanann IMCS measúnú creidmheasa gearrthéarmach orthu sna cásanna seo a leanas:
 - (i) tá IMCS ainmnithe ag an institiúid chun críocha Chaibidil 2; agus
 - (ii) tá sé cinnte ag ÚBE go mbaineann an measúnú creidmheasa le céim 1, 2 nó 3 den cháilíocht chreidmheasa de réir na rialacha ualaithe riosca maidir le neamhchosaintí gearrthéarmacha faoi Chaibidil 2;’;
 - (ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):
 - ‘(g) órbhuilleán;’;

(b) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre :

‘Chun críocha mhír 5 den Airteagal seo, i gcás nach bhfuil GC (‘an GC bunaidh’) ná aon cheann dá GCanna foluiteacha teoranta d'infheistiú in ionstraimí atá incháilithe faoi mhír 1 agus mhír 4 den Airteagal seo, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

- (a) i gcás ina gcuireann na hinstiúidí cur chuige na trédhearcachta dá dtagraítear in Airteagal 132a(1) nó Airteagal 152(2) i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí díreacha ar GC, féadfaidh siad aonaid nó scaireanna sa GC sin a úsáid mar chomhthaobhacht suas go dtí an méid atá cothrom le luach na n-ionstraimí arna sealbhú ag an GC sin atá incháilithe faoi mhíreanna 1 agus 4 den Airteagal seo;
- (b) i gcás ina gcuireann instiúidí an cur chuige bunaithe ar shainordú dá dtagraítear in Airteagal 132a(2) nó 152(5) i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí díreacha ar GC, féadfaidh siad aonaid nó scaireanna sa GC sin a úsáid mar chomhthaobhacht suas chuig an méid atá cothrom le luach na n-ionstraimí arna sealbhú ag an GC sin atá incháilithe faoi mhíreanna 1 agus 4 den Airteagal seo, á ghlacadh leis gur infheistigh an GC nó aon cheann dá GCanna foluiteacha in ionstraimí neamh-incháilithe go dtí an t-uasmhéid a cheadaítear faoina gcuid sainorduithe féin.’;

(113) in Airteagal 198, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. I gcás nach bhfuil an GC nó aon GC foluiteach teoranta d’infheistiú in ionstraimí atá incháilithe i gcomhair aitheantais faoi Airteagal 197(1) agus (4) agus sna hítimí dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

- (a) i gcás ina gcuireann institiúidí cur chuige na trédhearcachta dá dtagraítear in Airteagal 132a(1) nó 152(2) i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí díreacha ar GC, féadfaidh siad aonaid nó scaireanna sa GC sin a úsáid mar chomhthaobhacht suas go dtí an méid atá cothrom le luach na n-ionstraimí arna sealbhú ag an GC sin atá incháilithe faoi Airteagal 197(1) agus (4) agus na hítimí dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo;
- (b) i gcás ina gcuireann institiúidí an cur chuige bunaithe ar shainordú dá dtagraítear in Airteagal 132a(2) nó 152(5) i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí díreacha ar GC, féadfaidh siad aonaid nó scaireanna sa GC sin a úsáid mar chomhthaobhacht suas chuig an méid atá cothrom le luach na n-ionstraimí arna sealbhú ag an GC sin atá incháilithe faoi Airteagal 197(1) agus (4) agus na hítimí dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo, á ghlacadh leis gur infheistigh an GC nó aon cheann dá GCanna foluiteacha in ionstraimí neamh-incháilithe go dtí an t-uasmhéid a cheadaítear faoina gcuid sainorduithe féin.

I gcás ina bhféadfadh luach diúltach a bheith ag ionstraimí neamh-incháilithe mar gheall ar dhliteanais nó ar dhliteanais theagmhasacha a thagann ó úinéireacht, déanfaidh institiúidí an dá rud seo a leanas:

- (a) ríomhfaidh siad luach iomlán na n-ionstraimí neamh-incháilithe;
- (b) i gcás ina bhfuil an méid a gheofar faoi phointe (a) diúltach, dealóidh siad luach absalóideach an mhéid sin ó luach iomlán na n-ionstraimí incháilithe.’;

(114) leasaítear Airteagal 199 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Mura sonrófar a mhalairt faoi Airteagal 124(9), féadfaidh institiúidí comhthaobhacht incháilithe a úsáid i bhfoirm réadmhaoine cónaithe atá nó a bheidh á háitiú nó á ligean ar cíós ag an úinéir, nó ag an úinéir tairbhiúil i gcás cuideachtaí infheistíochta pearsanta, agus réadmhaoín dhochorraithe tráchtála, lena n-áirítear oifigí agus áitribh thráchtála eile, i gcás ina gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:

- (a) ní bhraitheann an luach réadmhaoine go hábhartha ar cháilíocht chreidmheasa an oibleagáideora;

- (b) ní bhraitheann riosca an iasachtaí go hábhartha ar fheidhmíocht na réadmhaoine bunúsaí ná an tionscadail fholuitigh, ach ar acmhainneacht fholuiteach an iasachtaí an fiachas a aisíoc ó fhoinsí eile, agus mar thoradh air sin, ní bheidh aisíocaíocht na saoráide ag brath go hábhartha ar aon sreabhadh airgid arna ghiniúint leis an réadmhaoin fholuiteach a fheidhmíonn mar chomhthaobhacht.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (a), féadfaidh institiúidí cásanna a fhágáil ar lár i gcás ina ndéanfaidh tosca atá go hiomlán maicreacnamaíoch difear don luach réadmhaoine agus d'fheidhmíocht an iasachtaí araon.';

- (b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) agus phointe (b):

- ‘(a) ní mó ná 0,3 % an méid comhiomlánaithe a thuairiscíonn institiúidí faoi Airteagal 430a(1), pointe (a), arna roinnt ar an méid comhiomlánaithe a thuairiscíonn institiúidí faoi Airteagal 430a(1), pointe (c);
- (b) ní mó ná 0,5 % an méid comhiomlánaithe a thuairiscíonn institiúidí faoi Airteagal 430a(1), pointe (b), arna roinnt ar an méid comhiomlánaithe a thuairiscíonn institiúidí faoi Airteagal 430a(1), pointe (c).’;

(c) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) agus phointe (b):

‘(a) ní mó ná 0,3 % an méid comhiomlánaithe a thuairiscíonn institiúidí faoi Airteagal 430a(1), pointe (d), arna roinnt ar an méid comhiomlánaithe a thuairiscíonn institiúidí faoi Airteagal 430a(1), pointe (f);

(b) ní mó ná 0,5 % an méid comhiomlánaithe a thuairiscíonn institiúidí faoi Airteagal 430a(1), pointe (e), arna roinnt ar an méid comhiomlánaithe a thuairiscíonn institiúidí faoi Airteagal 43a(1), pointe (f).’;

(d) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘4a. Chomh maith leis sin, féadfaidh institiúidí an maoluithe dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm freisin i gcásanna ina ndéanfaidh an t-údarás inniúil den tríú tír, a chuireann socruithe maoirseachta agus rialála i bhfeidhm atá cothrom ar a laghad leo siúd a chuirtear i bhfeidhm san Aontas mar a cinneadh i gcinneadh ón gCoimisiún a glacadh *i gcomhréir le hAirteagal 107(4)*, rátaí caillteanais comhfhreagracha a fhoilsiú le haghaidh neamhchosaintí arna n-urrrú le réadmhaoín chónaithe nó réadmhaoín dhochorraithe tráchtála atá suite laistigh den tríú tír sin.’;

- (e) i mír 5, cuirtear an fhomhír seo a leanas *leis*:

‘I gcás ina n-eiseoidh institiúid creidmheasa forbartha poiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 429a(2) den Rialachán seo í iasacht spreagtha mar a shainmhínítear in Airteagal 429a(3) den Rialachán seo í chuig institiúid eile, nó chuig institiúid airgeadais atá údaraithe chun gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe 2 nó pointe 3 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE a dhéanamh agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 119(5) den Rialachán seo, agus i gcás ina gcuirfidh an institiúid eile nó an institiúid airgeadais sin an iasacht spreagtha faoi bhealach, go díreach nó go hindíreach, chuig oibleagáideoir deiridh agus ina ngéillfidh sí don institiúid creidmheasa forbartha poiblí an tsuim infhaighte ón iasacht spreagtha mar chomhthaobhacht, féadfaidh an institiúid creidmheasa forbartha poiblí an tsuim infhaighte ghéillte a úsáid mar chomhthaobhacht incháilithe, gan beann ar aibíocht bhunaidh na suime infhaighte géillte.’;

- (f) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) léiríonn an institiúid nach bhfuil na fáлтаis réadaithe ón gcomhthaobhacht faoi 70 % de luach na comhthaobhachta i gcás 90 % ar a laghad de na leachtuithe ar fad i gcás cineál áirithe comhthaobhachta; i gcás ina bhfuil luaineacht ábhartha i bpraghsanna an mhargaidh, léireoidh an institiúid chun sástachta an údaráis inniúil go bhfuil a luacháil ar an gcomhthaobhacht sách coimeádach.’;

(115) leasaítear Airteagal 201 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) eagraíochtaí idirnáisiúnta dá sanntar ualú riosca 0 % i gcomhréir le hAirteagal 118;’;

(ii) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(fa) eintitis earnála airgeadais rialáilte;’;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

‘(g) i gcás nach soláthraítear cosaint creidmheasa do neamhchosaint ar urrúsú, gnóthais eile, ag a bhfuil measúnú creidmheasa arna dhéanamh ag IMCS ainmnithe orthu, lena n-áirítear máthairghnóthais, fochuideachtaí nó eintitis chleamhnaithe an oibleagáideora, i gcás ina bhfuil ualú riosca níos ísle ag neamhchosaint dhíreach ar na máthairghnóthais, na fochuideachtaí nó na heintitis chleamhnaithe sin ná ■ an ■ neamhchosaint ar an oibleagáideoir;’;

(iv) cuirtear an fhomhír seo a leanas *leis*:

‘Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (fa), den Airteagal seo, ciallaíonn ‘eintiteas earnála airgeadais rialáilte’ eintiteas earnála airgeadais a chomhlíonann an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 142(1), pointe (4)(b).’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. I dteannta na soláthraithe cosanta a liostaítear i mír 1, beidh eintitis chorparáideacha a mbíonn rátáil á déanamh go himmheánach orthu ag an institiúid i gcomhréir le Caibidil 3, Roinn 6, ina soláthraithe incháilithe cosanta creidmheasa neamhchistithe i gcás ina n-úsáideann an institiúid Cur Chuige IRB maidir le neamhchosaintí ar na heintitis chorparáideacha sin ■.’;

(116) scriostar Airteagal 202;

(117) in Airteagal 204, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. Ní bheidh díorthaigh chreidmheasa don chéad mhainneachtain ná aon díorthach creidmheasa eile don n-ú mainneachtain ina gcineálacha incháilithe cosanta creidmheasa neamhchistithe faoin gCaibidil seo.’;

■

(118) in Airteagal 207(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) ríomhfaidh siad margadhluach na comhthaobhachta, agus déanfaidh siad é a athluacháil dá réir sin, uair amháin gach 6 mhí ar a laghad agus aon am a bheidh cúis acu le creidiúint go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar mhargadhluach na comhthaobhachta; le breithnithe a bhaineann le CSR, spreagfar measúnú ar cé acu ar tharla nó nár tharla laghdú suntasach ar mhargadhluach na comhthaobhachta;’;

(119) leasaítear Airteagal 208 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(i) ■ cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) ■ :

‘(b) déanfar athbhreithniú ar an luacháil maoiné nuair is léir ón bhfaisnéis atá ar fáil d’institiúidí go bhféadfadh sé gur tháinig laghdú ábhartha ar an luach réadmhaoine i gcoibhneas le praghsanna ginearálta an mhargaidh agus déanfaidh luachálaí ag a bhfuil na cáilíochtaí, an taithí agus an cumas cuí chun luacháil a chur i gcrích agus atá neamhspleách ón bpróiseas cinnteoireachta creidmheasa an t-athbhreithniú sin; measfar breithnithe a bhaineann le CSR, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le teorainneacha arna bhforchur ag cuspóirí rialála agus gníomhartha dlí ábhartha an Aontais agus na mBallstát, chomh maith le, i gcás inarb ábhartha le haghaidh institiúidí atá gníomhach go hidirnáisiúnta, cuspóirí dlíthiúla agus rialála tríú tíortha, measfar na breithnithe sin a bheith mar léiriú go bhféadfadh sé gur tháinig laghdú ábhartha ar an luach réadmhaoine, i gcoibhneas le praghsanna ginearálta an mhargaidh; i gcás iasachtaí os cionn EUR 3 mhilliún nó 5 % de chistí dílse na hinstiúide, déanfaidh an luachálaí sin athbhreithniú ar luacháil na maoiné gach 3 bliana ar a laghad.’;

- (ii) scriostar an dara fomhír;
- (b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
 - ‘3a. Féadfaidh institiúidí faireachán a dhéanamh ar luach na réadmhaoine dochorraithe agus an réadmhaoin dhochorraithe a bhfuil athluacháil de dhíth uirthi a shainaithint, i gcomhréir le mír 3, trí bhíthin ardmhodhanna staidrimh nó modhanna matamaiticiúla eile (‘samhlacha’), ar choinníoll go bhforbraítear na modhanna sin go neamhspleách ar an bpróiseas cinnteoireachta creidmheasa agus go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:
 - (a) leagann na hinstitiúidí amach, ina mbeartais agus nósanna imeachta, na critéir le haghaidh samhlacha a úsáid chun ■ faireachán a dhéanamh ar luachanna comhthaobhachta agus chun an réadmhaoin ar cheart athluacháil a dhéanamh uirthi a shainaithint; tabharfar cuntas sna beartais agus nósanna imeachta sin ar chuntas teiste cruthaithe na samhlacha sin, ar athróa measta a bhaineann go sonrach le maoín ar leith, ar an úsáid a baineadh as an méid íosta faisnéise beaichte a bhí ar fáil, agus ar éiginnteacht na samhlacha;
 - (b) áirithíonn na hinstitiúidí go mbeidh na samhlacha a úsáidfear:
 - (i) sonrach ó thaobh réadmhaoine agus áite ar leibhéal leordhóthanach gráinneachta;
 - (ii) bailí agus beacht, agus faoi réir cúltástáil stóinseach rialta i gcoinne na bpraghsanna idirbhirt iarbhír a bhreathnaítear;

- (iii) bunaithe ar shampla atá mór agus ionadaíoch go leordhóthanach, bunaithe ar phraghsanna idirbhirt a bhreathnaítear;
- (iv) bunaithe ar shonraí ardcháilíochta cothrom le dáta;
- (c) is iad na hinstitiúidí atá freagrach ar deireadh as oiriúnacht agus feidhmíocht na samhlacha ■ ;
- (d) áirithíonn na hinstitiúidí go mbeidh doiciméadacht na samhlacha cothrom le dáta;
- (e) tá próisis, córais agus acmhainneachtaí TF leormhaithe i bhfeidhm ag na hinstitiúidí agus tá sonraí beachta leordhóthanacha acu le haghaidh aon fhaireachán shamhailbhunaithe ar luach comhthaobhachta réadmhaoine agus sainaitheint réadmhaoine dochorraithe ar gá athluacháil a dhéanamh orthu;
- (f) déantar na meastacháin ar shamhlacha a bhailíochtú go neamhspleách agus tá an próiseas bailíochtaithe comhsheasmhach go ginearálta leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 185, i gcás inarb infheidhme.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

- ‘5. Beidh an réadmhaoin dhochorraithe a nglacfar léi mar chosaint creidmheasa árachaithe go leordhóthanach i gcoinne riosca damáiste agus beidh nósanna imeachta i bhfeidhm ag institiúidí chun faireachán a dhéanamh ar leordhóthanacht an árachais.

De mhaolú ar Airteagal 92(5), pointe (a)(ii), agus gan dochar don mhaolú a leagtar amach in Airteagal 92(3), an dara fomhír, maidir le neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoin dhochorraithe a deonaíodh roimh an 1 Eanáir 2025, ní cheanglófar ar institiúidí a chuireann Cur Chuige IRB i bhfeidhm dá dtagraítear i gCaibidil 3 den Teideal seo trína meastacháin féin ar LGD a úsáid na forálacha a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo a chur i bhfeidhm.’;

(120) ■ leasaítear Airteagal 210 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

‘(g) cuirfidh institiúidí san áireamh ina iomláine gach meath nó dífheidhmeacht maidir leis an gcomhthaobhacht agus an luacháil tosaigh agus an athluacháil á ndéanamh acu, agus tabharfaidh siad aird faoi leith ar an tionchar a bhíonn ag imeacht ama ar chomhthaobhachtaí atá íogair ó thaobh cúrsaí faisin nó dáta; maidir le comhthaobhacht fhisiceach, tabharfar aird i ndífheidhmeacht na comhthaobhachta ar cheisteanna luachála a bhaineann le CSR atá bainteach le toirmisc nó teorainneacha arna bhforchur faoi chuspóirí rialála agus gníomhartha dlí ábhartha an Aontais agus na mBallstát agus, i gcás inarb ábhartha d’institiúidí atá gníomhach go hidirnáisiúnta, faoi chuspóirí dlí agus rialála tríú tír.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘I gcás ina soláthraíonn comhaontuithe urraithe ginearálta, nó foirmeacha eile muirir chomhlúthaigh, éileamh cláraithe don institiúid iasachtaí ar shócmhainní cuideachta agus i gcás ina gcuimsítear leis an éileamh sin idir shócmhainní nach bhfuil incháilithe mar chomhthaobhacht faoi Chur Chuige IRB agus shócmhainní atá incháilithe mar chomhthaobhacht faoi Chur Chuige IRB, féadfaidh an institiúid na sócmhainní deireanacha sin a aithint mar chosaint creidmheasa chistithe incháilithe. Sa chás sin, beidh an t-aitheantas sin ag brath ar na sócmhainní sin a bheith ag comhlíonadh na gceanglas maidir le hincháilitheacht comhthaobhachta faoi Chur Chuige IRB mar a leagtar amach sa Chaibidil seo.’;

(121) in Airteagal 213, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

- ‘1. Faoi réir Airteagal 214(1), cáileoidh cosaint creidmheasa a eascraíonn ó ráthaíocht nó ó dhíorthach creidmheasa mar chosaint creidmheasa neamhchistithe incháilithe i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:
- (a) is cosaint creidmheasa dhíreach í an chosaint creidmheasa;
 - (b) tá méid na cosanta creidmheasa leagtha amach go soiléir agus ní fhéadfar é a chonspóid;
 - (c) níl aon chlásal i gconradh na cosanta creidmheasa, a bhfuil a chomhlíonadh lasmuigh de rialú díreach na hinstitiúide iasachtaí, a d'fhágfadh:

- (i) go bhféadfadh an soláthraí cosanta an chosaint creidmheasa a chealú nó a athrú go haontaobhach;
 - (ii) go dtiocfadh méadú ar chostas éifeachtach na cosanta creidmheasa mar thoradh ar cháilíocht chreidmheasa na neamhchosanta faoi chosaint a bheith ag meathlú;
 - (iii) go bhféadfaí cosc a chur ar oibleagáid a bheith ar sholáthraí na cosanta íocaíocht a dhéanamh go tráthúil i gcás nach ndéanfaidh an t-oibleagáideoir bunaidh íocaíochtaí ar bith atá dlite a íoc, nó i gcás ina mbeadh an Conradh léasaithe tar éis dul in éag chun luach iarmharach ráthaithe a aithint faoi Airteagail 134(7) agus 166(4);
 - (iv) go bhféadfadh soláthraí na cosanta aibíocht na cosanta creidmheasa a laghdú;
- (d) tá Conradh na cosanta creidmheasa éifeachtach agus inchurtha i bhfeidhm go dlíthiúil i ngach dlínse is iomchuí tráth an comhaontú creidmheasa a bheith á thabhairt i gcrích.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (c), ní dhéanfaidh clásal i gconradh na cosanta creidmheasa lena bhforáiltear go gcealófar nó go laghdófar méid na cosanta creidmheasa arna tairiscint ag an ráthóir i gcás dícheall cuí lochtach nó calaois a bheith déanta ag an institiúid iasachtaí an chosaint creidmheasa sin a dhícháiliú óna bheith incháilithe. ■

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (c), féadfaidh an soláthraí cosanta aon íocaíocht chnapshuime amháin a dhéanamh ar an airgead uile atá dlite faoin éileamh, nó féadfaidh sé glacadh le hoibleagáidí íocaíochta todhchaíocha an oibleagáideora arna gcumhdach leis an gconradh cosanta creidmheasa.’;

(122) leasaítear Airteagal 215 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ar mhainneachtain cháilitheach an oibleagáideora, nó ar an méid dlite gan a bheith íoctha aige, tá sé de cheart ag an institiúid iasachtaí an ráthóir a thóraíocht go tráthuil i leith airgead ar bith atá dlite faoin éileamh a bhfuil an chosaint á soláthar ina leith.’;

(ii) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas *leis*:

‘Ní bheidh íocaíocht an ráthóra faoi réir an institiúid iasachtaí a bheith ag tóraíocht an oibleagáideora ar dtús.

I gcás cosaint creidmheasa neamhchistithe lena gcuimsítear iasachtaí morgáiste cónaithe, ní cheanglófar na ceanglais in Airteagal 213(1), pointe (c)(iii), agus sa chéad fhomhír, pointe (a), den mhír seo, a chomhlíonadh ach laistigh de 24 mhí.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. I gcás ráthaíochtaí arna soláthar i gcomhthéacs comhscéimeanna ráthaíochta nó arna soláthar nó arna bhfrithráthú ag na heintitis a liostaítear in Airteagal 214(2), measfar go mbeidh na ceanglais i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo agus in Airteagal 213(1), pointe (c)(iii), comhlíonta i gcás ina gcomhlíonfar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:

(a) de bhun mhainneachtain cháilitheach ■ an oibleagáideora bunaidh ■ nó an méid dlite gan a bheith íoctha aige, tá sé de cheart ag an institiúid iasachtaí íocaíocht shealadach a fháil go tráthúil ón ráthóir, ar íocaíocht í a chomhlíonann an dá choinníoll seo a leanas:

(i) léiríonn an íocaíocht shealadach meastachán stóinsithe ar an gcaillteanas, ar caillteanas é is dócha a thabhoídh an institiúid iasachtaí, lena n-áirítear caillteanais a thagann ó ús gan íoc agus cineálacha eile íocaíochta a bhfuil oibleagáid ar an iasachtaí iad a dhéanamh;

(ii) tá an íocaíocht shealadach comhréireach le cumhdach na ráthaíochta;

- (b) is féidir leis an institiúid iasachtaí a léiriú chun sástachta an údaráis inniúil go dtugann éifeachtaí na ráthaíochta, a chumhdóidh caillteanais a thagann ó ús gan a bheith íoctha agus cineálacha íocaíochta eile a bhfuil oibleagáid ar an iasachtaí iad a dhéanamh freisin, go dtugann siad údar leis an láimhseáil sin; déanfar an t-údarú sin a dhoiciméadú i gceart agus beidh sé faoi réir faomhadh tiomnaithe inmheánach agus nósanna imeachta iniúchóireachta.’;

(123) in Airteagal 216, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

- ‘3. De mhaolú ar mhír 1, maidir le neamhchosaintí ar chorparáidí arna cumhdach le díorthach creidmheasa, ní cheanglófar an teagmhas creidmheasa dá dtagraítear i bpointe (a)(iii) den mhír sin a shonrú sa chonradh díorthach ar choinníoll go gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) is gá vóta 100 % chun aibíocht, príomhshuim, cúpón, airgeadra nó stádas sinsearachta na neamhchosanta foluití ar chorparáidí a leasú;
- (b) tá cód féimheachta seanbhunaithe ag an sainchónaí dlíthiúil lena rialaítear an neamhchosaint ar chorparáidí a thugann caoi do chuideachta atheagrú agus athchóiriú a dhéanamh, agus a bhforáiltear leis socraíocht ordúil ar éilimh ó chreidiúnaithe.

I gcás nach gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (a) agus (b) den mhír seo, d’fhéadfadh an chosaint creidmheasa a bheith incháilithe mar sin féin faoi réir laghdú ar an luach mar a shonraítear in Airteagal 233(2).’;

(124) scriostar Airteagal 217;

(125) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 219:

‘Airteagal 219

Glanluacháil laistigh den chlár comhardaithe

Na hiasachtaí a thugtar don institiúid iasachtaí sin agus na taiscí a dhéantar léi atá faoi réir glanluacháil laistigh den chlár comhardaithe, is mar chomhthaobhacht airgid a dhéanfaidh an institiúid iad a láimhseáil chun éifeacht na cosanta creidmheasa cistithe a ríomh maidir leis na hiasachtaí agus na taiscí sin de chuid na hinstitiúide iasachtaí atá faoi réir glanluacháil laistigh den chlár comhardaithe.’;

(126) leasaítear Airteagal 220 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘An Cur Chuige Maoirseachta maidir le Coigeartuithe Luaineachta a úsáid le haghaidh máistir-chomhaontuithe glanluachála’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I gcás institiúidí a ríomhann ‘luach na neamhchosanta lánchoigeartaithe’ (E*) maidir leis na neamhchosaintí atá faoi réir máistir-chomhaontú glanluachála incháilithe a chumhdaíonn idirbhearta um maoiniú urrús nó idirbhearta caipitil eile atá faoi thionchar an mhargaidh, ríomhfaidh siad na coigeartuithe luaineachta is gá dóibh a chur i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as an gCur Chuige Maoirseachta maidir le Coigeartuithe Luaineachta a leagtar amach in Airteagail 223 go 227 le haghaidh an Mhodha Chuimsithigh Chomhthaobhaigh Airgeadais.’;

(c) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) luach an choigeartaithe luaineachta, nó, i gcás inarb ábhartha, luach absalóideach an choigeartaithe luaineachta is iomchuí do ghrúpa áirithe urrús nó do chineál áirithe tráchtearraí, a chur i bhfeidhm maidir le luach absalóideach an tsuímh ghlain dheimhnigh nó dhiúltaigh sna hurrúis sa ghrúpa sin urrús, nó maidir leis na tráchtearraí ón gcineál sin tráchtearraí;’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Ríomhfaidh institiúidí E^* i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$E^{**} = \max \left(0; \sum_i E_i - \sum_j C_j + 0,4E_{\text{net}} + 0,6 \frac{E_{\text{gross}}}{\sqrt{N}} + \sum_k |E_k^{\text{fx}}| \cdot H_k^{\text{fx}} \right)$$

i gcás inarb amhlaidh:

i = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl gach urrús, tráchtearra nó suíomh airgid ar leithligh faoin gcomhaontú arna n-iasachtú, arna ndíol faoi chomhaontú chun iad a athcheannach, nó arna mbreacadh ag an institiúid don chontrapháirtí;

j = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl gach urrús, tráchtearra nó suíomh airgid ar leithligh faoin gcomhaontú arna bhfáil ar iasacht, arna gceannach faoi chomhaontú chun iad a athdhíol, nó arna sealbhú ag an institiúid;

k = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl gach airgeadra ar leithligh ina n-ainmnítear aon urrús, tráchtearra nó suíomh airgid faoin gcomhaontú;

E_i = luach neamhchosanta urrúis, tráchtearra nó shuíomh airgid áirithe i arna iasachtú, arna dhíol faoi chomhaontú chun é a athcheannach, nó arna bhreacadh don chontrapháirtí faoin gcomhaontú a mbeadh feidhm leis in éagmais cosaint creidmheasa, i gcás ina ríomhann institiúidí na méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca i gcomhréir le Caibidil 2 nó 3, de réir mar is infheidhme;

C_j = luach urrúis, tráchtearra nó shuíomh airgid áirithe j arna fháil ar iasacht, arna cheannach faoi chomhaontú chun é a athdhíol, nó arna shealbhú ag an institiúid faoin gcomhaontú;

E_k^{fx} = an suíomh glan (deimhneach nó diúltach) in airgeadra áirithe k seachas airgeadra socraíochta an chomhaontaithe arna ríomh i gcomhréir le mír 2, pointe (b);

H_k^{fx} = coigeartú luaineachta airgeadra k i leith airgeadra eachtrach;

E_{net} = neamhchosaint ghlan an chomhaontaithe, arna ríomh mar a leanas:

$$E_{net} = \left| \sum_{l=1}^N |E_l^{sec}| \cdot H_l^{sec} \right|$$

i gcás inarb amhlaidh:

l = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl gach grúpa leithleach de na hurrúis chéanna agus gach cineál leithleach de na tráchtearraí céanna faoin gcomhaontú;

E_l^{sec} = an suíomh glan (deimhneach nó diúltach) i ngrúpa áirithe urrús l , nó grúpa áirithe tráchtearraí l , faoin gcomhaontú arna ríomh i gcomhréir le mír 2, pointe (a);

H_l^{sec} = an coigeartú luaineachta is iomchuí do ghrúpa áirithe urrús l , nó grúpa áirithe tráchtearraí l , arna chinneadh i gcomhréir le mír 2, pointe (c); cinnfear an comhartha H_l^{sec} mar a leanas:

- (a) beidh comhartha deimhneach aige i gcás ina mbeidh an grúpa urrús l arna iasachtú, arna dhíol faoi chomhaontú chun é a athcheannach nó arna idirbheartú ar bhealach comhchosúil le hiasachtú urrús nó le comhaontú athcheannaigh;

- (b) beidh comhartha diúltach aige i gcás ina mbeidh an grúpa urrús l arna fháil ar iasacht, arna cheannach faoi chomhaontú chun é a athdhíol nó arna idirbheartú ar bhealach comhchosúil le hiasachtaíocht urrús nó le comhaontú athcheannaigh droim ar ais;

N = an líon iomlán grúpaí leithleacha de na hurrúis chéanna agus cineálacha leithleacha tráchtearraí faoin gcomhaontú; chun críocha an ríomha sin, ní áireofar na grúpaí agus na cineálacha sin $\frac{1}{10} = \max_l(|E_l^{\text{sec}}|)$ dá bhfuil E_l^{sec} níos lú $|E_l^{\text{sec}}|$ ná;

E_{gross} = oll-neamhchosaint an chomhaontaithe, arna ríomh mar a leanas:

$$E_{\text{gross}} = \sum_{l=1}^N |E_l^{\text{sec}}| \cdot |H_l^{\text{sec}}|;$$

(127) leasaítear Airteagal 221 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 2 agus 3:

- ‘1. Chun na méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh a ríomh le haghaidh idirbhearta um maoiniú urrús nó idirbhearta caipitil eile atá faoi thionchar an mhargaidh seachas idirbhearta díorthacha arna gcumhdach faoi mháistir-chomhaontú glanluachála incháilithe a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil 6, Roinn 7, féadfaidh institiúid luach neamhchosanta lánchoigeartaithe (E*) an chomhaontaithe a ríomh trí úsáid a bhaint as cur chuige na samhla inmheánaí, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an institiúid na coinníollacha a leagtar amach i mír 2.
2. Féadfaidh institiúid cur chuige na samhla inmheánaí a úsáid i gcás ina gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) ní úsáideann an institiúid an cur chuige sin ach i gcás neamhchosaintí a ríomhtar méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca ina leith faoi Chur Chuige IRB a leagtar amach i gCaibidil 3;
 - (b) tugann a húdarás inniúil cead don institiúid chun an cur chuige sin a úsáid.

3. I gcás ina n-úsáideann institiúid cur chuige na samhla inmheánaí, déanfaidh sí amhlaidh i gcás gach contrapháirtí agus gach urrúis, cé is moite de phunanna neamhábhartha ar féidir léi an Cur Chuige Maoirseachta maidir le Coigeartuithe Luaineachta a úsáid ina leith, cur chuige a leagtar síos in Airteagal 220’;

(b) scriostar mír 8.

(128) in Airteagal 222, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

- ‘3. Sannfaidh institiúidí an t-ualú riosca a shannfaidís faoi Chaibidil 2 mar a raibh neamhchosaint dhíreach ag an institiúid iasachtaí ar an ionstraim chomhthaobhachta do na codanna sin de luachanna na neamhchosanta atá comhthaobhaithe le margadhluach na comhthaobhachta incháilithe. Chun na críche sin, beidh luach neamhchosanta ítime atá lasmuigh den chlár comhardaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I cothrom le 100 % de luach na hítime seachas luach na neamhchosanta a shonraítear in Airteagal 111(2) a bheith ann.’;

(129) leasaítear Airteagal 223 mar a leanas

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ■ mhír 4 ■ :

- ‘4. Chun críocha E a ríomh i mír 3, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

- (a) i gcás institiúidí a ríomhann méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca faoin gCur Chuige Caighdeánaithe, beidh luach neamhchosanta ítime atá lasmuigh den chlár comhardaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I cothrom le 100 % de luach na hítime sin seachas a bheith cothrom le luach na neamhchosanta a shonraítear in Airteagal 111(2);
- (b) i gcás ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe seachas díorthaigh a láimhseáiltear faoi Chur Chuige IRB, ríomhfaidh institiúidí a luachanna neamhchosanta trí úsáid a bhaint as CCF 100 % seachas as an SA-CCF nó an IRB-CCF dá bhforáiltear in Airteagal 166(8), (8a) agus (8b).’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

- ‘6. Ríomhfaidh institiúidí coigeartuithe luaineachta trí úsáid a bhaint as an gCur Chuige Maoirseachta maidir le Coigeartuithe Luaineachta dá dtagraítear in Airteagail 224 go 227 a úsáid.’;

(130) in Airteagal 224, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1, Táblaí 1 go 4:

‘Tábla 1

An chéim den cháilíocht chreidmheasa lena mbaineann an measúnú creidmheasa ar an urrús fiachais	Aibíocht iarmhair (m), arna sloinneadh i mblianta	Coigeartuithe luaineachta le haghaidh urrúis fiachais arna n-eisiúint ag eintitis dá dtagraítear in Airteagal 197(1), pointe (b)			Coigeartuithe luaineachta le haghaidh urrúis fiachais arna n-eisiúint ag eintitis dá dtagraítear in Airteagal 197(1), pointí (c) agus (d)			Coigeartuithe luaineachta le haghaidh suíomhanna urrúsúcháin a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 197(1), pointe (h)		
		tréimhse leachtaithe 20 lá (%)	tréimhse leachtaithe 10 lá (%)	tréimhse leachtaithe 5 lá (%)	tréimhse leachtaithe 20 lá (%)	tréimhse leachtaithe 10 lá (%)	tréimhse leachtaithe 5 lá (%)	tréimhse leachtaithe 20 lá (%)	tréimhse leachtaithe 10 lá (%)	tréimhse leachtaithe 5 lá (%)
1	$m \leq 1$	0,707	0,5	0,354	1,414	1	0,707	2,828	2	1,414
	$1 < m \leq 3$	2,828	2	1,414	4,243	3	2,121	11,314	8	5,657
	$3 < m \leq 5$	2,828	2	1,414	5,657	4	2,828	11,314	8	5,657
	$5 < m \leq 10$	5,657	4	2,828	8,485	6	4,243	22,627	16	11,314
	$m > 10$	5,657	4	2,828	16,971	12	8,485	22,627	16	11,314
2 go 3	$m \leq 1$	1,414	1	0,707	2,828	2	1,414	5,657	4	2,828
	$1 < m \leq 3$	4,243	3	2,121	5,657	4	2,828	16,971	12	8,485
	$3 < m \leq 5$	4,243	3	2,121	8,485	6	4,243	16,971	12	8,485
	$5 < m \leq 10$	8,485	6	4,243	16,971	12	8,485	33,941	24	16,971
	$m > 10$	8,485	6	4,243	28,284	20	14,142	33,941	24	16,971
4	uile	21,213	15	10,607	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar

Tábla 2

An chéim cáilíochta creidmheasa lena bhfuil baint ag an measúnú creidmheasa ar urrús fiachais gearrthéarmach	Aibíocht iarmhair (m), arna sloinneadh i mblianta	Coigeartuithe luaineachta le haghaidh urrúis fiachais arna n-eisiúint ag eintitis dá dtagraítear in Airteagal 197(1), pointe (b), a ngabhann measúnuithe creidmheasa gearrthéarmacha leo			Coigeartuithe luaineachta le haghaidh urrúis fiachais arna n-eisiúint ag eintitis dá dtagraítear in Airteagal 197(1), pointí (c) agus (d), a ngabhann measúnuithe creidmheasa gearrthéarmacha leo			Coigeartuithe luaineachta le haghaidh suíomhanna urrúsúcháin a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 197(1), pointe (h), agus a ngabhann measúnuithe creidmheasa gearrthéarmacha leo		
		tréimhse leachtaithe 20 lá (%)	tréimhse leachtaithe 10 lá (%)	tréimhse leachtaithe 5 lá (%)	tréimhse leachtaithe 20 lá (%)	tréimhse leachtaithe 10 lá (%)	tréimhse leachtaithe 5 lá (%)	tréimhse leachtaithe 20 lá (%)	tréimhse leachtaithe 10 lá (%)	tréimhse leachtaithe 5 lá (%)
1		0,707	0,5	0,354	1,414	1	0,707	2,828	2	1,414
2 go 3		1,414	1	0,707	2,828	2	1,414	5,657	4	2,828

Tábla 3

Cineálacha eile comhthaobhachta nó neamhchosanta

	tréimhse leachtaithe 20 lá (%)	tréimhse leachtaithe 10 lá (%)	tréimhse leachtaithe 5 lá (%)
Cothromais phríomhinnéacs, bannaí in-chomhshóite príomhinnéacs	28,284	20	14,142
Cothromas eile nó bannaí in-chomhshóite eile a liostaítear ar mhalartán aitheanta	42,426	30	21,213
Airgead	0	0	0
Órbhuilleán	28,284	20	14,142

Tábla 4

Coigeartú luaineachta le haghaidh neamhréir airgeadra (H_{fx})

tréimhse leachtaithe 20 lá (%)	tréimhse leachtaithe 10 lá (%)	tréimhse leachtaithe 5 lá (%)
11,314	8	5,657

;

(131) scriostar Airteagal 225;

(132) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 226:

‘Airteagal 226

Coigeartú luaineachta a mhéadú ó scála faoin Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais

Is iad na coigeartuithe luaineachta a leagtar amach in Airteagal 224 na coigeartuithe luaineachta a chuirfidh institiúid i bhfeidhm i gcás ina ndéantar athluacháil laethúil. I gcás nach ndéantar an athluacháil gach lá, cuirfidh institiúidí coigeartuithe luaineachta níos mó i bhfeidhm. Ríomhfaidh institiúidí iad trí choigeartuithe luaineachta na hathluachála laethúla a mhéadú ó scála, ag úsáid na foirmle um fhréamh chearnach ama a leanas:

$$H = H_M \cdot \sqrt{\frac{N_R + (T_M - 1)}{T_M}}$$

i gcás inarb amhlaidh:

H = an coigeartú luaineachta atá le cur i bhfeidhm;

H_M = an coigeartú luaineachta i gcás ina ndéantar athluacháil laethúil;

N_R = líon iarbhir na laethanta gnó idir athluachálacha;

T_M = an tréimhse leachtaithe don chineál idirbhirt lena mbaineann.’;

(133) in Airteagal 227, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

- ‘1. Na hinstitiúidí a úsáideann an Cur Chuige Maoirseachta maidir le Coigeartuithe Luaineachta dá dtagraítear in Airteagal 224, maidir le hidirbhearta athcheannaigh agus idirbhearta maidir le hurrúis a iasachtú nó a fháil ar iasacht, féadfaidh siad coigeartú luaineachta 0 % in ionad na gcoigeartuithe luaineachta arna ríomh faoi Airteagail 224 agus 226 a chur i bhfeidhm, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach i mír 2, pointí (a) go (h), den Airteagal seo. Ní úsáidfí hinstitiúidí a úsáideann cur chuige na samhla inmheánaí a leagtar amach in Airteagal 221 an láimhseáil a leagtar amach san Airteagal seo.’;

(134) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 228:

‘Airteagal 228

Méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca a ríomh faoin Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais i gcás neamhchosaintí a láimhseáiltear faoin gCur Chuige Caighdeánaithe

Faoin gCur Chuige Caighdeánaithe, úsáidfidh institiúidí E* arna ríomh faoi Airteagal 223(5) mar luach na neamhchosanta chun críocha Airteagal 113. I gcás ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, úsáidfidh institiúidí E* mar an luach a bhfuil na céatadáin a shonraítear in Airteagal 111(2) le cur i bhfeidhm maidir leis chun luach na neamhchosanta a ríomh.’;

(135) leasaítear Airteagal 229 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Prionsabail luachála le haghaidh comhthaobhacht incháilithe seachas comhthaobhacht airgeadais’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Comhlíonfar gach ceann de na ceanglais seo a leanas agus réadmhaoin dhochorraithe á luacháil:

- (a) déanann luachálaí neamhspleách ag a bhfuil na cáilíochtaí, an cumas agus an taithí is gá chun luacháil a dhéanamh meastóireacht ar an luach go neamhspleách ar phróiseas fála morgáiste, próiseála iasachtaí agus cinnteoireachta iasachtaí na hinstitiúide;
- (b) déantar meastóireacht ar an luach trí úsáid a bhaint as critéir luachála choimeádacha stuama a chomhlíonann gach ceann de na ceanglais seo a leanas:
 - (i) ní chuirtear ionchais maidir le méaduithe ar phraghsanna san áireamh sa luach;
 - (ii) coigeartaítear an luach lena chur san áireamh ann go bhféadfadh an margadhluach reatha a bheith i bhfad os cionn an luacha ab inbhuanaithe thar shaolré na hiasachta;
- (c) *déantar an luach a dhoiciméadú ar bhealach trédhearcach agus soiléir;*
- (d) níl an luach níos airde ná margadhluach ar an réadmhaoin dhochorraithe i gcás ina bhféadtar an margadhluach sin a chinneadh;

■

- (e) *i gcás ina ndéantar athluacháil ar an réadmhaoín, ní théann an luach réadmhaoine os cionn an mheánluacha arna thomhas don réadmhaoín sin, nó do réadmhaoín inchomparáide, le 6 bliana anuas i gcás réadmhaoín chónaithe nó le 8 mbliana i gcás réadmhaoín dhochorraithe tráchtála ná os cionn an luacha tráth an tionscnaimh, cibé acu is airde.*

Chun an meánluach a ríomh, tógfaidh institiúidí meán na luachanna réadmhaoine a breathnaíodh ag eatraimh chomhionanna agus áireofar trí phointe sonraí ar a laghad sa tréimhse thagartha.

Chun an meánluach a ríomh, féadfaidh institiúidí na torthaí ón bhfaireachán ar luachanna réadmhaoine a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 208(3). Féadfar gur mó an luach réadmhaoine ná an meánluach sin nó an luach tráth an tionscnaimh, de réir mar is infheidhme, i gcás ina ndéantar modhnuithe ar an réadmhaoín a mhéadaíonn a luach go soiléir, mar shampla feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht fuinnimh nó feabhas a chur ar sheasmhacht agus cosaint an fhoirgnimh agus an aonaid tithíochta agus iad a chur in oiriúint do rioscaí fisiciúla an fhoirgnimh nó an aonaid tithíochta. Ní dhéanfar athluacháil aníos ar an luach réadmhaoine mura bhfuil sonraí leordhóthanacha ag na hinstitiúidí chun an meánluach a ríomh ach amháin má tá an méadú ar an luach bunaithe ar mhodhnuithe lena méadaítear an luach go cinnte.

Cuirfear san áireamh i luacháil na réadmhaoine dochorraithe aon éilimh a rinneadh roimhe sin ar an réadmhaoín, mura gcuirtear éileamh a rinneadh roimhe ré san áireamh i ríomh ollmhéid na neamhchosanta de bhun Airteagal 124(6), pointe (c), nó mar laghdú 55 % den luach réadmhaoine de bhun Airteagal 125(1) nó Airteagal 126(1), agus léireofar, i gcás inarb infheidhme, torthaí an fhaireacháin a cheanglaítear faoi Airteagal 208(3).’;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘4. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na critéir agus na tosca a shonrú a bheidh le cur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar an téarma ‘réadmhaoín inchomparáide’, dá dtagraítear i mír 1, pointe (e).

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010’;

(136) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 230:

‘Airteagal 230

Méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus méideanna an chailteanais ionchasaigh a ríomh i gcás aon neamhchosanta ag a bhfuil cosaint creidmheasa chistithe atá incháilithe faoi Chur Chuige IRB

1. Faoi Chur Chuige IRB, seachas i gcás na neamhchosaintí sin a thagann faoi raon feidhme Airteagal 220, is é an LGD éifeachtach (LGD*) an LGD a úsáidfídh institiúidí chun críocha Chaibidil 3 chun cosaint creidmheasa chistithe atá incháilithe de bhun na Caibidle seo a aithint. Déanfaidh institiúidí LGD* a ríomh mar a leanas:

$$LGD^* = LGD_U \cdot \frac{E_U}{E \cdot (1 + H_E)} + LGD_S \cdot \frac{E_S}{E \cdot (1 + H_E)}$$

i gcás inarb amhlaidh:

E = luach na neamhchosanta sula gcuirtear san áireamh éifeacht na cosanta creidmheasa cistithe; i gcás neamhchosanta arna hurrú ag comhthaobhacht airgeadais incháilithe i gcomhréir leis an gCaibidil seo, ríomhfar an méid sin i gcomhréir le hAirteagal 223(3); i gcás na n-urrús arna n-iasachtú nó arna mbreacadh, beidh an méid sin cothrom leis an airgead tirim nó leis na hurrúis arna n-iasachtú nó arna mbreacadh; i gcás na n-urrús arna n-iasachtú nó arna mbreacadh, méadófar luach na neamhchosanta tríd an gcoigeartú luaineachta (H_E) a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagail 223 go 227;

E_S = luach reatha na cosanta creidmheasa cistithe arna fáil tar éis chur i bhfeidhm an choigeartaithe luaineachta is infheidhme maidir leis an gcineál sin cosanta creidmheasa cistithe (H_C) agus tar éis chur i bhfeidhm an choigeartaithe luaineachta le haghaidh neamhréireanna airgeadra (H_{fx}) idir an neamhchosaint agus an chosaint creidmheasa chistithe, i gcomhréir le míreanna 2 agus 3; déanfar E_S a uasteorannú ag an luach seo a leanas: $E \cdot (1 + H_E)$;

$$E_U = E \cdot (1 + H_E) - E_S;$$

LGD_U = an LGD is infheidhme maidir le neamhchosaint gan urrús mar a leagtar amach in Airteagal 161(1);

LGD_S = an LGD is infheidhme maidir le neamhchosaintí arna n-urrú leis an gcineál incháilithe cosanta creidmheasa cistithe arna úsáid san idirbheart, mar a shonraítear i mír 2, Tábla 1.

2. Sonraítear i dTábla 1 na luachanna LGD_S agus H_C is infheidhme san fhoirmle a leagtar amach i mír 1.

Tábla 1

An cineál cosanta creidmheasa cistithe	LGD_S	Coigeartú luaineachta (H_C)
Comhthaobhacht airgeadais	0 %	Coigeartú luaineachta H_C mar a leagtar amach in Airteagail 224 go 227
Earraí infhaighte	20 %	40 %
Réadmhaoin chónaithe agus réadmhaoin dhochorraithe tráchtála	20 %	40 %
Comhthaobhacht fhisiceach eile	25 %	40 %
Cosaint creidmheasa chistithe neamh-	Neamhbhainteach	100 %

incháilithe		
-------------	--	--

3. I gcás ina n-ainmnítear cosaint creidmheasa chistithe incháilithe in airgeadra nach é airgeadra na neamhchosanta é, is ionann an coigeartú luaineachta le haghaidh neamhréir airgeadra (H_{fx}) agus an ceann is infheidhme de bhun Airteagail 224 go 227.
4. Mar mhalairt ar an láimhseáil a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, agus faoi réir Airteagal 124(9), féadfaidh institiúidí ualú riosca 50 % a shannadh don chuid den neamhchosaint, atá, laistigh de na teorainneacha a leagtar amach in Airteagal 125(1), an chéad fhomhír, agus in Airteagal 126(1), an chéad fhomhír, faoi seach, comhthaobhaithe go hiomlán le réadmhaoin chónaithe nó le réadmhaoin dhochorraithe tráchtála atá lonnaithe laistigh de chríoch Ballstáit i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile a leagtar amach in Airteagal 199(3) nó (4).
5. Chun méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh a ríomh i gcás neamhchosaintí IRB a thagann faoi raon feidhme Airteagal 220, úsáidfídh institiúidí E* i gcomhréir le hAirteagal 220(4) agus LGD i gcás neamhchosaintí gan urrús, mar a leagtar amach in Airteagal 161(1), pointí (a), (aa) agus (b).’;

(137) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 231:

‘Airteagal 231

Méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus méideanna an chailleanais ionchasaigh a ríomh i gcás comhthiomsuithe cosanta creidmheasa cistithe incháilithe maidir le neamhchosaint a láimhseáiltear faoi Chur Chuige IRB

I gcás neamhchosaintí a láimhseáiltear faoi Chur Chuige IRB, féadfaidh institiúidí a bhfuil cineálacha iomadúla cosanta creidmheasa cistithe acu an fhoirmle a leagtar amach in Airteagal 230 a chur i bhfeidhm go seicheamhach i gcás gach cineál comhthaobhachta ar leith. Chun na críche sin, déanfaidh na hinstitiúidí sin, i ndiaidh dóibh gach cineál cosanta creidmheasa cistithe ar leith a aithint, luach iarmhair na neamhchosanta gan urrús (E_U) a laghdú de réir luach coigeartaithe na comhthaobhachta (E_S) arna aithint sa chéim sin. I gcomhréir le hAirteagal 230(1), déanfar iomlán E_S thar gach cineál cosanta creidmheasa cistithe a uasteorannú ag luach $E \cdot (1 + H_E)$, a mbeidh an fhoirmle seo a leanas mar thoradh air:

$$LGD^* = LGD_U \cdot \frac{E_U}{E \cdot (1 + H_E)} + \sum_i LGD_{S,i} \cdot \frac{E_{S,i}}{E \cdot (1 + H_E)}$$

i gcás inarb amhlaidh:

$LGD_{S,i} = LGD$ is infheidhme maidir leis an gcosaint creidmheasa chistithe i , mar a shonraítear in Airteagal 230(2);

$E_{S,i} =$ luach reatha na cosanta creidmheasa cistithe i arna fháil tar éis an coigeartú luaineachta is infheidhme maidir leis an gcineál cosanta creidmheasa cistithe (H_c) a chur i bhfeidhm de bhun Airteagal 230(2).’;

(138) leasaítear Airteagal 232 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 212(1), féadfar airgead i dtaisce le hinstitiúid tríú páirtí i socrú neamhchoinneála nó ionstraimí comhshamhlaithe airgid atá ina seilbh agus atá curtha i ngeall don institiúid iasachtaí, féadfar an t-airgead sin a láimhseáil mar ráthaíocht arna soláthar ag an institiúid tríú páirtí.’;

(b) i mír 3, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(ba) ualú riosca 52,5 %, i gcás ina sanntar ualú riosca 75 % don neamhchosaint neamhurraithe shinsearach ar an ngnóthas a sholáthraíonn an t-árachas saoil;’;

(139) in Airteagal 233, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Bunóidh institiúidí na coigeartuithe luaineachta le haghaidh neamhréir airgeadra ar bith ar thréimhse leachtaithe 10 lá gnó, ag glacadh leis go ndéantar athluacháil go laethúil, agus ríomhfaidh siad na coigeartuithe sin bunaithe ar an gCur Chuige Maoirseachta maidir le Coigeartuithe Luaineachta mar a leagtar amach in Airteagal 224. Déanfaidh institiúidí na coigeartuithe luaineachta a mhéadú ó scála i gcomhréir le hAirteagal 226.’;

(140) leasaítear Airteagal 235 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca a ríomh faoin gcur chuige ionadaíochta i gcás ina láimhseáiltear an neamhchosaint ráthaithe faoin gCur Chuige Caighdeánaithe’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Chun críocha Airteagal 113(3), is i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas a ríomhfaidh institiúidí na méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca i gcás neamhchosaintí lena ngabhann cosaint creidmheasa neamhchistithe a

gcuireann na hinstitiúidí sin an Cur Chuige Caighdeánaithe i bhfeidhm ina leith, gan beann ar láimhseáil neamhchosanta dírí inchomparáide ar an soláthraí cosanta:

$$\max\{0, E - G_A\} \cdot r + G_A \cdot g$$

i gcás inarb amhlaidh gur:

E = luach na neamhchosanta arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 111; chun na críche sin, beidh luach neamhchosanta ítime atá lasmuigh den chlár comhardaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I cothrom le 100 % dá luach seachas luach na neamhchosanta a shonraítear in Airteagal 111(2);

G_A = méid na cosanta creidmheasa arna choigeartú i leith riosca malairte eachtraí (G^*) ríomh faoi Airteagal 233(3) arna choigeartú tuilleadh le haghaidh aisioncronachta aibíochta ar bith mar a leagtar síos i Roinn 5 den Chaibidil seo;

r = ualú riosca na neamhchosaintí ar an oibleagáideoir mar a shonraítear i gCaibidil 2;

g = an t-ualú riosca *is infheidhme maidir le neamhchosaint dhíreach* ar sholáthraí na cosanta mar a shonraítear i gCaibidil 2.;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Féadfaidh institiúidí an láimhseáil fhabhrach a leagtar amach in Airteagal 114(4) agus (7) a leathnú chuig neamhchosaintí nó chuig codanna de neamhchosaintí arna ráthú ag an rialtas láir nó ag an mbanc ceannais amhail is dá mba neamhchosaintí díreacha iad na neamhchosaintí sin ar an rialtas láir nó ar an mbanc ceannais, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 114(4) nó (7), de réir mar is infheidhme, le haghaidh neamhchosaintí díreacha den sórt sin.’;

(141) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 235a

Méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh a ríomh faoin gcur chuige ionadaíochta i gcás ina bhfuil an neamhchosaint ráthaithe arna láimhseáil faoi Chur Chuige IRB agus ina bhfuil neamhchosaint dhíreach inchomparáide ar an soláthraí cosanta arna láimhseáil faoin gCur Chuige IRB

1. I gcás neamhchosaintí lena ngabhann cosaint creidmheasa neamhchistithe a gcuireann institiúid Cur Chuige IRB a leagtar amach i gCaibidil 3 i bhfeidhm ina leith agus i gcás ina bhfuil neamhchosaintí díreacha inchomparáide ar an soláthraí cosanta arna láimhseáil faoin gCur Chuige Caighdeánaithe, ríomhfaidh institiúidí na méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$\max\{0, E - G_A\} \cdot r + G_A \cdot g$$

i gcás inarb amhlaidh gur:

E = luach na neamhchosanta arna chinneadh i gcomhréir le Caibidil 3, Roinn 5. chun na críche sin, déanfaidh institiúidí luach na neamhchosanta i gcás ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe seachas díorthaigh arna láimhseáil faoi Chur Chuige IRB a ríomh trí úsáid a bhaint as CCF 100 % seachas as na SA-CCFanna nó IRB-CCF dá bhforáiltear in Airteagal 166(8), (8a) agus (8b);

G_A = méid na cosanta creidmheasa arna ríomh choigeartú i leith riosca malairte eachtraí (G^*) i gcomhréir le hAirteagal 233(3) arna choigeartú tuilleadh le haghaidh aisioncronacht aibíochta ar bith mar a leagtar síos ■ i Roinn 5 den Chaibidil seo;

r = ualú riosca na neamhchosaintí ar an oibleagáideoir mar a shonraítear i gCaibidil 3;

g = an t-ualú riosca *is infheidhme maidir le neamhchosaint dhíreach* ar sholáthraí na cosanta mar a shonraítear i gCaibidil 2.

2. I gcás inar lú méid na cosanta creidmheasa (G_A) ná luach na neamhchosanta (E), ní fhéadfaidh institiúidí an fhoirmle a shonraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás ina bhfuil na codanna cosanta agus neamhchosanta den neamhchosaint ar chomhshinsearach.
3. Féadfaidh institiúidí an láimhseáil fhabhrach a leagtar amach in Airteagal 114(4) agus (7) a leathnú chuig neamhchosaintí nó chuig codanna de neamhchosaintí arna ráthú ag an rialtas láir nó ag an mbanc ceannais amháin is dá mba neamhchosaintí díreacha iad na neamhchosaintí sin ar an rialtas láir nó ar an mbanc ceannais, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 114(4) nó (7), de réir mar is infheidhme, le haghaidh neamhchosaintí díreacha den sórt sin.
4. Nialas a bheidh i méid an chaillteanais ionchasaigh i gcás na coda cumhdaithe de luach na neamhchosanta.
5. I gcás aon chuid neamhchumhdaithe de luach na neamhchosanta (E), úsáidfí institiúidí an t-uailú riosca agus an caillteanas ionchasach a chomhfhreagraíonn don neamhchosaint fholuiteach. I gcás an ríomha a leagtar amach in Airteagal 159, déanfaidh institiúidí coigeartuithe ginearálta nó sonracha ar bith i leith riosca creidmheasa nó coigeartuithe luacha breise ar bith i gcomhréir le hAirteagal 34 a bhaineann le gnó leabhair neamhthrádála na hinstiúide nó le lagduithe eile ar chistí dílse a bhaineann leis an neamhchosaint seachas na hasbhaintí a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 36(1), pointe (m), a shannadh don chuid neamhchumhdaithe de luach na neamhchosanta.’;

(142) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 236:

‘Airteagal 236

Méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh a ríomh faoin gcur chuige ionadaíochta i gcás ina láimhseáiltear an neamhchosaint ráthaithe faoi Chur Chuige IRB *gan a meastacháin féin ar LGD a úsáid* agus ina láimhseáiltear an neamhchosaint dhíreach inchomparáide ar sholáthraí na cosanta faoin gCur Chuige IRB

1. I gcás aon neamhchosanta lena ngabhann cosaint creidmheasa neamhchistithe a gcuireann institiúid Cur Chuige IRB a leagtar amach i gCaibidil 3 i bhfeidhm ina leith, ach gan a meastacháin féin ar LGD a úsáid, agus i gcás ina bhfuil neamhchosaintí díreacha inchomparáide ar an soláthraí cosanta arna láimhseáil faoi Chur Chuige IRB a leagtar amach i gCaibidil 3, cinnfidh an institiúid cuid chumhdaithe na neamhchosanta mar an luach is ísle de luach na neamhchosanta (E) agus luach coigeartaithe na cosanta creidmheasa neamhchistithe (G_A).

- 1a. Institiúidí a chuireann Cur Chuige IRB i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí díreacha inchomparáide ar an soláthraí cosanta a úsáideann a meastacháin féin ar PD, ríomhfaidh sí méid na neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus méid an chaillteanais ionchasaigh don chuid chumhdaithe de luach na neamhchosanta trí úsáid a bhaint as PD an tsoláthraí cosanta agus LGD is infheidhme i gcás neamhchosaint dhíreach inchomparáide ar an soláthraí cosanta dá dtagraítear in Airteagal 161(1), i gcomhréir le mír 1b den Airteagal seo. I gcás fo-neamhchosaintí fo-ordaithe agus cosaint creidmheasa neamhchistithe neamh-fho-ordaithe, is é a bheidh san LGD atá le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir leis an gcuid chumhdaithe de luach na neamhchosanta an LGD atá bainteach le héilimh shinsearacha agus ■ féadfaidh na hinstitiúidí cuntas a thabhairt ar aon ***chosaint creidmheasa chistithe lena n-urraítear an chosaint creidmheasa neamhchistithe*** i gcomhréir leis an gCaibidil seo.
- 1b. Ríomhfaidh institiúidí an t-ualú riosca agus an caillteanas ionchasach is infheidhme maidir leis an gcuid chumhdaithe den neamhchosaint fholuiteach trí úsáid a bhaint as an PD, an LGD a shonraítear i mír 1a den Airteagal seo, agus an fheidhm chéanna ualaithe riosca agus a úsáidtear i gcás neamhchosaint dhíreach inchomparáide ar an soláthraí cosanta, agus úsáidfídh siad, i gcás inarb infheidhme, an aibíocht (M) a bhaineann leis an neamhchosaint fholuiteach, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 162.

- 1c. Institiúidí a chuireann Cur Chuige IRB i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí díreacha inchomparáide ar an soláthraí cosanta a úsáideann an modh dá bhforáiltear in Airteagal 153(5), úsáidfídh siad an t-ualú riosca agus an caillteanas ionchasach is infheidhme maidir leis an gcuid chumhdaithe den neamhchosaint a chomhfhreagraíonn do na cinn dá bhforáiltear in Airteagail 153(5) agus 158(6).
- 1d. D'ainneoin mhír 1c den Airteagal seo, déanfaidh institiúidí a úsáideann an modh dá bhforáiltear in Airteagal 153(5) chun Cur Chuige IRB a chur i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí ráthaithe an t-ualú riosca agus an caillteanas ionchasach is infheidhme maidir leis an gcuid chumhdaithe den neamhchosaint a ríomh trí úsáid a bhaint as an PD, an LGD is infheidhme maidir le neamhchosaint dhíreach inchomparáide ar an soláthraí cosanta dá dtagraítear in Airteagal 161(1), i gcomhréir le mír 1b den Airteagal seo, agus an fheidhm chéanna ualaithe riosca agus a úsáidtear i gcás neamhchosaint dhíreach inchomparáide ar an soláthraí cosanta, agus úsáidfídh siad, i gcás inarb infheidhme, an aibíocht (M) a bhaineann leis an neamhchosaint fholuiteach, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 162. I gcás neamhchosaintí fo-ordaithe agus cosaint creidmheasa neamhchistithe neamh-fho-ordaithe, is é a bheidh san LGD atá le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir leis an gcuid chumhdaithe de luach na neamhchosanta an LGD atá bainteach le héilimh shinsearacha agus féadfaidh na hinstitiúidí cuntas a thabhairt ar aon chosaint creidmheasa chistithe lena n-urraítear an chosaint creidmheasa neamhchistithe i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

2. I gcás aon chuid neamhchumhdaithe de luach na neamhchosanta (E), úsáidfidh institiúidí an t-ualú riosca agus an caillteanas ionchasach a chomhfhreagraíonn don neamhchosaint fholuiteach. I gcás an ríomha a leagtar amach in Airteagal 159, déanfaidh institiúidí coigeartuithe ginearálta nó sonracha ar bith i leith riosca creidmheasa nó coigeartuithe luacha breise ar bith arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 34 a bhaineann le gnó leabhair neamhthrádála na hinstitiúide nó le laghduithe eile ar chistí dílse a bhaineann leis an neamhchosaint seachas na hasbhaintí a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 36(1), pointe (m), a shannadh don chuid neamhchumhdaithe de luach na neamhchosanta.
3. Chun críocha an Airteagail seo, is é (G_A) méid na cosanta creidmheasa arna choigeartú i leith riosca malairte eachtraí (G^*) arna ríomh faoi Airteagal 233(3) arna choigeartú tuilleadh le haghaidh aon aisioncronacht aibíochta mar a leagtar síos i Roinn 5. den Chaibidil seo. Is é luach na neamhchosanta (E) luach na neamhchosanta arna chinneadh i gcomhréir le Caibidil 3, Roinn 5. Déanfaidh institiúidí luach na neamhchosanta i gcás ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe seachas díorthaigh arna láimhseáil faoi Chur Chuige IRB a ríomh trí úsáid a bhaint as CCF 100 % seachas as an SA-CCFanna nó IRB-CCF dá bhforáiltear in Airteagal 166(8), (8a) agus (8b).’;

(143) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 236a

Méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh a ríomh faoin gcur chuige ionadaíochta i gcás ina láimhseáiltear an neamhchosaint ráthaithe faoi Chur Chuige IRB trína meastacháin féin ar LGD a úsáid agus ina láimhseáiltear an neamhchosaint dhíreach inchomparáide ar sholáthraí na cosanta faoi Chur Chuige IRB

1. I gcás aon neamhchosanta lena ngabhann cosaint creidmheasa neamhchistithe a gcuireann institiúid Cur Chuige IRB a leagtar amach i gCaibidil 3 i bhfeidhm ina leith trína meastacháin féin ar LGD a úsáid agus i gcás ina bhfuil neamhchosaintí díreacha inchomparáide ar an soláthraí cosanta arna láimhseáil faoi Chur Chuige IRB a leagtar amach i gCaibidil 3, ach, ***gan a meastacháin féin ar LGD a úsáid***, cinnfidh ***an*** institiúid cuid chumhdaithe na neamhchosanta mar an luach is ísle de luach na neamhchosanta (E) agus luach coigeartaithe na cosanta creidmheasa neamhchistithe (G_A), ***arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 235a(1)***. Ríomhfaidh an institiúid méid na neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca agus méid an chaillteanais ionchasaigh i gcás na coda cumhdaithe de luach na neamhchosanta trí úsáid a bhaint as an PD, an LGD agus an fheidhm chéanna ualaithe riosca agus na cinn a úsáidtear i gcás aon neamhchosanta díri inchomparáide ar an soláthraí cosanta, agus féadfaidh siad, i gcás inarb infheidhme, an aibíocht (M) a bhaineann leis an neamhchosaint fholuiteach a úsáid, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 162.
2. I gcás institiúidí a chuireann Cur Chuige IRB a leagtar amach i gCaibidil 3 i bhfeidhm, ach gan a meastacháin féin ar LGD a úsáid le haghaidh neamhchosaintí díreacha inchomparáide ar an soláthraí cosanta, cinnfidh siad an LGD i gcomhréir le hAirteagal ***161(1)***. I gcás neamhchosaintí fo-ordaithe agus cosaint creidmheasa neamhchistithe neamh-fho-ordaithe, is é a bheidh san LGD atá le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir leis an gcuid chumhdaithe de luach na neamhchosanta an LGD atá bainteach le héilimh shinsearacha agus féadfaidh na h-institiúidí cuntas a thabhairt ar aon chosaint creidmheasa chistithe lena n-urraítear an chosaint creidmheasa neamhchistithe i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

3. I gcás institiúidí a chuireann Cur Chuige IRB a leagtar amach i gCaibidil 3 i bhfeidhm trína meastacháin féin ar LGD a úsáid le haghaidh neamhchosaintí díreacha inchomparáide ar an soláthraí cosanta, ríomhfaidh siad an t-ualú riosca agus an caillteanas ionchasach is infheidhme maidir leis an gcuid chumhdaithe den neamhchosaint fholuiteach trí úsáid a bhaint as an PD, an LGD agus an fheidhm chéanna ualaithe riosca agus na cinn a úsáidtear i gcás aon neamhchosanta díri inchomparáide ar an soláthraí cosanta, agus úsáidfídh siad, i gcás inarb infheidhme, an aibíocht (M) a bhaineann leis an neamhchosaint fholuiteach a úsáid, arna ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 162.
4. Institiúidí a chuireann Cur Chuige IRB i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí díreacha inchomparáide ar an soláthraí cosanta a úsáideann an modh dá bhforáiltear in Airteagal 153(5), úsáidfídh siad an t-ualú riosca agus an caillteanas ionchasach is infheidhme maidir leis an gcuid chumhdaithe den neamhchosaint a chomhfhreagraíonn do na cinn dá bhforáiltear in Airteagail 153(5) agus 158(6).
5. I gcás aon chuid neamhchumhdaithe de luach na neamhchosanta (E), úsáidfídh institiúidí an t-ualú riosca agus an caillteanas ionchasach a chomhfhreagraíonn don neamhchosaint fholuiteach. I gcás an ríomha a leagtar amach in Airteagal 159, déanfaidh institiúidí coigeartuithe ginearálta nó sonracha ar bith i leith riosca creidmheasa nó coigeartuithe luacha breise ar bith arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 34 a bhaineann le gnó leabhair neamhthrádála na hinstitiúide nó le laghduithe eile ar chistí dílse a bhaineann leis an neamhchosaint seachas na hasbhaintí a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 36(1), pointe (m), a shannadh don chuid neamhchumhdaithe de luach na neamhchosanta.’;

(144) i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 4, scriostar Roinn 6;

(145) *in Airteagal 252, pointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an sainmhíniú ar RW*:*

‘RW = méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca chun críocha Airteagal 92(4),
pointe (a);’*

(146) **■** *leasaítear Airteagal 273 mar a leanas:*

(a) *i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:*

*‘Ríomhfaidh institiúidí luach neamhchosanta na gconarthaí a liostaítear in
Iarscríbhinn II agus na ndíorthach creidmheasa, cé is moite de na díorthaigh
chreidmheasa dá dtagraítear i míreanna 3 agus 5 den Airteagal seo, ar bhonn
ceann de na modhanna a leagtar amach i Ranna 3 go 6 i gcomhréir leis
an Airteagal seo.’;*

(b) *i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):*

*‘(b) i gcomhréir le hAirteagal 183, i gcás inar tugadh cead i gcomhréir le
hAirteagal 143.’;*

(147) *in Airteagal 273a, leasaítear mír 3 mar a leanas:*

(a) *sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):*

*‘(b) déanfar luach absalóideach an tsuímh fhada chomhiomlánaithe a shuimiú le
luach absalóideach an tsuímh ghearr chomhiomlánaithe;’;*

(b) *cuirtear na fomhíreanna seo a leanas isteach:*

‘Chun críocha na chéad fhomhíre, is ionann ciall na suíomhanna fada agus suíomhanna gearra agus an chiall a leagtar amach in Airteagal 94(3).

Chun críocha na chéad fhomhíre, beidh luach an tsuímh fhada (gearr) chomhiomlánaithe cothrom le suim luachanna na suíomhanna fada (gearr) aonair a áirítear sa ríomh i gcomhréir le pointe (c).’;

(148) leasaítear Airteagal 273b mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha maidir le modhanna simplithe a úsáid chun luach neamhchosanta díorthach a ríomh agus maidir leis an gcur chuige simplithe chun na ceanglais cistí dílse i gcás riosca CVA a ríomh’;

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Scoirfidh institiúidí de luachanna neamhchosanta a suíomhanna díorthach a ríomh i gcomhréir le Roinn 4 nó 5 agus de na ceanglais cistí dílse i gcás riosca CVA a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 385, de réir mar is infheidhme, laistigh de 3 mhí ón uair a tharlóidh ceann amháin de na cásanna seo a leanas:’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. I gcás inar scoir institiúidí de luachanna neamhchosanta a suíomhanna díorthach a ríomh i gcomhréir le Roinn 4 nó 5 agus de na ceanglais cistí dílse i gcás riosca CVA a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 385, de réir mar is infheidhme, ní cheadófar dóibh luachanna neamhchosanta a suíomhanna díorthacha a ríomh arís mar a leagtar amach i Roinn 4 nó 5 agus na ceanglais cistí dílse i gcás riosca CVA a ríomh arís i gcomhréir le hAirteagal 385 ach amháin i gcás ina léiríonn siad don údarás inniúil gur comhlíonadh na coinníollacha uile a leagtar amach in Airteagal 273a(1) nó (2), ar feadh tréimhse 1 bhliain amháin gan bhriseadh.’;

(149) leasaítear Airteagal 274 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. I gcás ina bhfuil feidhm ag roinnt comhaontuithe corrlaigh leis an tacar glanluachála céanna, nó i gcás ina n-áirítear sa tacar glanluachála céanna idir idirbhearta atá faoi réir comhaontú corrlaigh agus idirbhearta nach bhfuil faoi réir comhaontú corrlaigh, ríomhfaidh institiúid luach a neamhchosanta mar a leanas:

(a) bunóidh an institiúid na fothacair hipitéiseacha glanluachála lena mbaineann, a bheidh comhdhéanta d’idirbhearta arna n-áireamh sa tacar glanluachála, mar a leanas:

- (i) déanfar gach idirbheart atá faoi réir comhaontú corrlaigh agus faoi réir na tréimhse céanna corrlaigh faoi riosca arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 285(2) go (5) a leithdháileadh chuig an bhfothacar céanna glanluachála;
 - (ii) déanfar gach idirbheart nach bhfuil faoi réir comhaontú corrlaigh a leithdháileadh chuig an bhfothacar céanna glanluachála, a bheidh leithleach ó na fothacair glanluachála arna mbunú i gcomhréir le pointe (i) den mhír seo;
- (b) ríomhfaidh an institiúid costas athsholáthair an tacair glanluachála i gcomhréir le hAirteagal 275(2), agus na hidirbhearta uile sa tacar glanluachála á gcur san áireamh, bíodh siad faoi réir comhaontú corrlaigh nó ná bíodh, agus cuirfidh sí gach ceann den mhéid seo a leanas i bhfeidhm:
- (i) déanfar CMV na n-idirbheart uile laistigh de thacar glanluachála a ríomh mar aon le haon chomhthaobhacht arna sealbhú nó arna breacadh i gcás ina bhfuil margadhluachanna deimhneacha agus diúltacha arna ríomh i bhfoirm ghlan agus CMV á ríomh;
 - (ii) déanfar NICA, VM, TH, agus MTA, i gcás inarb infheidhme, a ríomh ar leithligh mar shuim na n-ionchur céanna is infheidhme maidir le gach comhaontú corrlaigh ar leith de chuid an tacair glanluachála;

(c) déanfaidh an institiúid neamhchosaint fhéideartha thodhchaíoch an tacair glanluachála dá dtagraítear in Airteagal 278 a ríomh tríd an méid seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(i) beidh an t-íolraitheoir dá dtagraítear in Airteagal 278(1) bunaithe ar na hionchuir CMV, NICA agus VM, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le pointe (b) den mhír seo;

(ii) $\sum_a AddOn^{(a)}$ déanfar é a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 278, ar leithligh i gcás gach fothacair hipitéisigh glanluachála dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo’;

(b) i mír 6, cuirtear na fomhíreanna seo a leanas léi:

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír, cuirfidh institiúidí in ionad céadrogha loime digití arb ionann a luach ceangail agus K an teaglaím choiléir ábhartha de dhá rogha loma dhigiteacha ar cheannach nó ar dhíol arna ndíol agus arna gceannach a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

(a) tá an méid seo a leanas ag dhá rogha na teaglaima coiléir:

(i) an dáta éaga céanna agus spotphraghas nó réamhphraghas na hionstraime foluití agus atá ag an gcéadrogha lom dhigiteach;

(ii) luachanna ceangail atá cothrom le $0,95 \cdot K$ agus $1,05 \cdot K$ faoi seach;

- (b) beidh an teaghlaim choiléir ina macasamhail bheacht ar dhea-thoradh na céadrogha loime digití lasmuigh den raon idir an dá luach ceangail dá dtagraítear i bpointe (a).

Ríomhfar suíomh riosca dhá chéadrogha na teaglama coiléir dá dtagraítear sa dara fomhír ar leithligh i gcomhréir le hAirteagal 279.’;

(150) in Airteagal 276(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

- (d) déanfar luach aon chineáil comhthaobhachta arna choigeartú i bhfianaise na luaineachta, a fuarthas nó a breacadh, a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 223;’;**

(151) in Airteagal 277a(2), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (a), den mhír seo, sannfaidh institiúidí idirbhearta do thacar fálúcháin ar leithligh de chuid na catagóire riosca ábhartha de réir struchtúr an tacaí fálúcháin chéanna a leagtar amach i mír 1.’;

(152) leasaítear Airteagal 279a mar a leanas:

(a) i mír 1, pointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘(a) maidir le céadroghanna ar dhíol nó ar cheannach lena dtugtar cead do cheannaitheoir na céadrogha sin bunionstraim a cheannach nó a dhíol ar phraghas deimhneach ar aon dáta amháin nó ar an iliomad dátaí sa todhchaí, cé is moite de chásanna inar mapáladh na céadroghanna sin ar an gcatagóir riosca ráta úis nó riosca tráchtearraí, úsáidfidh institiúidí an fhoirmle seo a leanas:’;

(b) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) i gcomhréir leis na forbairtí rialála idirnáisiúnta, na foirmlí a úsáidfidh institiúidí chun ríomh a dhéanamh ar dheilte mhaoirseachta na gcéadroghanna ar cheannach agus ar dhíol arna mapáil ar an gcatagóir riosca ráta úis nó riosca tráchtearraí atá comhoiriúnach le dálaí margaidh faoina bhféadfadh rátaí úis nó praghsanna tráchtearraí a bheith diúltach agus an luaineacht mhaoirseachta atá oiriúnach do na foirmlí sin;’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].’;

(153) *leasaítear Airteagal 285 mar a leanas:*

(a) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:*

‘7. Mura bhfuil institiúid in ann comhthaobhacht a shamhaltú go comhpháirteach leis an neamhchosaint, ní dhéanfaidh sí éifeacht na comhthaobhachta a aithint ina ríomhanna den luach neamhchosanta maidir le díorthaigh thar an gcuntar seachas airgead tirim den airgeadra céanna leis an neamhchosaint í féin, mura rud é go n-úsáideann an institiúid na coigeartuithe luaineachta faoin gCur Chuige Maoirseachta caighdeánach maidir le Coigeartuithe Luaineachta i gcomhréir le Caibidil 4.’;

(b) *cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*

‘7a. Mura bhfuil institiúid in ann comhthaobhacht a shamhaltú go comhpháirteach leis an neamhchosaint, ní aithneoidh sí ina ríomhanna den luach neamhchosanta maidir le hidirbhearta maoinithe urrús éifeacht na comhthaobhachta seachas airgead tirim den airgeadra céanna leis an neamhchosaint féin.’;

(154) *in Airteagal 291(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):*

(f) sa mhéid go n-úsáideann an ríomh um riosca margaidh leis sin le haghaidh ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca mainneachtana mar a leagtar amach i dTeideal IV, Caibidil 1d, Roinn 4 nó 5, nó le haghaidh riosca mainneachtana trí úsáid a bhaint as samhail inmheánach i gcomhair riosca mainneachtana mar a leagtar amach i dTeideal IV, Caibidil 1b, Roinn 3, ina bhfuil toimhde LGD cheana féin, is é 100 % an LGD a úsáidfear san fhoirmle.’;

(155) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid a Trí, Teideal III:

‘TEIDEAL III

CEANGLAS CISTÍ DÍLSE LE HAGHAIDH RIOSCA OIBRIÚCHÁIN

CAIBIDIL 1

An ceanglas cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca oibriúcháin

Airteagal 311a

Sainmhínithe

Chun críocha an Teidil seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘teagmhas riosca oibriúcháin’ aon teagmhas a bhfuil baint aige le riosca oibriúcháin a ngintear caillteanas nó caillteanais iomadúla dá dheasca, laistigh de 1 bhliain amháin airgeadais nó laistigh de bhlianta iomadúla airgeadais;
- (2) ciallaíonn ‘caillteanas comhlán comhiomlánaithe’ suim na gcaillteanas comhlán uile a bhfuil baint acu leis an teagmhas riosca oibriúcháin céanna thar 1 bhliain amháin airgeadais nó thar bhlianta iomadúla airgeadais;
- (3) ciallaíonn ‘glanchaillteanas comhiomlánaithe’ suim na nglanchaillteanas uile a bhfuil baint acu leis an teagmhas riosca oibriúcháin céanna thar 1 bhliain amháin airgeadais nó thar bhlianta iomadúla airgeadais;

- (4) *ciallaíonn ‘caillteanais ghrúpáilte’ gach caillteanas oibriúcháin a tharla de bharr truícear bunúsach coiteann nó bunchúis a d’fhéadfaí a ghrúpáil in aon teagmhas riosca oibriúcháin amháin.*

Airteagal 312

Ceanglas cistí dílse le haghaidh riosca oibriúcháin

Is é a bheidh sa cheanglas cistí dílse le haghaidh riosca oibriúcháin ná comhpháirt an táscaire gnó arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 313.

Airteagal 313

Comhpháirt an táscaire gnó

Ríomhfaidh institiúidí a gcomhpháirt táscaire gnó i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$BIC = \begin{cases} 0,12 \cdot BI, & \text{i gcás inarb amhlaidh gur } BI \leq 1 \\ 0,12 + 0,15 \cdot (BI - 1), & \text{i gcás inarb amhlaidh gur } 1 < BI \leq 30 \\ 4,47 + 0,18 \cdot (BI - 30), & \text{i gcás inarb amhlaidh gur } BI > 30 \end{cases}$$

i gcás inarb amhlaidh gur:

BIC = comhpháirt an táscaire gnó;

BI = comhpháirt an táscaire gnó, arna sloinneadh sna billiúin euro, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 314.

Airteagal 314

Táscaire gnó

1. Ríomhfaidh institiúidí a dtáscaire gnó i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$BI = ILDC + SC + FC$$

i gcás inarb amhlaidh gur:

BI = comhpháirt an táscaire gnó, arna sloinneadh sna billiúin euro;

ILDC = an chomhpháirt úis, léasanna agus díbhinne, arna sloinneadh sna billiúin euro agus arna ríomh i gcomhréir le mír 2;

SC = an chomhpháirt seirbhísí, arna sloinneadh sna billiúin euro agus arna ríomh i gcomhréir le mír 5;

FC = an chomhpháirt airgeadais, arna sloinneadh sna billiúin euro agus arna ríomh i gcomhréir le mír 6.

2. Chun críocha mhír 1, ríomhfar an chomhpháirt úis, léasanna agus díbhinne i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$ILDC = \min(IC, 0,0225 \cdot AC) + DC$$

i gcás inarb amhlaidh gur:

ILDC = an chomhpháirt úis, léasanna agus díbhinne;

IC = an chomhpháirt úis, arb é ioncam úis na hinstitiúide é ó gach sócmhainn airgeadais agus ioncam eile úis, lena n-áirítear ioncam úis ó **léasanna** airgeadais agus ioncam ó léasanna oibriúcháin agus ó bhrabúis ó shócmhainní léasaithe, lúide speansais úis na hinstitiúide ó gach dliteanas airgeadais agus ó speansais eile úis, lena n-áirítear speansas úis ó léasanna airgeadais agus oibriúcháin, ó dhímheas agus lagú sócmhainní léasaithe oibriúcháin, agus ó chailteanais uathu, arna ríomh mar mheán bliantúil luachanna absalóideacha na **ndifríochtaí** thar na 3 bliana airgeadais **roimhe sin**;

AC = an chomhpháirt sócmhainní, arb é suim iomlán olliasachtaí gan íoc, airleacain, urrúis úsmhara, lena n-áirítear bannaí rialtais, agus sócmhainní léasaithe na hinstitiúide é, arna ríomh mar an meán bliantúil thar na 3 bliana airgeadais *roimhe sin* ar bhonn na méideanna ag deireadh gach ceann de na blianta airgeadais faoi seach;

DC = an chomhpháirt díbhinne, arb é ioncam díbhinne na hinstitiúide é ó infheistíochtaí i stoic agus i gcistí nach bhfuil comhdhlúite i ráitis airgeadais na hinstitiúide, lena n-áirítear ioncam díbhinne ó fhochuideachtaí neamh-chomhdhlúite, ó ghnólachtaí comhlachaithe agus ó chomhfhiontair, arna ríomh mar an meán bliantúil thar na 3 bliana airgeadais *roimhe sin*.

3. *De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh máthairinstitiúid AE, go dtí an 31 Nollaig 2027, cead a iarraidh ar a maoirseoir comhdhlúthacháin ús, léasanna agus comhpháirt díbhinne ar leithligh a ríomh le haghaidh aon cheann dá fo-institiúidí sonracha agus toradh an ríomha sin a chur leis an gcomhpháirt úis, léasanna agus díbhinne arna ríomh, ar bhonn comhdhlúite, d'eintitis eile an ghrúpa i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:*

- (a) is iad gníomhaíochtaí baincéireachta miondíola nó tráchtála na bhfochuideachtaí an chuid is mó dá ngníomhaíocht;*
- (b) tá iasachtaí a bhfuil PD ard ag baint leo ina gcion suntasach de ghníomhaíochtaí baincéireachta miondíola nó tráchtála na bhfochuideachtaí;*
- (c) soláthraíonn úsáid an mhaolaithe bonn iomchuí chun ceanglas cistí dílse mháthairinstitiúid AE le haghaidh riosca oibriúcháin a ríomh.*

Agus an cead deonaithe, déanfaidh an maoirseoir comhdhlúthacháin athmheasúnú ar an gcead agus ar na coinníollacha a ghabhann leis gach 2 bhliain.

Tabharfaidh an maoirseoir comhdhlúthacháin fógra do ÚBE a luaithe a thabharfar an cead sin, a dheimhneofar é nó a tharraingeofar siar é.

Faoi 31 Nollaig 2031, cuirfidh ÚBE tuarascáil chuig an gCoimisiún maidir le húsáid agus oiriúnacht an mhaolaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ag féachaint, go háirithe, do na samhlacha gnó sonracha lena mbaineann agus do leordhóthanacht na gceanglas cistí dílse gaolmhara le haghaidh riosca oibriúcháin. Ar bhonn na tuarascála sin, agus aird chuí aige ar na caighdeáin ghaolmhara a d'fhorbair CBMB arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh an Coimisiún togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoi 31 Nollaig 2032.

4. *Go dtí an 31 Nollaig 2027 nó go dtí go dtabharfaidh an maoirseoir comhdhlúthacháin cead i gcomhréir le mír 3, cibé acu is túisce, féadfaidh máthairinstitiúid AE ar tugadh cead di an cur chuige caighdeánaithe malartach a chur i bhfeidhm maidir lena línte gnó baincéireachta miondíola agus baincéireachta tráchtála chun a ceanglas cistí dílse le haghaidh riosca oibriúcháin a ríomh, tar éis di a maoirseoir comhdhlúthacháin a chur ar an eolas, leanúint den chur chuige caighdeánaithe malartacha mar a leagtar amach sa leagan den Rialachán seo is infheidhme ... [lá amháin roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] chun críche ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca oibriúcháin a bhaineann leis an dá líne ghnó sin a ríomh agus i gcomhréir le raon feidhme an cheada atá aici cheana.*

5. Chun críocha mhír 1, ríomhfar an chomhpháirt seirbhísí i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$SC = \max(OI, OE) + \max(FI, FE)$$

i gcás inarb amhlaidh gur:

SC = an chomhpháirt seirbhísí;

OI = an t-ioncam oibriúcháin eile, arb é meánioncam bliantúil na hinstitiúide thar na 3 bliana airgeadais **roimhe sin** é ó ghnáthoibríochtaí baincéireachta nach n-áirítear le ítimí eile an táscaire gnó ach atá de chineál dá shamhail;

OE = na speansais **oibriúcháin** eile, arb iad meánspeansais agus meánchailteanais bhliantúla na hinstitiúide iad le linn na 3 bliana airgeadais roimhe sin ó ghnáthoibríochtaí baincéireachta nach n-áirítear le hítimí eile an táscaire gnó ach atá de chineál dá samhail, agus ó theagmhais riosca oibriúcháin;

FI = an chomhpháirt ioncaim ó tháillí agus ó choimisiúin, arb é meánioncam bliantúil na hinstitiúide thar na 3 bliana **roimhe sin** é arna fháil ó chomhairle agus ó sheirbhísí a sholáthar, lena n-áirítear ioncam arna fháil ag an institiúid mar sheachfhoinsitheoir seirbhísí airgeadais;

FE = an chomhpháirt speansas ó tháillí agus ó choimisiúin, arb iad na meánspeansais arna n-íoc ag an institiúid thar na 3 bliana **roimhe sin** iad as comhairle agus seirbhísí a fháil, lena n-áirítear táillí seachfhoinsithe arna n-íoc ag an institiúid as seirbhísí airgeadais a soláthraíodh, ach nach n-áirítear leo táillí seachfhoinsithe arna n-íoc as seirbhísí a soláthraíodh nach seirbhísí airgeadais iad.

Faoi réir cead an údaráis inniúil a fháil roimh ré, agus a mhéid atá córais oiriúnacha aonfhoirmeacha ar fáil don scéim cosanta institiúideach chun faireachán agus aicmiú a dhéanamh ar rioscaí oibriúcháin, féadfaidh institiúidí ar comhaltaí iad de scéim cosanta institiúideach a chomhlíonann ceanglais Airteagal 113(7) an chomhpháirt seirbhísí glan ó aon ioncam a fhaightear ó institiúidí nó ó aon chaiteachas a íoctar le hinstitiúidí, ar comhaltaí iad den scéim cosanta institiúideach chéanna, a ríomh.

Tá aon chaillteanais a eascraíonn as na rioscaí oibriúcháin gaolmhara faoi réir frithpháirtiú ar fud chomhaltaí na scéime cosanta institiúidí.

6. Chun críocha mhír 1, ríomhfar an chomhpháirt airgeadais i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$FC = TC + BC$$

i gcás inarb amhlaidh gur:

FC = an chomhpháirt airgeadais;

TC = comhpháirt an leabhair trádála, arb é meán bliantúil na luachanna absalóideacha glanbhrabúis nó glanchaillteanais é, de réir mar is infheidhme, ar leabhar trádála na hinstitiúide thar na 3 bliana airgeadais *deireanacha roimhe sin* é, *arna chinneadh mar is iomchuí i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta nó i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal I, Caibidil 3*, lena n-áirítear ó shócmhainní trádála agus dliteanais trádála, ó chuntasaíocht fálaíthe agus ó dhifríochtaí malartaithe;

BC = comhpháirt an leabhair baincéireachta, arb é meán bliantúil na luachanna absalóideacha glanbhrabúis nó glanchaillteanais thar na 3 bliana airgeadais *deireanacha roimhe sin* é, de réir mar is infheidhme, ar leabhar *neamhthrádála* na hinstitiúide, lena n-áirítear ó shócmhainní agus dliteanais airgeadais arna dtomhas ar luach cóir trí bhrabús agus trí chaillteanas, ó chuntasaíocht fálaíthe, ó dhifríochtaí malartaithe, agus ó ghnóthachain agus caillteanais réadaithe ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais nach dtomhaistear ar luach cóir trí bhrabús agus trí chaillteanas.

7. Ní úsáidfidh institiúidí aon cheann de na gnéithe seo a leanas le linn dóibh a dtáscaire gnó a ríomh:
- (a) ioncam agus speansais ó ghnólacht árachais nó athárachais;
 - (b) préimheanna arna n-íoc agus íocaíochtaí arna bhfáil ó pholasaithe árachais nó athárachais arna gceannach;
 - (c) speansais riaracháin, lena n-áirítear speansais foirne, táillí seachfhoinsithe arna n-íoc as seirbhísí a soláthraíodh nach seirbhísí airgeadais iad, agus speansais eile riaracháin;
 - (d) gnóthú speansas riaracháin lena n-áirítear gnóthú íocaíochtaí thar ceann custaiméirí;
 - (e) speansais áitribh agus sócmhainní seasta, ach amháin i gcás inar toradh iad na speansais sin ar theagmhais **riosca** oibriúcháin;
 - (f) dímhéas sócmhainní inláimhsithe agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe, seachas an dímhéas a bhaineann le sócmhainní léasaithe oibriúcháin, a áireofar i speansais léasa airgeadais agus oibriúcháin;
 - (g) soláthairtí agus cealú soláthairtí, seachas i gcás ina mbaineann na soláthairtí sin le teagmhais **riosca** oibriúcháin;

- (h) speansais i ngeall ar scairchaipiteal atá inaisíoctha ar éileamh;
- (i) lagú agus cealú laguithé;
- (j) athruithe ar cháilmheas arna n-aithint i mbrabús nó i gcaillteanas;
- (k) cáin chorparáide.

8. *I gcás ina bhfuil institiúid ag feidhmiú ar feadh níos lú ná 3 bliana, úsáidfídh sí meastacháin réamhbhreathnaitheacha gnó chun comhpháirteanna ábhartha a táscaire gnó a ríomh, ar choinníoll go bhfuil a húdarás inniúil sásta leis sin. Tosóidh an institiúid de bheith ag úsáid sonraí stairiúla a luaithe a bheidh na sonraí sin ar fáil.*
9. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun an méid seo a leanas a shonrú:
- (a) comhpháirteanna an táscaire gnó, ***agus a n-úsáid***, trí ***liostaí*** d'fho-ítimí tipiciúla a fhorbairt, agus caighdeáin rialála idirnáisiúnta ***agus, i gcás inarb iomchuí, an teorainn stuamachta a shainítear i gCuid a Trí, Teideal I, Caibidil 3, á gcur san áireamh***;

(b) na heilimintí a liostaítear i mír 7 den Airteagal seo.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun **an Rialachán seo a fhorlíonadh** trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo **a ghlacadh** i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

10. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun ítimí an táscaire gnó a shonrú trí na hítimí sin a mhapáil leis na cealla tuairiscithe **comhfhreagracha** a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún, **i gcás inarb iomchuí.**

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla **cur chun feidhme** sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

1. Déanfaidh institiúidí ítimí táscaire gnó de chuid eintiteas nó gníomhaíochtaí arna gcumasc nó arna bhfáil a chur san áireamh i ríomh a dtáscaire gnó ó thráth an chumaisc nó na fála, de réir mar is infheidhme, agus cumhdófar na 3 bliana airgeadais deireanacha *roimhe sin*.
2. Féadfaidh institiúidí cead a iarraidh ón údarás inniúil *méideanna* a bhaineann le heintitis dhiúscartha nó le gníomhaíochtaí diúscartha a eisiáil ón *táscaire* gnó [] .
3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun an méid seo a leanas a shonrú:
 - (a) conas atá na coigeartuithe ar an táscaire gnó dá dtagraítear i *míreanna* 1 agus 2 le cinneadh ag institiúidí;
 - (b) na coinníollacha faoina mbeidh údaráis inniúla in ann an cead dá dtagraítear i mír 2 a dheonú;
 - (c) an t-uainiú le haghaidh na gcoigeartuithe dá dtagraítear i mír 2.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [] 18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun *an Rialachán seo a fhorlíonadh* trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo *a ghlacadh* i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

CAIBIDIL 2

Bailiú sonraí agus rialachas

Airteagal 316

An caillteanas riosca oibriúcháin bliantúil a ríomh

1. Déanfaidh institiúidí a bhfuil a dtáscaire gnó cothrom le EUR 750 milliún nó níos mó **a gcuid caillteanas** riosca oibriúcháin bliantúil a ríomh mar shuim na nglanchaillteanas uile thar bhliain áirithe airgeadais, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 318(1), atá cothrom leis na tairseacha sonraí maidir le caillteanas a leagtar amach in Airteagal 319(1) nó (2), nó níos mó ná na tairseacha sin.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh údaráis inniúla tarscaoileadh ón gceanglas chun caillteanais riosca oibriúcháin bhliantúla a ríomh a thabhairt d'institiúidí nach mó **a dtáscaire** gnó ná EUR 1 bhilliún, ar choinníoll gur léirigh an institiúid chun sástacht an údaráis inniúil go mbeadh sé ina ualach míchuí ar an institiúid an chéad fhomhír a chur i bhfeidhm.

2. Chun críocha mhír 1, is é a bheidh sa táscaire gnó ábhartha an luach is airde den táscaire gnó a thuairiscigh an institiúid as measc na n-ocht ndáta tuairiscithe tagartha is déanaí. Bainfidh institiúid nár thuairiscigh a táscaire gnó go fóill úsáid as an táscaire gnó is déanaí dá bhfuil aici.

3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun an rud is ‘ualach míchuí’ a shonrú chun críocha mhír 1.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun *an Rialachán seo a fhorlíonadh* trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo *a ghlacadh* i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 317

Tacar sonraí maidir le caillteanas

1. I gcás institiúidí a ríomhann *caillteanas* riosca oibriúcháin bliantúil i gcomhréir le hAirteagal 316(1), beidh socruithe, próisis agus sásraí i bhfeidhm acu chun tacar sonraí maidir le caillteanas a bhunú agus a choinneáil cothrom le dáta ar bhonn leanúnach, ina dtiomsófar, i gcás gach teagmhais riosca oibriúcháin arna thaifeadadh, méideanna an chaillteanais chomhláin, gnóthuithe nach gnóthuithe árachais iad, gnóthuithe árachais, *dátaí* tagartha agus caillteanais ghrúpáilte, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as teagmhais mhí-iompair, .
2. Gabhfaidh tacar sonraí na hinstitiúide maidir le caillteanas gach teagmhas riosca oibriúcháin a eascraíonn as na heintitis uile atá faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe de bhun Chuid a hAon, Teideal II, Caibidil 2.

3. Chun críoch mhír 1, déanfaidh institiúidí:

- (a) gach teagmhas riosca oibriúcháin arna thaifeadadh i gcaitheamh bliain amháin airgeadais nó i gcaitheamh blianta iomadúla airgeadais a chur san áireamh sa tacar sonraí maidir le caillteanas;
- (b) dáta ■ na cuntasáiochta a úsáid chun caillteanais a bhaineann le teagmhais riosca oibriúcháin a chur san áireamh sa tacar sonraí maidir le caillteanas;
- (c) caillteanais agus gnóthuithe gaolmhara ■ ***i gcás teagmhais riosca oibriúcháin chomhchoitinn nó teagmhais riosca oibriúcháin ghaolmhara thar thréimhse ama,*** arna mbreacadh sna cuntais thar bhlianta éagsúla, a leithdháileadh ar na blianta airgeadais comhfhreagracha sa tacar sonraí maidir le caillteanas, i gcomhréir lena láimhseáil chuntasaíochta.

4. Baileoidh na hinstitiúidí freisin:

- (a) faisnéis maidir le dátaí tagartha na dteagmhas riosca oibriúcháin, lena n-áirítear:
 - (i) an dáta a tharla an teagmhas riosca oibriúcháin nó a thosaigh sé ar dtús ('dáta an tarlaithe'), i gcás ina bhfuil fáil air sin;
 - (ii) an dáta a tháinig an institiúid ar an eolas faoin teagmhas riosca oibriúcháin ('dáta an aimsithe');
 - (iii) an dáta nó na dátaí a tharlaíonn caillteanas de dheasca teagmhais riosca oibriúcháin, nó a dhéantar cúlchiste nó soláthar in aghaidh caillteanais, arna aithint i gcuntais bhrabúis agus chaillteanais na hinstitiúide ('dáta na cuntasáiochta');

- (b) faisnéis maidir le haon ghnóthú ar mhéideanna caillteanais chomhláin mar aon le faisnéis thuairisciúil faoi na cúiseanna a bhí leis na teagmhais chaillteanais nó faoi na gníomhaithe a spreag iad.

Beidh an líon mionsonraí san fhaisnéis thuairisciúil i gcomhréir le méid an chaillteanais chomhláin.

5. Teagmhais riosca oibriúcháin a bhaineann le riosca creidmheasa agus atá curtha san áireamh sa mhéid neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca don riosca creidmheasa, ní dhéanfaidh institiúid iad a chur san áireamh sa tacar sonraí maidir le caillteanas.
Teagmhais riosca oibriúcháin a bhaineann le riosca creidmheasa ach nach bhfuil curtha san áireamh sa mhéid neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca don riosca creidmheasa, áireofar iad sa tacar sonraí maidir le caillteanas.
6. Teagmhais riosca oibriúcháin a bhaineann le riosca margaidh, déanfar iad a láimhseáil mar riosca oibriúcháin agus áireofar iad sa tacar sonraí maidir le caillteanas.
7. Arna iarraidh sin don údarás inniúil, beidh institiúid in ann a sonraí stairiúla maidir le caillteanas inmheánach a mhapáil ar an gcineál **teagmhais** .
8. Chun críocha an Airteagail seo, áiritheoidh institiúidí fíontacht, stóinseacht agus feidhmíocht **a gcóras agus** a mbonneagair TF is gá chun an tacar sonraí maidir le caillteanas a choinneáil ar bun agus a thabhairt cothrom le dáta, go háirithe tríd an méid seo a leanas ar fad a áirithiú:
- (a) tá a gcórais agus a mbonneagar fíonta agus athléimneach agus féadtar an fhíontacht agus an athléimneacht sin a choinneáil ar bun go leanúnach;

- (b) tá ***a gcórais agus*** a mbonneagar TF faoi réir próisis bainistithe cumraíochta, bainistithe athruithe agus bainistithe scaoilte;
- (c) i gcás ina seachfhóinsíonn institiúid codanna de chothabháil ***a gcóras agus*** a mbonneagair TF, áirithítear fóntacht, stóinseacht agus feidhmíocht na gcóras agus an bhonneagair TF tríd an méid seo a leanas ar a laghad a dheimhniú:
- (i) tá a córais agus a mbonneagar fóna agus athléimneach agus féadtar an fhóntacht agus an athléimneacht sin a choinneáil ar bun go leanúnach;
- (ii) tá an próiseas atá ann chun na córais agus an bonneagar TF a phleanáil, a chruthú, a thástáil agus a chur chun feidhme fóna agus cuí i dtaca le bainistíocht tionscadal, bainistiú riosca, rialachas, innealtóireacht, dearbhú cáilíochta agus pleanáil tástála, forbairt agus samhaltú córas, dearbhú cáilíochta i ngach gníomhaíocht, lena n-áirítear athbhreithnithe ar chóid agus i gcás inarb iomchuí, fíorúchán cóid, agus tástáil, lena n-áirítear glacadh i measc úsáideoirí;

- (iii) tá **a córais agus** a mbonneagar TF faoi réir próisis bainistithe cumraíochta, bainistithe athruithe agus bainistithe scaoilte;
 - (iv) formheasann an comhlacht bainistíochta nó an lucht bainistíochta sinsearaí an próiseas atá ann chun **na córais agus** an bonneagar TF a phleanáil, a chruthú, a thástáil agus a chur chun feidhme agus cuirtear ar an eolas iad go tráthrialta faoi na córais TF agus faoi fheidhmíocht an bhonneagair.
9. Chun críocha mhír 7, **forbróidh** ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena mbunófar tacsanomaíocht riosca maidir le riosca oibriúcháin **atá i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta** agus modheolaíocht chun **na teagmhais chaillteanais arna gcur san áireamh sa tacar sonraí maidir le caillteanas a aicmiú de réir na tacsanomaíochta riosca sin maidir le riosca oibriúcháin.**

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun **an Rialachán seo a fhorlíonadh** trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo **a ghlacadh** i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

10. Chun críocha mhír 8, forbróidh ÚBE treoirlínte, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ina míneofar na gnéithe teicniúla is gá chun fóntacht, stóinseacht agus feidhmíocht na socruithe rialachais chun an tacar sonraí maidir le caillteanas a choinneáil ar bun a áirithiú, ina mbeidh fócas ar leith ar chórais agus ar bhonneagair TF.

Airteagal 318

Méid an ghlancaillteanais agus an chaillteanais chomhláin a ríomh

1. Chun críocha Airteagal 316(1), déanfaidh institiúidí glancaillteanas a ríomh i gcás gach teagmhais riosca oibriúcháin mar a leanas:

$\text{glancaillteanas} = \text{caillteanas comhlán} - \text{gnóthú}$

i gcás inarb amhlaidh gur:

$\text{caillteanas comhlán} = \text{caillteanas a bhfuil baint aige le teagmhas riosca oibriúcháin sula mbeidh gnóthú d'aon chineál ann;}$

gnóthú = tarlú neamhspleách amháin nó tarluithe neamhspleácha iomadúla a bhaineann leis an teagmhas riosca oibriúcháin bunaidh, atá ar leithligh san am, ina bhfaightear cistí nó insreafaí tairbhí eacnamaíocha ó thríú páirtí.

Coinneoidh institiúidí ríomh an glanchaillteanais cothrom le dáta ar bhonn leanúnach i gcás gach teagmhais riosca oibriúcháin. Chuige sin, tabharfaidh institiúidí ríomh an glanchaillteanais cothrom le dáta bunaithe ar athruithe, iarbhír nó arna meas, ar an gcaillteanas comhlán agus ar an ngnóthú i gcás gach bliana de na 10 mbliana airgeadais roimhe sin. I gcás ina bhfeictear caillteanais, a bhfuil baint acu leis an teagmhas riosca oibriúcháin céanna, i gcaitheamh blianta airgeadais iomadúla laistigh den tréimhse 10 mbliana sin, déanfaidh an institiúid an méid seo a leanas a ríomh agus a choinneáil cothrom le dáta:

- (a) an glanchaillteanas, an caillteanas comhlán agus an gnóthú i gcás gach bliain airgeadais den tréimhse 10 mbliana sin inar taifeadadh an glanchaillteanas, an caillteanas comhlán agus an gnóthú sin;
- (b) glanchaillteanas comhiomlánaithe, caillteanas comhlán comhiomlánaithe agus gnóthú comhiomlánaithe bhlianta airgeadais ábhartha uile na tréimhse 10 mbliana.

2. Chun críocha mhír 1, áireofar na hítimí seo a leanas i ríomh an chaillteanais chomhláin:
- (a) muirir dhíreacha, amhail laguithe, socraíochtaí, agus méideanna arna n-íoc chun an damáiste, na pionóis agus an t-ús ar riaráistí agus táillí dlí i gcuntais bhrabúis agus chaillteanais na hinstitiúide a shlánú, mar aon le díluachálacha, arb ann dóibh de dheasca an teagmhais riosca oibriúcháin, lena n-áirítear:
 - (i) i gcás ina mbaineann an teagmhas riosca oibriúcháin le riosca margaidh, na costais chun suíomhanna margaidh a leachtú sa mhéid caillteanais **arna thairfeadadh** de bharr na n-ítimí riosca oibriúcháin;
 - (ii) i gcás ina mbaineann íocaíochtaí le mainneachtain nó próisis neamhleordhóthanacha na hinstitiúide, pionóis, muirir úis, muirir ar riaráistí, táillí dlí agus, seachas an méid cánach a bhí dlite i dtosach, cáin, **ach amháin má tá an méid san áireamh cheana faoi phointe (e)**;
 - (b) costais arna dtabhú mar thoradh ar an teagmhas riosca oibriúcháin, lena n-áirítear speansais sheachtracha a bhfuil baint dhíreach acu leis an teagmhas riosca oibriúcháin agus costais deisiúcháin nó athsholáthair, arna dtabhú chun an suíomh a bhí i réim sular tharla an teagmhas riosca oibriúcháin a athbhunú;
 - (c) soláthairtí nó cúlchistí a chuirtear san áireamh sna cuntais bhrabúis agus chaillteanais in aghaidh thionchar féideartha an chaillteanais oibriúcháin, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as teagmhais mhí-iompair;

- (d) caillteanais a eascraíonn as teagmhais riosca oibriúcháin a bhfuil tionchar airgeadais cinntitheach acu a bhreachtar go sealadach i gcuntais neamhbhuana nó fionraí agus nach léirítear go fóill sna cuntais bhrabúis agus chaillteanais ('caillteanais ar feitheamh');
- (e) tionchair eacnamaíocha dhiúltacha arna mbreacadh do bhliain airgeadais de thoradh teagmhais riosca oibriúcháin a imríonn tionchar ar shreafaí airgid nó ar ráitis airgeadais blianta airgeadais roimhe sin ('caillteanais uainithe').

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (d), áireofar caillteanais ábharacha ar feitheamh sa tacar sonraí maidir le caillteanas laistigh de thréimhse ama i gcomhréir le méid agus aois na hítíme ar feitheamh.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (e), caillteanais uainithe ábharacha cuirfidh an institiúid san áireamh iad sa tacar sonraí maidir le caillteanas i gcás inar thoradh iad ar theagmhais riosca oibriúcháin a mhaireann níos faide ná bliain airgeadais amháin . Cuirfidh institiúidí san áireamh sa mhéid caillteanais arna thaifeadadh den ítim riosca oibriúcháin de bhliain airgeadais, caillteanais atá mar thoradh ar cheartú earráidí i mbreacadh sa chuntas a tharla in aon bhliain airgeadais roimhe sin, fiú i gcás nach ndéanann na caillteanais sin difear díreach do thríú páirtithe. I gcás ina bhfuil caillteanais uainithe ábharacha ann agus ina ndéanann an teagmhas riosca oibriúcháin difear díreach do thríú páirtithe, lena n-áirítear custaiméirí, soláthraithe agus fostaithe de chuid na hinstitiúide, cuirfidh an institiúid san áireamh freisin athráiteas oifigiúil ar thuarascálacha airgeadais a eisíodh roimhe sin.

3. Chun críocha mhír 1, beidh na hítimí seo a leanas eisiata ó ríomh an chaillteanais chomhláin:
- (a) costais na cothabhála ginearálta ar chonarthaí maidir le maoin, gléasra nó trealamh;
 - (b) caiteachas inmheánach nó seachtrach chun feabhas a chur ar an ngnólacht i ndiaidh na gcaillteanas riosca oibriúcháin, lena n-áirítear uasghráduithe, feabhsuithe, tionscnaimh agus feabhsuithe i ndáil le measúnú riosca;
 - (c) préimheanna árachais.
4. Chun críocha mhír 1, ní úsáidfear gnóthuithe chun caillteanais chomhlána a laghdú ach amháin i gcás ina bhfuil an institiúid tar éis íocaíocht a fháil. Ní mheasfar suimeanna infhaighte a bheith ina ngnóthuithe.

Arna iarraidh sin don údarás inniúil, soláthróidh an institiúid an doiciméadacht uile is gá chun na híocaíochtaí arna bhfáil agus arna gcur san áireamh i ríomh an ghlancaillteanais ó theagmhas riosca oibriúcháin a fhíorú.

Airteagal 319

Tairseacha na sonraí maidir le caillteanas

1. Chun an caillteanas riosca oibriúcháin bliantúil a ríomh dá dtagraítear in Airteagal 316(1), cuirfidh institiúidí san áireamh as an tacar sonraí maidir le caillteanas teagmhais riosca oibriúcháin a bhfuil glanchaillteanas acu, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 318, atá cothrom le EUR 20 000 nó níos mó.
2. Gan dochar do mhír 1 den Airteagal seo, agus chun críocha Airteagal 446, ríomhfaidh institiúidí freisin an caillteanas riosca oibriúcháin bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 316(1), á gcur san áireamh as an tacar sonraí maidir le caillteanas teagmhais riosca oibriúcháin a bhfuil glanchaillteanas acu, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 318, atá cothrom le EUR 100 000 nó níos mó.
3. I gcás ina bhfuil caillteanais ann le linn níos mó ná aon bhliain airgeadais amháin mar thoradh ar theagmhas riosca oibriúcháin caillteanais, mar a thagraítear dó in Airteagal 318(1), an dara fomhír, is é an glanchaillteanas comhiomlánaithe an glanchaillteanas a bheidh le cur san áireamh le haghaidh na dtairseach dá dtagraítear i *míreanna* 1 agus 2 den Airteagal seo.

1. Féadfaidh *institiúid cead a iarraidh ón údarás inniúil* teagmhais riosca oibriúcháin eisceachtúla nach ábhartha iad a thuilleadh dá próifíl riosca a eisiamh ó ríomh a *caillteanais* riosca oibriúcháin bliantúil, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:
 - (a) is féidir leis an institiúid a léiriú chun sástachta an údaráis inniúil nach dtarlóidh arís an méid *ba chúis* don teagmhas riosca oibriúcháin as ar tháinig na caillteanais riosca oibriúcháin sin;
 - (b) *glanchaillteanas comhiomlánaithe* an *teagmhais* riosca oibriúcháin *chomhfhreagraigh*:
 - (i) beidh sé cothrom le **10** % de mheánchaillteanas riosca oibriúcháin bliantúil na h-institiúide nó níos mó, arna ríomh *le 10 mbliana airgeadais anuas agus* bunaithe ar an tairseach dá dtagraítear in Airteagal 319(1), i gcás ina dtagraíonn an teagmhas caillteanais riosca oibriúcháin do ghníomhaíochtaí ar cuid den táscaire gnó go fóill iad; nó
 - (ii) *bainfidh sé le* teagmhas **■** riosca oibriúcháin *a thagraíonn* do ghníomhaíochtaí arna ndífheistiú ón táscaire gnó i gcomhréir le hAirteagal 315(2);

- (c) bhí an caillteanas riosca oibriúcháin sa tacar sonraí maidir le caillteanas ar feadh tréimhse 1 bhliain amháin ar a laghad, mura rud é go mbaineann an caillteanas riosca oibriúcháin le gníomhaíochtaí arna ndífheistiú ón táscaire gnó i gcomhréir le hAirteagal 315(2).

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (c), den mhír seo, tosóidh an íostréimhse 1 bhliain amháin ón dáta inar mhó, den chéad uair, an teagmhas riosca oibriúcháin arna chur san áireamh sa tacar sonraí maidir le caillteanas ná an tairseach ábharthachta dá bhforáiltear in Airteagal 319(1).

2. Institiúid a iarrann an cead dá dtagraítear i mír 1, soláthróidh sí cúiseanna doiciméadaithe don údarás inniúil le ***teagmhas riosca oibriúcháin*** eisceachtúil a eisiamh, lena n-áirítear:

- (a) tuairisc ar an teagmhas riosca oibriúcháin;
- (b) cruthúnas go bhfuil an caillteanas atá mar thoradh ar an teagmhas riosca oibriúcháin os cionn na tairsí ábharthachta le haghaidh eisiamh caillteanas dá dtagraítear i mír 1, pointe (b)(i), lena n-áirítear an dáta a d'éirigh an teagmhas riosca oibriúcháin níos mó ná an tairseach ábharthachta;

- (c) an dáta a d'eisiafaí an teagmhas riosca oibriúcháin lena mbaineann, i bhfianaise na híostréimhse coinneála a leagtar amach i mír 1, pointe (c);
- (d) an fáth a meastar nach bhfuil an teagmhas riosca oibriúcháin ábhartha a thuilleadh do phróifíl riosca na hinstitiúide;
- (e) léiriú nach bhfuil neamhchosaintí dlíthiúla comhchosúla nó iarmharacha ann agus nach bhfuil an teagmhas riosca oibriúcháin a bheidh le heisiamh ábhartha do ghníomhaíochtaí eile ná do tháirgí eile;
- (f) tuarascálacha ar athbhreithniú nó ar bhailíochtú neamhspleách na hinstitiúide, á dheimhniú nach ábhartha a thuilleadh an teagmhas riosca oibriúcháin agus nach bhfuil neamhchosaintí dlíthiúla comhchosúla ná iarmharacha ann;
- (g) cruthúnas go bhfuil údarais inniúla na hinstitiúide tar éis an iarraidh ar eisiamh an teagmhais riosca oibriúcháin a fhormheas, trí phróisis formheasa na hinstitiúide, agus dáta an fhormheasa sin;
- (h) tionchar eisiamh an teagmhais riosca oibriúcháin ar an gcaillteanas riosca oibriúcháin bliantúil.

3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar na coinníollacha nach mór don údarás inniúil measúnú a dhéanamh orthu de bhun mhír 1, lena n-áirítear an chaoi a bhfuil an caillteanas riosca oibriúcháin bliantúil le ríomh agus na sonraíochtaí maidir leis an bhfaisnéis a bheidh le bailiú de bhun mhír 2 nó aon fhaisnéis thairis sin a mheastar a bheith riachtanach chun an measúnú a dhéanamh.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [30 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun *an Rialachán seo a fhorlíonadh* trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo *a ghlacadh* i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 321

Caillteanais de thoradh eintiteas nó gníomhaíochtaí arna gcumasc nó arna bhfáil a chur san áireamh

1. Caillteanais a eascraíonn as eintitis nó gníomhaíochtaí arna gcumasc nó arna bhfáil, áireofar iad sa tacar sonraí maidir le caillteanas a luaithe is a chuirfear na hítimí táscaire gnó a bhaineann leis na heintitis nó na gníomhaíochtaí sin san áireamh i ríomh tháscaire gnó na hinstitiúide i gcomhréir le hAirteagal 315(1). Chuige sin, caillteanais a tharla le linn tréimhse 10 mbliana roimh an bhfáil nó roimh an gcumasc, cuirfidh institiúidí san áireamh iad.

2. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar an chaoi a bhfuil institiúidí leis na coigeartuithe ar a dtacar sonraí maidir le caillteanas a chinneadh i ndiaidh dóibh caillteanais de thoradh eintiteas nó gníomhaíochtaí arna gcumasc nó arna bhfáil a chur san áireamh mar a thagraítear dó i mír 1.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [30 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun *an Rialachán seo a fhorlíonadh* trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo *a ghlacadh* i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 322

Cuimsitheacht, cruinneas agus cáilíocht na sonraí caillteanais

1. Beidh an t-eagrúchán agus na próisis i bhfeidhm ag institiúidí chun cuimsitheacht, cruinneas agus cáilíocht na sonraí caillteanais *a áirithiú agus chun na sonraí sin a chur faoi athbhreithniú neamhspleách*.
2. Déanfaidh údaráis inniúla athbhreithniú go tráthrialta, *agus gach 5 bliana ar a laghad*, ar cháilíocht na sonraí maidir le caillteanas de chuid institiúide a ríomhann *caillteanas* riosca oibriúcháin bliantúil i gcomhréir le hAirteagal 316(1). Déanfaidh údaráis inniúla athbhreithniú mar sin gach 3 bliana ar a laghad i gcás institiúid a bhfuil táscaire gnó aici is mó ná EUR 1 bhilliún.

1. Beidh na nithe seo a leanas i bhfeidhm ag institiúidí:
 - (a) córas dea-dhoiciméadaithe measúnaithe agus bainistithe riosca oibriúcháin mar dhlúthchuid den phróiseas chun próifíl riosca oibriúcháin na hinstitiúide a rialú agus chun faireachán a dhéanamh uirthi, é de dhlúth agus d'inneach na bpróiseas bainistíochta riosca ó lá go lá, agus freagrachtaí soiléire sannta ina leith; déanfar leis an gcóras measúnaithe agus bainistithe riosca oibriúcháin neamhchosaintí na hinstitiúide ar riosca oibriúcháin a shainaithint agus sonraí ábhartha maidir le riosca oibriúcháin a rianú, lena n-áirítear sonraí maidir le caillteanas ábharach;
 - (b) feidhm bainistithe riosca oibriúcháin atá neamhspleách ar aonaid ghnó agus oibriúcháin na hinstitiúide;
 - (c) córas chun tuairisciú chuig an lucht bainistíochta sinsearaí faoina soláthraítear tuairiscí ar riosca oibriúcháin do na feidhmeanna ábhartha laistigh den institiúid;
 - (d) córas chun faireachán agus tuairisciú tráthrialta a dhéanamh ar neamhchosaintí riosca oibriúcháin agus ar chaillteanais a tharlaíonn, agus nósanna imeachta chun gníomhartha ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh;
 - (e) gnáthaimh chun an comhlíonadh a áirithiú, agus beartais chun neamhchomhlíonadh a láimhseáil;

- (f) athbhreithnithe tráthrialta ar phróisis agus ar chórais measúnaithe agus bainistithe riosca oibriúcháin na hinstitiúide, arna ndéanamh ag iniúchóirí inmheánacha nó seachtracha a bhfuil an saineolas is gá acu;
 - (g) próisis bhailíochtaithe inmheánacha a fheidhmíonn ar bhealach fóna éifeachtach;
 - (h) sreafaí sonraí agus próisis, atá idir thrédhearcach agus inrochtana, i ndáil le córas measúnaithe riosca oibriúcháin na hinstitiúide.
2. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na hoibleagáidí faoi mhír 1, pointí (a) go (h), a shonrú, méid agus castacht na hinstitiúide á gcur san áireamh.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [30 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun **an Rialachán seo a fhorlíonadh** trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo **a ghlacadh** i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

* Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisciú maoirseachta institiúidí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 (IO L 97, 19.3.2021, lch. 1).’;

(156) leasaítear Airteagal 325 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 go 5:

‘1. Déanfaidh institiúid na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh i gcás gach ceann dá cuid suíomhanna leabhair trádála agus gach ceann dá cuid suíomhanna leabhair neamhthrádála atá faoi réir riosca malairte eachtraí nó riosca tráchtearraí a ríomh i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige seo a leanas:

- (a) an cur chuige caighdeánaithe malartach a leagtar amach i gCaibidil 1a;
- (b) an cur chuige malartach samhla inmheánaí a leagtar amach i gCaibidil 1b le haghaidh na suíomhanna sin arna sannadh do dheasca trádála ar thug údarás inniúil na hinstitiúide cead don institiúid an cur chuige malartach sin a úsáid mar a leagtar amach in Airteagal 325az(1);
- (c) an cur chuige caighdeánaithe simplithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, ar choinníoll go gcomhlíonann an institiúid na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 325a(1).

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ní dhéanfaidh institiúid ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca malairte eachtraí i gcás suíomhanna leabhair trádála agus suíomhanna leabhair neamhthrádála atá faoi réir riosca malairte eachtraí a ríomh i gcás ina ndéantar na suíomhanna sin a asbhaint as cistí dílse na hinstitiúide.

Déanfaidh an institiúid an úsáid a bhaineann sí as an maolú a leagtar amach san fhomhír seo a dhoiciméadú, lena n-áirítear tionchar agus ábharthacht na húsáide sin, agus cuirfidh sí an fhaisnéis ar fáil, arna iarraidh sin, dá húdarás inniúil.

2. Is é a bheidh sna ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh arna ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige caighdeánaithe simplithe ná suim na gceanglas cistí dílse seo a leanas, de réir mar is infheidhme:
 - (a) na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca suímh dá dtagraítear i gCaibidil 2 iolraithe faoin méid seo a leanas:
 - (i) 1,3, i gcás na rioscaí ginearálta agus sonracha a bhaineann le suíomhanna in ionstraimí fiachais, seachas ionstraimí urrúsúcháin dá dtagraítear in Airteagal 337;
 - (ii) 3,5, i gcás na rioscaí ginearálta agus sonracha a bhaineann le suíomhanna in ionstraimí cothromais;

- (b) na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca malairte eachtraí dá dtagraítear i gCaibidil 3, iolraithe faoi 1,2;
 - (c) na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca tráchtearraí dá dtagraítear i gCaibidil 4, iolraithe faoi 1,9;
 - (d) na ceanglais cistí dílse le haghaidh ionstraimí urrúsúcháin dá dtagraítear in Airteagal 337.
3. I gcás institiúid a úsáideann cur chuige malartach na samhlacha inmheánacha dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), den Airteagal seo, chun na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh i gcás suíomhanna leabhair trádála agus suíomhanna leabhair neamhthrádála atá faoi réir riosca malairte eachtraí nó riosca tráchtearraí, déanfaidh sí ríomh míosúil na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a thuairisciú dá húdarás inniúil, agus an cur chuige caighdeánaithe malartach dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo á úsáid aici, maidir le gach deasc thrádála dá bhfuil na suíomhanna sin sannta i gcomhréir le hAirteagal 104b.

4. Féadfaidh institiúid úsáid a bhaint as teaglaím ***den chur chuige*** caighdeánaithe malartach dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo agus as an gcur chuige malartach samhla inmheánaí dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), den Airteagal seo ar bhonn buan ■, ***ar choinníoll gurb ionann iomlán na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh arna ríomh tríd an gcur chuige malartach samhla inmheánaí agus 10 % ar a laghad d'iomlán na gceanglas cistí dílse i gcomhair riosca margaidh. Ar bhonn aonair***, ní úsáidfídh institiúid ceachtar de na cineálacha cur chuige sin i dteannta an chur chuige chaighdeánaithe shimplithe dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), den Airteagal seo. ***Ar leibhéal comhdhlúite, féadfaidh institiúid teaglaím de na trí chur chuige sin a úsáid chun na ceanglais ciste dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 325b(4), pointe (b), ar choinníoll nach n-úsáidtear an cur chuige caighdeánaithe simplithe i gcomhcheangal leis an dá chur chuige eile laistigh d'eintiteas dlíthiúil amháin.***
5. Ní úsáidfídh institiúid an cur chuige malartach samhla inmheánaí dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), le haghaidh ionstraimí ina leabhar trádála ar suíomhanna urrúsúcháin iad nó ar suíomhanna a áirítear sa phunann trádála comhghaoil mhalartach (ACTP) iad a leagtar amach i míreanna 6, 7 agus 8. ■ ';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

‘9. Déanfaidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena sonrófar mar a ríomhfaidh institiúidí na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh i gcás suíomhanna leabhair neamhthrádála atá faoi réir riosca malairte eachtraí nó riosca tráchtearraí i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige a leagtar amach i mír 1, pointí (a) nó (b), den Airteagal seo, á gcur san áireamh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 104b(5) agus (6), i gcás inarb infheidhme.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.’;

(157) leasaítear Airteagal 325a mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Coinníollacha maidir leis an gcur chuige caighdeánaithe simplithe a úsáid’;

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Féadfaidh institiúid na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh agus an cur chuige caighdeánaithe simplithe dá dtagraítear in Airteagal 325(1), pointe (c), á úsáid aici, ar choinníoll gur lú méid gnó na hinstitiúide laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe atá faoi réir riosca margaidh ná gach ceann de na tairseacha seo a leanas, nó go bhfuil sé cothrom leo, ar bhonn measúnú a dhéantar go míosúil, agus sonraí ó lá deireanach na míosa á n-úsáid:’;

(c) **leasaítear mír 2 mar a leanas:**

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) áireofar gach suíomh den leabhar neamhthrádála atá faoi réir riosca malairte eachtraí nó tráchtearraí, seachas na suíomhanna sin atá eisiata ó ríomh na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca malairte eachtraí i gcomhréir le hAirteagal 104c nó iad siúd a asbhaintear as cistí dílse na n-institiúidí féin;’;

(ii) **cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):**

(f) **déanfar luach absalóideach an tsuímh fhada chomhiomlánaithe a shuimiú le luach absalóideach an tsuímh ghearr chomhiomlánaithe.**’;

(iii) *cuirtear na fomhíreanna seo a leanas leis:*

‘Chun críocha na chéad fhomhíre, is ionann ciall na suíomhanna fada agus suíomhanna gearra agus an chiall a leagtar amach in Airteagal 94(3).

Chun críocha na chéad fhomhíre, beidh luach an tsuímh fhada (gearr) chomhiomlánaithe cothrom le suim luachanna na suíomhanna fada (gearr) aonair a áirítear sa ríomh i gcomhréir le pointí (a) agus (b) den fhomhír sin.’;

(d) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Scoirfidh institiúidí de na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh i gcomhréir leis an gcur chuige dá dtagraítear in Airteagal 325(1), pointe (c), laistigh de 3 mhí ó cheachtar díobh seo a leanas:’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. I gcás institiúid a scoir de na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh agus an cur chuige dá dtagraítear in Airteagal 325(1), pointe (c), á úsáid aici, ní cheadófar di tosú ar na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh ag úsáid an chur chuige sin ach amháin i gcás ina léiríonn sí don údarás inniúil go bhfuil na coinníollacha uile a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo á gcomhlíonadh ar feadh tréimhse 1 bhliain gan bhriseadh.’;

(f) *scriostar mír 8;*

(158) in Airteagal 325b, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

- ‘4. I gcás nár thug údarás inniúil an cead dá dtagraítear i mír 2 d’aon institiúid amháin ar a laghad nó d’aon ghnóthas amháin ar a laghad de chuid an ghrúpa, beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas chun na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir leis an Teideal seo:
- (a) ríomhfaidh an institiúid glansuíomhanna agus ceanglais cistí dílse i gcomhréir leis an Teideal seo le haghaidh na suíomhanna uile in institiúidí nó i ghnóthais de chuid an ghrúpa a bhfuil an cead dá dtagraítear i mír 2 á thabhairt don institiúid ina leith, agus an láimhseáil a leagtar amach i mír 1 á húsáid;
 - (b) ríomhfaidh an institiúid glansuíomhanna agus ceanglais cistí dílse i gcomhréir leis an Teideal seo ina gceann is ina gceann le haghaidh na suíomhanna uile i ngach institiúid nó i ngach ghnóthas de chuid an ghrúpa nach bhfuil an cead dá dtagraítear i mír 2 tugtha don institiúid ina leith;
 - (c) ríomhfaidh an institiúid iomlán na gceanglas cistí dílse i gcomhréir leis an Teideal seo ar bhonn comhdhlúite trí na méideanna arna ríomh i bpointí (a) agus (b) den mhír seo a shuimiú le chéile.

Chun críocha an ríomha dá dtagraítear sa chéad fhomhír, , pointí (a) agus (b), úsáidfídh institiúidí agus gnóthais dá dtagraítear san fhomhír sin an t-airgeadra tuairiscithe céanna agus an t-airgeadra tuairiscithe a úsáidtear chun na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh i gcomhréir leis an Teideal seo ar bhonn comhdhlúite don ghrúpa.’;

(159) leasaítear Airteagal 325c mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Raon feidhme, struchtúr agus ceanglais cháilíochtúla an chur chuige chaighdeánaithe mhalartaigh’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Beidh tacar doiciméadaithe de bheartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha i bhfeidhm ag institiúidí chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais na Caibidle seo agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar iad, agus cuirfidh na h-institiúidí an tacar sin ar fáil do na húdaráis inniúla. Tabharfar fógra in am agus i dtráth do na húdaráis inniúla faoi aon athruithe ar na beartais, nósanna imeachta agus rialuithe sin.’;

(c) cuirtear na míreanna ■ seo a leanas leis::

- ‘3. *De mhaolú ar mhír 2, déanfaidh institiúid na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige caighdeánaithe malartach dá sealúchais ionstraimí fiachais dílse féin mar shuim an dá chomhpháirt dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (c). Agus ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh i gcomhair ionstraimí fiachais dílse á ríomh faoin modh íogaireacht-bhunaithe dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), déanfaidh an institiúid na rioscaí ó raon difríochta creidmheasa na hinstitiúide féin a eisiamh ón ríomh sin.*
4. Beidh aonad rialaithe riosca atá neamhspleách ar aonaid trádála gnó ag institiúidí agus tuairisceoidh an t-aonad go díreach don lucht bainistíochta sinsearaí. Beidh an t-aonad rialaithe riosca sin freagrach as an gcur chuige caighdeánaithe malartach a dhearadh agus a chur chun feidhme. Ullmhóidh sé tuarascálacha míosúla maidir le haschur an chur chuige chaighdeánaithe mhalartaigh, agus maidir lena iomchuí atá teorainneacha trádála na hinstitiúide, agus déanfaidh sé anailís orthu.

5. Déanfaidh institiúidí athbhreithniú neamhspleách ar an gcur chuige caighdeánaithe malartach a úsáideann siad chun críocha na Caibidle seo chun sástachta na n-údarás inniúil, bíodh sin mar chuid dá bpróiseas tráthrialta inmheánach iniúchóireachta nó trí shainordú a thabhairt do ghnóthas tríú páirtí an t-athbhreithniú sin a dhéanamh.

Déanfar toradh an athbhreithnithe sin a thuairisciú do na comhlachtaí bainistíochta iomchuí.

Chun críocha na chéad fhomhíre, ciallaíonn ‘gnóthas tríú páirtí’ gnóthas a chuireann seirbhísí iniúchóireachta nó comhairliúcháin ar fáil d’institiúidí agus a bhfuil líon foirne aige a bhfuil scileanna leordhóthanacha acu sa réimse a bhaineann le riosca margaidh.

6. An t-athbhreithniú ar an gcur chuige caighdeánaithe malartach dá dtagraítear i mír 5, cumhdófar leis gníomhaíochtaí na n-aonad trádála gnó agus an aonaid neamhspleách rialaithe riosca araon agus déanfar measúnú ann ar an méid seo a leanas ***ar a laghad***:
- (a) na beartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar iad;
 - (b) leordhóthanacht dhoiciméadacht an chórais agus na bpróiseas bainistithe riosca agus eagrú an aonaid rialaithe riosca dá dtagraítear i mír ***4 den Airteagal seo***;

- (c) a bheichte atá ríomhanna íogaireachta agus an próiseas a úsáidtear chun na ríomhanna sin a dhíorthú ó shamhlacha praghsála na hinstitiúide atá mar bhonn le brabús agus caillteanas a thuairisciú don lucht bainistíochta sinsearaí, mar a thagraítear dó in Airteagal 325t;
- (d) an próiseas fíorúcháin a úsáideann an institiúid chun meastóireacht a dhéanamh ar chomhsheasmhacht, tráthúlacht agus iontaofacht na bhfoinsí sonraí a úsáidtear chun na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh agus an cur chuige caighdeánaithe malartach á úsáid aici, lena n-áirítear neamhspleáchas na bhfoinsí sonraí sin.

Déanfaidh institiúid an t-athbhreithniú dá dtagraítear sa chéad fhomhír uair amháin sa bhliain ar a laghad, nó ar bhonn nach bhfuil chomh minic sin ***suas le gach 2 bhliain i gcás inar féidir leis an institiúid a léiriú chun sástachta an údaráis inniúil go dtugann méid, tábhacht shistéamach, cineál, scála agus castacht ghnó a leabhair trádála údar maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar bhonn nach bhfuil chomh minic sin.***

7. *An ríomh dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, lena n-áirítear go ndéanfaidh institiúid na ceanglais a leagtar amach sa Chaibidil seo agus in Airteagal 325a a chur chun feidhme, fíoróidh na húdaráis inniúla go ndéanfar go hionraic é.*
8. *Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn an mhodheolaíocht mheasúnacháin lena gcuirtear na húdaráis inniúla an fíorú dá dtagraítear i mír 7 ar bun a shonrú;*

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [48 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.';

(160) leasaítear Airteagal 325j mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfaidh institiúid na ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca margaidh de chuid suímh i ghnóthas comhinfheistíochta a ríomh, agus ceann amháin de na cineálacha cur chuige seo a leanas á úsáid aici:

- (a) institiúid a chomhlíonann an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 104(8), pointe (a), déanfaidh sí na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh an tsuímh sin trí amharc ar shuíomhanna foluiteacha an ghnóthais comhinfheistíochta, ar bhonn míosúil, amhail is dá mba i seilbh dhíreach na hinstitiúide a bhí na suíomhanna sin;
- (b) institiúid a chomhlíonann an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 104(8), pointe (b), déanfaidh sí na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh an tsuímh sin agus ceachtar de na cineálacha cur chuige seo a leanas á úsáid aici:
 - (i) déanfaidh sí an suíomh sa ghnóthas comhinfheistíochta a mheas mar shuíomh cothromais aonair arna leithdháileadh ar an mbuicéad ‘earnáil eile’ in Airteagal 325ap(1), Tábla 8;

- (ii) cuirfidh sí san áireamh na teorainneacha a shocraítear i sainordú an ghnóthais comhinfheistíochta agus sa dlí ábhartha.

■

Chun críocha an ríomha dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b)(ii), féadfaidh an institiúid an cur chuige simplithe a leagtar amach in Airteagal 132a(3) a úsáid chun na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca creidmheasa contrapháirtí agus chun ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca coigeartaithe luachála creidmheasa i gcás suíomhanna díorthacha de chuid an ghnóthais comhinfheistíochta.’;

- (b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘1a. Chun críocha na gcur chuige dá dtagraítear i mír 1, pointí (b), den Airteagal seo ■ , déanfaidh an institiúid:

- (a) na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca mainneachtana a leagtar amach i Roinn 5 agus le haghaidh fhorlíontán an riosca iarmharaigh a leagtar amach i Roinn 4 a chur i bhfeidhm maidir le suíomh i ngnóthas comhinfheistíochta, i gcás ina dtugann sainordú an ghnóthais comhinfheistíochta sin cead don institiúid infheistíocht a dhéanamh i neamhchosaintí a bheidh faoi réir na gceanglas cistí dílse sin; ***agus an cur chuige dá dtagraítear i mír 1, bpointe (b)(i), den Airteagal seo á úsáid aici, cuirfidh an institiúid an suíomh sa ghnóthas comhinfheistíochta san áireamh mar shuíomh cothromais aonair gan rátáil arna leithdháileadh ar an mbuicéad ‘gan rátáil’ in Airteagal 325y(1), Tábla 2; agus***

- (b) i gcás gach suímh sa ghnóthas comhinfheistíochta céanna, an cur chuige céanna a úsáid as measc na gcur chuige a leagtar amach i mír 1, pointe (b), den Airteagal seo, chun na ceanglais cistí dílse a ríomh ar bhonn neamhspleách mar phunann ar leithligh.’;
- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3, 4 agus 5:
- ‘3. Féadfaidh institiúid meascán de na cineálacha cur chuige dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b), a úsáid le haghaidh a cuid suíomhanna in GCanna. Mar sin féin, ní úsáidfí institiúid ach ceann amháin de na cineálacha cur chuige sin i gcomhair na suíomhanna uile sa GC céanna.
4. Chun críocha mhír 1, pointe (b)(ii), den Airteagal seo, déanfaidh institiúid na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh trí phunann hipitéiseach ***an ghnóthais comhinfheistíochta*** a tharraingeodh na ceanglais cistí dílse ab airde i gcomhréir le hAirteagal 325c(2), pointe (a), a chinneadh, bunaithe ar shainordú an ghnóthais comhinfheistíochta nó ar an dlí is ábhartha, á chur san áireamh an méid is mó luamhánaithe is féidir, i gcás inarb infheidhme.

Úsáidfí an institiúid an phunann hipitéiseach chéanna agus an ceann dá dtagraítear sa chéad fhomhír chun na ceanglais cistí dílse a ríomh, i gcás inarb infheidhme, le haghaidh riosca mainneachtana a leagtar amach i Roinn 5 agus le haghaidh fhorlíontán an riosca iarmharaigh a leagtar amach i Roinn 4 maidir le suíomh i ghnóthas comhinfheistíochta.

Formheasfaidh údarás inniúil na hinstitiúide an mhodheolaíocht arna forbairt ag an institiúid chun punanna hipitéiseacha gach suímh i ngnóthais chomhinfeistíochta dá n-úsáidfear na ríomhanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chinneadh.

5. Ní fhéadfaidh institiúid na cineálacha cur chuige dá dtagraítear i mír 1 a úsáid ach amháin i gcás ina gcomhlíonann an gnóthas comhinfeistíochta na coinníollacha uile a leagtar amach in Airteagal 132(3). I gcás nach gcomhlíonann an gnóthas comhinfeistíochta na coinníollacha uile a leagtar amach in Airteagal 132(3), déanfaidh an institiúid a suíomhanna sa ghnóthas comhinfeistíochta sin a shannadh don leabhar neamhthrádála.
6. **Chun** na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh maidir le suíomh i ngnóthas comhinfeistíochta a ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach i mír 1, pointe (a), féadfaidh **institiúidí** brath ar thríú páirtí chun an ríomh sin a dhéanamh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) is ceann díobh seo a leanas an tríú páirtí:

- (i) institiúid taisclainne nó institiúid taisclainne airgeadais an ghnóthais comhinfeistíochta, ar an gcoinníoll nach ndéanann an gnóthas comhinfeistíochta infheistíocht ach in urrúis agus go ndéanann sé gach urrús a chur i dtaisce san institiúid taisclainne sin nó san institiúid taisclainne airgeadais sin;
- (ii) i gcás gnóthais chomhinfeistíochta nach gcumhdaítear le pointe (i) den phointe seo, cuideachta bainistíochta an ghnóthais comhinfeistíochta, ar choinníoll go gcomhlíonann cuideachta bainistíochta an ghnóthais comhinfeistíochta na critéir a leagtar amach in Airteagal 132(3), pointe (a);

(iii) díoltóir *tríú páirtí ar choinníoll go ndéanann na tríú páirtithe dá dtagraítear i bpointe (i) nó (ii) den phointe seo nó díoltóir tríú páirtí eile mar sin na sonraí, an fhaisnéis nó na méadrachtaí riosca a sholáthar nó a ríomh;*

- (b) cuireann an tríú páirtí na ■ sonraí ■, an fhaisnéis ***nó méadrachtaí riosca*** ar fáil don institiúid chun an ceanglas cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh shuíomh an ghnóthais comhinfheistíochta i gcomhréir leis an gcur chuige dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo;
- (c) dhearbhaigh iniúchóir seachtrach a rinne iniúchadh ar an institiúid go bhfuil sonraí ■, faisnéis ***nó méadrachtaí riosca*** an tríú páirtí dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo leordhóthanach agus go bhfuil rochtain gan srian ag údarás inniúil na hinstitiúide ar na sonraí ■, ar an bhfaisnéis agus ar na ***méadrachtaí riosca*** sin ach í a iarraidh.

7. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun eilimintí teicniúla na modheolaíochta a shonrú tuilleadh chun na punanna hipitéiseacha a chinneadh chun críocha an chur chuige a leagtar amach i mír 4, lena n-áirítear an chaoi a bhfuil na hinstitiúidí leis an méid is mó luamhánaithe is féidir a chur san áireamh sa mhodheolaíocht, i gcás inarb infheidhme.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [30 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010’;

(161) in Airteagal 325q, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

- ‘2. Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca véige malairte eachtraí atá le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir le céadroghanna a bhfuil ionstraimí foluiteacha ag gabháil leo atá íogair ar an malairt eachtrach ná luaineachtaí atá intuigthe ó rátaí malairte idir na péirí airgeadraí. Déanfar na luaineachtaí intuigthe sin a mhapáil ar na haibíochtaí seo a leanas i gcomhréir le haibíochtaí na gcéadroghanna comhfhreagracha atá faoi réir ceanglais cistí dílse: 0,5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana agus 10 mbliana.’;

(162) in Airteagal 325s(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foirmle le haghaidh s_k :

1

$$s_k = \frac{V_i(1,01vol_k, x, y) - V_i(vol_k, x, y)}{0,01}$$

’;

(163) leasaítear Airteagal 325t mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar institiúid, dár tugadh cead úsáid a bhaint as an gcur chuige malartach samhla inmheánaí a leagtar amach i gCaibidil 1b, feidhmeanna praghsála an chórais tomhaiste riosca a ghabhann lena gcur chuige samhla inmheánaí a úsáid i dtaca le híogaireachtaí a ríomh faoin gCaibidil seo chun críocha an ríomha agus na gceanglas tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 325(3).’;

(b) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) úsáidtear na sainmhínithe malartacha sin chun críocha bainistithe riosca inmheánaigh nó chun tuairiscithe ar bhrabús agus caillteanais don lucht bainistíochta sinsearaí arna dhéanamh ag aonad neamhspleách rialaithe riosca laistigh den institiúid;’;

(c) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

‘(a) úsáidtear na sainmhínithe malartacha sin chun críocha bainistithe riosca inmheánaigh nó chun tuairiscithe ar bhrabús agus caillteanais don lucht bainistíochta sinsearaí arna dhéanamh ag aonad neamhspleách rialaithe riosca laistigh den institiúid;

(b) léiríonn an institiúid go bhfuil na sainmhínithe malartacha sin níos iomchuí chun na híogaireachtaí maidir leis an suíomh a ghabháil ná na foirmlí a leagtar amach san Fhoroinn seo, go léiríonn an claochlú líneach dá dtagraítear sa chéad fhomhír íogaireacht riosca véige, agus nach bhfuil na híogaireachtaí a thagann astu éagsúil go hábharach leis na cinn a thagann as cur i bhfeidhm na bhfoirmlí sin.’;

(164) *leasaítear Airteagal 325u mar a leanas:*

(a) *cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*

‘4a. De mhaolú ar mhír 1, go dtí an 31 Nollaig 2032, ní chuirfidh institiúid an ceanglas cistí dílse i gcomhair rioscaí iarmharacha i bhfeidhm maidir le hionstraimí nach bhfuil d’aidhm acu ach riosca margaidh suíomhanna sa leabhar trádála a fhálú a ghineann ceanglas cistí dílse i gcomhair rioscaí iarmharacha agus atá faoi réir rioscaí iarmharacha den chineál céanna agus a bhíonn na suíomhanna a fhálaíonn siad.

Tabharfaidh an t-údarás inniúil cead an láimhseáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chur i bhfeidhm más féidir leis an institiúid a léiriú ar bhonn leanúnach chun sástachta an údaráis inniúil go gcomhlíonann na hionstraimí na critéir a bheidh le láimhseáil mar shuíomhanna fálaíthe.

Tabharfaidh an institiúid tuairisc don údarás inniúil ar thoradh ríomh na gceanglas cistí dílse maidir leis na rioscaí iarmharacha do na hionstraimí uile a gcuirtear an maolú dá dtagraítear sa chéad fhomhír i bhfeidhm ina leith.’;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘6. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d’fhonn na critéir a shonrú atá le húsáid ag na h-institiúidí chun na suíomhanna a cháilíonn don mhaolú dá dtagraítear i mír 4a a shainaithint. Áireofar sna critéir sin, ar a laghad, cineál na n-ionstraimí dá dtagraítear sa mhír sin, glanbhrabús agus glanchaillteanas na suíomhanna comhcheangailte, íogaireachtaí na suíomhanna comhcheangailte agus na rioscaí atá fós neamhfhálaíthe sna suíomhanna comhcheangailte, ag cur san áireamh go háirithe gur féidir an suíomh bunaidh a fhálú le méid páirteach.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

7. ***Faoin 31 Nollaig 2029, tuairisceoidh ÚBE don Choimisiún maidir le tionchar chur i bhfeidhm na láimhseála dá dtagraítear i mír 4a. Cuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach bunaithe ar thorthaí na tuarascála sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le síneadh a chur leis an láimhseáil dá dtagraítear sa mhír sin.***’;

(165) in Airteagal 325v, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

- ‘3. ‘Maidir le díorthaigh chreidmheasa agus chothromais a thrádáiltear nach díorthaigh urrúsúcháin iad, déanfar méideanna JTD de réir comhpháirteanna aonair a chinneadh trí chur chuige an trébhreathnaithe a chur i bhfeidhm.’;

(166) *in Airteagal 325x, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*

‘5. I gcás ina gceadaítear, le téarmaí conarthacha nó dlíthiúla suímh dhíorthaigh a bhfuil ionstraim airgid fiachais nó cothromais mar bhunionstraim aige, agus atá fálaithe leis an ionstraim airgid fiachais nó cothromais sin, d’institiúid an dá chuid den suíomh sin a ghlanadh tráth éaga an chéad chuid le bheith aibí gan neamhchosaint ar riosca mainneachtana na hionstraime foluití, socrófar glanmhéid mainneachtana gan choinne an tsuímh chomhcheangailte a bheith cothrom le nialas.’;

(167) *in Airteagal 325y, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*

‘6. Chun críocha an Airteagail seo, sannfar do neamhchosaint an chatagóir cáilíochta creidmheasa a chomhfhreagraíonn don chatagóir cáilíochta creidmheasa a shannfaí di faoin gcur chuige caighdeánaithe i gcás riosca creidmheasa a leagtar amach i dTeideal II, Caibidil 2.’;

(168) *in Airteagal 325ab, scriostar mír 2;*

(169) *leasaítear Airteagal 325ad mar a leanas:*

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1

‘1. Déanfar glanmhéideanna JTD a iolrú faoin méid seo a leanas:

(a) *i gcás táirgí nach bhfuil i dtráinsí, na hualuithe riosca mainneachtana a chomhfhreagraíonn dá gcáilíocht chreidmheasa mar a shonraítear in Airteagal 325y(1) agus (2);*

(b) *i gcás táirgí i dtráinsí, na hualuithe riosca mainneachtana dá dtagraítear in Airteagal 325aa(1).’;*

(b) *i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foirmle le haghaidh DRC_b :*

‘

$$DRC_b = \sum_{i \in long} RW_i \cdot netJTD_i - WtS_{ACTP} \cdot \left(\sum_{i \in short} RW_i \cdot |netJTD_i| \right);$$

(170) in Airteagal 325ae, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Is mar seo a leanas a bheidh ualuithe riosca na bhfachtóirí riosca bunaithe ar na hairgeadraí san fhochatagóir airgeadra is leachtaí dá dtagraítear in Airteagal 325bd(7), pointe (b), agus ar airgeadra intíre na hinstitiúide:

(a) *i gcás fachtóirí riosca rátála saor ó riosca, na hualuithe riosca dá dtagraítear i mír 1, Tábla 3, den Airteagal seo arna roinnt ar $\sqrt{2}$;*

(b) *i gcás fachtóir riosca boilscithe agus fachtóirí riosca trasairgeadra-bhunaithe, na hualuithe riosca dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo arna roinnt ar $\sqrt{2}$.’;*

(171) leasaítear Airteagal 325ah mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) i dTábla 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad earnáil bhuicéad 13:

‘Eintitis earnála airgeadais, lena n-áirítear institiúidí creidmheasa arna n-ionchorprú nó arna mbunú ag rialtas láir, rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil, iasachtóirí cur chun cinn agus bannaí faoi chumhdach’;

(ii) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘Chun críocha an Airteagail seo, sannfar do neamhchosaint an chatagóir riosca creidmheasa a chomhfhreagraíonn don chatagóir cáilíochta creidmheasa a shannfaí di faoin gcur chuige caighdeánaithe i gcás riosca creidmheasa a leagtar amach i dTeideal II, Caibidil 2.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh institiúidí an neamhchosaint ar riosca atá ag banna faoi chumhdach gan rátáil a shannadh do bhuicéad 4 i gcás ina bhfuil céim cáilíochta creidmheasa 1 go 3 ag an institiúid a d’eisigh an banna faoi chumhdach.’;

(172) in Airteagal 325ai(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad shainmhíniú ρ_{kl} ^(ainm):

‘beidh ρ_{kl} ^(ainm) cothrom le 1 i gcás inar comhionann dhá ainm na n-íogaireachtaí k agus l; beidh sé cothrom le 35 % i gcás ina bhfuil dhá ainm na n-íogaireachtaí k agus l i mbuicéid 1 go 18 in Airteagal 325ah(1), Tábla 4, agus beidh sé cothrom le 80 % i ngach cás eile’;

(173) in Airteagal 325aj, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tsainmhínithe ar γ_{bc} ^(ráitail):

‘beidh γ_{bc} ^(ráitail) cothrom le:

- (a) 1, i gcás inar buicéid 1 go 17 iad buicéid b agus c agus i gcás ina bhfuil an chatagóir cáilíochta creidmheasa chéanna ag an dá bhuicéad sin (‘céim cáilíochta creidmheasa 1 go 3’ nó ‘céim cáilíochta creidmheasa 4 go 6’); beidh sé cothrom le 50 % i ngach cás eile; chun críocha an ríomha sin, measfar go mbeidh an chatagóir cáilíochta creidmheasa chéanna ag buicéad 1 agus atá ag buicéid a bhfuil céim cáilíochta creidmheasa 1 go 3 acu;
- (b) 1, i gcás inar buicéad 18 é ceachtar de bhuicéid b nó c;
- (c) 1, i gcás inar buicéad 19 é ceann de bhuicéid b nó c agus i gcás ina bhfuil céim cáilíochta creidmheasa 1 go 3 ag an mbuicéad eile; beidh sé cothrom le 50 % i ngach cás eile;
- (d) 1, i gcás inar buicéad 20 é ceann de bhuicéid b nó c agus i gcás ina bhfuil céim cáilíochta creidmheasa 4 go 6 ag an mbuicéad eile; beidh sé cothrom le 50 % i ngach cás eile;’;

(174) leasaítear Airteagal 325ak mar a leanas:

(a) **leasaítear** Tábla 6 **mar a leanas:**

(i) *leasaítear an colún ‘cáilíocht chreidmheasa’ mar a leanas:*

(1) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara ró:*

‘Céim cáilíochta creidmheasa 1 go 10’

(2) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú ró:*

‘Céim cáilíochta creidmheasa 11 go 17’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad earnáil bhuicéad 13:

‘Eintitis earnála airgeadais, lena n-áirítear institiúidí creidmheasa arna n-ionchorprú nó arna mbunú ag rialtas láir, rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil, iasachtóirí cur chun cinn agus bannaí faoi chumhdach’;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘Chun críocha an Airteagail seo, sannfar do neamhchosaint an chatagóir riosca creidmheasa a chomhfhreagraíonn don chatagóir cáilíochta creidmheasa a shannfaí di faoin gcur chuige caighdeánaithe i gcás riosca creidmheasa a leagtar amach i dTeideal II, Caibidil 2.

De mhaolú ar an dara mír, féadfaidh institiúidí neamhchosaint ar riosca banna faoi chumhdach gan rátáil a shannadh do bhuicéad 4 i gcás ina bhfuil céim cáilíochta creidmheasa 1 go 3 ag an institiúid a eisíonn an banna faoi chumhdach.’;

(175) ■ *leasaítear* Airteagal 325am *mar a leanas*;

(a) *i mír 1, Tábla 7, leasaítear an colún ‘cáilíocht chreidmheasa’ mar a leanas:*

(i) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chéad ró:*

‘Céim cáilíochta shinsearachsinséarach agus creidmheasa 1 go 10’;

(ii) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara ró:*

‘Céim cáilíochta neamhshinséarach agus creidmheasa 1 go 10’;

(iii) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú ró:*

‘Céim cáilíochta creidmheasa 11 go 17 agus gan rátáil’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. Chun críocha an Airteagail seo, sannfar do neamhchosaint an chatagóir riosca creidmheasa a chomhfhreagraíonn don chatagóir cáilíochta creidmheasa a shannfaí di faoin gCur Chuige **Bunaithe ar Rátálacha Seachtracha** a leagtar amach i dTeideal II, Caibidil 5.’;

(176) in Airteagal 325as, leasaítear Tábla 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ainm buicéid bhuicéad 3:

‘Fuinneamh - leictreachas’;

(b) cuirtear na réimsí seo a leanas isteach:

‘

3a	<i>Fuinneamh – trádáil carbóin faoi CTA an Aontais</i>	40 %
3b	<i>Fuinneamh — trádáil carbóin lasmuigh de CTA an Aontais</i>	60 %

’;

(177) leasaítear Airteagal 325ax mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

- ‘1. Buicéid le haghaidh fachtóirí riosca véige, beidh siad cosúil leis na buicéid arna mbunú le haghaidh fachtóirí riosca deilte i gcomhréir le Roinn 3, Foroinn 1.
2. Sannfar ualuithe riosca le haghaidh íogaireachtaí maidir le fachtóirí riosca véige i gcomhréir le haicme riosca na bhfachtóirí riosca, mar a leanas:

Tábla 1

Aicme riosca	Ualuithe riosca
Riosca ginearálta an ráta úis	100 %
Riosca raoin difríochta creidmheasa nach riosca urrúsúcháin é	100 %
Riosca raoin difríochta creidmheasa urrúsúcháin (ACTP)	100 %
Riosca raoin difríochta creidmheasa urrúsúcháin (nach mbaineann le ACTP)	100 %
Riosca cothromais (caipitliú mór agus innéacsanna)	77,78 %
Riosca cothromais (caipitliú beag agus earnálacha eile)	100 %
Riosca tráchtearraí	100 %
Riosca malairte eachtraí	100 %

;

(b) scriostar mír 3.’;

(c) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:*

‘6. Maidir le fachtóirí riosca ginearálta an ráta úis, fachtóirí riosca raoin difríochta creidmheasa agus fachtóirí riosca cuaire tráchtearraí, is é a bheidh san ualú riosca cuaire athruithe comhthreomhara na reann go léir maidir le gach cuar ar bhonn an ualaithe riosca deilte is airde dá dtagraítear i bhForoinn 1 i ndáil leis an mbuicéad riosca ábhartha.’;

(178) leasaítear Airteagal 325az mar a leanas:

(a) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:*

‘1. Féadfaidh institiúid an cur chuige malartach samhla inmheánaí a úsáid chun a ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an institiúid na ceanglais uile a leagtar síos sa Chaibidil seo.’;

(b) i mír 2, leasaítear an chéad fhomhír mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c) agus (d):

‘(c) tá na ceanglais chúlástála dá dtagraítear in Airteagal 325bf(3) á gcomhlíonadh ag na deasca trádála;

(d) tá na ceanglais sannta brabúis agus caillteanais (‘sannadh B&C’) dá dtagraítear in Airteagal 325bg á gcomhlíonadh ag na deasca trádála.’;

(ii) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(g) níl aon suíomh i ngnóthais chomhinfeistíochta a chomhlíonann an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 104(8), pointe (b), sannta do na deasca trádála.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Institiúidí ar deonáíodh cead dóibh chun an cur chuige malartach samhla inmheánaí a úsáid, déanfaidh siad an ceanglas tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 325(3) a chomhlíonadh freisin.’;

(d) *i mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):*

‘(b) an mhodheolaíocht measúnaithe faoina bhfíoraíonn údaráis inniúla an gcomhlíonann institiúid na ceanglais a leagtar amach sa Chaibidil seo.’;

(e) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:*

‘9. Eiseoidh ÚBE tuairim i dtaobh arbh ann d'imthosca urghnácha mar a thagraítear dóibh i mír 5 den Airteagal seo agus in Airteagal 325bf(6), an dara fomhír.

Chun an tuairim sin a sholáthar, déanfaidh ÚBE faireachán ar dhálaí an mhargaidh chun a mheasúnú arbh ann d'imthosca urghnácha agus i gcás inarb amhlaidh gurbh ann dóibh, tabharfaidh sé fógra láithreach don Choimisiún ina leith.

10. *Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na coinníollacha agus na táscairí a shonrú atá le húsáid ag ÚBE chun a chinneadh arbh ann d'imthosca urghnácha.*

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.';

(179) leasaítear *Airteagal 325ba* mar a leanas **I** :

(a) *i mír 1, cuirtear an fhomhír* seo a leanas *léi*:

I

'I gcás ina ríomhtar ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh ag úsáid samhail inmheánach i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, ní áireoidh institiúid a raonta difríochta creidmheasa féin le linn di na bearta dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) a ríomh maidir le suíomhanna in ionstraimí fiachais dílse na hinstitiúide.';

(b) i mír 2, cuirtear an **II** fhomhír seo a leanas léi:

II

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ní bheidh institiúid faoi réir an cheanglais cistí dílse breise maidir le sealúchais a hionstraimí fiachais féin.’;

II

(c) cuirtear an mhír seo a leanas léi:

‘3. I gcás institiúid a úsáideann samhail inmheánach mhalartach, déanfaidh sí iomlán na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh i gcás na suíomhanna leabhair trádála uile agus na suíomhanna leabhair neamhthrádála uile a ghineann riosca malairte eachtraí nó riosca tráchtearraí a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$AIMA_x = \min(AIMA + PLA_{addon} + ASA_{non-aima} ; ASA_{all portfolio}) \\ + \max(AIMA - ASA_{aima} ; 0)$$

i gcás inarb amhlaidh gur:

$AIMA$ = suim na gceanglas cistí dílse dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2;

PLA_{addon} = an ceanglas cistí dílse breise dá dtagraítear in Airteagal 325bg(2);

$ASA_{\text{non-aima}}$ = na ceanglais cistí dílse arna ríomh le haghaidh riosca margaidh faoin gcur chuige caighdeánaithe malartach dá dtagraítear in Airteagal 325(1), pointe (a), i gcás phunann na suíomhanna leabhair trádála agus suíomhanna leabhair neamhthrádála a ghineann riosca malairte eachtraí nó riosca tráchtearraí **a n-úsáideann** an institiúid an cur chuige **caighdeánaithe malartach** ina leith chun na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh;

$ASA_{\text{all portfolio}}$ = na ceanglais cistí dílse arna ríomh le haghaidh riosca margaidh faoin gcur chuige caighdeánaithe malartach dá dtagraítear in Airteagal 325(1), pointe (a), i gcás phunann na suíomhanna leabhair trádála uile agus na suíomhanna leabhair neamhthrádála uile a ghineann riosca malairte eachtraí nó riosca tráchtearraí;

ASA_{aima} = na ceanglais cistí dílse arna ríomh le haghaidh riosca margaidh faoin gcur chuige caighdeánaithe malartach dá dtagraítear in Airteagal 325(1), pointe (a), i gcás phunann na suíomhanna leabhair trádála agus suíomhanna leabhair neamhthrádála a ghineann riosca malairte eachtraí nó riosca tráchtearraí a n-úsáideann an institiúid an cur chuige dá dtagraítear in Airteagal 325(1), pointe (b), ina leith chun na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh.’;

(180) in Airteagal 325b, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

- ‘6. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar na critéir chun ionchuir sonraí a úsáid sa tsamhail tomhaiste riosca dá dtagraítear san Airteagal seo, lena n-áirítear critéir maidir le beachtas sonraí agus critéir maidir le calabrú na n-ionchur sonraí i gcás ina bhfuil sonraí margaidh leordhóthanach.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.’;

(181) in Airteagal 325bd, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

- ‘5a. *Áireofar airgeadraí Ballstát atá páirteach in MRM II i bhfochatagóir na n-airgeadraí is leachtaí agus na n-airgeadraí náisiúnta laistigh de chatagóir leathan fhachtóir riosca ráta úis Thábla 2.*’;

(182) leasaítear Airteagal 325be mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

‘Chun críocha an mheasúnaithe dá dtagraítear sa chéad mhír, féadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt d’institiúidí úsáid a bhaint as sonraí margaidh arna soláthar ag díoltóirí tríú páirtí.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘1a. ‘Féadfaidh údaráis inniúla ceanglas a chur ar institiúid gan fachtóir riosca a mheas a bheith insamhaltaithe, ar mheas an institiúid é a bheith insamhaltaithe i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, i gcás nach gcomhlíonann na hionchuir sonraí lenar cinneadh na cásanna de shuaitheadh a d’fhéadfadh tarlú sa todhchaí arna gcur i bhfeidhm maidir leis an bhfachtóir riosca na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 325bc(6) a chomhlíonadh chun sástachta na n-údarás inniúil.’;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘2a. In imthosca urghnácha, arb ann dóibh le linn tréimhsí ina dtagann laghdú suntasach ar ghníomhaíochtaí áirithe trádála sna margaí airgeadais, féadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt d’institiúidí a úsáideann an cur chuige a leagtar amach sa Chaibidil seo fachtóirí riosca nár mheas na hinstitiúidí sin a bheith insamhaltaithe roimhe seo i gcomhréir le mír 1 a mheas a bheith insamhaltaithe, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) tá na fachtóirí riosca atá faoi réir na láimhseála comhfhreagrach do na gníomhaíochtaí trádála atá laghdaithe go suntasach sna margaí airgeadais;
- (b) cuirtear an láimhseáil i bhfeidhm go sealadach agus ní chuirtear i bhfeidhm í go ceann tréimhse is faide ná 6 mhí laistigh de 1 bhliain airgeadais amháin;

- (c) leis an láimhseáil, ní laghdaítear ar bhealach suntasach iomlán na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh de chuid na n-institiúidí a chuireann i bhfeidhm í;
 - (d) tugann údaráis inniúla fógra do ÚBE láithreach faoi aon chinneadh cead a thabhairt d'institiúidí an cur chuige a leagtar amach sa Chaibidil seo a chur i bhfeidhm maidir le fachtóirí riosca a mheas a bheith insamhaltaithe nár measadh roimhe seo iad a bheith insamhaltaithe, agus faoi na gníomhaíochtaí trádála lena mbaineann, agus tugann siad foras leis an gcinneadh sin. ’;
- (d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Déanfaidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena sonrófar na critéir chun measúnú a dhéanamh, i gcomhréir le mír 1, ar cé acu atá nó nach bhfuil na fachtóirí riosca insamhaltaithe, lena n-áirítear i gcás ina n-úsáidtear sonraí margaidh *arna soláthar ag díoltóirí tríú páirtí*, mar aon le minicíocht an mheasúnaithe sin.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [**12** mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010’;

(183) leasaítear Airteagal 325bf mar a leanas:

(a) leasaítear mír 6 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Beidh an fachtóir iolrúcháin (m_c) cothrom, ar a laghad, le suim 1,5 móide forlíontán arna chinneadh i gcomhréir le Tábla 3. Maidir leis an bpunann dá dtagraítear i mír 5, ríomhfar an forlíontán sin ar bhonn líon na róluaineachtaí a tharla le linn an 250 lá gnó is déanaí arna fhianú le cúltástáil na hinstitiúide ar uimhir an luacha faoi riosca a ríomhfar i gcomhréir le pointe (a) den fhomhír seo. Beidh ríomh an fhorlíontáin faoi réir na gceanglas seo a leanas:’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘In imthosca urghnácha, féadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt d’institiúid ceann amháin nó an dá cheann díobh seo a leanas a dhéanamh:

- (a) ríomh an fhorlíontáin a theorannú don mhéid sin de atá ina thoradh ar róluaineachtaí de bhun cúltástáil ar athruithe hipitéiseacha, i gcás nach toradh ar easnaimh i samhail inmheánach mhalartach na hinstitiúide é líon na róluaineachtaí de bhun cúltástáil ar athruithe iarbhír;
- (b) na róluaineachtaí arna bhfianú le cúltástáil athruithe hipitéiseacha nó iarbhír a eisiamh ó ríomh an fhorlíontáin, i gcás nach toradh iad na róluaineachtaí sin ar easnaimh i samhail inmheánach mhalartach na hinstitiúide.’;

(iii) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘Chun críocha na chéad fhomhíre, féadfaidh údaráis inniúla luach m_c a mhéadú os cionn na suime dá dtagraítear san fhomhír sin, i gcás ina léirítear easnaimh i samhail inmheánach mhalartach institiúide lena gcuirtear cosc ar na ceanglais cistí dílse a bheith á dtomhas go hiomchuí le haghaidh riosca margaidh.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

‘8. De mhaolú ar mhíreanna 2 agus 6, féadfaidh údaráis inniúla a cheadú d’institiúid gan róluaineacht a chur san áireamh i gcás ina bhfuil athrú aon lae i luach a punainne a sháraíonn uimhir an luacha faoi riosca a ríomhtar le samhail inmheánach na hinstitiúide agus atá inchurtha i leith fachtóir riosca nach bhfuil insamhaltaithe.’

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘10. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar na coinníollacha agus na critéir ar i gcomhréir leo a fhéadfaidh institiúid gan róluaineacht a chur san áireamh i gcás ina bhfuil athrú aon lae i luach a punainne a sháraíonn uimhir ghaolmhar an luacha faoi riosca arna ríomh ag samhail inmheánach na hinstitiúide agus atá inchurtha i leith fachtóir riosca nach bhfuil insamhaltaithe.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

(184) leasaítear Airteagal 325bg mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 2 agus 3:

- ‘1. Comhlíonann deasc trádála institiúide na ceanglais sannta brabúis agus caillteanais i gcás ina bhfuil na hathruithe teoiriciúla ar luach phunann na deisce trádála sin, bunaithe ar shamhail tomhaiste riosca na hinstitiúide, gar nó gar go leor do na hathruithe hipitéiseacha ar luach phunann na deisce trádála sin, bunaithe ar shamhail phraghsála na hinstitiúide.
2. D’ainneoin mhír 1 den Airteagal seo, i gcás ina bhfuil na hathruithe teoiriciúla ar luach punainne deisce trádála, bunaithe ar shamhail tomhaiste riosca na hinstitiúide, gar go leor do na hathruithe hipitéiseacha ar luach phunann na deisce trádála sin, bunaithe ar shamhail phraghsála na hinstitiúide, déanfaidh an institiúid ceanglas cistí dílse de bhreis ar na ceanglais cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 325ba(1) agus (2) a ríomh le haghaidh gach suímh a shanntar don deasc thrádála sin.

3. *Ar bhonn thorthaí an* cheanglais sannta brabúis agus caillteanais ■ dá dtagraítear ■ *i* mír 1 den Airteagal seo, déanfaidh **institiúid** liosta beacht fachtóirí riosca **a chinneadh agus a dhoiciméadú arna n-áireamh i samhail tomhaiste riosca na hinstitiúide** a mheastar a bheith iomchuí chun a fhíorú go bhfuil an ceanglas cúltástála a leagtar amach in Airteagal 325bf á chomhlíonadh ag an institiúid. **Déanfaidh an institiúid rianú ar aon athrú ar liosta na bhfachtóirí riosca sin’;**

(b) leasaítear mír 4 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

‘(a) na critéir a shonraíonn cé acu atá nó nach bhfuil na hathruithe teoiriciúla ar luach punainne deisce trádála gar nó gar go leor do na hathruithe hipitéiseacha ar luach punainne deisce trádála chun críocha mhír 1, agus forbairtí rialála idirnáisiúnta á gcur san áireamh;

- (b) an ceanglas cistí dílse breise dá dtagraítear i mír 2;’;
- (ii) scriostar pointe (e);
- (iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad *an dara fomhír*:

‘Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin *leasaithigh* seo].’;

(185) leasaítear Airteagal 325bh mar a leanas:

(a) *leasaítear mír 1 mar a leanas:*

(i) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):*

‘(d) ionchorprófar leis an tsamhail inmheánach tomhaiste riosca fachtóirí riosca a chomhfhreagraíonn d’ór agus do na hairgeadraí eachtracha aonair ina bhfuil suíomhanna na hinstiúide ainmnithe; i gcás gnóthais chomhinfheistíochta, cuirfear suímh iarbhair maidir le hairgeadra eachtrach an ghnóthais comhinfheistíochta san áireamh; féadfaidh institiúidí dul i muinín tuairisciú tríú páirtí ar shuíomh an ghnóthais comhinfheistíochta in airgeadra eachtrach i gcás ina bhfuil cruinneas na tuairisce sin áirithithe go leormhaith;’

(ii) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

- (i) i gcás suíomhanna i ngnóthais chomhinfheistíochta, déanfaidh institiúidí suíomhanna foluiteacha na ngnóthas comhinfheistíochta a thrébhreathnú ar bhonn seachtainiúil ar a laghad chun a gceanglas cistí dílse a ríomh i gcomhréir leis an gCaibidil seo; ***i gcás ina gcuirtear cur chuige na trébhreathnaitheachta i gcrích go seachtainiúil, beidh institiúidí in ann faireachán a dhéanamh ar na rioscaí a thagann as athruithe suntasacha i gcomhdhéanamh an ghnóthais comhinfheistíochta;*** mura bhfuil ionchuir sonraí leordhóthanacha nó faisnéis leordhóthanach ag ***institiúidí*** chun ceanglasna ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh maidir le suíomh gnóthais comhinfheistíochta i gcomhréir le cur chuige sin an trébhreathnaithe, féadfaidh siad brath ar thríú páirtí chun na hionchuir sonraí sin nó an fhaisnéis sin a fháil, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

- (i) is ceann díobh seo a leanas an tríú páirtí:
- (1) institiúid taisclainne nó institiúid taisclainne airgeadais an ghnóthais comhinfheistíochta, ar an gcoinníoll go ndéanann an ghnóthas comhinfheistíochta infheistíocht eisiach in urrúis agus go ndéanann sé gach urrús a chur i dtaisce san institiúid taisclainne sin nó san institiúid taisclainne airgeadais sin;
 - (2) cuideachta bhainistíochta an ghnóthais comhinfheistíochta, ar choinníoll go gcomhlíonann sí na critéir a leagtar amach in Airteagal 132(3), pointe (a);
 - (3) *díoltóir tríú páirtí ar choinníoll go ndéanann na tríú páirtithe dá dtagraítear i bpointe (1) nó (2) den phointe seo nó díoltóir tríú páirtí eile den sórt sin na sonraí, an fhaisnéis nó na méadrachtaí riosca a sholáthar nó a ríomh;*

- (ii) déanann an tríú páirtí na ■ sonraí, an fhaisnéis nó na *méadrachtaí riosca* ■ a sholáthar don institiúid chun na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh shuíomh an ghnóthais comhinfheistíochta i gcomhréir le cur chuige an trébhreathnaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír;
- (iii) dhearbhaigh iniúchóir seachtrach a rinne iniúchadh ar an institiúid gur leordhóthanach sonraí ■, faisnéis *nó méadrachtaí riosca* an tríú páirtí dá dtagraítear i bpointe (ii) agus go bhfuil rochtain gan srian ag an údarás inniúil ar na sonraí ■, ar an bhfaisnéis *nó ar na méadrachtaí riosca* sin arna n-iarraidh sin.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Féadfaidh institiúid úsáid a bhaint as comhghaolta eimpíreacha laistigh de chatagóirí leathana fachtóirí riosca agus, chun an beart easnaimh ionchasaigh neamhiailithe UES_t dá dtagraítear in Airteagal 325bb(1) a ríomh, thar chatagóirí leathana fachtóirí riosca i gcás ina bhfuil cur chuige na hinstitiúide le haghaidh thomhas na gcomhghaolta sin fóna, comhsheasmhach leis na tréimhsí leachtachta ionchasacha is infheidhme, nó leis an tréimhse ionchasach bunaidh 10 lá a leagtar amach in Airteagal 325bc(1) ach an t-údarás inniúil a bheith sásta leis sin, agus arna chur chun feidhme go hionraic, agus sa chás sin amháin.’;

(c) scriostar mír 3;

(186) in Airteagal 325bi, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) beidh aonad rialaithe riosca atá neamhspleách ar aonaid trádála gnó ag institiúid agus tuairisceoidh an t-aonad go díreach chun na bainistíochta sinsearaí; beidh an t-aonad sin:

- (i) freagrach as aon samhail inmheánach tomhaiste riosca, arna húsáid sa chur chuige malartach samhla inmheánaí chun críocha na Caibidle seo, a dhearadh agus a chur chun feidhme;
- (ii) freagrach as an gcóras foriomlán bainistithe riosca;
- (iii) freagrach as tuairiscí laethúla a tháirgeadh maidir le haschur aon samhla inmheánaí arna húsáid chun ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh, agus maidir le hoiriúnacht na mbeart a bheidh le déanamh i dtéarmaí teorainneacha trádála, agus as anailís a dhéanamh orthu;’;

- (b) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach tar éis na chéad fhomhíre:

‘Déanfaidh aonad bailíochtaithe, ar aonad é atá ar leithligh ón aonad rialaithe riosca dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), an bailíochtú tosaigh agus leanúnach ar aon samhail inmheánach tomhaiste riosca arna húsáid sa chur chuige malartach samhla inmheánaí chun críocha na Caibidle seo.’;

(187) *in Airteagal 325bo, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:*

- ‘3. Ina samhlacha inmheánacha i gcomhair riosca mainneachtana, gabhfaidh institiúidí rioscaí ábharacha i straitéisí fálaíthe a eascraíonn as difríochtaí sa chineál táirge, sinsearachta sa struchtúr caipitil, rátálacha inmheánacha nó seachtracha, bliain eisiúna agus difríochtaí eile.**

Áiritheoidh institiúidí nach ndéantar riosca a mheas ró-íseal mar thoradh ar aisioncronacht aibíochta idir ionstraim fálaíthe agus an ionstraim atá fálaíthe a d’fhéadfadh tarlú le linn tréimhse ionchasach bliana, i gcás nach ngabhtar na aisioncronachtaí sin ina samhail inmheánach i gcomhair riosca mainneachtana.

Ní aithneoidh institiúidí ionstraim fálaíthe ach a mhéid is féidir é a chothabháil fiú amháin nuair atá an féichiúnaí ag druidim le teagmhas creidmheasa nó teagmhas eile.’;

(188) leasaítear Airteagal 325bp mar a leanas:

- (a) leasaítear mír 5 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) socrófar íosteorainn le haghaidh na ndóchúlachtaí mainneachtana ag an ráta 0,01 % i gcás neamhchosaintí a gcuirtear ualú riosca 0 % i bhfeidhm ina leith i gcomhréir le hAirteagail 114 go 118 agus 0,01 % i gcás bannaí faoi chumhdach a gcuirtear ualú riosca 10 % i bhfeidhm ina leith i

gcomhréir le hAirteagal 129; in aon chás eile, socrófar íosteorainn na ndóchúlachtaí mainneachtana ar ráta 0,03 %’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (d) agus (e):

- ‘(d) i gcás institiúid ar tugadh cead di meastachán a dhéanamh ar dhóchúlachtaí mainneachtana i gcomhréir le Teideal II, Caibidil 3, Roinn 1, le haghaidh na haicme neamhchosanta agus an chórais rátála a chomhfhreagraíonn d’eisitheoir áirithe, úsáidfídh sí an mhodheolaíocht a leagtar amach ansin chun dóchúlachtaí mainneachtana an eistheora sin a ríomh, ar choinníoll go bhfuil fáil ar na sonraí le haghaidh an mheastacháin sin;
- (e) i gcás institiúid nár tugadh cead di meastachán a dhéanamh ar dhóchúlachtaí mainneachtana dá dtagraítear i bpointe (d), forbróidh sí modheolaíocht inmheánach nó úsáidfídh sí foinsí seachtracha chun meastachán a dhéanamh ar na dóchúlachtaí mainneachtana sin go comhsheasmhach leis na ceanglais is infheidhme maidir le meastacháin ar dhóchúlachtaí mainneachtana faoin Airteagal seo.’;

(iii) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (d), tá fáil ar na sonraí chun meastachán a dhéanamh ar dhóchúlachtaí mainneachtana eisitheora áirithe suíomh leabhair trádála i gcás ina bhfuil, ar dháta an ríomha, suíomh leabhair neamhthrádála ag an institiúid i leith an oibleagáideora chéanna a measann sí dóchúlachtaí mainneachtana lena aghaidh i gcomhréir le Teideal II, Caibidil 3, Roinn 1, chun a ceanglais cistí dílse a leagtar amach sa Chaibidil sin a ríomh.’;

(b) leasaítear mír 6 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c) agus (d):

- ‘(c) i gcás institiúid ar tugadh cead di meastachán a dhéanamh ar LGD i gcomhréir le Teideal II, Caibidil 3, Roinn 1, le haghaidh na haicme neamhchosanta agus an chórais rátála a chomhfhreagraíonn do neamhchosaint áirithe, úsáidfídh sí an mhodheolaíocht a leagtar amach ansin chun meastacháin LGD an eistheora sin a ríomh, ar choinníoll go bhfuil fáil ar shonraí le haghaidh an mheastacháin sin;
- (d) i gcás institiúid nár tugadh cead di meastachán a dhéanamh ar LGD dá dtagraítear i bpointe (c), forbróidh sí modheolaíocht inmheánach nó úsáidfídh sí foinsí seachtracha chun meastachán a dhéanamh ar LGD go comhsheasmhach leis na ceanglais a bhfuil feidhm leo maidir le meastacháin ar LGD faoin Airteagal seo.’;
- (ii) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (c), tá fáil ar na sonraí chun meastachán a dhéanamh ar LGD eistheora áirithe suímh leabhair trádála i gcás ina bhfuil, ar dháta an ríomha, suíomh leabhair neamhthrádála ag an institiúid i leith an oibleagáideora chéanna a measann sí dóchúlachtaí mainneachtana lena aghaidh i gcomhréir le Teideal II, Caibidil 3, Roinn 1, chun a ceanglais cistí dílse a leagtar amach sa Chaibidil sin a ríomh.’;

(189) *in Airteagal 332, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:*

‘3. Ní áireofar na díorthaigh chreidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 325(6) nó (8) ach amháin chun an ceanglas cistí dílse le haghaidh riosca sonracha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 338(2).’;

(190) leasaítear Airteagal 337 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Agus ualuithe riosca á gcinneadh chun críocha mhír 1, bainfidh institiúidí úsáid eisiach as an gcur chuige a leagtar amach i dTeideal II, Caibidil 5, Roinn 3.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Suimeoidh an institiúid a suíomhanna ualaithe a thagann ó chur i bhfeidhm mhíreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo, is cuma más suíomhanna fada nó suíomhanna gearra iad, d’fhonn a ceanglas cistí dílse le haghaidh riosca sonracha a ríomh, seachas i gcás suíomhanna urrúsúcháin atá faoi réir Airteagal 338(2).’;

(191) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 338:

‘Airteagal 338

Ceanglas cistí dílse le haghaidh na punainne trádála comhghaoil

1. Chun críocha an Airteagail seo, cinnfidh institiúid a punann trádála comhghaoil i gcomhréir le hAirteagal 325, míreanna (6), (7) agus (8).
2. Socróidh institiúid an ceann is mó de na méideanna seo a leanas mar cheanglas cistí dílse i dtaca le riosca sonracha i gcás na punainne trádála comhghaoil:
 - (a) an ceanglas cistí dílse iomlán i dtaca le riosca sonracha a mbeadh feidhm aige maidir le glansuíomhanna fada na punainne trádála comhghaoil agus leo sin amháin;
 - (b) an ceanglas cistí dílse iomlán i dtaca le riosca sonracha a mbeadh feidhm aige maidir le glansuíomhanna gearra na punainne trádála comhghaoil agus leo sin amháin.’;

(192) in Airteagal 348, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

- ‘1. Gan dochar d'fhorálacha eile sa Roinn seo, beidh suíomhanna i ngnóthais chomhinfheistíochta faoi réir ceanglas cistí dílse le haghaidh riosca an tsuímh, arb éard a bheidh ann riosca ginearálta agus riosca sonrach, arb ionann é agus 32 %. Gan dochar d'Airteagal 353 a ghlactar in éineacht leis an modh leasaithe le hór a láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 352(4), beidh suíomhanna i ngnóthais chomhinfheistíochta faoi réir ceanglas cistí dílse le haghaidh riosca an tsuímh, arb éard a bheidh ann riosca ginearálta agus riosca sonrach, agus riosca malairte eachtraí 40 %.’;

(193) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 351:

‘Airteagal 351

De minimis agus ualú maidir le riosca malairte eachtraí

Más mó ná 2 % d'iomlán a cistí dílse suim ghlansuíomh foriomlán na hinstitiúide in airgeadra eachtrach agus ghlansuíomh óir na hinstitiúide, arna ríomh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 352, ríomhfaidh an institiúid ceanglas cistí dílse le haghaidh riosca malairte eachtraí. Beidh an ceanglas cistí dílse le haghaidh riosca malairte eachtraí cothrom le suim a glansuímh fhoriomláin in airgeadra eachtrach agus a glansuímh óir san airgeadra tuairiscithe, arna hionlú faoi 8 %.’;

(194) in Airteagal 352, scriostar mír 2;

(195) ■ leasaítear Airteagal 361 mar seo a leanas:

(a) scriostar pointe (c);

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

‘Tabharfaidh institiúidí fógra dá n-údaráis inniúla maidir leis an úsáid a bhaineann siad as an Airteagal seo’;

(196) i gCuid a Trí, Teideal IV, scriostar Caibidil 5;

(197) in Airteagal 381, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘Chun críocha an Teidil seo, ciallaíonn ‘riosca CVA’ an riosca go n-eascróidh caillteanais as athruithe ar luach CVA, arna ríomh le haghaidh phunann na n-idirbheart le contrapháirtí mar a leagtar amach sa chéad mhír, mar gheall ar ghluaiseachtaí i bhfachtóirí riosca um raon difríochta creidmheasa contrapháirtí agus i bhfachtóirí riosca eile atá leabaithe i bpunann na n-idirbheart.’;

(198) leasaítear Airteagal 382 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Agus cistí dílse a cheanglaítear le mír 1 á ríomh aici, cuirfidh institiúid san áireamh idirbhearta maoinithe urrús a bhfuil luach cóir orthu faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme maidir leis an institiúid i gcás inarb ábharach iad neamhchosaintí na hinstitiúide ar riosca CVA a eascraíonn as na hidirbhearta sin.’;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘4a. De mhaolú ar mhír 4 den Airteagal seo, féadfaidh institiúid a roghnú na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca CVA trí úsáid a bhaint as aon cheann de na cineálacha cur chuige dá dtagraítear in Airteagal 382a(1) le haghaidh na n-idirbheart sin atá eisiata de bhun mhír 4 den Airteagal seo, i gcás ina n-úsáideann an institiúid fáluithe incháilithe arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 386 chun riosca CVA na n-idirbheart sin a mhaolú. Bunóidh institiúidí beartais lena sonrófar ***cur i bhfeidhm agus ríomh*** na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca CVA maidir le hidirbhearta den sórt sin.

4b. Déanfaidh institiúidí torthaí ríomhanna na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca CVA maidir leis na hidirbhearta uile dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo a thuairisciú dá n-údaráis inniúla. Chun críocha an cheanglais tuairiscithe sin, déanfaidh institiúidí na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca CVA ach úsáid a bhaint as na cineálacha cur chuige ábhartha a leagtar amach in Airteagal 382a(1) a d'úsáidfí chun an ceanglas cistí dílse a chomhlíonadh le haghaidh riosca CVA mura mbeadh na hidirbhearta sin eisiata ón raon feidhme de bhun mhír 4 den Airteagal seo. ■';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘6. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar na coinníollacha agus na critéir atá le húsáid ag na *hⁱnstitiúidí* chun measúnú a dhéanamh an ábharach iad na neamhchosaintí ar riosca CVA a eascraíonn as idirbhearta maoinithe urrús a bhfuil luach cóir orthu, mar aon le minicíocht an mheasúnaithe sin.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [■ 24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún *an Rialachán seo a fhorlíonadh* trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo *a ghlacadh* i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.’;

(199) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 382a

Cineálacha cur chuige chun na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca CVA

1. Déanfaidh institiúid na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca CVA i gcás na n-idirbheart uile dá dtagraítear in Airteagal 382 i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige seo a leanas:

- (a) an cur chuige caighdeánaithe a leagtar amach in Airteagal 383, i gcás inar thug an t-údarás inniúil cead don institiúid an cur chuige sin a úsáid;
 - (b) an cur chuige bunúsach a leagtar amach in Airteagal 384;
 - (c) an cur chuige simplithe a leagtar amach in Airteagal 385, ar choinníoll go gcomhlíonann an institiúid na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal sin.
2. Ní úsáidfídh institiúid an cur chuige dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), i dteannta an chur chuige dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) den mhír sin.

3. Féadfaidh institiúid meascán de na cineálacha cur chuige dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b), a úsáid chun na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca CVA ar bhonn buan dóibh seo:
- (a) contrapháirtithe éagsúla;
 - (b) tacair glanluachála incháilithe éagsúla leis an gcontrapháirtí céanna;
 - (c) idirbhearta éagsúla den tacar glanluachála incháilithe céanna, ar choinníoll **go gcomhlíontar aon cheann** de na coinníollacha **dá dtagraítear i mír 5**.
4. **Chun críocha mhír 3, pointe (c)**, scoiltfidh na **hinstiúidí** an tacar glanluachála **incháilithe** ina dhá thacar glanluachála hipitéiseacha: **tacar amháin ina bhfuil** na hidirbhearta uile atá faoi réir an chur chuige dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), agus **tacar eile ina bhfuil** na hidirbhearta uile atá faoi réir an chur chuige dá dtagraítear i mír 1, pointe (b).

5. *Chun críocha mhír 3, pointe (c), is é an méid seo a leanas a bheidh sna coinníollacha dá dtagraítear ann:*

- (a) beidh an scoilt comhsheasmhach leis *an mbealach a láimhseáiltear* an tacar glanluachála dlíthiúil *agus an CVA á ríomh* ■ chun críocha cuntasáíochta;
- (b) *beidh* an cead arna thabhairt ag na húdaráis inniúla chun úsáid a bhaint as an gcur chuige dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), teoranta don tacar glanluachála hipitéiseach *comhfhreagrach* agus *ní chumhdaíonn sé gach idirbheart faoin tacar glanluachála incháilithe*.

Déanfaidh na hinstiúidí *doiciméadú* ar an gcaoi a n-úsáideann siad meascán de na cineálacha cur chuige dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b), agus mar a leagtar amach sa mhír seo, chun na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca CVA ar bhonn buan.’;

(200) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 383:

‘Airteagal 383

Cur chuige caighdeánaithe

1. Deonóidh an t-údarás inniúil cead d’institiúid a ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca CVA le haghaidh punann idirbheart le contrapháirtí amháin nó níos mó agus úsáid á baint as an gcur chuige caighdeánaithe i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, tar éis measúnú a dhéanamh ar cibé a chomhlíonann, nó nach gcomhlíonann, an institiúid na ceanglais seo a leanas:
 - (a) tá aonad ar leith bunaithe ag an institiúid a bhfuil freagracht air as bainistíocht riosca fhoriomlán agus fálú riosca CVA na hinstitiúide;
 - (b) maidir le gach contrapháirtí lena mbaineann, tá samhail rialála CVA forbartha ag an institiúid chun CVA an chontrapháirtí sin a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 383a;

- (c) maidir le gach contrapháirtí lena mbaineann, tá an institiúid in ann a ríomh, ar bhonn míosúil ar a laghad, íogaireachtaí a CVA i ndáil leis na fachtóirí riosca lena mbaineann mar a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 383b iad;
- (d) maidir le gach suíomh i bhfáluithe incháilithe a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 386 chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA a ríomh ag úsáid an chur chuige chaighdeánaithe, tá an institiúid in ann a ríomh, ar bhonn míosúil ar a laghad, íogaireachtaí na suíomhanna sin i ndáil leis na fachtóirí riosca ábhartha arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 383b;

- (e) *tá aonad rialaithe riosca bunaithe ag an institiúid, atá neamhspleách ar aonaid trádála gnó agus ar an aonad dá dtagraítear i bpointe (a) agus a thuairiscíonn go díreach don chomhlacht bainistíochta; beidh an t-aonad rialaithe riosca sin freagrach as an gcur chuige caighdeánaithe a dhearadh agus a chur chun feidhme agus déanfaidh sé tuarascálacha míosúla a ullmhú agus a anailisiú maidir le haschur an chur chuige sin agus, thairis sin, déanfaidh an t-aonad rialaithe riosca measúnú ar oiriúnacht theorainneacha trádála na hinstitiúide agus cuirfidh sé torthaí an mheasúnaithe sin san áireamh ina thuarascálacha míosúla; beidh líon foirne leordhóthanach ag an aonad rialaithe riosca ag a bhfuil an leibhéal scileanna is iomchuí maidir lena chuspóir a chomhlíonadh.*

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (c), den mhír seo, is é a chiallaíonn íogaireacht CVA contrapháirtí i ndáil le fachtóir riosca ná an t-athrú cóimheasa ar luach CVA, mar thoradh ar athrú ar luach aon cheann d'fhachtóirí riosca ábhartha CVA, arna ríomh ag úsáid shamhail CVA na hinstitiúide i gcomhréir le hAirteagail 383i agus 383j.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (d), den mhír seo is é a chiallaíonn íogaireacht *suímh* i bhfálú incháilithe i ndáil le fachtóir riosca ná an t-athrú cóimheasa ar luach an tsuímh sin, mar thoradh ar athrú ar luach aon cheann d'fhachtóirí riosca ábhartha an tsuímh sin, arna ríomh ag úsáid shamhail phraghsála na hinstitiúide i gcomhréir le hAirteagail 383i agus 383j.

2. Chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA a ríomh, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘aicme riosca’ aon cheann de na catagóirí seo a leanas:

- (a) riosca an ráta úis;
- (b) riosca raoin difríochta creidmheasa an chontrapháirtí;
- (c) riosca raoin difríochta creidmheasa tagartha;
- (d) riosca cothromais;
- (e) riosca tráchtearraí;
- (f) riosca malairte eachtraí;

- (2) ciallaíonn ‘punann CVA’ an phunann atá comhdhéanta de choigeartú comhiomlán ar luacháil creidmheasa (CVA comhiomlán) agus na fáluithe incháilithe dá dtagraítear i mír 1, pointe (d);
 - (3) ciallaíonn ‘CVA comhiomlán’ suim na CVAnna a ríomhtar ag úsáid na samhla rialála CVA le haghaidh na gcontrapháirtithe dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír.
3. Cinnfidh na hinstitiúidí na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA agus úsáid á baint as an gcur chuige caighdeánaithe, is é sin, suim na gceanglas cistí dílse seo a leanas a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 383b:
- (a) na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca deilte lena ngabhtar an riosca go dtiocfaidh athruithe ar phunann CVA na hinstitiúide mar gheall ar ghluaiseachtaí sna fachtóirí riosca ábhartha nach mbaineann le luaineacht;
 - (b) na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca véige lena ngabhtar an riosca go dtiocfaidh athruithe ar phunann CVA na hinstitiúide mar gheall ar ghluaiseachtaí sna fachtóirí riosca luaineachta.’;

(201) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

‘Airteagal 383a

Samhail rialála CVA

1. Beidh samhail rialála CVA a úsáidtear chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA a ríomh i gcomhréir le hAirteagal **383** fóna ar bhonn coincheapúil, déanfar í a chur chun feidhme go hionraic agus comhlíonfar léi na ceanglais uile a leanas:
 - (a) beidh an tsamhail rialála CVA in ann CVA contrapháirtí áirithe a shamhaltú, agus **comhaontuithe** glanluachála agus corrlaigh ar an leibhéal socraithe glanluachála a shainaithint, i gcás inarb ábhartha, i gcomhréir leis an Airteagal seo;
 - (b) measann an institiúid dóchúlacht mainneachtana an chontrapháirtí bunaithe ar raonta difríochta creidmheasa an chontrapháirtí agus ar an gcaillteanas **ionchais** i gcás mainneachtana, de réir réamhaisnéis na coitiantachta, faoi **chomhghnáis** an mhargaidh, le haghaidh an chontrapháirtí sin;

- (c) beidh an caillteanas ionchais i gcás mainneachtana dá dtagraítear i bpointe (a) mar an gcéanna leis an *gcaillteanas i gcás mainneachtana*, de réir réamhaisnéis na coitiantachta, faoi chomhghnáis an mhargaidh, dá dtagraítear i bpointe (b), ach amháin sa chás gur féidir leis an institiúid a léiriú go bhfuil sinsearach na punainne idirbheart leis an gcontrapháirtí sin difriúil le sinsearach bannaí neamhurráithe a d'eisigh an contrapháirtí sin;
- (d) ag gach pointe ama sa todhchaí, ríomhfar neamhchosaint thodhchaíoch lascainithe ionsamhlaithe na punainne idirbheart le contrapháirtí le samhail neamhchosanta trí na hidirbhearta uile sa phunann sin a athphraghsáil, bunaithe ar chomhathruithe ionsamhlaithe na bhfachtóirí riosca margaidh atá ábhartha do na hidirbhearta sin ag úsáid líon iomchuí cásanna, agus na praghsanna go dtí dáta an ríomha á lascainiú ag úsáid rátaí úis saor ó riosca;

- (e) tá an tsamhail rialála CVA in ann spleáchas suntasach idir neamhchosaint thodhchaíoch lascainithe ionsamhlaithe na punainne idirbheart **agus** raonta difríochta creidmheasa an chontrapháirtí a shamhaltú;
- (f) i gcás ina bhfuil idirbhearta na punainne san áireamh i dtacar glanluachála atá faoi réir comhaontú corrlaigh agus luacháil laethúil marcála ón margadh, aithnítear an chomhthaobhacht a bhreactar agus a fhaightear mar chuid den chomhaontú sin mar mhaolaitheoir ar riosca sa neamhchosaint thodhchaíoch lascainithe ionsamhlaithe, i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:
- (i) cinneann an institiúid an tréimhse chorrlaigh faoi riosca don tacar glanluachála sin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 285(2) agus (5), agus léiríonn sí an tréimhse chorrlaigh sin sa ríomh ar neamhchosaint thodhchaíoch lascainithe ionsamhlaithe;

- (ii) léirítear gach ceann de na gnéithe is infheidhme den chomhaontú corrlaigh, lena n-áirítear minicíocht na nglanna ar chorrlaigh, an cineál comhthaobhachta incháilithe faoin gconradh, na méideanna tairsí, na híosmhéideanna aistrithe, na méideanna neamhspleácha agus na corrlaigh thosaigh maidir leis an institiúid agus an contrapháirtí araon go hiomchuí sa ríomh ar an neamhchosaint thodhchaíoch lascainithe ionsamhlaithe;
- (iii) bhunaigh an institiúid aonad bainistíochta comhthaobhachta a chomhlíonann Airteagal 287 maidir leis an gcomhthaobhacht uile a aithnítear chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA a ríomh ag úsáid an chur chuige chaighdeánaithe.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (a), beidh comhartha deimhneach ag CVA agus ríomhfar é mar fheidhm de chaillteanas ionchais i gcás mainneachtana an chontrapháirtí, tacar iomchuí de dhóchúlachtaí mainneachtana an chontrapháirtí ag pointí ama sa todhchaí agus tacar iomchuí neamhchosaintí todhchaíocha lascainithe ionsamhlaithe na punainne idirbheart leis an gcontrapháirtí sin ag pointí ama sa todhchaí go dtí aibíocht an idirbheart is faide sa phunann sin.

Chun críocha an léirithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (c), ní athróidh an chomhthaobhacht a fhaightear ón gcontrapháirtí sinsearach na neamhchosanta.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (f)(iii), den mhír seo, i gcás ina bhfuil aonad bainistíochta comhthaobhachta bunaithe ag an institiúid cheana féin chun modh na samhla inmheánaí dá dtagraítear in Airteagal 283 a úsáid, ní cheanglófar ar an institiúid aonad bainistíochta comhthaobhachta breise a bhunú i gcás ina léiríonn an institiúid sin dá húdaráis inniúil go gcomhlíonann an t-aonad sin na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 287 maidir leis an gcomhthaobhacht a aithnítear chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA a ríomh ag úsáid an chur chuige chaighdeánaithe.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (b), i gcás ina bhfuil raonta difríochta na babhtála mainneachtana creidmheasa de chuid an chontrapháirtí inbhraite sa mhargadh, úsáidfídh an institiúid na raonta difríochta sin. I gcás nach bhfuil raonta difríochta na babhtála mainneachtana creidmheasa ar fáil, úsáidfídh an institiúid rogha amháin díobh seo a leanas:

- (a) raonta difríochta creidmheasa ó ionstraimí eile a eisiúnn an contrapháirtí ina léirítear dálaí reatha an mhargaidh;
- (b) seachraonta atá iomchuí i bhfianaise rátáil, thionscal agus réigiún an chontrapháirtí.

3. Comhlíonfaidh institiúid a úsáideann samhail rialála CVA na ceanglais cháilíochtúla uile seo a leanas:
- (a) tá an tsamhail neamhchosanta dá dtagraítear i mír 1 mar chuid de chóras bainistíochta riosca CVA inmheánach na hinstitiúide, a bhfuil sainathint, tomhas, bainistíocht, formheas agus tuairisciú inmheánach CVA agus riosca CVA chun críoch cuntasáíochta, mar chuid de;
 - (b) tá próiseas i bhfeidhm ag an institiúid chun comhlíontacht le tacar doiciméadaithe de bheartais, rialuithe, measúnú ar fheidhmíocht samhla agus nósanna imeachta inmheánacha a bhaineann leis an tsamhail neamhchosanta dá dtagraítear i mír 1 a áirithiú;

- (c) beidh aonad ***bailíochtaithe*** neamhspleách ag an institiúid atá freagrach as fíorú éifeachtach tosaigh agus leanúnach na samhla neamhchosanta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo; beidh an t-aonad sin neamhspleách ó chreidmheas gnó agus aonaid trádála, lena n-áirítear an t-aonad dá dtagraítear in Airteagal 383(1), pointe (a), agus tuairisceoidh sé go díreach don ardbhainistíocht; beidh líon foirne leordhóthanach ag an aonad ag a bhfuil an leibhéal scileanna is iomchuí maidir leis an gcríoch sin a chomhlíonadh;
- (d) beidh an bhainistíocht shinsearach rannpháirteach, ar bhealach gníomhach, sa phróiseas rialaithe riosca agus measfaidh siad go bhfuil rialú riosca CVA mar ghné riachtanach den ghnó, agus nach mór acmhainní a shannadh dó;
- (e) déanfaidh an institiúid an próiseas maidir le bailíochtú tosaigh agus bailíochtú leanúnach na samhla neamhchosanta dá dtagraítear i mír 1 a dhoiciméadú chuig leibhéal mionsonraithe a chuirfeadh ar chumas tríú páirtí tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfeidhmíonn na samhlacha, na teorainneacha agus na príomhthoimhdí a bhaineann leo, agus an anailís a athchruthú; leagfar amach sa doiciméadacht sin an íosmhinicíocht lena ndéanfar bailíochtú leanúnach, chomh maith leis na himthosca eile, amhail athrú tobann in iompraíocht an mhargaidh, mar shampla, – faoina ndéanfar bailíochtú breise; tabharfar tuairisc sa doiciméadacht ar an gcaoi a ndéantar an bailíochtú maidir le sreafaí sonraí agus punanna, ar na hanailísí a úsáidtear agus ar an gcaoi a gcruthaítear punanna contrapháirtithe;

- (f) déanfar na samhlacha praghsála a úsáidtear sa tsamhail neamhchosanta dá dtagraítear i mír 1 maidir le cás áirithe d'fhachtóirí riosca margaidh ionsamhlaithe a thástáil in aghaidh tagarmharcanna neamhspleácha iomchuí le haghaidh raon leathan staideanna margaidh mar chuid de phróiseas bailíochtaithe tosaigh agus leanúnach na samhla; tabharfar fáthanna sna samhlacha praghsála le neamhlíneacht luacha rogha maidir le fachtóirí riosca margaidh;
- (g) is é próiseas inmheánach iniúchóireachta na hinstitiúide a dhéanfaidh athbhreithniú neamhspleách ar chóras inmheánach bainistithe riosca CVA na hinstitiúide dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo ar bhonn tráthrialta; áireofar san athbhreithniú sin gníomhaíochtaí an aonaid dá dtagraítear in Airteagal 383(1), pointe (a), agus gníomhaíochtaí an aonaid bailíochtaithe neamhspleách dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír seo;

- (h) léireofar téarmaí agus sonraíochtaí idirbheart agus comhaontuithe corrlaigh ar bhealach tráthúil, iomlán agus coimeádach sa tsamhail rialála CVA a úsáideann an institiúid chun an neamhchosaint thodhchaíoch lascainithe ionsamhlaithe dá dtagraítear i mír 1 a ríomh; coinneofar na téarmaí agus sonraíochtaí i mbunachar sonraí slán a bheidh faoi réir iniúchadh foirmiúil agus tréimhsiúil; beidh tarchur téarmaí idirbheart agus sonraí na sonraíochtaí agus comhaontuithe corrlaigh chuig an tsamhail neamhchosanta faoi réir iniúchadh inmheánach, agus beidh próisis réitigh fhoirmiúla i bhfeidhm idir an tsamhail inmheánach agus córais na sonraí foinseacha lena fhíorú ar bhonn leanúnach go léirítear téarmaí agus sonraíochtaí idirbheart agus comhaontuithe corrlaigh i gceart, nó go coimeádach ar a laghad, sa chóras neamhchosanta;

- (i) na hionchuir sonraí margaidh reatha agus stairiúla a úsáideann an institiúid sa tsamhail chun an neamhchosaint thodhchaíoch lascainithe ionsamhlaithe dá dtagraítear i mír 1 a ríomh, gheofar iad go neamhspleách ar na línte gnó ■ agus cuirfear iad sa tsamhail sin ar bhealach tráthúil agus iomlán, agus coinneofar iad i mbunachar sonraí slán atá faoi réir iniúchadh foirmiúil agus tréimhsiúil; beidh próiseas sláine sonraí dea-fhorbartha ag institiúid chun breathnóireachtaí sonraí míchuí a láimhseáil; i gcás ina bhfuil an tsamhail ag brath ar sheachshonraí margaidh, dearfaidh institiúid beartais inmheánacha chun seachshonraí margaidh a shainaithint agus taispeánfaidh sí go heimpíreach ar bhonn leanúnach go soláthraítear ionadaíocht choimeádach ar an riosca foluiteach leis na seachshonraí margaidh;

- (j) déanfar an fhaisnéis a bhaineann go sonrach le hidirbhearta agus an fhaisnéis chonarthach is gá chun neamhchosaintí a chomhiomlánú ar leibhéal an tacair glanluachála a ghabháil sa tsamhail neamhchosanta dá dtagraítear i mír 1; deimhneoidh institiúid go ndéantar idirbhearta a shannadh don tacar glanluachála iomchuí laistigh den tsamhail.

Chun ceanglais cistí dílse maidir le riosca CVA a ríomh, féadfaidh sonraíochtaí agus toimhdí éagsúla a bheith sa tsamhail neamhchosanta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo chun gach ceann de na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 383a a chomhlíonadh, ach fanfaidh a hionchuir sonraí margaidh agus a haithint glanluachála mar an gcéanna leo siúd a úsáidtear chun críocha cuntasáíochta.

4. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) an chaoi a gcinnfidh an institiúid na seachraonta dá dtagraítear i mír 2, pointe (b) **■**, chun críocha dóchúlachtaí mainneachtana a ríomh;

■

(b) gnéithe teicniúla breise atá na hinstitiúidí le cur san áireamh nuair a bheidh caillteanas i gcás mainneachtana an chontrapháirtí, dóchúlacht mainneachtana an chontrapháirtí agus neamhchosaint thodhchaíoch lascainithe ionsamhlaithe na punainne idirbheart leis an gcontrapháirtí agus CVA, dá dtagraítear i mír 1 **■**, á ríomh;

- (c) na hionstraimí eile dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), **I** atá iomchuí chun dóchúlachtaí mainneachtana an chontrapháirtí a mheas agus an chaoi a bhfuil institiúidí leis an meastachán sin a dhéanamh.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

I

5. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na nithe seo a leanas a shonrú:

- (a) na coinníollacha faoina ndéanfar measúnú ar ábharthacht na síntí agus na n-athruithe ar úsáid an chur chuige chaighdeánaithe dá dtagraítear in Airteagal 383(3);
- (b) an mhodheolaíocht measúnaithe faoina bhfuil údaráis inniúla le fíorú an gcomhlíonann institiúid na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 383 agus Airteagal 383a.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála *sin* faoi bhráid an Choimisiúin *faoi ... [48 mí] ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].*

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 383b

Ceanglais cistí dílse le haghaidh rioscaí deilte agus véige

1. Cuirfidh institiúidí na fachtóirí riosca deilte agus véige ar a dtugtar tuairisc in Airteagail 383c go 383h, agus an próiseas a leagtar amach i míreanna 2 go 8 den Airteagal seo, i bhfeidhm chun ceanglais cistí dílse le haghaidh rioscaí deilte agus véige a ríomh.

2. Maidir le gach aicme riosca dá dtagraítear in Airteagal 383(2), déanfar íogaireacht na CVAnna comhiomlána agus íogaireacht na suíomhanna uile i bhfáluithe incháilithe laistigh de raon feidhme na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca deilte nó véige ar gach fachtóir riosca deilte nó véige is infheidhme atá san áireamh san aicme riosca sin, a ríomh trí na foirmlí comhfhreagracha a leagtar amach in Airteagail 383i agus 383j. Má bhíonn luach ionstraime ag brath ar an iliomad fachtóirí riosca, déanfar an íogaireacht a chinneadh ar leithligh maidir le gach fachtóir riosca.

Áireofar íogaireachtaí i ndáil le luaineachtaí a úsáidtear sa tsamhail neamhchosanta chun fachtóirí riosca a ionsamhlú agus i ndáil le luaineachtaí a úsáidtear chun idirbhearta rogha sa phunann leis an gcontrapháirtí a athphraghsáil chun íogaireachtaí riosca véige na CVAnna comhiomlána a ríomh.

De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, faoi réir cead a fháil ón údarás inniúil, féadfaidh institiúid sainmhínithe malartacha ar íogaireachtaí riosca deilte agus véige a úsáid chun na ceanglais cisté dílse maidir le suíomh leabhair trádála a ríomh faoin gCaibidil seo ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an institiúid na coinníollacha uile seo a leanas:

- (a) úsáidtear na sainmhínithe malartacha sin chun críocha bainistithe riosca inmheánaigh nó chun tuairisciú ar bhrabús agus caillteanais don lucht bainistíochta sinsearaí arna dhéanamh ag aonad neamhspleách rialaithe riosca laistigh den institiúid;
- (b) léireoidh an institiúid gurb íomchuí na sainmhínithe malartacha sin chun na híogaireachtaí maidir leis an suíomh a ghabháil ná na foirmlí a leagtar amach in Airteagail 383i agus 383j, agus nach bhfuil difríocht ábharach idir íogaireachtaí riosca *deilte agus véige* a thagann astu agus *na cinn a fhaightear* tar éis na foirmlí *a leagtar amach in Airteagail 383i agus 383j, faoi seach, a chur i bhfeidhm.*

3. I gcás inar ionstraim innéacs é fálú incháilithe, déanfaidh institiúidí íogaireachtaí an fhálaithe incháilithe sin a ríomh ar gach ceann de na fachtóirí riosca ábhartha trí aistriú aon cheann de na fachtóirí riosca ábhartha a chur i bhfeidhm ar gach comhpháirt den innéacs.
4. Féadfaidh institiúid *fachtóirí* riosca breise a thabhairt isteach a chomhfhreagraíonn d'ionstraimí innéacs cáilithe *le haghaidh na n-aicmí riosca seo a leanas:*

(i) riosca raoin difríochta creidmheasa an chontrapháirtí;

(ii) riosca raoin difríochta creidmheasa tagartha; agus

(iii) riosca cothromais.

Chun críoch riosca deilte, measfar ionstraim innéacs a bheith cáilithe nuair a chomhlíonann sí na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 325i **II**. Maidir le rioscaí véige, measfar gach ionstraim innéacs a bheith cáilithe.

Déanfaidh institiúid íogaireachtaí CVA agus fáluithe incháilithe ar fhachtóirí riosca innéacs cháilithe a ríomh chomh maith le híogaireachtaí ar na fachtóirí riosca nach fachtóirí riosca innéacs iad.

Ríomhfaidh institiúid íogaireachtaí riosca deilte agus véige ar fhachtóir riosca innéacs cháilithe mar íogaireacht aonair ar an innéacs cáilithe foluiteach. I gcás ina bhfuil 75 % de chomhpháirteanna innéacs cháilithe mapáilte ar an earnáil chéanna mar a leagtar amach in Airteagail 383p, 383s agus 383v, déanfaidh an institiúid an t-innéacs cáilithe a mhapáil chuig an earnáil chéanna sin. Seachas sin, déanfaidh an institiúid an íogaireacht a mhapáil chuig an mbuicéad innéacs cháilithe is infheidhme.

5. Déanfar íogaireachtaí ualaithe an CVA chomhiomláin agus margadhluach gach fálaithé incháilithe ar gach fachtóir riosca a ríomh trí na glaníogaireachtaí faoi seach a iolrú faoin ualú riosca comhfhreagrach, i gcomhréir leis na foirmlí seo a leanas:

$$WS_k^{CVA} = RW_k \cdot S_k^{CVA}$$

$$WS_k^{hedges} = RW_k S_k^{hedges}$$

i gcás inarb amhlaidh gur:

k = an t-innéacs a sheasann d'fhachtóir riosca k ;

WS_k^{CVA} = íogaireacht ualaithe an CVA chomhiomláin ar fhachtóir riosca k ;

RW_k = an t-ualú riosca is infheidhme maidir le fachtóir riosca k ;

S_k^{CVA} = glaníogaireacht an CVA chomhiomláin ar fhachtóir riosca k ;

WS_k^{hedges} = íogaireacht ualaithe mhargadhluach na bhfáluithe incháilithe uile sa phunann CVA ar fhachtóir riosca k ;

S_k^{hedges} = glaníogaireacht mhargadhluach na bhfáluithe incháilithe uile sa phunann CVA ar fhachtóir riosca k .

6. Ríomhfaidh institiúidí glaníogaireacht ualaithe WS_k na punainne CVA ar fhachtóir riosca k i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$WS_k = WS_k^{CVA} - WS_k^{hedges}$$

7. Déanfar na glaníogaireachtaí ualaithe laistigh den bhuicéad céanna a chomhiomlánú i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas, ag úsáid na gcomhghaolta comhfhreagracha ρ_{kl} maidir le híogaireachtaí ualaithe laistigh den bhuicéad céanna a leagtar amach in Airteagail 383l, 383t agus 383q as a dtagann an íogaireacht bhuicéadsonrach K_b :

$$K_b = \sqrt{\sum_{k \in b} WS_k^2 + \sum_{k \in b} \sum_{l \in b, k \neq l} \rho_{kl} WS_k WS_l + R \cdot \sum_{k \in b} (WS_k^{hedges})^2}$$

i gcás inarb amhlaidh gur:

K_b = an íogaireacht bhuicéadsonrach a ghabhann le buicéad b ;

WS_k = na glaníogaireachtaí ualaithe;

ρ_{kl} = na paraiméadair chomhghaoil laistigh de bhuicéid chomhfhreagracha;

R = an paraiméadar fáilaithe dhícheadaithe atá cothrom le 0,01.

8. Déanfar an íogaireacht buicéadsonrach a ríomh i gcomhréir le míreanna 5, 6 agus 7 den Airteagal seo maidir le gach buicéad atá laistigh d’aicme riosca. Nuair a ríomhfar an íogaireacht bhuicéadsonrach i leith na mbuicéad go léir, déanfar íogaireachtaí ualaithe ar gach fachtóir riosca i mbuicéid dhifriúla a chomhiomlánú i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas, trí na comhghaolta comhfhreagracha γ_{bc} maidir le híogaireachtaí ualaithe i mbuicéid dhifriúla a úsáid mar a leagtar amach in Airteagail 383l, 383o, **383r**, **383u**, **383w** agus 383z as a dtagann na ceanglais cistí dílse a bhaineann go sonrach le haicme riosca do riosca deilte nó véige:

riosca

– *ceanglas cistí dílse a bhaineann go sonrach le haicme do riosca deilte nó véige*

$$= m_{CVA} \sqrt{\sum_b K_b^2 + \sum_b \sum_{b \neq c} \gamma_{bc} S_b S_c}$$

i gcás inarb amhlaidh gur:

m_{CVA} = fachtóir iolraitheora atá cothrom le 1; féadfaidh an t-údarás inniúil luach m_{CVA} a mhéadú i gcás ina léirítear easnaimh lena gcuirtear bac ar shamhail inmheánach mhalartach institiúide ó thaobh na ceanglais cistí dílse a thomhas go hiomchuí le haghaidh riosca CVA;

K_b = an íogaireacht bhuicéadsonrach a ghabhann le buicéad b;

γ_{bc} = an paraiméadar comhghaoil idir buicéid b agus c;

$S_b = \max\{-K_b; \min(\sum_{k \in b} WS_k; K_b)\}$ maidir le gach fachtóir riosca i mbuicéad b;

$S_c = \max\{-K_c; \min(\sum_{k \in c} WS_k; K_c)\}$ maidir le gach fachtóir riosca i mbuicéad c.

Airteagal 383c

Fachtóirí riosca an ráta úis

1. I gcás fhachtóirí riosca deilte an ráta úis, lena n-áirítear riosca an ráta boilscithe, beidh buicéad amháin in aghaidh an airgeadra, agus beidh cineálacha difriúla fachtóirí riosca i ngach buicéad.

Is é a bheidh i bhfachtóirí riosca deilte an ráta úis is infheidhme maidir le hionstraimí sa phunann CVA na rátaí saor ó riosca le haghaidh gach airgeadra lena mbaineann agus le haghaidh gach ceann de na haibíochtaí seo a leanas: 1 bhliain, 2 bhliain, 5 bliana, 10 mbliana agus 30 bliain.

Is é a bheidh i bhfachtóirí riosca deilte an ráta úis is infheidhme maidir le hionstraimí sa phunann CVA atá íogair ar an ráta boilscithe na rátaí boilscithe le haghaidh an airgeadra lena mbaineann agus le haghaidh gach ceann de na haibíochtaí seo a leanas: 1 bhliain, 2 bhliain, 5 bliana, 10 mbliana agus 30 bliain.

2. Is é a bheidh sna hairgeadraí a gcuirfidh institiúid fachtóirí riosca deilte an ráta úis i bhfeidhm ina leith i gcomhréir le mír 1 an euro, krona na Sualainne, dollar na hAstráile, dollar Cheanada, punt na Breataine Móire, yen na Seapáine, dollar na Stát Aontaithe, airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide agus *airgeadra Ballstáit atá rannpháirteach in ERM II*.
3. Maidir le hairgeadraí nach sonraítear i mír 2, is é an t-athrú absalóideach sa ráta boilscithe agus an t-aistriú comhthreomhar den chuar saor ó riosca iomlán le haghaidh airgeadra ar leith a bheidh i bhfachtóirí riosca deilte an ráta úis.
4. Gheobhaidh na hinstitiúidí na rátaí saor ó riosca in aghaidh an airgeadra ó ionstraimí margaidh airgid atá ina leabhar trádála ag a bhfuil an riosca creidmheasa is ísle, lena n-áirítear babhtálacha innéacs thar oíche.

5. I gcás nach bhféadfaidh institiúidí an cur chuige dá dtagraítear i mír 4 a chur i bhfeidhm, bunófar na rátaí saor ó riosca ar chuai babhtála intuigthe ó mhargadh amháin nó níos mó ná sin, cuair arna n-úsáid ag na hinstitiúidí, chun suíomhanna ar an margadh a mharcáil, cuair babhtála ráta a thairgtear idir bainc, mar shampla.

I gcás nach leordhóthanach na sonraí maidir le cuair babhtála intuigthe ón margadh ar a bhfuil tuairisc sa chéad fhomhír seo, féadfar na rátaí saor ó riosca a dhíorthú ón gcuair banna ceannais is oiriúnaí maidir le hairgeadra ar leith.

6. Is é a bheidh san fhachtóir riosca véige ráta úis is infheidhme maidir le hionstraimí sa phunann CVA atá íogair ar luaineacht ráta úis luaineachtaí uile ráta úis na n-aibíochtaí uile i gcás airgeadra ar leith. Is é a bheidh san fhachtóir riosca véige ráta boilscithe is infheidhme maidir le hionstraimí sa phunann CVA atá íogair ar luaineacht ráta boilscithe luaineachtaí uile ráta boilscithe na n-aibíochtaí uile i gcás airgeadra ar leith. Ríomhfar íogaireacht ghlan amháin sa ráta úis agus íogaireacht ghlanráta boilscithe amháin i gcás gach airgeadra.

Airteagal 383d

Fachtóirí riosca malairte eachtraí

1. Is é a bheidh sna fachtóirí riosca deilte malairte eachtraí atá le cur i bhfeidhm ag institiúidí ar ionstraimí sa phunann CVA atá íogair ar spotrátaí malairte eachtraí na spotrátaí malairte eachtraí go léir idir an t-airgeadra ina bhfuil an ionstraim ainmnithe agus airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide ***nó airgeadra bunaidh na hinstitiúide i gcás ina bhfuil airgeadra bunaidh á úsáid ag an institiúid i gcomhréir le hAirteagal 325q(7)***. Buicéad amháin a bheidh ann in aghaidh gach péire airgeadraí, ina mbeidh fachtóir riosca aonair agus glaníogaireacht aonair.

2. Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca véige malairte eachtraí atá le cur i bhfeidhm ag institiúidí ar ionstraimí sa phunann CVA atá íogair ar luaineacht malairte eachtraí na luaineachtaí rátaí malairte eachtraí intuigthe idir na péirí airgeadraí dá dtagraítear i mír 1. Beidh buicéad amháin le haghaidh gach airgeadra agus aibíochta, ina bhfuil na fachtóirí uile riosca véige malairte eachtraí agus glaníogaireacht aonair.
3. Ní bheidh de cheanglas ar institiúidí idirdhealú a dhéanamh idir athróga airgeadra intíre agus eischósta i gcomhair fachtóirí riosca deilte agus véige malairte eachtraí.

Airteagal 383e

Fachtóirí riosca raoin difríochta creidmheasa an chontrapháirtí

1. Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca deilte raoin difríochta creidmheasa an chontrapháirtí is infheidhme maidir le hionstraimí íogaire i bpunann CVA an chontrapháirtí raonta difríochta creidmheasa contrapháirtithe aonair agus ainmneacha tagartha agus innéacsanna cáilithe le haghaidh na n-aibíochtaí seo a leanas: 0,5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana agus 10 mbliana.

I

2. *Ni bheidh aicme riosca raoin difríochta creidmheasa an chontrapháirtí faoi réir ceanglais cistí dílse i dtaca le riosca véige.*

Airteagal 383f

Fachtóirí riosca raoin difríochta creidmheasa tagartha

1. Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca deilte raoin difríochta creidmheasa tagartha is infheidhme maidir le hionstraimí íogaire sa phunann CVA raonta difríochta creidmheasa gach aibíochta le haghaidh gach ainm tagartha laistigh de bhuicéad. Ní ríomhfar ach aon ghlaníogaireacht amháin le haghaidh gach buicéid.
2. Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca véige raoin difríochta creidmheasa is infheidhme maidir le hionstraimí sa phunann CVA atá íogair ar luaineacht tagartha raoin difríochta creidmheasa luaineachtaí raonta difríochta creidmheasa gach aibíochta le haghaidh gach ainm tagartha laistigh de bhuicéad. Ní ríomhfar ach aon ghlaníogaireacht amháin le haghaidh gach buicéid.

Airteagal 383g

Fachtóirí riosca cothromais

1. Is éard a bheidh sna buicéid maidir le gach fachtóir riosca cothromais na buicéid dá dtagraítear in Airteagal 383t.
2. Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca deilte cothromais atá le cur i bhfeidhm ag institiúidí ar ionstraimí sa phunann CVA atá íogair ar spotphraghsanna na gcothromas uile atá mapáilte chuig an mbuicéad céanna dá dtagraítear i mír 1. Ní ríomhfar ach aon ghlaníogaireacht amháin le haghaidh gach buicéid.
3. Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca véige cothromais atá le cur i bhfeidhm ag institiúidí ar ionstraimí sa phunann CVA atá íogair ar luaineacht cothromais luaineachtaí intuigthe na gcothromas uile atá mapáilte chuig an mbuicéad céanna dá dtagraítear i mír 1. Ní ríomhfar ach aon ghlaníogaireacht amháin le haghaidh gach buicéid.

Airteagal 383h

Fachtóirí riosca tráchtearraí

1. Is éard a bheidh sna buicéid maidir le gach fachtóir riosca tráchtearraí na buicéid earnála, dá dtagraítear in Airteagal 383x.
2. Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca deilte tráchtearraí atá le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir le hionstraimí sa phunann CVA atá íogair ar spotphraghsanna ná spotphraghsanna gach tráchtearra atá mapáilte chuig an mbuicéad earnála céanna dá dtagraítear i mír 1. Ní ríomhfar ach aon ghlaníogaireacht amháin le haghaidh gach buicéid earnála.
3. Is éard a bheidh sna fachtóirí riosca véige tráchtearraí atá le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir le hionstraimí sa phunann CVA atá íogair ar luaineacht praghsanna tráchtearraí luaineachtaí intuigthe gach tráchtearra atá mapáilte chuig an mbuicéad earnála céanna dá dtagraítear i mír 1. Ní ríomhfar ach aon ghlaníogaireacht amháin le haghaidh gach buicéid earnála.

1. Déanfaidh institiúidí íogaireachtaí deilte a bhfuil fachtóirí riosca an ráta úis mar chuid díobh a ríomh mar seo a leanas:
 - (a) déanfar íogaireachtaí deilte an CVA chomhiomláin ar fhachtóirí riosca a bhfuil rátaí saor ó riosca mar chuid díobh, chomh maith le fálú incháilithe i ndáil leis na fachtóirí riosca sin, a ríomh mar a leanas:

$$S_{r_{kt}}^{CVA} = \frac{V_{CVA}(r_{kt} + 0,0001, x, y \dots) - V_{CVA}(r_{kt}, x, y \dots)}{0,0001}$$

$$S_{r_{kt}}^{hedge_i} = \frac{V_i(r_{kt} + 0,0001, w, z \dots) - V_i(r_{kt}, w, z \dots)}{0,0001}$$

i gcás inarb amhlaidh gur:

$S_{r_{kt}}^{CVA}$ = na híogaireachtaí a bhaineann leis an CVA comhiomlán i ndáil le fachtóir riosca ráta saor ó riosca;

r_{kt} = luach fachtóra riosca ráta saor ó fhachtóir riosca k le haibíocht t;

V_{CVA} = an CVA comhiomlán arna ríomh leis an tsamhail rialála CVA;

x, y = fachtóirí riosca seachas r_{kt} in V_{CVA} ;

$S_{r_{kt}}^{hedge_i}$ = na híogaireachtaí a bhaineann le fálú incháilithe i i ndáil le fachtóir riosca ráta saor ó riosca;

V_i = an fheidhm phraghsála a bhaineann le fálú incháilithe i ;

w, z = fachtóirí riosca seachas r_{kt} san fheidhm phraghsála V_i ;

- (b) déanfar íogaireachtaí deilte ar fhachtóirí riosca a bhfuil rátaí boillscithe mar chuid díobh, chomh maith le fáilú incháilithe i ndáil leis na fachtóirí riosca sin, a ríomh mar a leanas:

$$S_{infl_{kt}}^{CVA} = \frac{V_{CVA}(infl_{kt} + 0,0001, x, y \dots) - V_{CVA}(infl_{kt}, x, y \dots)}{0,0001}$$

$$S_{infl_{kt}}^{hedge_i} = \frac{V_i(infl_{kt} + 0,0001, w, z \dots) - V_i(infl_{kt}, w, z \dots)}{0,0001}$$

i gcás inarb amhlaidh gur:

$S_{infl_{kt}}^{CVA}$ = na híogaireachtaí a bhaineann leis an CVA comhiomlán i ndáil le fachtóir riosca an ráta boilscithe;

$infl_{kt}$ = luach fachtóra riosca an ráta boilscithe k le haibíocht t ;

V_{CVA} = an CVA comhiomlán arna ríomh leis an tsamhail rialála CVA;

x, y = fachtóirí riosca seachas $infl_{kt}$ in V_{CVA} ;

$S_{infl_{kt}}^{hedge_i}$ = na híogaireachtaí a bhaineann le fálú incháilithe i i ndáil le fachtóir riosca an ráta boilscithe;

V_i = an fheidhm phraghsála a bhaineann le fálú incháilithe i ;

w, z = fachtóirí riosca seachas $infl_{kt}$ san fheidhm phraghsála V_i .

2. Déanfaidh institiúidí íogaireachtaí deilte an CVA chomhiomláin ar fhachtóirí riosca a bhfuil spotrátaí malairte eachtraí mar chuid díobh, chomh maith le hionstraim fálaíthe incháilithe i ndáil leis na fachtóirí riosca sin, a ríomh mar seo a leanas:

$$S_{FX_k}^{CVA} = \frac{V_{CVA}(FX_k \cdot 1,01, x, y \dots) - V_{CVA}(FX_k, x, y \dots)}{0,01}$$

$$S_{FX_k}^{hedge_i} = \frac{V_i(FX_k \cdot 1,01, w, z \dots) - V_i(FX_k, w, z \dots)}{0,01}$$

i gcás inarb amhlaidh gur:

$S_{FX_k}^{CVA}$ = na híogaireachtaí a bhaineann leis an CVA comhiomlán i ndáil le fachtóir riosca spotráta malairte eachtraí;

FX_k = luach fachtóra riosca spotráta malairte eachtraí k ;

V_{CVA} = an CVA comhiomlán arna ríomh leis an tsamhail rialála CVA;

x, y = fachtóirí riosca seachas FX_k in V_{CVA} ;

$S_{FX_k}^{hedge_i}$ = na híogaireachtaí a bhaineann le fálú incháilithe i i ndáil le fachtóir riosca spotráta malairte eachtraí;

V_i = an fheidhm phraghsála a bhaineann le fálú incháilithe i ;

w, z = fachtóirí riosca seachas FX_k san fheidhm phraghsála V_i .

3. Déanfaidh institiúidí íogaireachtaí deilte an CVA chomhiomláin ar fhachtóirí riosca a bhfuil rátaí raoin difríochta creidmheasa contrapháirtí mar chuid díobh, chomh maith le hionstraim fálaíthe incháilithe i ndáil leis na fachtóirí riosca sin, a ríomh mar seo a leanas:

$$S_{ccs_{kt}}^{CVA} = \frac{V_{CVA}(ccs_{kt} + 0,0001, x, y \dots) - V_{CVA}(ccs_{kt}, x, y \dots)}{0,0001}$$

$$S_{ccs_{kt}}^{hedge_i} = \frac{V_i(ccs_{kt} + 0,0001, w, z \dots) - V_i(ccs_{kt}, w, z \dots)}{0,0001}$$

i gcás inarb amhlaidh gur:

$S_{ccs_{kt}}^{CVA}$ = na híogaireachtaí a bhaineann leis an CVA comhiomlán i ndáil le fachtóir riosca ráta raoin difríochta creidmheasa contrapháirtí;

ccs_{kt} = luach fachtóra riosca i dtaca le ráta raoin difríochta creidmheasa k an chontrapháirtí ag aibíocht t;

V_{CVA} = an CVA comhiomlán arna ríomh leis an tsamhail rialála CVA;

x, y = fachtóirí riosca seachas ccs_{kt} in V_{CVA} ;

$S_{ccs_{kt}}^{hedge_i}$ = na híogaireachtaí a bhaineann le fálú incháilithe i i ndáil le fachtóir riosca ráta raoin difríochta creidmheasa contrapháirtí;

V_i = an fheidhm phraghsála a bhaineann le fálú incháilithe i ;

w, z = fachtóirí riosca seachas ccs_{kt} san fheidhm phraghsála V_i .

4. Déanfaidh institiúidí íogaireachtaí deilte an CVA chomhiomláin ar fhachtóirí riosca a bhfuil rátaí raoin difríochta creidmheasa tagartha mar chuid díobh, chomh maith le hionstraim fálaíthe incháilithe i ndáil leis na fachtóirí riosca sin, a ríomh mar seo a leanas:

$$S_{rcs_{kt}}^{CVA} = \frac{V_{CVA}(rcs_{kt} + 0,0001, x, y \dots) - V_{CVA}(rcs_{kt}, x, y \dots)}{0,0001}$$

$$S_{rcs_{kt}}^{hedge_i} = \frac{V_i(rcs_{kt} + 0,0001, w, z \dots) - V_i(rcs_{kt}, w, z \dots)}{0,0001}$$

i gcás inarb amhlaidh gur:

$S_{rcs_{kt}}^{CVA}$ = na híogaireachtaí a bhaineann leis an CVA comhiomlán i ndáil le fachtóir riosca ráta raoin difríochta creidmheasa tagartha;

rcs_{kt} = luach fachtóra riosca ráta raoin difríochta creidmheasa tagartha k ag aibíocht t;

V_{CVA} = an CVA comhiomlán arna ríomh leis an tsamhail rialála CVA;

x, y = fachtóirí riosca seachas ccs_{kt} in V_{CVA} ;

$S_{rcs_{kt}}^{hedge_i}$ = na híogaireachtaí a bhaineann le fálú incháilithe i i ndáil le fachtóir riosca ráta raoin difríochta creidmheasa tagartha;

V_i = an fheidhm phraghsála a bhaineann le fálú incháilithe i ;

w, z = fachtóirí riosca seachas ccs_{kt} san fheidhm phraghsála V_i .

5. Déanfaidh institiúidí íogaireachtaí deilte an CVA chomhiomláin ar fhachtóirí riosca a bhfuil spotphraghsanna cothromais mar chuid díobh, chomh maith le hionstraim fáilaithe incháilithe i ndáil leis na fachtóirí riosca sin, a ríomh mar seo a leanas:

$$S_{EQ}^{CVA} = \frac{V_{CVA}(EQ \cdot 1,01, x, y \dots) - V_{CVA}(EQ, x, y \dots)}{0,01}$$

$$S_{EQ}^{hedge_i} = \frac{V_i(EQ \cdot 1,01, w, z \dots) - V_i(EQ, w, z \dots)}{0,01}$$

i gcás inarb amhlaidh gur:

S_{EQ}^{CVA} = na híogaireachtaí a bhaineann leis an CVA comhiomlán i ndáil le fachtóir riosca spotphraghsanna cothromais;

EQ = luach an spotphraghsais cothromais;

V_{CVA} = an CVA comhiomlán arna ríomh leis an tsamhail rialála CVA;

x, y = fachtóirí riosca seachas EQ in V_{CVA} ;

$S_{EQ}^{hedge_i}$ = na híogaireachtaí a bhaineann le fálú incháilithe i i ndáil le fachtóir riosca spotphraghsanna cothromais;

V_i = an fheidhm phraghsála a bhaineann le fálú incháilithe i ;

w, z = fachtóirí riosca seachas EQ san fheidhm phraghsála V_i .

6. Déanfaidh institiúidí íogaireachtaí deilte an CVA chomhiomlán ar fhachtóirí riosca a bhfuil spotphraghsanna tráchtearraí mar chuid díobh, chomh maith le hionstraim fálaithé incháilithe i ndáil leis na fachtóirí riosca sin, a ríomh mar seo a leanas:

$$S_{CTY}^{CVA} = \frac{V_{CVA}(1,01 \cdot CTY, x, y \dots) - V_{CVA}(CTY, x, y \dots)}{0,01}$$

$$S_{CTY}^{hedge_i} = \frac{V_i(1,01 \cdot CTY, w, z \dots) - V_i(CTY, w, z \dots)}{0,01}$$

i gcás inarb amhlaidh gur:

S_{CTY}^{CVA} = na híogaireachtaí a bhaineann leis an CVA comhiomlán i ndáil le fachtóir riosca spotphraghsanna tráchtearraí;

CTY = luach an spotphraghais tráchtearra;

V_{CVA} = an CVA comhiomlán arna ríomh leis an tsamhail rialála CVA;

x, y = fachtóirí riosca seachas CTY in V_{CVA} ;

$S_{CTY}^{hedge_i}$ = na híogaireachtaí a bhaineann le fálú incháilithe i ndáil le fachtóir riosca spotphraghsanna tráchtearraí;

V_i = an fheidhm phraghsála a bhaineann le fálú incháilithe i ;

w, z = fachtóirí riosca seachas CTY san fheidhm phraghsála V_i .

Airteagal 383j

Íogaireachtaí riosca véige

Déanfaidh institiúidí íogaireachtaí riosca véige an CVA chomhiomláin ar fhachtóirí riosca a bhfuil luaineacht intuigthe mar chuid díobh, chomh maith le hionstraim fálaithe incháilithe i ndáil leis na fachtóirí riosca sin, a ríomh mar seo a leanas:

$$S_{vol_k}^{CVA} = \frac{V_{CVA}(vol_k \cdot 1,01, x, y \dots) - V_{CVA}(vol_k, x, y \dots)}{0,01}$$

$$S_{vol_k}^{hedge_i} = \frac{V_i(vol_k \cdot 1,01, w, z \dots) - V_i(vol_k, w, z \dots)}{0,01}$$

i gcás inarb amhlaidh gur:

$S_{vol_k}^{CVA}$ = na híogaireachtaí a bhaineann leis an CVA comhiomlán i ndáil le fachtóir riosca luaineachta intuigthe;

vol_k = luach an fhachtóra riosca luaineachta intuigthe, ■ ;

V_{CVA} = an CVA comhiomlán arna ríomh leis an tsamhail rialála CVA;

x, y = fachtóirí riosca seachas vol_k san fheidhm phraghsála V_{CVA} ;

$S_{vol_k}^{hedge_i}$ = na híogaireachtaí a bhaineann le hionstraim fálaíthe incháilithe i i ndáil le fachtóir riosca luaineachta intuigthe;

V_i = an fheidhm phraghsála a bhaineann le fálú incháilithe i ;

w, z = fachtóirí riosca seachas vol_k san fheidhm phraghsála V_i .

Airteagal 383k

Ualuithe riosca do riosca an ráta úis

1. Maidir leis na hairgeadraí dá dtagraítear in Airteagal 383c(2), is iad seo a leanas a bheidh sna hualuithe riosca d'íogaireachtaí deilte ráta saor ó riosca le haghaidh gach buicéid i dTábla 1:

Tábla 1

	Aibíocht	Ualú riosca
	1 bhliain	1,11 %
	2 bhliain	0,93 %
	5 bliana	0,74 %
	10 mbliana	0,74 %
	30 bliain	0,74 %

2. Maidir le hairgeadraí seachas na hairgeadraí dá dtagraítear in Airteagal 383c(2), is é 1,58 % a bheidh san ualú riosca d'íogaireachtaí deilte ráta saor ó riosca.

3. Maidir le riosca an ráta boilscithe a ainmnítear i gceann amháin de na hairgeadraí dá dtagraítear in Airteagal 383c(2), is é 1,11 % a bheidh san ualú riosca den íogaireacht *deilte* ar an ráta boilscithe.
4. Maidir le riosca an ráta boilscithe a ainmnítear in airgeadra seachas na hairgeadraí dá dtagraítear in Airteagal 383c(2), is é 1,58 % a bheidh san ualú riosca den íogaireacht *deilte* ar an ráta boilscithe.
5. Is é 100 % na hualuithe riosca atá le cur i bhfeidhm maidir le híogaireachtaí ar fhachtóirí riosca véige an ráta úis agus fachtóirí riosca *véige* an ráta boilscithe maidir le gach airgeadra.

Airteagal 383l

Comhghaolta laistigh de bhuicéad do riosca an ráta úis

1. Maidir leis na hairgeadraí dá dtagraítear in Airteagal 383c(2), is iad seo a leanas na paraiméadair chomhghaoil a chuirfidh institiúidí i bhfeidhm maidir le comhiomlánú na n-íogaireachtaí deilte ráta saor ó riosca idir na buicéid dhifriúla a leagtar amach in Airteagal 383k, Tábla 1:

Tábla 1

Buicéad	1	2	3	4	5
1	100 %	91 %	72 %	55 %	31 %
2		100 %	87 %	72 %	45 %
3			100 %	91 %	68 %
4				100 %	83 %
5					100 %

2. Cuirfidh institiúidí paraiméadar comhghaoil de 40 % i bhfeidhm maidir le comhiomlánú na híogaireachta riosca deilte ráta boilscithe agus na híogaireachta deilte ráta saor ó riosca a ainmnítear san airgeadra céanna.
3. Cuirfidh institiúidí paraiméadar comhghaoil de 40 % i bhfeidhm maidir le comhiomlánú na híogaireachta ar fhachtóir riosca véige an ráta boilscithe agus na híogaireachta ar fhachtóir riosca véige an ráta úis a ainmnítear san airgeadra céanna.

Airteagal 383m

Comhghaol i mbuicéid dhifriúla i gcomhair riosca ráta úis

Socrófar an paraiméadar comhghaoil trasbhuicéad do rioscaí deilte agus véige an ráta úis ag 0,5 le haghaidh gach péire airgeadraí.

Airteagal 383n

Ualuithe riosca do riosca malairte eachtraí

1. Is é 11 % a bheidh sna hualuithe riosca do gach íogaireacht deilte ar fhachtóir riosca malairte eachtraí idir airgeadra tuairiscithe institiúide agus airgeadra eile.

2. *Is é a bheidh in ualú riosca na bhfachtóirí riosca malairte eachtraí maidir le péirí airgeadraí atá comhdhéanta den euro agus d'airgeadra Ballstáit atá páirteach in SRM II ceann de na hualaí seo a leanas:*

(a) an t-ualú riosca dá dtagraítear i mír 1, roinnte ar 3;

(b) an uasluaineacht laistigh den bhanda luaineachta a chomhaontaigh an Ballstát agus an BCE go foirmiúil i gcás ina bhfuil an banda luaineachta sin níos cúinge ná an banda luaineachta a shainítear faoi SRM II.

3. *In ainneoin mhír 2, maidir le hualú riosca na bhfachtóirí riosca malairte eachtraí a bhaineann le hairgeadraí dá dtagraítear sa mhír sin atá rannpháirteach in ERM II agus ag a mbeidh banda luaineachta, a comhaontaíodh go foirmiúil, a bheidh níos cúinge ná an banda caighdeánach (is é sin móide nó lúide 15 %), beidh sé comhionann le céatadán uasta na luaineachta laistigh den bhanda is cúinge sin.*
4. Is é 100 % a bheidh sna hualuithe riosca do gach íogaireacht véige ar fhachtóir riosca malairte eachtraí.

Airteagal 383o

Comhghaolta do riosca malairte eachtraí

1. Beidh feidhm ag paraiméadar comhghaoil aonfhoirmeach ar cothrom é le 60 % *maidir le comhiomlánú na n-íogaireachtaí ar fhachtóir riosca deilte malairte eachtraí i mbuicéid dhifriúla.*
2. *Beidh feidhm ag paraiméadar comhghaoil aonfhoirmeach ar cothrom é le 60 % maidir le comhiomlánú na n-íogaireachtaí ar fhachtóir riosca véige malairte eachtraí i mbuicéid dhifriúla.*

Airteagal 383p

Ualuithe riosca do riosca raoin difríochta creidmheasa an chontrapháirtí

- Beidh na hualuithe riosca do na híogaireachtaí deilte ar fhachtóirí riosca raoin difríochta creidmheasa an *chontrapháirtí* mar an gcéanna i gcás gach aibíochta (0,5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana) laistigh de gach buicéad i dTábla 1 agus is mar a leanas a bheidh siad:

Tábla 1

Uimhir Bhuicéid	Cáilíocht Creidmheasa	Earnáil	Ualú riosca
1	Uile	Rialtas láir, lena n-áirítear bainc ceannais, de chuid na mBallstát	0,5 %
2	Céimeanna cáilíochta creidmheasa 1 go 3	Rialtas láir, lena n-áirítear bainc cheannais, tríú tíortha, bainc forbartha iltaobhacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 117(2) agus in Airteagal 118	0,5 %
3		Rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil agus eintitis earnála poiblí	1,0 %
4		Eintitis earnála airgeadais, lena n-áirítear institiúidí creidmheasa atá ionchorpraithe nó bunaithe ag rialtas láir, rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil, agus iasachtóirí cur chun cinn	5,0 %
5		Ábhair bhunúsacha, fuinneamh, scaireanna tionsclaíocha, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht	3,0 %
6		Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar	3,0 %

		agus stóráil, gníomhaíochtaí seirbhíse tacaíochta agus riaracháin	
--	--	--	--

7		Teicneolaíocht, teileachumarsáid	2,0 %
8		Cúram sláinte, fónais, gníomhaíochtaí gairmiúla agus teicniúla	1,5 %
9		Bannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa atá bunaithe i mBallstáit	1,0 %
10	Céim cáilíochta creidmheasa 1	Bannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa i dtríú tíortha	1,5 %
	Céimeanna cáilíochta creidmheasa 2 go 3		2,5 %
11	Céimeanna cáilíochta creidmheasa 1 go 3	Earnáil eile	5,0 %
12	Céimeanna cáilíochta creidmheasa 1 go 3	Innéacsanna cáilithe	1,5 %
13	Céimeanna cáilíochta creidmheasa 4 go 6 agus gan rátáil	Rialtas láir, lena n-áirítear bainc cheannais, tríú tíortha, bainc forbartha iltaobhacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 117(2) agus in Airteagal 118	2,0 %
14		Rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil agus eintitis earnála poiblí	4,0 %
15		Eintitis earnála airgeadais, lena n-áirítear institiúidí creidmheasa atá ionchorpraithe nó bunaithe ag rialtas láir, ag rialtas réigiúnach nó ag údarás áitiúil, agus iasachtóirí cur chun cinn	12,0 %
16		Ábhair bhunúsacha, fuinneamh, scaireanna tionsclaíocha, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht	7,0 %

17		Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíochtaí seirbhíse tacaíochta agus riaracháin	8,5 %
----	--	--	-------

18		Teicneolaíocht, teileachumarsáid	5,5 %
19		Cúram sláinte, fónais, gníomhaíochtaí gairmiúla agus teicniúla	5,0 %
20		Earnáil eile	12,0 %
21		Innéacsanna cáilithe	5,0 %

I gcás nach bhfuil aon rátálacha seachtracha ann do chontrapháirtí sonracha, féadfaidh institiúidí, faoi réir fhormheas na n-údarás inniúil, an rátáil inmheánach a mhapáil le rátáil sheachtrach chomhfhreagrach agus ualú riosca a shannadh a chomhfhreagraíonn do chéimeanna cáilíochta creidmheasa 1 go 3 nó do chéimeanna cáilíochta creidmheasa 4 go 6. Seachas sin, cuirfear i bhfeidhm na hualuithe riosca do neamhchosaintí gan rátáil;

2. Chun neamhchosaint ar riosca a shannadh d'earnáil, braithfidh institiúidí ar aicmiú a úsáidtear go coitianta sa mhargadh chun eisitheoirí a ghrúpáil de réir earnála. Ní dhéanfaidh institiúidí gach eisitheoir a shannadh ach do cheann amháin de na buicéid earnála a leagtar amach i dTábla 1. Neamhchosaintí ar riosca ó eisitheoir ar bith nach féidir le h-institiúid a shannadh d'earnáil ar leith ar an gcaoi sin, déanfar na neamhchosaintí sin a shannadh do bhuicéad 11 nó buicéad 20 i dTábla 1, ag brath ar cháilíocht chreidmheasa an eisitheora.

3. Ní shannfaidh institiúidí ach neamhchosaintí a thagraíonn d'innéacsanna cáilithe dá dtagraítear in Airteagal 383b(4) do bhuicéad 12 agus 21 i dTábla 1.
4. Úsáidfí institiúidí cur chuige an trébhreathnaithe chun íogaireachtaí neamhchosanta a thagraíonn d'innéacs neamhcháilithe a chinneadh.

Airteagal 383q

Comhghaolta laistigh de bhuicéad do riosca raoin difríochta creidmheasa an chontrapháirtí

1. Idir dhá íogaireacht WS_k agus WS_l , a leanann as neamhchosaintí ar riosca a shanntar do bhuicéid earnála 1 go 11 agus 13 go 20, mar a leagtar amach in Airteagal 383p(1), Tábla 1, is mar seo a leanas a shocrófar an paraiméadar comhghaoil ρ_{kl} :

$$\rho_{kl} = \rho_{kl}^{(tenor)} \cdot \rho_{kl}^{(name)} \cdot \rho_{kl}^{(quality)}$$

i gcás inarb amhlaidh:

go mbeidh $\rho_{kl}^{(tenor)}$ cothrom le 1 i gcás inarb ionann an dá rinn de chuid íogaireachtaí k agus l, agus seachas sin beidh sé cothrom le 90 %;

go mbeidh $\rho_{kl}^{(name)}$ cothrom le 1 i gcás inarb ionann an dá ainm de chuid íogaireachtaí k agus l, **90 % má tá an dá ainm éagsúil ach tá gaol dlíthiúil acu le chéile**, seachas sin beidh sé cothrom le 50 %;

go mbeidh $\rho_{kl}^{(quality)}$ cothrom le 1 i gcás ina bhfuil an dá ainm i mbuicéid 1 go 11 araon nó i mbuicéid 13 go 20 araon, agus seachas sin beidh sé cothrom le 80 %.

2. Idir dhá íogaireacht WS_k agus WS_l , a leanann as neamhchosaintí ar riosca a shanntar do bhuicéid earnála 12 agus 21, is mar seo a leanas a shocrófar an paraiméadar comhghaoil ρ_{kl} :

$$\rho_{kl} = \rho_{kl}^{(tenor)} \cdot \rho_{kl}^{(name)} \cdot \rho_{kl}^{(quality)}$$

i gcás inarb amhlaidh:

go mbeidh $\rho_{kl}^{(tenor)}$ cothrom le 1 i gcás inarb ionann an dá rinn de chuid íogaireachtaí k agus l, agus seachas sin beidh sé cothrom le 90 %;

go mbeidh $\rho_{kl}^{(name)}$ cothrom le 1 i gcás inarb ionann an dá ainm de chuid íogaireachtaí k agus l agus ina bhfuil an dá innéacs den tsraith chéanna, **90 % más ionann an dá innéacs, ach ar le sraitheanna leithleacha iad**, seachas sin beidh sé cothrom le 80 %;

go mbeidh $\rho_{kl}^{(quality)}$ cothrom le 1 i gcás ina bhfuil an dá ainm i mbuicéad 12 araon nó i mbuicéad 21 araon, agus seachas sin beidh sé cothrom le 80 %.

Airteagal 383r

Comhghaolta i mbuicéid dhifriúla do riosca raoin difríochta creidmheasa an chontrapháirtí

Is mar seo a leanas a bheidh na comhghaolta trasbhuicéad do riosca deilte raoin difríochta creidmheasa *contrapháirtí*:

Tábla 1

Buicéad	1, 2, 3, 13 agus 14	4 agus 15	5 agus 16	6 agus 17	7 agus 18	8 agus 19	9 agus 10	11 agus 20	12 agus 21
1, 2, 3, 13 agus 14	100 %	10 %	20 %	25 %	20 %	15 %	10 %	0 %	45 %
4 agus 15		100 %	5 %	15 %	20 %	5 %	20 %	0 %	45 %
5 agus 16			100 %	20 %	25 %	5 %	5 %	0 %	45 %
6 agus 17				100 %	25 %	5 %	15 %	0 %	45 %
7 agus 18					100 %	5 %	20 %	0 %	45 %
8 agus 19						100 %	5 %	0 %	45 %
9 agus 10							100 %	0 %	45 %
11 agus 20								100 %	0 %
12 agus 21									100 %

Airteagal 383r

Ualuithe riosca do riosca raoin difríochta creidmheasa tagartha

- Beidh na hualuithe riosca do na híogaireachtaí deilte ar fhachtóirí riosca raoin difríochta creidmheasa tagartha mar an gcéanna i gcás gach aibíochta (0,5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana) agus i gcás gach neamhchosanta ar raon difríochta creidmheasa tagartha laistigh de gach buicéad i dTábla 1 agus is mar a leanas a bheidh siad:

Tábla 1

Uimhir bhuicéid	Cáilíocht chreidmheasa	Earnáil	Ualú riosca
1	Uile	Rialtas láir, lena n-áirítear bainc ceannais, de chuid na mBallstát	0,5 %
2	Céimeanna cáilíochta creidmheasa 1 go 3	Rialtas láir, lena n-áirítear bainc cheannais, tríú tíortha, bainc forbartha iltaobhacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 117(2) agus in Airteagal 118	0,5 %
3		Rialtais réigiúnacha, údarais áitiúla agus eintitis earnála poiblí	1,0 %
4		Eintitis earnála airgeadais, lena n-áirítear institiúidí creidmheasa atá ionchorpraithe nó bunaithe ag rialtas láir, ag rialtas réigiúnach nó ag údarás áitiúil, agus iasachtóirí cur chun cinn	5,0 %
5		Ábhair bhunúsacha, fuinneamh, scaireanna tionsclaíocha, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht	3,0 %
6		Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíochtaí seirbhíse tacaíochta agus riaracháin	3,0 %
7		Teicneolaíocht, teileachumarsáid	2,0 %

Uimhir bhucéid	Cáilíocht chreidmheasa	Earnáil	Ualú riosca
8		Cúram sláinte, fónais, gníomhaíochtaí gairmiúla agus teicniúla	1,5 %
9		<i>Bannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa atá bunaithe i mBallstáit</i>	1,0 %
10	<i>Céim cáilíochta creidmheasa 1</i>	<i>Bannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa i dtríú tíortha</i>	1,5 %
	<i>Céimeanna cáilíochta creidmheasa 2 go 3</i>		2,5 %
11	Céimeanna cáilíochta creidmheasa 1 go 3	Innéacsanna cáilithe	1,5 %
12	Céimeanna cáilíochta creidmheasa 4 go 6 agus gan rátáil	Rialtas láir, lena n-áirítear bainc cheannais, tríú tíortha, bainc forbartha iltaobhacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 117(2) agus in Airteagal 118	2,0 %
13		Rialtais réigiúnacha, údaráis áitiúla agus eintitis earnála poiblí	4,0 %
14		Eintitis earnála airgeadais, lena n-áirítear institiúidí creidmheasa atá ionchorpraithe nó bunaithe ag rialtas láir, ag rialtas réigiúnach nó ag údarás áitiúil, agus iasachtóirí cur chun cinn	12,0 %

Uimhir bhuicéid	Cáilíocht chreidmheasa	Earnáil	Ualú riosca
15		Ábhair bhunúsacha, fuinneamh, scaireanna tionsclaíocha, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht	7,0 %
16		Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíochtaí seirbhíse tacaíochta agus riaracháin	8,5 %
17		Teicneolaíocht, teileachumarsáid	5,5 %
18		Cúram sláinte, fóntais, gníomhaíochtaí gairmiúla agus teicniúla	5,0 %
19		Innéacsanna cáilithe	5,0 %
20	Earnáil eile		12,0 %

I gcás nach bhfuil aon rátálacha seachtracha ann do chontrapháirtí sonracha, féadfaidh institiúidí, faoi réir fhormheas na n-údarás inniúil, an rátáil inmheánach a mhapáil le rátáil sheachtrach chomhfhreagrach agus ualú riosca a shannadh a chomhfhreagraíonn do chéimeanna cáilíochta creidmheasa 1 go 3 nó do chéimeanna cáilíochta creidmheasa 4 go 6. Seachas sin, cuirfear i bhfeidhm na hualuithe riosca do neamhchosaintí gan rátáil.

- 2. Déanfar na hualuithe riosca do luaineachtaí tagartha raoin difríochta creidmheasa a shocrú ag 100 %.*

3. Chun neamhchosaint ar riosca a shannadh d'earnáil, braithfidh institiúidí ar aicmiú a úsáidtear go coitianta sa mhargadh chun eisitheoirí a ghrúpáil de réir earnála. Déanfaidh institiúidí gach eisitheoir a shannadh do cheann amháin de na buicéid earnála i dTábla 1. Neamhchosaintí ar riosca ó eisitheoir ar bith nach féidir le hinstitiúid a shannadh d'earnáil ar leith ar an gcaoi sin, déanfar na neamhchosaintí sin a shannadh do bhuicéad 20 i dTábla 1.

4. Ní shannfaidh institiúidí ach neamhchosaintí a thagraíonn d'innéacsanna cáilithe dá dtagraítear in Airteagal 383b(4) do bhuicéad 11 agus 19.
5. Úsáidfídh institiúidí cur chuige an trébhreathnaithe chun íogaireachtaí neamhchosanta a thagraíonn d'innéacs neamhcháilithe a chinneadh.

Airteagal 383t

Comhghaolta laistigh de bhuicéad do riosca raoin difríochta creidmheasa tagartha

1. Idir dhá íogaireacht WS_k agus WS_l a leanann as neamhchosaintí ar riosca a shanntar do bhuicéid earnála 1 go 10, 12 go 18 agus 20, d'Airteagal 383s(1), Tábla 1, is mar seo a leanas a shocrófar an paraiméadar comhghaoil ρ_{kl} :

$$\rho_{kl} = \rho_{kl}^{(tenor)} \cdot \rho_{kl}^{(name)} \cdot \rho_{kl}^{(quality)}$$

i gcás inarb amhlaidh:

go mbeidh $\rho_{kl}^{(tenor)}$ cothrom le 1 i gcás inarb ionann an dá rinn de chuid íogaireachtaí k agus l, agus seachas sin beidh sé cothrom le 90 %;

go mbeidh $\rho_{kl}^{(name)}$ cothrom le 1 i gcás inarb ionann an dá ainm de chuid íogaireachtaí k agus l, **90 % má tá an dá ainm éagsúil, ach tá gaol dlíthiúil acu le *chéile*** agus seachas sin beidh sé cothrom le 50 %;

go mbeidh $\rho_{kl}^{(quality)}$ cothrom le 1 i gcás ina bhfuil an dá ainm i mbuicéid 1 go 10 araon nó i mbuicéid 12 go 18, nó ina bhfuil an dá ainm i mbuicéad 20, agus seachas sin beidh sé cothrom le 80 %.

2. Idir dhá íogaireacht WS_k agus WS_l , a leanann as neamhchosaintí ar riosca a shanntar do bhuicéid earnála 11 agus 19, is mar seo a leanas a shocrófar an paraiméadar comhghaoil ρ_{kl} :

$$\rho_{kl} = \rho_{kl}^{(tenor)} \cdot \rho_{kl}^{(name)} \cdot \rho_{kl}^{(quality)}$$

i gcás inarb amhlaidh:

go mbeidh $\rho_{kl}^{(tenor)}$ cothrom le 1 i gcás inarb ionann an dá rinn de chuid íogaireachtaí k agus l, agus seachas sin beidh sé cothrom le 90 %;

go mbeidh $\rho_{kl}^{(name)}$ cothrom le 1 i gcás inarb ionann an dá ainm de chuid íogaireachtaí k agus l agus ina bhfuil an dá innéacs den tsraith chéanna, 90 % más ionann an dá innéacs, ach ar le sraitheanna leithleacha iad, agus seachas sin beidh sé cothrom le 80 %;

go mbeidh $\rho_{kl}^{(quality)}$ cothrom le 1 i gcás ina bhfuil an dá ainm i mbuicéad 11 araon nó i mbuicéad 19 araon, agus seachas sin beidh sé cothrom le 80 %.

Airteagal 383u

Comhghaolta i mbuicéid dhifriúla do riosca raoin difríochta creidmheasa tagartha

- 1. Is mar seo a leanas a bheidh na comhghaolta trasbhuicéid le haghaidh riosca tagartha um raon difríochta creidmheasa agus riosca véige um raon difríochta creidmheasa tagartha:***

Tábla 1

Buicéad	1, 2 agus 12	3 agus 14	4 agus 15	5 agus 16	6 agus 17	7 agus 18	8 agus 19	9 agus 10	20	11	19
1, 2 agus 12	100 %	75 %	10 %	20 %	25 %	20 %	15 %	10 %	0 %	45 %	45 %
3 agus 14		100 %	5 %	15 %	20 %	15 %	10 %	10 %	0 %	45 %	45 %
4 agus 15			100 %	5 %	15 %	20 %	5 %	20 %	0 %	45 %	45 %
5 agus 16				100 %	20 %	25 %	5 %	5 %	0 %	45 %	45 %
6 agus 17					100 %	25 %	5 %	15 %	0 %	45 %	45 %
7 agus 18						100 %	5 %	20 %	0 %	45 %	45 %
8 agus 19							100 %	5 %	0 %	45 %	45 %
9 agus								100 %	0 %	45 %	45 %

10											
20									100 %	0 %	0 %
11										100 %	75 %
19											100 %

- 2. De mhaolú ar mhír 1, déanfar na luachanna comhghaoil trasbhuicéad a ríomhtar sa mhír sin a roinnt ar 2 do chomhghaoil idir buicéad ón ngrúpa buicéid 1 go 10 agus buicéad ón ngrúpa buicéid 12 go 18.**

Airteagal 383v

Buicéid ualuithe riosca do riosca cothromais

- Beidh na hualuithe riosca do na híogaireachtaí deilte ar fhachtóirí riosca spotphraghsanna cothromais mar an gcéanna i gcás gach neamhchosanta ar riosca cothromais laistigh de bhuicéad i dTábla 1 agus is mar seo a leanas a bheidh siad:

Tábla 1

Uimhir bhuicéid	Caipitliú margaidh	An geilleagar	Earnáil	Ualú riosca i gcomhair spotphraghas cothromais ■
1	Mór	Geilleagar margaidh i mbéal forbartha	Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíochtaí seirbhíse tacaíochta agus riaracháin, cúram sláinte, fónais	55 %
2			Teileachumarsáid, scaireanna tionsclaíocha	60 %
3			Ábhair bhunúsacha, fuinneamh, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht	45 %
4			Scaireanna airgeadais, lena n-áirítear scaireanna airgeadais le taca rialtais, gníomhaíochtaí réadmhaoine dochorraithe, teicneolaíocht	55 %
5		Geilleagar sárfhorbartha	Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíochtaí seirbhíse tacaíochta agus riaracháin, cúram sláinte, fónais	30 %
6			Teileachumarsáid, scaireanna tionsclaíocha	35 %
7			Ábhair bhunúsacha, fuinneamh, talmhaíocht, monarú,	40 %

Uimhir bhuicéid	Caipitliú margaidh	An geilleagar	Earnáil	Ualú riosca i gcomhair spotphraghas cothromais ■
			mianadóireacht agus cairéalacht	

Uimhir bhuicéid	Caipitliú margaidh	An geilleagar	Earnáil	Ualú riosca i gcomhair spotphraghas cothromais ■
8			Scaireanna airgeadais, lena n-áirítear scaireanna airgeadais le taca rialtais, gníomhaíochtaí réadmhaoine dochorraithe, teicneolaíocht	50 %
9	Beag	Geilleagar margaidh i mbéal forbartha	Na hearnálacha go léir a thuaireascítear faoi uimhreacha buicéid 1, 2, 3 agus 4	70 %
10		Geilleagar sárfhorbartha	Na hearnálacha go léir a thuaireascítear faoi uimhreacha buicéid 5, 6, 7 agus 8	50 %
11	Earnáil eile			70 %
12	Mór	Geilleagar sárfhorbartha	Innéacsanna cáilithe	15 %
13	Eile		Innéacsanna cáilithe	25 %

2. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, sonrófar sna caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear in Airteagal 325bd(7) an rud is caipitliú beag agus caipitliú mór ann.
3. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, sonrófar sna caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear in Airteagal 325ap(3) an rud is geilleagar margaidh i mbéal forbartha agus geilleagar sárforbartha ann.
4. Agus neamhchosaint ar riosca á sannadh d'earnáil acu, braithfidh institiúidí ar aicmiú a úsáidtear go coitianta sa mhargadh chun eisitheoirí a ghrúpáil de réir earnáil tionscail. Déanfaidh institiúidí gach eisitheoir a shannadh do cheann amháin de na buicéid earnála i mír 1, Tábla 1, agus déanfaidh siad na heisitheoirí uile de chuid an tionscail chéanna a shannadh don earnáil chéanna. Neamhchosaintí ar riosca ó eisitheoir ar bith nach féidir le hinstitiúid a shannadh d'earnáil ar leith ar an gcaoi sin, déanfar na neamhchosaintí sin a shannadh do bhuicéad 11. Déanfar eisitheoirí cothromais ilnáisiúnta nó il-earnála a shannadh do bhuicéad ar leith ar bhonn an réigiúin agus na hearnála is ábhartha ina n-oibríonn an t-eisitheoir cothromais.
5. Socrófar na hualuithe riosca do riosca véige cothromais ag 78 % le haghaidh bhuicéid 1 go 8 agus bhuicéad 12, agus ag 100 % le haghaidh gach buicéid eile.

Airteagal 383w

Comhghaolta i mbuicéid dhifriúla do riosca cothromais

Socrófar an paraiméadar comhghaoil trasbhuicéid do riosca deilte agus véige cothromais ag:

- (a) 15 %, i gcás inar buicéid dtagann an dá bhuicéid faoi réim bhuicéid 1 agus 10 in Airteagal 383v(1), Tábla 1;
- (b) 75 %, i gcás inar buicéid 12 agus 13 in Airteagal 383v(1), Tábla 1, iad an dá bhuicéad;
- (c) 45 %, i gcás inar buicéad 12 **nó** 13 in Airteagal 383v(1), Tábla 1, é ceann amháin den dá bhuicéad agus ina dtagann an buicéad eile faoi réim bhuicéid 1 **go** 10 in Airteagal 383v(1), Tábla 1;

- (d) 0 %, i gcás inar buicéad 11 in Airteagal 383v(1), Tábla 1, é ceann amháin den dá bhuicéad.

Airteagal 383x

Buicéid ualuithe riosca do rioscaí tráchtearraí

1. Beidh na hualuithe riosca do na híogaireachtaí deilte ar fhachtóirí riosca spotphraghsanna tráchtearraí mar an gcéanna i gcás gach neamhchosanta ar riosca tráchtearraí laistigh de gach buicéad i dTábla 1 agus is mar seo a leanas a bheidh siad:

Tábla 1

Uimhir bhuicéid	Ainm buicéid	Ualú riosca i gcomhair spotphraghas tráchtearraí
1	Fuinneamh – ábhair indóite sholadacha	30 %
2	Fuinneamh – ábhair indóite leachtacha	35 %
3	Fuinneamh - leictreachas	60 %
4	<i>Fuinneamh – trádáil carbóin faoi CTA an Aontais</i>	40 %
5	<i>Fuinneamh – trádáil carbóin lasmuigh de CTA an Aontais</i>	60 %
6	Lastas	80 %

Uimhir bhuicéid	Ainm buicéid	Ualú riosca i gcomhair spotphraghas tráchtearra
7	Miotail – nach miotail lómhara iad	40 %
8	Ábhair indóite ghásacha	45 %
9	Miotail lómhara, lena n-áirítear ór	20 %
10	Gráin agus olashíol	35 %
11	Beostoc agus déiríocht	25 %
12	Táirgí boga agus táirgí eile talmhaíochta	35 %
13	Táirgí tráchtearraí eile	50 %

2. Socrófar na hualuithe riosca do riosca véige cothromais ag 100 %.

Airteagal 383z

Comhghaolta i mbuicéid dhifriúla i gcomhair riosca tráchtearraí

1. Socrófar an paraiméadar comhghaoil trasbhuicéid do riosca deilte tráchtearraí ag:
 - (a) 20 % i gcás inar buicéid as measc na gceann idir buicéid 1 agus 12 in Airteagal 383x(1), Tábla 1, an dá bhuicéad sin;
 - (b) 0 %, i gcás inar buicéad 13 in Airteagal 383v(1), Tábla 1, é ceann amháin den dá bhuicéad.
2. Socrófar an paraiméadar comhghaoil trasbhuicéid do riosca véige tráchtearraí ag:
 - (a) 20 % i gcás inar buicéid as measc na gceann idir buicéid 1 agus 12 in Airteagal 383x(1), Tábla 1, an dá bhuicéad sin;
 - (b) 0 %, i gcás inar buicéad 13 in Airteagal 383v(1), Tábla 1, é ceann amháin den dá bhuicéad.’;

(202) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 384, 385 agus 386:

‘Airteagal 384

An cur chuige bunúsach

1. Ríomhfaidh institiúid na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA i gcomhréir le mír 2 nó 3 den Airteagal seo, de réir mar is infheidhme, le haghaidh punann idirbheart le contrapháirtí amháin nó níos mó ná contrapháirtí amháin, ag úsáid ceann amháin de na foirmlí seo a leanas, de réir mar is iomchuí:
 - (a) an fhoirmle a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo, i gcás ina gcuireann an institiúid fálú incháilithe amháin nó níos mó ná fálú incháilithe amháin a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 386 san áireamh sa ríomh;
 - (b) an fhoirmle a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo, i gcás nach gcuirfidh an institiúid aon fhálú incháilithe a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 386 san áireamh sa ríomh.

Ní úsáidfear na cineálacha cur chuige a leagtar amach sa chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), in éineacht le chéile.

2. Déanfaidh institiúid a chomhlíonann an coinníoll dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA a ríomh mar seo a leanas:

$$\begin{aligned} & \mathbf{BACVA}^{i\text{omlántotal}} \\ &= \beta \cdot \mathbf{BACVA}^{csr-neamhfháilaitheunhedged} + DS_{CVA} \cdot (1 - \beta) \\ & \cdot \mathbf{BACVA}^{csr-fáilaithe} \end{aligned}$$

i gcás inarb amhlaidh gur:

$\mathbf{BACVA}^{i\text{omlán}}$ = ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA faoin gcur chuige bunúsach;

$\mathbf{BACVA}^{csr-neamhfháilaithe}$ = ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA faoin gcur chuige bunúsach mar a ríomhtar i gcomhréir le mír 3 le haghaidh institiúid a chomhlíonann an coinníoll a leagtar amach i mír 1, pointe (b);

$$DS_{CVA} = 0,65;$$

$$\beta = 0,25;$$

$$\mathbf{BACVA}^{csr-neamhfháilaithe}$$

$$= \sqrt{\left(\rho \cdot \sum_c (SCVA_c - SNH_c) - IH \right)^2 + (1 - \rho^2) \cdot \sum_c (SCVA_c - SNH_c)^2 + \sum_c HMA_c}$$

i gcás inarb amhlaidh gur:

$$SCVA_c = \frac{1}{a} \cdot RW_c \cdot \sum_{NS \in c} M_{NS}^c \cdot EAD_{NS}^c \cdot DF_{NS}^c$$

$$SNH_c = \sum_{h \in c} r_{hc} \cdot RW_h^{SN} \cdot M_h^{SN} \cdot B_h^{SN} \cdot DF_h^{SN}$$

$$IH = \sum_i RW_i^{ind} \cdot M_i^{ind} \cdot B_i^{ind} \cdot DF_i^{ind}$$

$$HMA_c = \sum_h (1 - r_{hc}^2) \cdot (RW_h \cdot M_h^{SN} \cdot B_h^{SN} \cdot DF_h^{SN})^2$$

$$a = 1,4;$$

$$\rho = 0,5;$$

c = an t-innéacs a sheasann do na contrapháirtithe uile a ríomhann an institiúid na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA ina leith ag úsáid an chur chuige a leagtar amach san Airteagal seo;

NS = an t-innéacs a sheasann do na glanluachálacha uile le contrapháirtí ar leith a ríomhann an institiúid na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA ina leith ag úsáid an chur chuige a leagtar amach san Airteagal seo;

h = an t-innéacs a sheasann do na hionstraimí aonainm uile a aithnítear mar fháluithe incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 386 le haghaidh contrapháirtí ar leith a ríomhann an institiúid na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA ina leith ag úsáid an chur chuige a leagtar amach san Airteagal seo;

i = an t-innéacs a sheasann do na hionstraimí innéacs uile a aithnítear mar fháluithe incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 386 le haghaidh gach contrapháirtí a ríomhann an institiúid na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA ina leith ag úsáid an chur chuige a leagtar amach san Airteagal seo;

RW_c = an t-ualú riosca is infheidhme maidir le contrapháirtí ‘c’; déanfar contrapháirtí ‘c’ a mhapáil chuig ceann de na hualuithe riosca bunaithe ar mheascán d’earnáil agus cáilíocht chreidmheasa agus déanfar an mhapáil sin a chinneadh i gcomhréir le Tábla 1.

I gcás nach bhfuil aon rátálacha seachtracha ann do chontrapháirtí sonracha, féadfaidh institiúidí, faoi réir fhormheas na n-údarás inniúil, an rátáil inmheánach a mhapáil le rátáil sheachtrach chomhfhreagrach agus ualú riosca a shannadh a chomhfhreagraíonn do chéimeanna cáilíochta creidmheasa 1 go 3 nó do chéimeanna cáilíochta creidmheasa 4 go 6; seachas sin, cuirfear i bhfeidhm na hualuithe riosca do neamhchosaintí gan rátáil.

M_{NS}^c = aibíocht éifeachtach don tacar glanluachála NS le contrapháirtí ‘c’;

■ M_{NS}^c i gcomhréir le Foirmle **162**; mar sin féin, maidir leis an ríomh sin, M_{NS}^c ní chuirfear uasteorainn 5 bliana léi, ach cuirfear í de réir na haibíochta conarthaí is faide a bheidh fágtha sa tacar glanluachála;

■

EAD_{NS}^c = luach neamhchosanta riosca chreidmheasa contrapháirtí an tacair glanluachála NS le contrapháirtí c, lena n-áirítear éifeacht na comhthaobhachta i gcomhréir leis na modhanna a leagtar amach i dTeideal II, Caibidil 6, Roinn 3 go 6, de réir mar is infheidhme, maidir leis na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca creidmheasa an chontrapháirtí dá dtagraítear in Airteagal 92(4), pointí (a) agus (g), a ríomh;

DF_{NS}^c = fachtóir lascaine maoirseachta do thacar glanluachála NS le contrapháirtí ‘c’.

I gcás institiúide, ag úsáid na modhanna a leagtar amach i dTeideal II, Caibidil 6, Roinn 6, socrófar an fachtóir lascaine maoirseachta ag 1; i ngach cás eile, déanfar an fachtóir lascaine maoirseachta a ríomh mar a leanas:

$$\frac{1 - e^{-0,05 \cdot M_{NS}^c}}{0,05 M_{NS}^c}$$

r_{hc} = an ***fachtóir*** comhghaolúcháin maoirseachta idir riosca raoin difríochta creidmheasa contrapháirtí ‘c’ agus riosca raoin difríochta creidmheasa ionstraime aonainm a aithnítear mar fhálú incháilithe ‘h’ le haghaidh contrapháirtí ‘c’, mar a chinntear i gcomhréir le Tábla 2;

M_h^{SN} = aibíocht ***iarmhair*** ionstraime aonainm a aithnítear mar fhálú incháilithe;

B_h^{SN} = luach barúlach ionstraime aonainm a aithnítear mar fhálú incháilithe;

DF_h^{SN} = an fachtóir lascaine maoirseachta le haghaidh ionstraim aonainm a aithnítear mar fhálú incháilithe, arna ríomh mar a leanas:

$$\frac{1 - e^{-0,05 \cdot M_h^{SN}}}{0,05 M_h^{SN}}$$

RW_h^{SN} = ualú riosca maoirseachta ionstraime aonainm a aithnítear mar fhálú incháilithe; déanfar na hualuithe riosca sin a bhunú ar mheascán d'earnáil agus cáilíocht chreidmheasa raon difríochta creidmheasa tagartha na hionstraime fálaith agus déanfar iad a chinneadh i gcomhréir le Tábla 1;

M_i^{ind} = aibíocht **iarmhair** suímh amháin nó níos mó ná suíomh amháin san ionstraim innéacs chéanna a aithnítear mar fhálú incháilithe; i gcás ina bhfuil níos mó ná suíomh amháin san ionstraim innéacs chéanna, is é M_i^{ind} a bheidh san aibíocht ualaithe bharúlach maidir le gach ceann de na suíomhanna sin;

B_i^{ind} = luach barúlach iomlán suímh amháin nó níos mó ná suíomh amháin san ionstraim innéacs chéanna a aithnítear mar fhálú incháilithe ;

DF_i^{ind} = an fachtóir lascaine maoirseachta le haghaidh suíomh amháin nó níos mó ná suíomh amháin san ionstraim innéacs chéanna a aithnítear mar fhálú incháilithe, arna ríomh mar a leanas:

$$\frac{1 - e^{-0,05 \cdot M_i^{ind}}}{0,05 M_i^{ind}}$$

RW_i^{ind} = ualú riosca maoirseachta ionstraime innéacs a aithnítear mar fhálú incháilithe; beidh RW_i^{ind} bunaithe ar mheascán d'earnáil agus cáilíocht chreidmheasa na gcomhpháirteanna innéacs uile, arna ríomh mar a leanas:

- (a) i gcás ina bhfuil na comhpháirteanna innéacs uile san earnáil chéanna agus an cháilíocht chreidmheasa chéanna acu, mar a chinntear i gcomhréir le Tábla 1, déanfar RW_i^{ind} a ríomh mar ualú riosca ábhartha Thábla 1 don earnáil agus don cháilíocht chreidmheasa sin arna iolrú faoi 0,7;
- (b) i gcás nach mbeidh na comhpháirteanna innéacs uile san earnáil chéanna nó nach bhfuil an cháilíocht chreidmheasa chéanna acu, déanfar RW_i^{ind} a ríomh mar mheán ualaithe d'ualuithe riosca na gcomhpháirteanna innéacs uile, mar a chinntear i gcomhréir le Tábla 1, arna n-íolrú faoi 0,7;

Tábla 1

Earnáil an chontrapháirtí	Cáilíocht chreidmheasa	
	Céimeanna cáilíochta creidmheasa 1 go 3	Céimeanna cáilíochta creidmheasa 4 go 6 agus gan rátáil
Rialtas láir, lena n-áirítear bainc cheannais, bainc forbartha iltaobhacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 117(2) nó in Airteagal 118	0,5 %	2,0 %
Rialtais réigiúnacha nó údaráis áitiúla agus eintitis earnála poiblí	1,0 %	4,0 %
Eintitis earnála airgeadais, lena n-áirítear institiúidí creidmheasa atá ionchorpraithe nó bunaithe ag rialtas láir, ag rialtas réigiúnach nó	5,0 %	12,0 %

Earnáil an chontrapháirtí	Cáilíocht chreidmheasa	
	Céimeanna cáilíochta creidmheasa 1 go 3	Céimeanna cáilíochta creidmheasa 4 go 6 agus gan rátáil
ag údarás áitiúil, agus iasachtóirí cur chun cinn		
Ábhair bhunúsacha, fuinneamh, scaireanna tionsclaíocha, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht	3,0 %	7,0 %

Earnáil an chontrapháirtí	Cáilíocht chreidmheasa	
	Céimeanna cáilíochta creidmheasa 1 go 3	Céimeanna cáilíochta creidmheasa 4 go 6 agus gan rátáil
Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíochtaí seirbhíse tacaíochta agus riaracháin	3,0 %	8,5 %
Teicneolaíocht, teileachumarsáid	2,0 %	5,5 %
Cúram sláinte, fónais, gníomhaíochtaí gairmiúla agus teicniúla	1,5 %	5,0 %
Earnáil eile	5,0 %	12,0 %

Tábla 2

Comhghaolta idir raon difríochta creidmheasa an chontrapháirtí agus an fhálaithe aonainm	
Fálú aonainm h de chontrapháirtí i	Luach r_{hc}
Contrapháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 386(3), pointe (a)(i)	100 %
Contrapháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 386(3), pointe (a)(ii)	80 %
Contrapháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 386(3), pointe (a)(iii)	50 %

3. Déanfaidh institiúid a chomhlíonann an coinníoll dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA a ríomh mar seo a leanas:

$$BACVA^{csr-neamhfháilithe} = DS_{CVA} \cdot \sqrt{\left(\rho \cdot \sum_c SCVA_c\right)^2 + (1 - \rho^2) \cdot \sum_c SCVA_c^2}$$

i gcás inarb iad na téarmaí uile na cinn a leagtar amach i mír 2.

Airteagal 385

An cur chuige simplithe

1. Féadfaidh institiúid a chomhlíonann na coinníollacha uile a leagtar amach in Airteagal 273a(2), ***nó ar thug a húdarás inniúil cead di i gcomhréir le hAirteagal 273a(4) an cur chuige a leagtar amach in Airteagal 282*** a chur i bhfeidhm, féadfaidh sí na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA a ríomh mar mhéideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca de le haghaidh riosca contrapháirtí i leith suíomhanna leabhair neamhthrádála agus leabhair trádála, faoi seach, dá dtagraítear i bpointí (a) agus (g) d’Airteagal **92(4)**, arna roinnt ar 12,5.

2. Chun críocha an ríomha dá dtagraítear i mír 1, beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas:
 - (a) níl ach na hidirbhearta atá faoi réir na gceanglas cistí dílse le haghaidh CVA a leagtar síos in Airteagal 382 faoi réir an ríomha sin;
 - (b) ní chuirtear díorthaigh chreidmheasa a aithnítear mar fháluithe inmheánacha ar neamhchosaintí ar riosca contrapháirtí san áireamh sa ríomh sin.
3. Institiúid nach gcomhlíonann ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 273a(2) *nó (4), de réir mar is infheidhme*, a thuilleadh, comhlíonfaidh sí na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 273b.

Airteagal 386

Fáluithe incháilithe

1. Aithneofar suíomhanna in ionstraimí fálaithe mar fháluithe incháilithe chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA a ríomh i gcomhréir le hAirteagail 383 agus 384 i gcás ina gcomhlíonann na suíomhanna sin gach ceann de na ceanglais seo a leanas:
 - (a) úsáidtear iad chun riosca CVA a mhaolú agus déantar iad a bhainistiú mar sin;

- (b) is féidir iad a dhéanamh le tríú páirtithe nó le leabhar trádála na hinstitiúide mar fhálú inmheánach, sa chás sin, tá siad leis an gceanglas a leagtar amach in Airteagal 106(7) a chomhlíonadh;
- (c) ní féidir ach suíomhanna in ionstraimí fálaithe dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo amháin a aithint mar fháluithefhálaithe incháilithe chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA a ríomh i gcomhréir le hAirteagail 383 agus 384, faoi seach.

Ar mhaithe leis na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 383, aithneofar suíomhanna in ionstraimí fálaithe mar fháluithe incháilithe i gcás, sa bhreis ar na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (a) go (c) den mhír seo, inar suíomh aonair i bhfálú incháilithe iad na hionstraimí fálaithe sin agus nach roinntear iad i níos mó ná suíomh amháin i níos mó ná fálú incháilithe amháin.

2. Chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 383, ní aithneofar ach suíomhanna sna hionstraimí fálaithe seo a leanas amháin mar fháluithe incháilithe:

- (a) ionstraimí lena bhfálaítear luaineacht raon difríochta creidmheasa an chontrapháirtí, cé is moite de na hionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 325(5);
- (b) ionstraimí lena bhfálaítear luaineacht na comhpháirte neamhchosanta de riosca CVA, cé is moite de na hionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 325(5).

3. Chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 384, ní aithneofar ach suíomhanna sna hionstraimí fálaithe seo a leanas mar fháluithe incháilithe:
 - (a) babhtálacha mainneachtana creidmheasa aonainm agus babhtálacha mainneachtana creidmheasa teagmhasacha, a thagraíonn don mhéid seo a leanas:
 - (i) an contrapháirtí go díreach;
 - (ii) eintiteas a bhfuil gaol dlíthiúil aige leis an gcontrapháirtí, i gcás ina dtagraítear, leis an ngaol dlíthiúil sin, do chásanna ina bhfuil an t-ainm tagartha agus an contrapháirtí ina máthairchuideachta agus a fochuideachta nó mar dhá fhochuideachta de mháthairchuideachta chomhchoiteann;
 - (iii) eintiteas atá san earnáil chéanna agus sa réigiún céanna leis an gcontrapháirtí;
 - (b) babhtálacha mainneachtana creidmheasa innéacs.
4. Ní bheidh suíomhanna in ionstraimí fálaithe a dhéantar le tríú páirtithe a aithnítear mar fháluithe incháilithe i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 3 agus a chuirtear san áireamh nuair atá na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA á ríomh faoi réir na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a leagtar amach i dTeideal IV .
5. Ní bheidh suíomhanna in ionstraimí fálaithe nach n-aithnítear mar fháluithe incháilithe i gcomhréir leis an Airteagal seo faoi réir na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a leagtar amach i dTeideal IV. ';

(203) *in Airteagal 394*, leasaítear *mír 2* mar a leanas:

(a) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad *na foclaíochta tosaigh*:

‘De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, tabharfaidh institiúidí tuairisc dá n-údaráis inniúla ar an bhfaisnéis seo a leanas maidir leis na 10 neamhchosaint is mó ar bhonn comhdhlúite atá acu ar institiúidí agus maidir leis na 10 neamhchosaint is mó atá acu ar eintitis scáthbhaincéireachta ar bhonn comhdhlúite, lena n-áirítear neamhchosaintí móra atá eisiata ó chur i bhfeidhm Airteagal 395(1).’;

(b) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

‘Sa bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, tuairisceoidh institiúidí a neamhchosaint chomhiomlán ar eintitis scáthbhaincéireachta dá n-údaráis inniúla.’;

(204) in Airteagal 395, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘2a. ‘Faoin ... [30 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], tar éis dó dul i gcomhairle le ESMA, eiseoidh ÚBE treoirlínte, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, chun na treoirlínte dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a nuashonrú.

Agus na treoirlínte sin á dtabhairt cothrom le dáta aige, tabharfaidh ÚBE aird chuí, i measc breithnithe eile, ar rannchuidiú na n-eintiteas scáthbhaincéireachta le haontas na margaí caipitil, ar an drochthionchar a d’fhéadfadh a bheith ag aon athruithe ar na treoirlínte sin, lena n-áirítear teorainneacha breise, ar shamhail ghnó agus próifíl riosca na n-institiúidí agus ar chobhsaíocht agus feidhmiú ordúil na margaí airgeadais.

Ina theannta sin, faoin 31 Nollaig 2027, cuirfidh ÚBE, tar éis dó dul i gcomhairle le ESMA, tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir le rannchuidiú na n-eintiteas scáthbhaincéireachta le haontas na margaí caipitil agus maidir le neamhchosaintí institiúidí ar na heintitis sin, lena n-áirítear maidir le hoiriúnacht teorainneacha comhiomlána nó teorainneacha aonair níos doichte leis na neamhchosaintí sin, agus aird chuí á tabhairt ar chreat rialála agus samhlacha gnó na n-eintiteas sin.

Faoin 31 Nollaig 2028, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, ar bhonn na tuarascála sin, togra reachtach maidir le teorainneacha neamhchosanta ar eintitis scáthbhaincéireachta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.’;

(205) leasaítear Airteagal 400 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

‘(i) neamhchosaintí a thagann as saoráidí creidmheasa neamhtharraingthe atá aicmithe mar ítimí bhuicéad 5 lasmuigh den chlár comhardaithe in Iarscríbhinn I nó socrúithe conarthacha a chomhlíonann na coinníollacha mar ghealltanais nach bhfuiltear á láimhseáil mar ghealltanais agus ar an gcoinníoll go bhfuil comhaontú tugtha i gcrích leis an gcliant nó le grúpa cliant nasctha faoina bhféadfar an tsaoráid a tharraingt ar an gcoinníoll go bhfuarthas amach nach gcuirfeadh sé faoi deara an teorainn is infheidhme faoi Airteagal 395(1) a shárú;’;

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) bannaí faoi chumhdach dá dtagraítear in Airteagal 129;’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

‘(i) 50 % de chreidmheasanna doiciméadacha bhuicéad 4 lasmuigh den chlár comhardaithe agus de shaoráidí creidmheasa neamhtharraingthe bhuicéad 3bhuicéad 3 lasmuigh den chlár comhardaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I ag a bhfuil aibíocht bhunaidh suas go dtí agus lena n-áirítear aon bhliain amháin agus faoi réir chomhaontú na n-údarás inniúil, 80 % de ráthaíochtaí seachas ráthaíochtaí iasachta a bhfuil bonn dlí nó rialála fúthu agus a thugtar dá gcuid comhaltaí trí chomhscéimeanna ráthaíochta a bhfuil stádas acu mar institiúidí creidmheasa;’;

(206) leasaítear Airteagal 402 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Chun luachanna na neamhchosanta a ríomh chun críocha Airteagal 395, féadfaidh institiúidí, seachas i gcás ina bhfuil toirmeasc ar a leithéid leis an dlí náisiúnta is infheidhme, luach neamhchosanta nó aon chuid de neamhchosaint a laghdú, ar neamhchosaint í arna hurrú le réadmhaoin chónaithe i gcomhréir le hAirteagal 125(1) leis an méid arna chur i ngeall den luach réadmhaoine, ach nach mó ná 55 % den luach réadmhaoine, ar choinníoll go gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ***phointe (a):***

‘(a) níl ualú riosca níos airde ná 20 % socraithe ag na húdaráis inniúla le haghaidh neamhchosaintí nó codanna de neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoin chónaithe i gcomhréir le hAirteagal 124(9);’ ■ ;

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Chun luachanna na neamhchosanta a ríomh chun críocha Airteagal 395, féadfaidh institiúidí, seachas i gcás ina bhfuil toirmeasc ar a leithéid leis an dlí náisiúnta is infheidhme, luach neamhchosanta nó aon chuid de neamhchosaint a laghdú, ar neamhchosaint í atá urraithe le ***réadmhaoin*** dhochorraithe tráchtála i gcomhréir le hAirteagal 126(1) leis an méid arna chur i ngeall den luach réadmhaoine, ach nach mó ná 55 % den luach réadmhaoine, ar choinníoll go gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) níl ualú riosca níos airde ná 60 % socraithe ag na húdaráis inniúla le haghaidh neamhchosaintí nó codanna de neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoin dhochorraithe tráchtála i gcomhréir le hAirteagal 124(9);’;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) comhlíontar na ceanglais in Airteagal 124(3), pointe (c), agus in Airteagal 208 agus in Airteagal 229(1);’;

(207) *in Airteagal 425(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):*

‘(b) is ionann an contrapháirtí agus máthairinstitiúid nó fo-institiúid de chuid na hinstitiúide nó fochuideachta eile den mháthairinstitiúid chéanna nó atá nasctha leis an institiúid trí ghaol de réir bhrí Airteagal 22(7) de Threoir 2013/34/AE nó comhalta den scéim cosanta institiúideach chéanna dá dtagraítear in Airteagal 113(7) den Rialachán seo nó an institiúid lárnach nó comhalta den líonra atá faoi réir an tarscaoilte dá dtagraítear in Airteagal 10 den Rialachán seo;’;

(208) *in Airteagal 428(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (k):*

‘(k) saoráidí creidmheasa neamhtharraingthe a cháilíonn mar ítimí bhuicéad 4bhuicéad 3 nó bhuicéad 2 faoi Iarscríbhinn I.’;

(209) ■ *leasaítear* Airteagal 429 *mar a leanas*:

(a) *i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:*

‘Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (b), agus chun críocha an dara fomhír den mhír seo, ní fhéadfaidh institiúidí a mheas gur cliant é eintiteas cleamhnaithe ach amháin i gcás ina bhfuil an t-eintiteas sin lasmuigh den scóip rialála maidir le comhdhlúthú ar an leibhéal ag a gcuirtear i bhfeidhm an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 92(4), pointe (e).’;

(b) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:*

‘6. Chun críocha mhír 4, pointe (e), den Airteagal seo agus Airteagal 429g, ciallaíonn ‘gnáthcheannach nó gnáthdhíolachán’ ceannach nó díolachán sócmhainne airgeadais faoi chonarthaí a n-éilítear sna téarmaí a ghabhann leo go ndéanfar an tsócmhainn airgeadais a sheachadadh laistigh den tréimhse ama arna bunú go ginearálta le dlí nó le gnás sa mhargadh lena mbaineann.’;

(210) in Airteagal 429a, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(ca) i gcás ina bhfuil an institiúid ina comhalta den líonra dá dtagraítear in Airteagal 113(7), na neamhchosaintí dá sanntar ualú riosca 0 % i gcomhréir le hAirteagal 114 agus a eascraíonn as sócmhainní arb ionann iad agus taiscí in airgeadra céanna na gcomhaltaí eile den líonra sin a eascraíonn as íostaisce dlíthiúil nó reachtúil i gcomhréir le hAirteagal 422(3), pointe (b); i gcás mar sin, níl neamhchosaintí comhaltaí eile den líonra sin atá ina n-íostaiscí dlíthiúla nó reachtúla faoi réir phointe (c) den mhír seo.’;

(b) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(da) neamhchosaintí na hinstitiúide ar a scairshealbhóirí, ar an gcoinníoll go bhfuil neamhchosaintí den sórt sin comhthaobhaithe de shócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 129(1), pointí (d) agus (e), go dtí an leibhéal 125 % ar a laghad , agus go gcuirtear na sócmhainní sin san áireamh i gceanglas cóimheasa luamhánaithe na scairshealbhóirí, i gcás nach institiúid creidmheasa forbartha poiblí í an institiúid ach go gcomhlíonann sí na coinníollacha a leanas:

(i) is institiúidí creidmheasa iad a scairshealbhóirí agus ní fheidhmíonn siad rialú ar an institiúid;

(ii) comhlíonann sí mír 2, pointí (a), (b), (c) agus (e), den Airteagal seo;

(iii) tá a neamhchosaintí lonnaithe sa Bhallstát céanna;

*(iv) tá sí faoi réir formhaoirseacht de chineál éigin ag rialtas láir
Ballstáit ar bhonn leanúnach;*

*(v) tá a samhail ghnó teoranta do chur tríd an méid a
chomhfhreagraíonn do na fáiltais a chruinnítear trí bhannaí faoi
chumhdach a eisiúint dá scairshealbhóirí, i bhfoirm ionstraimí
fiachais;’;*

(211) leasaítear Airteagal 429c mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad **phointe** (a):

‘(a) i gcomhair trádálacha nach n-imréitítear trí contrapháirtí lárnach cáilitheach, ní leithscartar an t-airgead tirim a gheobhaidh an contrapháirtí is faighteoir ó shócmhainní na hinstitiúide;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, ní chuirfidh institiúidí comhthaobhacht a fuarthas i nglanmhéid na comhthaobhachta neamhspleáiche a ríomh mar a shainítear in Airteagal 272, pointe (12a).’;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘4a. De mhaolú ar mhír 3 agus 4, féadfaidh institiúid aon chomhthaobhacht a fhaightear i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 6, Roinn 3, i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) faightear an chomhthaobhacht ó chliant le haghaidh conradh díorthach a rinne an institiúid a imréiteach thar ceann an chliaint sin;
- (b) déantar an conradh dá dtagraítear i bpointe (a) a imréiteach trí QCCP;
- (c) i gcás ina bhfuarthas an chomhthaobhacht i bhfoirm corrlaigh tosaigh, déantar an chomhthaobhacht sin a dheighilt ó shócmhainní na hinstitiúide.’;

(d) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh institiúidí an modh a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 6, Roinn 4 nó 5, a úsáid chun luach neamhchosanta an mhéid seo *a leanas* a chinneadh:

- (a) conarthaí díorthacha a liostaítear in Iarscríbhinn *II agus díorthaigh chreidmheasa*, i gcás ina n-úsáideann siad an modh sin freisin chun luach neamhchosanta na gconarthaí sin a chinneadh ar mhaithe leis na ceanglais cistí dílse a leagtar amach in Airteagal 92(1), pointí (a), (b) agus (c),) a chomhlíonadh;
- (b) *díorthaigh chreidmheasa a gcuireann siad an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 273(3) nó (5) i bhfeidhm ina leith, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha maidir leis an modh sin a úsáid.*’;

(212) leasaítear Airteagal 429f mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

- ‘1. Ríomhfaidh institiúidí, i gcomhréir le hAirteagal 111(2), luach neamhchosanta ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe, gan na conarthaí díorthacha a liostaítear in Iarscríbhinn II, díorthaigh chreidmheasa, idirbhearta maoinithe urrús agus na suíomhanna dá dtagraítear in Airteagal 429d a áireamh.

I gcás ina dtagraítear i ngealltanas do shíneadh *ítime eile lasmuigh den chlár comhardaithe*, beidh feidhm ag Airteagal **111(3)**.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ■ mhír 3 ■ :

‘3. De mhaolú ar Airteagal 495d, cuirfidh institiúidí fachtóir coinbhéartaithe 10 % i bhfeidhm ar ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe i bhfoirm gealltanais atá inchealaithe go neamhchoinníollach.’;

(213) in Airteagal 429g, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

- ‘1. Láimhseoidh institiúidí airgead a bhaineann le gnáthcheannacháin agus sócmhainní airgeadais a bhaineann le gnáthdhíolacháin a fhanann ar an gclár comhardaithe go dtí an dáta socraíochta mar shócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 429(4), pointe (a).’;

(214) ■ leasaítear Airteagal 430 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear *na pointí* seo a leanas léi:

‘(h) a neamhchosaintí ar rioscaí CSR *lena n-áirítear:*

(i) *a neamhchosaintí reatha agus nua ó thaobh eintitis in earnáil na mbreoslaí iontaise;*

(ii) *a neamhchosaintí ó thaobh rioscaí fisiciúla agus rioscaí aistrithe;*

(i) *a neamhchosaintí cripteashócmhainní;*’;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

- ‘2a. Agus a gceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo á dtuairisciú acu, déanfaidh institiúidí na ríomhanna a leagtar amach in Airteagal 325c(2), pointí (a), (b) agus (c), a thuairisciú ar leithligh do phunann gach suímh leabhair trádála nó gach suímh leabhair neamhthrádála atá faoi réir riosca malairte eachtraí agus riosca tráchtearraí.**
- 2b. Agus a gceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo á dtuairisciú acu, déanfaidh institiúidí na ríomhanna a leagtar amach in Airteagal 325ba(1), pointí (a)(i) agus (ii), (b)(i) agus (ii), agus i ndáil le punann gach suímh leabhair trádála nó gach suímh leabhair neamhthrádála atá faoi réir an riosca malairte eachtraí agus riosca tráchtearraí a shanntar do na deasca trádála ar thug siad cead do na hinstitiúidí inniúla an cur chuige malartach samhla inmheánaí a úsáid ina leith i gcomhréir le hAirteagal 325az(2).’;**

(c) leasaítear mír 7 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeán theicniúla cur chun feidhme chun na formáidí aonfhoirmeacha tuairiscithe, minicíocht agus dátaí an tuairiscithe, chomh maith leis na sainmhínithe, a shonrú, agus forbróidh sé réitigh TF, lena n-áirítear teimpléid tuairiscithe agus teoracha le haghaidh an tuairiscithe dá dtagraítear i míreanna 1 go 4.’;

(ii) sa cheathrú fhomhír, cuirtear an pointe seo a leanas léi:

‘(c) neamhchosaintí ar CSR, a chuirfear faoina bhráid faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].’;

(215) ■ **leasaítear** Airteagal 430a **mar a leanas**:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Tabharfaidh institiúidí tuairisc do na húdaráis inniúla ar bhonn bliantúil ar na mionsonraí comhiomlána seo a leanas maidir le gach margadh réadmhaoine dochorraithe náisiúnta ar a bhfuil siad neamhchosanta:

- (a) caillteanas a eascraíonn as neamhchosaintí a bhfuil réadmhaoín aitheanta ag institiúid mar chomhthaobhacht ina leith, ***i ngach cás*** suas go dtí an tsuim is ísle den mhéid atá curtha i ngeall agus 55 % de luach réadmhaoine na réadmhaoine cónaithe mura gcinntear a mhalairt faoi Airteagal 124(9), ***i gcás inarb infheidhme***;
- (b) caillteanas foriomlán a eascraíonn as neamhchosaintí a bhfuil réadmhaoín chónaithe aitheanta ag institiúid mar chomhthaobhacht ina leith, ***i ngach cás*** suas go dtí ***an tsuim is ísle den mhéid atá curtha i ngeall agus 100 % de luach réadmhaoine na*** réadmhaoine cónaithe ■ ;
- (c) luach neamhchosanta na neamhchosaintí uile atá gan íoc a bhfuil réadmhaoín chónaithe aitheanta ag institiúid mar chomhthaobhacht ina leith, ***i ngach cás*** go dtí an tsuim ***is ísle den mhéid atá curtha i ngeall agus 100 % de luach réadmhaoine na*** réadmhaoine cónaithe ■ ;

- (d) caillteanas a eascraíonn as neamhchosaintí a bhfuil réadmhaoine *dhochorraithe* tráchtála aitheanta ■ ag institiúid mar chomhthaobhacht ina leith, *i ngach cás* suas go dtí an tsuim is ísle den mhéid atá curtha i ngeall agus 55 % de luach réadmhaoine na réadmhaoine dochorraithe tráchtála mura gcinntear a mhalairt faoi Airteagal 124(9), *i gcás inarb infheidhme*;
- (e) caillteanas foriomlán a eascraíonn as neamhchosaintí a bhfuil réadmhaoine *dhochorraithe* tráchtála aitheanta ■ ag institiúid mar chomhthaobhacht ina leith, i ngach cás suas go dtí an tsuim *is ísle den mhéid atá curtha i ngeall agus 100 %* de luach réadmhaoine na réadmhaoine *dochorraithe* tráchtála;
- (f) luach neamhchosanta na neamhchosaintí uile atá gan íoc a bhfuil réadmhaoine *dhochorraithe* tráchtála aitheanta ■ mar chomhthaobhacht ag institiúid ina leith i ngach cás go dtí an tsuim *is ísle den mhéid atá curtha i ngeall agus 100 % de luach réadmhaoine na réadmhaoine dochorraithe* tráchtála.’;

(b) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:*

‘3. Foilseoidh na húdaráis inniúla go bliantúil, ar bhonn comhiomlánaithe, na sonraí a shonraítear i mír 1, pointí (a) go (f), mar aon le sonraí stairiúla, i gcás ina bhfuil siad ar fáil, maidir le gach margadh réadmhaoine dochorraithe náisiúnta ar bailíodh na sonraí sin ina leith. Déanfaidh údarás inniúil, arna iarraidh sin ag údarás inniúil eile i mBallstát nó ag ÚBE, faisnéis níos mionsonraithe faoi staid na margaí réadmhaoine cónaithe nó réadmhaoine dochorraithe tráchtála sa Bhallstát sin a chur ar fáil don údarás inniúil sin nó don ÚBE.’;

(216) *scriostar Airteagal 430b;*

(217) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 433:

‘Airteagal 433

Minicíocht agus raon feidhme na nochtuithe

Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis a éilítear faoi Theidil II agus III sa chaoi a leagtar amach san Airteagal seo, Airteagail 433a, 433b, 433c agus 434.

Foilseoidh ÚBE nochtuithe bliantúla ar a shuíomh gréasáin ar an lá céanna a fhoilseoidh na hinstitiúidí a ráitis airgeadais nó a luaithe is féidir ina dhiaidh sin.

Foilseoidh ÚBE nochtuithe leathbhliantúla agus ráithiúla ar a shuíomh gréasáin ar an lá céanna a fhoilseoidh na hinstitiúidí a dtuarascálacha airgeadais don tréimhse chomhfhreagrach, i gcás inarb infheidhme, nó a luaithe is féidir ina dhiaidh sin.

Beidh aon mhoill idir dáta foilsithe na nochtuithe a cheanglaítear faoin gCuid seo agus dáta foilsithe na ráiteas airgeadais ábhartha réasúnta agus, ar aon chaoi, ní rachaidh sí thar an tréimhse ama a leagfaidh na húdaráis inniúla amach de bhun Airteagal 106 de Threoir 2013/36/AE.’;

(218) in Airteagal 433a, *leasaítear mír 1 mar a leanas:*

(a) ■ *leasaítear pointe (b) mar a leanas:*

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (xiv):

‘(xiv) Airteagal 455(2), *pointí (a), (b), agus (c);*’;

■

(ii) ■ *cuirtear na pointí seo a leanas leis:*

‘(xv) Airteagal 449a;

(xvi) *Airteagal 449b;*’;

(b) *i bpointe (c), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):*

‘(i) *Airteagal 438, pointí (d), (da) agus (h);*’;

(219) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 433b:

‘Airteagal 433b

Nochtuithe arna ndéanamh ag institiúidí beaga agus neamhchasta

1. Nochtfaidh institiúidí beaga agus neamhchasta an fhaisnéis dá dtagraítear sna forálacha a leanas ar bhonn bhliantúil:

(a) Airteagal 435(1), pointí (a), (e) agus (f);

(b) Airteagal 438, pointí (c), (d) agus (da);

(c) Airteagal 442, pointí (c) agus (d);

(d) na príomh-mhéadrachtaí dá dtagraítear in Airteagal 447;

(e) Airteagal 449a ;

(f) Airteagal 449b;

(g) Airteagal 450(1), pointí (a) go (d), (h), (i) agus), (j).’;

■

2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, nochtfaidh institiúidí beaga neamhchasta atá ina n-institiúidí neamhliostaithe na príomh-mhéadrachtaí dá dtagraítear in Airteagal 447 agus na rioscaí CSR dá dtagraítear in Airteagal 449a ar bhonn bliantúil.’;

(220) in Airteagal 433c, leasaítear mír 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) Airteagal 438, pointí (c), (d) agus (da).’;

(b) *cuirtear an pointe seo a leanas isteach:*

(da) Airteagal 442, pointí (c) agus (d);’;

(c) *cuirtear na pointí seo a leanas isteach:*

‘(ea) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 449a;

(eb) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 449b;’;

(221) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 434:

‘Airteagal 434

Modhanna nochta

1. Cuirfidh institiúidí seachas institiúidí beaga agus neamhchasta an fhaisnéis uile a éilítear faoi Theidil II agus III i bhfoirm leictreonach faoi bhráid ÚBE tráth nach déanaí ná an dáta a bhfoilseoidh siad a ráitis airgeadais nó a dtuarascálacha airgeadais don tréimhse chomhfhreagrach, i gcás inarb infheidhme, nó a luaithe is féidir ina dhiaidh sin. Foilseoidh ÚBE an fhaisnéis sin, mar aon leis an dáta ar ar cuireadh isteach í, ar a shuíomh gréasáin.

Áiritheoidh ÚBE go bhfuil an fhaisnéis ar na nochtuithe a dhéantar ar a shuíomh gréasáin mar an gcéanna leis an bhfaisnéis a chuir institiúidí faoi bhráid ÚBE. Beidh an ceart ag institiúidí an fhaisnéis i gcomhréir leis na caighdeáin theicniúla dá dtagraítear in Airteagal 434a a chur isteach do ÚBE arís. Cuirfidh ÚBE an dáta ar ar cuireadh an fhaisnéis isteach arís in iúl ar a shuíomh gréasáin.

Ullmhóidh ÚBE an uirlis lena sonraítear mapáil na dteimpléad agus na dtáblaí le haghaidh nochtuithe leo siúd ar thuairisciú maoirseachta agus coinneoidh sé an uirlis sin cothrom le dáta. Beidh an uirlis mhapála sin ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin ÚBE.

Féadfaidh institiúidí leanúint de dhoiciméad neamhspleách a fhoilsiú ina gcuirtear foinse shorochtana faisnéise stuamachta ar fáil sa chaoi gurb éasca teacht uirthi le haghaidh úsáideoirí na faisnéise sin nó cuid ar leith a áireofar i ráitis airgeadais nó i dtuarascálacha airgeadais na n-institiúidí nó a chuirfear i gceangal leis na ráitis sin ina mbeidh na nochtuithe riachtanacha le fáil agus a bheidh so-aitheanta do na húsáideoirí sin. Féadfaidh institiúidí nasc chuig suíomh gréasáin ÚBE ar a bhfoilsítear faisnéis stuamachta ar bhealach lárnach a chur lena suíomh gréasáin féin.

2. Cuirfidh *institiúidí seachas* institiúidí beaga agus neamhchasta na nochtuithe uile a éilítear faoi Airteagail 433a agus 433c *i bhfoirm leictreonach* faoi bhráid ÚBE tráth nach déanaí ná an dáta ar a bhfoilseoidh siad a ráitis airgeadais nó a dtuarascálacha airgeadais don tréimhse chomhfhreagrach nó *a luaithe is féidir ina dhiaidh sin. Má fhoilsítear na tuarascálacha airgeadais sula ndéantar an fhaisnéis a thíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 430 le haghaidh na tréimhse céanna, féadfar nochtuithe a chur isteach an dáta céanna ar a dtíolacfaí an tuairisciú maoirseachta* nó a luaithe is féidir ina dhiaidh sin. Má éilítear nochtadh a dhéanamh le haghaidh tréimhse nach n-ullmhaíonn institiúid aon tuarascáil airgeadais ina leith, cuirfidh an institiúid an fhaisnéis ar nochtuithe faoi bhráid ÚBE a luaithe *is féidir ag deireadh na tréimhse sin.*
3. *De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, féadfaidh institiúidí a chur faoi bhráid ÚBE an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 450 ar leithligh ón bhfaisnéis eile a cheanglaítear faoi Theidil II agus III tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis an dáta ar a bhfoilseoidh na h-institiúidí a ráitis airgeadais don bhliain chomhfhreagrach.*

4. Foilseoidh ÚBE nochtuithe institiúidí beaga agus neamhchasta ar a shuíomh gréasáin ar bhonn na faisnéise a thuairiscigh na hinstitiúidí sin d'údaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 430.
5. Leanfaidh úinéireacht na sonraí agus an fhreagracht as a gcruinneas de bheith ag na hinstitiúidí a tháirgeann iad. Déanfaidh ÚBE soláthar do phointe rochtana aonair le haghaidh nochtuithe na n-institiúidí agus cuirfidh sé cartlann den fhaisnéis is gá a nochtadh, i gcomhréir leis an gCuid seo, ar fáil ar a shuíomh gréasáin. Áiritheofar go mbeidh an chartlann sin inrochtana ar feadh tréimhse nach lú ná an tréimhse stórála a shocraítear sa dlí náisiúnta i leith faisnéis a áirítear i dtuarascálacha airgeadais na n-institiúidí.
6. Déanfaidh ÚBE faireachán ar an líon cuairteanna ar a phointe rochtana aonair maidir le nochtuithe institiúidí agus áireoidh sé an staidreamh gaolmhar ina thuarascálacha bliantúla.';

(222) leasaítear Airteagal 434a mar a leanas:

(a) **■** cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

‘Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun formáidí nochta aonfhoirmeacha **agus** faisnéis ar an mbeartas um chur isteach arís a shonrú, agus **forbróidh sé** réitigh TF, **lena n-áirítear treoracha**, maidir le nochtuithe a éilítear faoi Theideal II agus III.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú **■** mír:

‘Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... **■** 12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin **leasaithigh** seo].’;

(223) **cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:**

‘Airteagal 434c

Tuarascáil ar a indéanta atá sé an fhaisnéis arna tuairisciú ag institiúidí seachas institiúidí beaga agus neamhchasta a úsáid chun tacar leathnaithe de nochtuithe a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin ÚBE.

Ullmhóidh ÚBE tuarascáil maidir lena indéanta atá sé úsáid a bhaint as an bhfaisnéis arna tuairisciú ag institiúidí seachas institiúidí beaga agus neamhchasta d’údaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 430 chun an fhaisnéis sin a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin agus an t-ualach neamhchosanta a laghdú do na hinstitiúidí sin dá réir.

Breithneofar sa tuarascáil sin an obair a rinne ÚBE roimhe seo maidir le bailiúcháin chomhtháite sonraí, beidh sí bunaithe ar anailís fhoriomlán costais agus tairbhe, lena n-áirítear costais arna dtabhú ag na húdaráis inniúla, na hinstiúidí agus ÚBE, agus breithneofar inti aon dúshláin theicniúla, oibríochtúla agus dhlíthiúladrólúla a d'fhéadfadh a bheith ann.

Cuirfidh ÚBE an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, tráth nach déanaí ná ... [36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Cuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach bunaithe ar an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 31 Nollaig 2031. ';

(224) leasaítear Airteagal 438 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) méid na gceanglas cistí dílse breise atá bunaithe ar an bpróiseas athbhreithniúcháin maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 104(1), pointe (a), de Threoir 2013/36/AE chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí seachas an riosca maidir le luamhánú iomarcach agus a chomhdhéanamh;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

(d) ***méid*** iomlán na neamhchosanta ar riosca arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) agus na ceanglais cistí dílse chomhfhreagracha arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 92(2), a bheidh le miondealú faoi na ***catagóirí riosca*** éagsúla nó faoi na ***haicmí*** neamhchosanta ar riosca éagsúla, de réir mar is infheidhme, a leagtar amach i gCuid a Trí agus, i gcás inarb infheidhme, míniú ar an éifeacht ar ríomh na gcistí dílse agus ar mhéideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca de, de thoradh íosrátaí caipitil a chur i bhfeidhm agus gan ítimí a asbhaint de chistí dílse;’;

(c) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(da) i gcás inar gá méid iomlán na neamhchosanta ar riosca nach bhfuil socraithe ar íosráta arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(4) a ríomh, agus méid iomlán caighdeánaithe na neamhchosanta ar riosca arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(5), a bheidh le miondealú faoi na catagóirí riosca difriúla nó ***aicmí neamhchosanta ar riosca***, de réir mar is infheidhme, a leagtar amach i gCuid a Trí agus, i gcás inarb infheidhme, míniú ar an éifeacht ar ríomh na gcistí dílse agus ar mhéideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca de thoradh íosrátaí caipitil a chur i bhfeidhm agus gan ítimí a asbhaint de chistí dílse;’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) na neamhchosaintí laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe, na méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca de agus na caillteanais ionchasacha ghaolmhara i leith gach catagóire d’iasachtú speisialaithe dá dtagraítear in Airteagal 153(5), Tábla 1, agus na neamhchosaintí laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe agus na méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca de i leith na gcatagóirí de neamhchosaintí ar chothromas a leagtar amach in Airteagal 133(3) go (6), agus Airteagal 495a(3).’;

(225) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 445:

‘Airteagal 445

Neamhchosaintí ar riosca margaidh a nochtadh faoin gcur chuige caighdeánaithe

1. Na hinstitiúidí nár dheonaigh údaráis inniúla cead dóibh cur chuige malartach na samhlacha inmheánacha mar a leagtar amach in Airteagal 325az a úsáid, agus a úsáideann an cur chuige caighdeánaithe simplithe i gcomhréir le hAirteagal 325a ***nó an cur chuige malartach caighdeánaithe i gcomhréir le*** Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a, nochtfaidh na hinstitiúidí sin forbhreathnú ar a suíomhanna leabhair trádála.

2. Nochtfaidh institiúidí a ríomhann a gceanglais cistí dílse i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a, na ceanglais cistí dílse iomlána, na ceanglais cistí dílse le haghaidh an ***mhodha*** bunaithe ar íogaireachtaí, an muirear riosca mainneachtana agus na ceanglais cistí dílse le haghaidh rioscaí iarmharacha. Déanfar nochtadh na gceanglas cistí dílse i gcomhair bhearta an ***mhodha*** bunaithe ar íogaireachtaí agus i gcomhair riosca mainneachtana a mhiondealú sna hionstraimí seo a leanas:

- (a) ionstraimí airgeadais, seachas ionstraimí urrúsúcháin arna sealbhú sa leabhar trádála, a dhéantar a mhiondealú de réir aicme riosca, agus sainaitheantas ar leithligh na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca mainneachtana;
- (b) ionstraimí urrúsúcháin nach bhfuil arna sealbhú san ACTP, le sainaitheantas ar leithligh maidir leis na ceanglais cistí dílse do riosca raon difríochta creidmheasa agus na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca mainneachtana;
- (c) ionstraimí urrúsúcháin arna sealbhú in ACTP, le haitheantas ar leithligh maidir leis na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca raon difríochta creidmheasa agus na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca mainneachtana;

(226) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 445a

Riosca CVA a nochtadh

1. Nochtfaidh institiúidí atá faoi réir na gceanglas cistí díse le haghaidh riosca CVA an fhaisnéis seo a leanas:
 - (a) forbhreathnú ar a bpróisis chun a riosca CVA a shainaithint, a thomhas, a fhálú agus faireachán a dhéanamh air;
 - (b) cibé a chomhlíonann, nó nach gcomhlíonann, institiúidí na coinníollacha uile a leagtar amach in Airteagal 273a(2); i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha sin, cibé a roghnaigh, nó nár roghnaigh institiúidí na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA ag úsáid an chur chuige shimplithe a leagtar amach in Airteagal 385; i gcás inar roghnaigh institiúidí na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA a ríomh ag úsáid an chur chuige shimplithe, na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA i gcomhréir leis an gcur chuige sin;
 - (c) líon iomlán na gcontrapháirtithe a n-úsáidtear an cur chuige caighdeánaithe ina leith, le miondealú de réir cineálacha contrapháirtithe.

2. Nochtfaidh na hinstitiúidí a úsáideann an cur chuige caighdeánaithe mar a leagtar amach in Airteagal 383 chun ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA a ríomh, anuas ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, an fhaisnéis seo a leanas:
- (a) struchtúr agus eagrú a bhfeidhme bainistithe riosca CVA inmheánaí agus rialachais;
 - (b) ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA faoin gcur chuige caighdeánaithe le miondealú de réir aicme riosca;
 - (c) forbhreathnú ar na fáluithe incháilithe a úsáidtear sa ríomh sin, le miondealú de réir cineál ionstraimí mar a leagtar amach in Airteagal 386(2).
3. Nochtfaidh institiúidí a úsáideann an cur chuige bunúsach a leagtar amach in Airteagal 384 chun ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA a ríomh, anuas ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, an fhaisnéis seo a leanas:
- (a) a gceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA faoin gcur chuige bunúsach, agus comhpháirteanna $BACVA^{total}$ agus $BACVA^{csr-hedged}$;
 - (b) forbhreathnú ar na fáluithe incháilithe a úsáidtear sa ríomh sin, le miondealú de réir cineál ionstraimí a leagtar amach in Airteagal 386(3).’;

(227) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 446:

‘Airteagal 446

Riosca oibriúcháin a nochtadh

1. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas:

- (a) na príomhthréithe agus gnéithe a bhaineann lena gcreat bainistithe riosca oibriúcháin;
- (b) a gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca oibriúcháin *ata cothrom leis* an gcomhpháirt táscaire gnó arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 313;
- (c) an táscaire gnó, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 314(1), agus méideanna gach ceann de na *comhpháirteanna* táscaire gnó *agus a* bhfo-*chomhpháirteanna* do gach ceann de na 3 bliana atá ábhartha chun an táscaire gnó a ríomh;
- (d) *méid an laghdaithe* ar an táscaire gnó *le haghaidh gach eisiaimh* ón  táscaire gnó i gcomhréir le hAirteagal 315(2), chomh maith leis na cúiseanna comhfhreagracha le haghaidh na n-eisiamh *sin*.

2. Nochtfaidh institiúidí a ríomhann a gcaillteanais riosca oibriúcháin bhliantúla i gcomhréir le hAirteagal 316(1) an fhaisnéis seo a leanas anuas ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo:

- (a) a gcaillteanais riosca oibriúcháin bhliantúla le haghaidh gach bliain de na 10 mbliana airgeadais is déanaí, a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 316(1);
- (b) líon na *dteagmhas riosca oibriúcháin eisceachtúil* agus méideanna *na gcaillteanas riosca* oibriúcháin *comhiomlánaithe* a eisíodh nuair a ríomhadh an caillteanas bliantúil i leith riosca oibriúcháin i gcomhréir le hAirteagal 320(1), *le haghaidh gach ceann de na 10 mbliana deireanacha airgeadais*, mar aon leis na cúiseanna comhfhreagracha le haghaidh na *n-eisiamh sin*.’;

(228) leasaítear Airteagal 447 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) comhdhéanamh a gcistí dílse agus a gcóimheas caipitil riosca a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 92(2);’; ■

(b) **cuirtear** an pointe seo a leanas **isteach**:

‘(aa) i gcás inarb infheidhme, na cóimheasa caipitil riosca-bhunaithe a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 92(2), ag úsáid an héid neamhchosanta ar riosca nach bhfuil socraithe ar íosráta seachas an **méid** iomlán neamhchosanta ar riosca;’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) an **méid** iomlán neamhchosanta ar riosca a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 92(3), agus, i gcás inarb infheidhme, an méid iomlán neamhchosanta ar riosca nach bhfuil socraithe ar íosráta mar a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 92(4);’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) an ceanglas maoláin chomhcheangailte a cheanglaítear ar na hinstitiúidí a shealbhú i gcomhréir le Caibidil 4 de Theideal VII de Threoir 2013/36/AE; ■

(229) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 449a:

‘Airteagal 449a

Rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais (rioscaí CSR) a nochtadh

1. Nochtfaidh institiúidí faisnéis maidir le rioscaí CSR, agus déanfaidh siad ***idirdhealú idir rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais, agus*** rioscaí fisiciúla agus rioscaí aistrithe ***maidir le rioscaí comhshaoil.***

2. *Chun críocha mhír 1, nochtfaidh institiúidí faisnéis maidir le rioscaí CSR, lena n-áirítear an méid a leanas:*

(a) méid iomlán na neamhchosaintí ar eintitis in earnáil na mbreoslaí iontaise;

(b) an chaoi a gcomhtháthaíonn institiúidí rioscaí CSR sainaitheanta ina straitéis ghnó agus ina bpróisis ghnó, agus ina rialachas agus ina mbainistíocht riosca.

3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ina sonrúfar formáidí aonfhoirmeacha nochta, mar a leagtar síos in Airteagal 434a, le haghaidh rioscaí CSR, lena n-áiritheofar go bhfuil siad comhsheasmhach le prionsabal na comhréireachta agus go seasfaidh siad leis agus, ag an am céanna, ***aon dúbailt ar cheanglais a bunaíodh cheana féin maidir le nochtadh i ndlí an Aontais is infheidhme á seachaint***. Ní éileofar sna formáidí ***sin*** faisnéis a nochtadh thar an bhfaisnéis ■ atá le tuairisciú d'údaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 430(1), pointe (h), agus ***déanfar, leis na formáidí sin, méid agus castacht na hinstiúide agus neamhchosaint ábhartha na n-instiúidí beaga neamhchasta ar rioscaí CSR, faoi réir Airteagal 433b, go háirithe a chur san áireamh***.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.';

(230) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 449b

Nochtadh neamhchosanta comhiomláine ar eintitis na scáthbhaincéireachta

Nochtfaidh na hinstitiúidí an fhaisnéis i leith neamhchosanta comhiomláine ar eintitis scáthbhaincéireachta, dá dtagraítear in Airteagal 394(2), an dara fomhír.’;

(231) in Airteagal 451(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

- ‘(f) méid na gceanglas cistí dílse breise atá bunaithe ar an bpróiseas athbhreithniúcháin maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 104(1), pointe (a), de Threoir 2013/36/AE chun aghaidh a thabhairt ar an riosca maidir le luamhánú iomarcach agus a chomhdhéanamh. ■ ’;

(232) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 451b

Nochtadh neamhchosaintí cripteashócmhainní agus gníomhaíochtaí gaolmhara

- 1. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas maidir le cripteashócmhainní agus seirbhísí cripteashócmhainní chomh maith le haon ghníomhaíocht eile a bhaineann le cripteashócmhainní:***

- (a) na méideanna neamhchosanta díreacha agus indíreacha i ndáil le cripteashócmhainní, lena n-áirítear na holl-chomhpháirteanna fada agus gearra de ghlan-neamhchosaintí;*
- (b) Méid iomlán na neamhchosanta ar riosca maidir le riosca oibriúcháin;*
- (c) an t-aicmiú cuntasáiochta le haghaidh neamhchosaintí cripteashócmhainní;*
- (d) tuairisc ar na gníomhaíochtaí gnó a bhaineann le cripteashócmhainní agus a dtionchar ar phróifíl riosca na hinstitiúide;*
- (e) tuairisc shonrach ar a mbeartais bainistithe riosca a bhaineann le neamhchosaintí cripteashócmhainní agus le seirbhísí cripteashócmhainní.*

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (d), den mhír seo, soláthróidh institiúidí faisnéis níos mionsonraithe maidir le gníomhaíochtaí ábharacha gnó, lena n-áirítear maidir le comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha, agus comharthaí ríomh-airgid suntasacha a eisiúint agus maidir le seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar faoi Airteagail 60 agus 61 de Rialachán (AE) 2023/1114.

- 2. Ní chuirfidh institiúidí an eisceacht a leagtar síos in Airteagal 432 i bhfeidhm chun críocha na gceanglas maidir le nochtadh a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo.;’;*

(233) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 455:

‘Airteagal 455

Úsáid samhlacha inmheánacha i dtaca le riosca margaidh

1. Nochtfaidh institiúid a úsáideann na samhlacha inmheánacha dá dtagraítear in Airteagal 325a^{az} chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh:
 - (a) a cuspóirí maidir le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí trádála agus na próisis a chuirtear chun feidhme chun an riosca margaidh a shainaithint, a thomhas, chun faireachán a dhéanamh air agus chun é a rialú;
 - (b) na beartais dá dtagraítear in Airteagal 104(1) chun cinneadh a dhéanamh faoin suíomh atá le cur san áireamh sa leabhar trádála;
 - (c) tuairisc ghinearálta ar struchtúr na ndeasc trádála a chumhdaítear leis na samhlacha inmheánacha, lena n-áirítear, maidir le gach deasc, tuairisc gharbh ar straitéis ghnó na deisce, na hionstraimí a cheadaítear sa straitéis sin agus na príomhchineálacha riosca a bhaineann leis an deasc sin;

- (d) forbhreathnú ar na suíomhanna leabhair trádála nach gcumhdaítear leis na samhlacha inmheánacha, lena n-áirítear tuairisc ghinearálta ar struchtúr na deisce agus na cineálacha ionstraimí a áirítear sna deasca nó sna catagóirí deasc i gcomhréir le hAirteagal 104b;
- (e) struchtúr agus eagrú na feidhme bainistithe riosca margaidh agus rialachas;
- (f) raon feidhme, príomhthréithe agus príomhroghanna samhaltaithe na samhlacha inmheánacha éagsúla a úsáidtear chun méideanna na neamhchosanta ar riosca a ríomh le haghaidh na bpríomhshamhlacha a úsáidtear ar an leibhéal comhdhlúite, agus tuairisc ar a mhéid a léiríonn na samhlacha inmheánacha sin na samhlacha a úsáidtear ar an leibhéal comhdhlúite, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, tuairisc gharbh ar an méid a leanas:
 - (i) an cur chuige samhaltaithe a úsáidtear chun an t-easnamh ionchasach dá dtagraítear in Airteagal 325ba(1), pointe (a), a ríomh, lena n-áirítear minicíocht an nuashonraithe sonraí;

- (ii) an mhodheolaíocht a úsáidtear chun an beart riosca maidir le cás faoi strus dá dtagraítear in Airteagal 325ba(1), pointe (b), a ríomh, seachas na sonraíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 325bk(3);
- (iii) an cur chuige samhaltaithe a úsáidtear chun an muirear riosca mainneachtana dá dtagraítear in Airteagal 325ba(2) a ríomh, lena n-áirítear minicíocht an nuashonraithe sonraí.

2. Nochtfaidh institiúidí, ar bhonn comhiomlán, maidir le gach ceann de na deasca trádála a chumhdaítear leis na samhlacha inmheánacha dá dtagraítear in Airteagal 325az na comhpháirteanna seo a leanas, i gcás inarb infheidhme:

- (a) an luach is déanaí chomh maith leis an luach is airde, an luach is ísle agus an meánluach feadh an 60 lá gnó roimhe sin don mhéid seo a leanas:
 - (i) an beart riosca easnaimh ionchasaigh neamhiallaithe dá dtagraítear in Airteagal 325bb(1);
 - (ii) an beart riosca easnaimh ionchasaigh neamhiallaithe dá dtagraítear in Airteagal 325bb(1) le haghaidh gach catagóire leithne fachtóra riosca;

- (b) an luach is déanaí chomh maith leis an meánluach feadh an 60 lá gnó roimhe sin don mhéid seo a leanas:
- (i) an beart riosca easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb(1);
 - (ii) an beart riosca maidir le cás faoi strus dá dtagraítear in Airteagal 325ba(1), pointe (b);
 - (iii) an ceanglas cistí dílse le haghaidh riosca mainneachtana dá dtagraítear in Airteagal 325ba(2);
 - (iv) suim na gceanglas cistí dílse mar dá dtagraítear *in Airteagal 325ba(3)*, lena n-áirítear *comhpháirteanna uile na foirmle* agus an fachtóir iolraitheora is infheidhme;
- (c) líon na róluaineachtaí cúltástála sna 250 lá gnó is déanaí ag an 99ú peircintíl dá dtagraítear in Airteagal 325bf(6) .

3. Nochtfaidh na hinstitiúidí, ar bhonn comhiomlán, maidir leis na deasca trádála uile, na ceanglais cistí dílse maidir le rioscaí margaidh a ríomhfaí i gcomhréir le *Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a*, mura ndeonófaí cead do na hinstitiúidí a samhlacha inmheánacha a úsáid le haghaidh na ndeasc trádála sin. ';

(234) *in Airteagal 456(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):*

*‘(d) an méid a shonraítear in Airteagal 123(1), pointe (b), Airteagal 147(5),
pointe (a), Airteagal 153(4) agus Airteagal 162(4), chun éifeachtaí boilscithe a
chur san áireamh;’;*

(235) leasaítear Airteagal 458 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. I gcás ina n-aithníonn na Ballstáit na bearta a leagtar amach i gcomhréir leis
an Airteagal seo, tabharfaidh siad fógra do BERS. Cuirfidh BERS fógraí mar
sin ar aghaidh gan aon mhoill chuig an gComhairle, an Coimisiún, ÚBE ■
agus chuig an mBallstát a bhfuil údar aige na bearta a chur i bhfeidhm. ■ ’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

‘9. Roimh dhul in éag don údarú a eisítear i gcomhréir le míreanna 2 agus 4,
déanfaidh an Ballstát lena mbaineann athbhreithniú ar an gcás, i
gcomhairliúchán le BERS, le ■ ÚBE agus leis an gCoimisiún, agus féadfaidh
sé cinneadh nua a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear i
míreanna 2 agus 4, chun síneadh a chur leis an tréimhse ina gcuirfear bearta
náisiúnta i bhfeidhm suas le 2 bhliain bhreise gach uair. ■ ’;

(236) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 461a:

‘Airteagal 461a

Ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar **na difríochtaí idir** cur chun feidhme caighdeán idirnáisiúnta maidir le ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh san **■ Aontas ■** agus **i dtríú tíortha**, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le tionchar na rialacha i dtéarmaí ceanglas cistí dílse agus a mhéid a bhaineann le dáta a gcur i bhfeidhm.

2. **I gcás ina mbreithnítear difríochtaí suntasacha sa chur chun feidhme sin**, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 462 chun an Rialachán seo a leasú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) **bearta faoisimh oibríochtúla spriocdhírithe nó iolraitheoirí spriocdhírithe** a chur i bhfeidhm, **go dtí dáta chur i bhfeidhm an ghnímh reachtaigh dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo nó ar feadh suas le 3 bliana in éagmais an ghnímh sin**, agus i gcás inar gá sin chun cothrom iomaíochta a **chaomhnú agus na difríochtaí breathnaithe sin a fhritháireamh**, **ar bearta iad** atá cothrom le 0 nó níos mó ná sin agus níos ísle ná 1 **i ríomh** cheanglais cistí dílse na n-institiúidí le haghaidh riosca margaidh, **■** le haghaidh aicmí riosca sonracha agus fachtóirí riosca sonracha, agus úsáid á baint as ceann de na cineálacha cur chuige dá dtagraítear in Airteagal 325(1), agus a leagtar amach in:

- (i) Airteagail 325c go 325ay, ina sonraítear an cur chuige caighdeánaithe malartach;
 - (ii) Airteagail 325az go 325bp, ina sonraítear an cur chuige malartach samhla inmheánaí;
 - (iii) Airteagail 326 go 361, ina sonraítear an cur chuige caighdeánaithe simplithe ■ ;
- (b) an dáta óna gcuirfidh na hinstitiúidí na ceanglais cistí dílse i bhfeidhm le haghaidh riosca margaidh mar a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal IV, nó aon cheann de na cineálacha cur chuige chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh dá dtagraítear in Airteagal 325(1) a ríomh, a chur siar ar feadh suas le 2 bhliain.

*I gcás ina nglacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach ■ faoi bhráid **Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun cur chun feidhme na gcaighdeán idirnáisiúnta maidir le ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh san Aontas a choigeartú chun cothroime iomaíochta le tríú tíortha a chaomhnú ar bhealach níos buaine, i dtéarmaí ceanglas cistí dílse agus thionchar na gceanglas sin.***

3. *Faoi ... [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], cuirfidh ÚBE tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiún maidir le cur chun feidhme caighdeán idirnáisiúnta i ndáil le ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh i dtríú tíortha.*

Cuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach bunaithe ar an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, chun cothrom iomaíochta ar fud an domhain a áirithiú.’;

(237) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 465:

■ ‘Airteagal 465

Socrúithe idirthréimhseacha don íosráta aschuir

1. De mhaolú ar Airteagal 92(3), *an chéad fhomhír*, agus *gan dochar don mhaolú a leagtar amach in Airteagal 92(3), an dara fhomhír*, féadfaidh institiúidí ■ an fachtóir x seo a leanas a chur i bhfeidhm agus TREA á ríomh:
 - (a) 50 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025;
 - (b) 55 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026;
 - (c) 60 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Nollaig 2027;

(d) 65 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2028;

(e) 70 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2029 go dtí an 31 Nollaig 2029.

2. De mhaolú ar Airteagal 92(3), an chéad fhomhír, **agus gan dochar don mhaolú a leagtar amach in Airteagal 92(3), an dara fomhír**, féadfaidh institiúidí, go dtí an 31 Nollaig 2029, an fhoirmle seo a leanas a chur i bhfeidhm agus TREA á ríomh acu:

$$\text{TREA} = \min\{\max\{\text{U-TREA}; x \cdot \text{S-TREA}\}; 125\% \cdot \text{U-TREA}\}$$

Chun críocha an ríomha sin, cuirfidh ■ institiúidí ■ an fachtóir is infheidhme x dá dtagraítear i mír 1 san áireamh.

3. De mhaolú ar Airteagal 92(5), **pointe (a)(ii), agus gan dochar don mhaolú a leagtar amach in Airteagal 92(3), an dara fomhír**, féadfaidh ■ institiúidí, go dtí an 31 Nollaig 2032, ualú riosca 65 % a shannadh do neamhchosaintí ar chorparáidí nach bhfuil aon mheasúnú creidmheasa ó IMCS ainmnithe ar fáil ina leith **agus** ar choinníoll nach mó ná 0,5 % meastacháin na n-institiúidí sin ar PD na n-**oibleagáideoirí** sin, arna ríomh i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 3.

Déanfaidh ÚBE *agus ESMA, i gcomhar le ÚEÁPC*, faireachán ar úsáid na láimhseála idirthréimhsí a leagtar síos sa chéad fhomhír agus déanfaidh siad *measúnú, go háirithe*, ar an méid seo a leanas:

- (a) *measúnuithe creidmheasa atá ar fáil ag IMCSanna ainmnithe do chorparáidí agus a mhéid a dhéanann an méid sin difear d'iasachtú institiúidí i leith corparáidí;*
- (b) *forbairt gníomhaireachtaí rátála creidmheasa, bacainní ar dhul isteach sa mhargadh do ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa nua, ráta glactha na gcorparáidí a roghnaíonn rátáil a bheith á déanamh ag ceann amháin nó níos mó de na gníomhaireachtaí sin, agus baic ar mheasúnuithe creidmheasa a bheith ar fáil do chorparáidí ag IMCSanna;*
- (c) *bearta a d'fhéadfadh a bheith ann chun aghaidh a thabhairt ar na baic, agus aird á tabhairt ar dhifríochtaí idir earnálacha eacnamaíocha agus limistéir gheografacha agus ar fhorbairt réiteach príobháideach nó faoi stiúir poiblí mar shampla scóráil creidmheasa, rátálacha príobháideacha arna sainordú ag institiúidí, chomh maith le rátálacha bainc ceannais;*
- (d) *oiriúnacht méideanna neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca de neamhchosaintí ar chorparáidí gan rátáil agus a n-impleachtaí ar chobhsaíocht airgeadais;*

- (e) *na cineálacha cur chuige atá ag tríú tíortha maidir leis an íosráta aschuir a chur i bhfeidhm i ndáil le neamhchosaintí ar chorporáidí agus i ndáil le comaoineacha cothroim iomaíochta fadtéarmacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh air sin;*
- (f) *comhlíonadh na gcaighdeán gaolmhar arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta a d'fhorbair CBMB.*

Cuirfidh ÚBE *agus ESMA, i gcomhar le ÚEÁPC*, tuarascáil maille lena *gcuid* torthaí faoi bhráid an Choimisiúin faoin *[60 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].*

Ar bhonn na tuarascála sin, agus aird chuí aige ar na caighdeáin ghaolmhara a d'fhorbair CBMB arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh an Coimisiún togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 31 Nollaig 2031.

4. De mhaolú ar Airteagal 92(5), *pointe* (a)(iv), *agus gan dochar don mhaolú a leagtar amach in Airteagal 92(3), an dara fomhír*, cuirfidh institiúidí ■ , go dtí an 31 Nollaig 2029, 1 in ionad alfa sa ríomh ar luach neamhchosanta na gconarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 6, *Roinn 3* ■ i gcás ina ríomhtar na luachanna neamhchosanta céanna i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 6, Roinn 6 chun críocha mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca nach bhfuil socraithe ar íosráta. ■

5. De mhaolú ar Airteagal 92(5), *pointe (a)(ii), agus gan dochar don mhaolú a leagtar amach in Airteagal 92(3), an dara fomhír*, agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile a leagtar amach i mír 8 den Airteagal seo, féadfaidh **■** na Ballstáit a cheadú d'*institiúidí* an méid seo a leanas a shannadh **■** :
- (a) go dtí an 31 Nollaig 2032, ualú riosca 10 % don chuid de na neamhchosaintí arna n-urrú le morgáistí ar réadmhaoín chónaithe suas le 55 % den luach réadmhaoine *arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 125(1), an chéad fhomhír; agus*
- (b) go dtí an 31 Nollaig 2029, ualú riosca 45 % d'aon chuid atá fágtha de na neamhchosaintí atá urraithe le morgáistí ar réadmhaoín chónaithe suas le 80 % den luach réadmhaoine *arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 125(1), an chéad fhomhír*, ar choinníoll nach gcuirtear an coigeartú ar cheanglais cistí dílse le haghaidh riosca creidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 501 i bhfeidhm.
6. *Chun críocha mhír 5, pointe (a), i gcás ina bhfuil lian sóisearach i seilbh institiúide agus ina bhfuil liain níos sinsearaí nach bhfuil i seilbh na hinstitiúide sin, chun an chuid de neamhchosaint na hinstitiúide atá incháilithe d'ualú riosca 10 % a chinneadh, déanfar méid 55 % den luach réadmhaoine a laghdú faoi mhéid na lian níos sinsearaí nach bhfuil i seilbh na hinstitiúide.*

I gcás ina bhfuil liain nach bhfuil i seilbh na hinstitiúide ar chéim pari passu leis an lian atá i seilbh na hinstitiúide, chun an chuid de neamhchosaint na hinstitiúide atá incháilithe d'ualú riosca 10 % a chinneadh, déanfar méid 55 % den luach réadmhaoine, arna laghdú faoi mhéid aon lian níos sinsearaí nach bhfuil i seilbh na hinstitiúide a laghdú faoi thoradh an mhéid seo a leanas:

- (a) 55 % den luach réadmhaoine, arna laghdú faoi mhéid na lian níos sinsearaí, más ann dóibh, atá i seilbh na hinstitiúide agus i seilbh institiúidí eile araon; agus*
- (b) méid na lian nach bhfuil i seilbh na hinstitiúide atá ar chéim pari passu le lian atá i seilbh na hinstitiúide roinnte ar shuim na lian pari passu uile.*

7. *Chun críocha mhír 5, pointe (b), i gcás ina bhfuil lian sóisearach i seilbh na hinstitiúide agus go bhfuil liain níos sinsearaí ann nach bhfuil i seilbh na hinstitiúide sin, chun an chuid de neamhchosaint na hinstitiúide atá incháilithe d'ualú riosca 45 % a chinneadh, déanfar méid 80 % den luach réadmhaoine a laghdú faoi mhéid na lian níos sinsearaí nach bhfuil i seilbh na hinstitiúide.*

I gcás ina bhfuil liain nach bhfuil i seilbh na hinstitiúide ar chéim pari passu leis an lian atá i seilbh na hinstitiúide, chun an chuid de neamhchosaint na hinstitiúide atá incháilithe d'ualú riosca 45 % a chinneadh, déanfar méid 80 % den luach réadmhaoine, arna laghdú faoi mhéid aon lian níos sinsearaí nach bhfuil i seilbh na hinstitiúide, a laghdú faoi thoradh an mhéid seo a leanas:

- (a) 80 % den luach réadmhaoine, arna laghdú faoi mhéid na lian níos sinsearaí más an dóibh, atá i seilbh na hinstitiúide agus i seilbh institiúidí eile araon; agus*
- (b) méid na lian nach bhfuil i seilbh na hinstitiúide atá ar chéim pari passu leis an lian atá i seilbh na hinstitiúide roinnte ar shuim na lian pari passu uile.*

8. Chun críocha mhír 5 den Airteagal seo, comhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

- (a) tá na neamhchosaintí incháilithe don láimhseáil de bhun Airteagal 125(1);**
- (b) tá na neamhchosaintí cáilitheacha a ualaítear ó thaobh riosca i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 3;**
- (c) tá an réadmhaoín chónaithe lena n-urraítear na neamhchosaintí cáilitheacha lonnaithe sa Bhallstát a d'fheidhmigh an rogha;**
- (d) le 8 mbliana anuas, ní sháraíonn caillteanais na hinstitiúide in aon bhliain ar leith, mar a thuairiscíonn an institiúid de bhun Airteagal 430a(1), pointí (a) agus (c), nó de bhun Airteagal 101(1), pointí (a) agus (c), sa leagan de na pointí sin is infheidhme an 27 Meitheamh 2021, ó thaobh na neamhchosaintí arna n-urrú le morgáistí ar réadmhaoín chónaithe suas go dtí an tsuim is ísle den mhéid atá curtha i ngeall agus 55 % den luach réadmhaoine, mura gcinntear a mhalairt faoi Airteagal 124(9), ar an meán, 0,25 % de shuim luachanna neamhchosanta na neamhchosaintí uile gan íoc arna n-urrú le morgáistí ar réadmhaoín chónaithe;**

- (e) maidir leis na neamhchosaintí *cáilitheacha*, tá na *cearta infhorfheidhmithe* seo a leanas ag an institiúid i gcás mainneachtana nó i gcás nach n-íocann an t-oibleagáideoir:
- (i) ceart ar an réadmhaoín **■** chónaithe lena n-urraítear an neamhchosaint *nó an ceart morgáiste a thógáil amach ar an réadmhaoín chónaithe i gcomhréir le hAirteagal 108(5), pointe (g);*
 - (ii) *ceart* ar shócmhainní eile agus ar ioncam eile an oibleagáideora, *ar bhonn conarthach nó faoin dlí náisiúnta is infheidhme;*
- (f) d'fhóraigh an t-údarás inniúil go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (a) *go (■ e)*.

9. I gcás inar feidhmíodh an rogha dá dtagraítear i mír 5 agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar amach i mír 8, féadfaidh institiúidí na hualuithe riosca seo a leanas a shannadh d'*aon* chuid eile de na neamhchosaintí *arna n-urrú le morgáistí ar réadmhaoin chónaithe* dá dtagraítear i mír 5, pointe (b), go dtí an 31 Nollaig 2032:
- (a) 52,5 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2030 go dtí an 31 Nollaig 2030;
 - (b) 60 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2031 go dtí an 31 Nollaig 2031;
 - (c) 67,5 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2032 go dtí an 31 Nollaig 2032.
10. I gcás ina bhfeidhmíonn Ballstáit *an* rogha *dá dtagraítear i mír 5*, tabharfaidh siad fógra do ÚBE agus tabharfaidh siad bunús lena gcinneadh. Tabharfaidh údaráis inniúla fógra ar shonraí na bhfíoruithe uile dá dtagraítear i mír 8, pointe (**f**), do ÚBE.

11. Déanfaidh ÚBE faireachán ar úsáid na láimhseála idirthréimhsí a *leagtar síos* i mír 5 agus *cuirfidh* sé tuarascáil maille *lena thorthaí faoi bhráid an* Choimisiúin maidir le hoiriúnacht na n-uallithe riosca gaolmhara faoin 31 Nollaig 2028.

Ar bhonn na tuarascála sin, agus aird chuí aige ar na caighdeáin ábhartha a d'fhorbair CBMB arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh an Coimisiún togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 31 Nollaig 2031.

12. *Beidh teorainn 4 bliana le haon síneadh a chuirfear le haon cheann de na socruithe idirthréimhseacha dá dtagraítear i míreanna 3, 5 agus 9 den Airteagal seo, agus in Airteagal 495b(1), 495c(1) agus 495d(1), agus tabharfar bunús leis le meastóireacht atá coibhéiseach leo siúd dá dtagraítear sna hAirteagail sin.*
13. *De mhaolú ar Airteagal 92(5), pointe (a)(iii) nó (b)(ii), agus gan dochar don mhaolú a leagtar amach in Airteagal 92(3), an dara fomhír, le haghaidh neamhchosaintí a ualaítear ó thaobh riosca agus úsáid á baint as SEC-IRBA nó as Cur Chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh i gcomhréir le hAirteagal 92(4), i gcás ina ndéantar an chuid de mhéid iomlán caighdeánaithe na neamhchosanta ar riosca a ualaítear ó thaobh riosca maidir le riosca creidmheasa, riosca caolúcháin, riosca creidmheasa an chontrapháirtí nó riosca margaidh a eascraíonn as an ngnó leabhair trádála a ríomh trí úsáid a bhaint as SEC-SA i gcomhréir le hAirteagal 261 nó 262, cuirfidh institiúidí, go dtí an 31 Nollaig 2032, an fachtóir p seo a leanas i bhfeidhm:*
- (a) *$p = 0,25$ maidir le suíomh in urrúsú a bhfuil feidhm ag Airteagal 262 ina leith;*
- (b) *$p = 0,5$ maidir le suíomh in urrúsú a bhfuil feidhm ag Airteagal 261 ina leith.’;*

(238) leasaítear Airteagal 468 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Láimhseáil shealadach gnóthachan agus caillteanas neamhréadaithe arna dtomhas ag luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. De mhaolú ar Airteagal 35, féadfaidh na hinstitiúidí, go dtí an 31 Nollaig 2025 (tréimhse na láimhseála sealadaí), méid A, arna chinneadh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas, a bhaint ó ríomh a gcuid ítimí de Ghnáthchothromas Leibhéal 1:

$$A = a \cdot f$$

I gcás inarb é:

a = méid na ngnóthachan nó na gcaillteanas neamhréadaithe arna gcarnadh ón 31 Nollaig 2019 a áiríodh mar ‘athruithe ar luach cóir ionstraimí fiachais arna dtomhas ag luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile’ sa chlár comhardaithe, a chomhfhreagraíonn do neamhchosaintí ar rialtais láir, ar rialtais réigiúnacha nó ar údaráis áitiúla dá dtagraítear in Airteagal 115(2) den Rialachán seo agus ar eintitis earnála poiblí dá dtagraítear in Airteagal 116(4) den Rialachán seo, cé is moite de na sócmhainní airgeadais sin a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu mar a shainmhínítear i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 ón gCoimisiún (‘Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9’); agus

f = an fachtóir is infheidhme le haghaidh gach bliana tuairiscithe le linn thréimhse na láimhseála sealadaí i gcomhréir le mír 2.

- 2. Cuirfidh na hinstitiúidí an fachtóir f ag a bhfuil luach atá cothrom le 1, i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2025 chun méid A dá dtagraítear i mír 1 a ríomh.’;*

(239) in Airteagal 493, leasaítear mír 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) bannaí faoi chumhdach dá dtagraítear in Airteagal 129;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

‘(i) 50 % de chreidmheasanna doiciméadacha bhuicéad 4 lasmuigh den chlár comhardaithe agus de shaoráidí creidmheasa neamhtharraingthe bhuicéad 3 lasmuigh den chlár comhardaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I ag a bhfuil aibíocht bhunaidh suas go dtí agus lena n-áirítear aon bhliain amháin agus faoi réir chomhaontú na n-údarás inniúil, 80 % de ráthaíochtaí seachas ráthaíochtaí iasachta a bhfuil bonn dlí nó rialála fúthu agus a thugtar dá gcuid comhaltaí trí chomhscéimeanna ráthaíochta a bhfuil stádas acu mar institiúidí creidmheasa;’;

(240) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 494d

Filleadh ar ***chur chuige nach bhfuil chomh sofaisticiúil céanna***

De mhaolú ar Airteagal 149, féadfaidh institiúid, ón ... ***[dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] go dtí... [36 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo]***, filleadh ar ***chineálacha cur chuige nach bhfuil chomh sofaisticiúil céanna*** le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na haicmí neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 147(2), i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) ba ann don institiúid cheana an [1 lá amháin roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] agus í údaraithe ag a húdarás inniúil chun na haicmí neamhchosanta sin a láimhseáil faoi Chur Chuige IRB;
- (b) ní iarrann an institiúid chun filleadh ar ***chur chuige nach bhfuil chomh sofaisticiúil céanna*** ach uair amháin feadh na tréimhse 3 bliana sin;
- (c) ní dhéantar an iarraidh chun filleadh ar ***chur chuige nach bhfuil chomh sofaisticiúil céanna*** d’fhonn dul i mbun arbatráiste rialála;

- (d) thug an institiúid fógra foirmiúil don údarás inniúil gur mian léi filleadh ar *chur chuige nach bhfuil chomh sofaisticiúil céanna* le haghaidh na n-aicmí neamhchosanta sin 6 mhí ar a laghad sula bhfilleann sí ar an gcur chuige sin ar bhealach éifeachtach;
 - (e) níor chuir an t-údarás inniúil i gcoinne iarraidh na hinstitiúide chun filleadh laistigh de 3 mhí ón dáta a fuair sé an fógra dá dtagraítear i bpointe (d).’;
- (241) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 495:

‘Airteagal 495

Neamhchosaintí ar chothromas faoi Chur Chuige IRB a láimhseáil

1. De mhaolú ar Airteagal 107(1), déanfaidh ■ institiúidí a mbeidh cead tugtha dóibh Cur Chuige **IRB** a chur i bhfeidhm chun an méid neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca de a ríomh do neamhchosaintí ar chothromas, go dtí an 31 Nollaig 2029 *agus gan dochar d’Airteagal 495a(3)*, an méid neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca de a ríomh maidir le gach neamhchosaint ar chothromas a mbeidh cead tugtha dóibh Cur Chuige **IRB** a chur i bhfeidhm ina leith mar an méid is airde díobh seo a leanas:
 - (a) an méid neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 495 a (1) agus (2);
 - (b) an méid neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca arna ríomh faoin Rialachán seo sa leagan is infheidhme an ... [lá amháin roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

2. Seachas an láimhseáil a leagtar síos i mír 1 a chur i bhfeidhm, féadfaidh institiúidí ar tugadh cead dóibh Cur Chuige **IRB** a chur i bhfeidhm chun méid na neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca a ríomh le haghaidh neamhchosaintí ar chothromas an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 133 ■ a chur i bhfeidhm ■ ar a neamhchosaintí uile ar chothromas tráth ar bith go dtí an 31 Nollaig 2029.

I gcás ina gcuireann institiúidí an chéad fhomhír den mhír seo i bhfeidhm, ní bheidh feidhm ag Airteagal 495a(1) agus (2).

Chun críocha na míre seo, ní bheidh feidhm ag na coinníollacha chun filleadh ar na cineálacha cur chuige nach bhfuil chomh sofaisticiúil céanna a leagtar amach in Airteagal 149 a úsáid.

3. Déanfaidh institiúidí a chuireann an láimhseáil a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo i bhfeidhm ***méid an chaillteanais ionchasaigh*** a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 158(7), (8) nó (9), de réir mar is infheidhme, sa leagan de na míreanna sin is infheidhme an. ... ***[lá amháin roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] agus Airteagal 36(1), pointe (d), agus Airteagal 62, pointe (d), de réir mar is infheidhme, a chur i bhfeidhm sa leagan de na pointí sin is infheidhme an ... [lá amháin roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] i gcás ina bhfuil an méid neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca a ríomhtar de bhun mhír 1, pointe (b), den Airteagal seo níos airde ná an méid neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca a ríomhtar de bhun mhír 1, pointe (a), den Airteagal seo.***

4. I gcás ina n-iarrann institiúidí cead chun Cur Chuige IRB a chur i bhfeidhm chun an méid neamhchosanta a ualaítear ó thaobh riosca a ríomh le haghaidh neamhchosaintí ar chothromas, ní thabharfaidh na húdaráis inniúla an cead sin tar éis an 31 Nollaig 2024. ■ ’;

(242) cuirtear na hairteagail seo ■ a leanas isteach:

‘Airteagal 495a

Socruithe idirthréimhseacha le haghaidh neamhchosaintí ar chothromas

1. De mhaolú ar an láimhseáil a leagtar síos in Airteagal 133(3), déanfar an t-ualú riosca *is airde den ualú riosca is infheidhme an ... [lá amháin roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] a shannadh do neamhchosaintí ar chothromas, arna uasteorannú ag 250 %, agus* na hualuithe riosca seo a leanas:
- (a) 100 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025;
 - (b) 130 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026;
 - (c) 160 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Nollaig 2027;
 - (d) 190 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2028;
 - (e) 220 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2029 go dtí an 31 Nollaig 2029.

2. De mhaolú ar an láimhseáil a leagtar síos in Airteagal 133(4), déanfar an t-ualú riosca ***is airde den ualú riosca is infheidhme an ... [lá amháin roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] a shannadh do neamhchosaintí ar chothromas agus*** na hualuithe riosca seo a leanas:

- (a) 100 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025;
- (b) 160 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026;
- (c) 220 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Nollaig 2027;
- (d) 280 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2028;
- (e) 340 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2029 go dtí an 31 Nollaig 2029.

3. De mhaolú ar Airteagal 133, féadfaidh institiúidí leanúint den ualú riosca céanna ab infheidhme *an ...* [lá amháin roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] a shannadh ar neamhchosaintí ar chothromas, *lena n-áirítear an chuid de na neamhchosaintí nár asbhaineadh ó na cistí dílse i gcomhréir le hAirteagal 471 sa leagan den Airteagal sin is infheidhme an 27 Deireadh Fómhair 2021*, d'eintitis ina raibh siad ina scairshealbhóirí *an 27 Deireadh Fómhair 2021* ar feadh 6 bliana as a chéile agus a bhfeidhmíonn siad tionchar *nó rialú* suntasach orthu, *nó in éineacht leis an líonra lena mbaineann na hinstitiúidí*, de réir bhrí Threoir 2013/34/AE, nó a bhfeidhmíonn siad tionchar nó rialú ar na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil institiúid faoina réir faoi Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002, nó a bhfeidhmíonn siad tionchar nó rialú mar thoradh ar ghaolmhaireacht chomhchosúil idir aon duine nádúrtha nó dlítheanach *nó aon líonra institiúidí* agus gnóthas, *nó i gcás ina bhfuil sé d'acmhainn ag institiúid comhalta amháin ar a laghad de chomhlacht bainistíochta an eintitis a cheapadh.*

Airteagal 495b

Socruithe idirthréimhseacha le haghaidh neamhchosaintí iasachtaithe speisialaithe

1. De mhaoil ar Airteagal 161(4), is iad na híosrátaí ionchuir LGD dá bhforáiltear in Airteagal 161(4) a bheidh ina n-íosrátaí ionchuir LGD is infheidhme maidir le neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe a láimhseáiltear faoi Chur Chuige IRB i gcás ina n-úsáidtear féinmheastacháin ar LGD, agus na híosrátaí sin arna n-iolrú faoi na fachtóirí seo a leanas:
 - (a) 50 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2027;
 - (b) 80 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2028;
 - (c) 100 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2029 go dtí an 31 Nollaig 2029. ■

2. Ullmhóidh ÚBE tuarascáil ar chalabhrú iomchuí na bparaiméadar riosca, ***lena n-áirítear an paraiméadar caolchorrlaigh***, is infheidhme maidir le neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe faoi Chur Chuige IRB, agus go háirithe maidir lena mheastacháin LGD féin agus íosrátaí ionchuir LGD ***do gach catagóir shonrach neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe dá dtagraítear in Airteagal 147(8)***. Áireoidh ÚBE go háirithe ina shonraí tuarascála ar mheánlíonta mainneachtana agus na cailteanais réadaithe a tharla san Aontas le haghaidh cineálacha éagsúla institiúidí a bhfuil próifílí gnó agus riosca éagsúla acu. ***Molfaidh ÚBE calabrúcháin shonracha na bparaiméadar riosca, lena n-áirítear an paraiméadar caolchorrlaigh, lena léireofaí an phróifíl riosca shonrach agus éagsúil le haghaidh gach catagóire ar leith de neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe***.

Cuirfidh ÚBE an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiún faoin ... [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an **■** Rialacháin leasaithigh seo] **■** . **■**

Ar bhonn na tuarascála sin, agus aird chuí aige ar na caighdeáin ábhartha a d'fhorbair CBMB arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh an Coimisiún togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 31 Nollaig 2027.

3. *De mhaolú ar Airteagal 122a(3), pointe (a), féadfar ualú riosca 80 % a shannadh do neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe dá dtagraítear sa phointe sin nach bhfuil measúnú creidmheasa is infheidhme go díreach ag IMCS ainmnithe ar fáil ina leith, go dtí an 31 Nollaig 2032, i gcás nach gcuirtear an coigeartú ar cheanglais cistí dílse le haghaidh riosca creidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 501a i bhfeidhm agus i gcás ina meastar go bhfuil ardcháilíocht ag baint leis an neamhchosaint agus na critéir seo a leanas ar fad á gcur san áireamh:*
- (a) is féidir leis an oibleagáideoir a oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh fiú má bhíonn dálaí dianstruis ann i ngeall ar na gnéithe seo a leanas go léir:*
- (i) neamhchosaint leordhóthanach ar luach na neamhchosanta;*
 - (ii) próifíl choimeádach aisíocaíochta na neamhchosanta;*

- (iii) *saolré chomhréireach na sócmhainní a bheidh fágtha ar íocaíocht iomlán na neamhchosanta nó dul i muinín mar rogha air sin soláthraí cosanta ag a bhfuil acmhainneacht ard creidmheasa;*
- (iv) *riosca athmhaoiniúcháin íseal na neamhchosanta ag an oibleagáideoir nó tá an riosca sin maolaithe go leordhóthanach ag luach sócmhainne iarmharáí ar comhchéim leis nó tá sé in ann dul i muinín soláthraí cosanta a bhfuil acmhainneacht ard creidmheasa aige;*
- (v) *tá srianta conarthacha ag an oibleagáideoir ar a ghníomhaíocht agus ar a struchtúr cistiúcháin;*
- (vi) *chun críocha maolaithe riosca amháin a úsáideann an féichiúnaí díorthach;*
- (vii) *tá bainistiú ceart á dhéanamh ar rioscaí oibriúcháin ábharacha;*
- (b) *mar gheall ar na socruithe conarthacha ar na sócmhainní, tá ardleibhéal cosanta ag na hiasachtóirí, lena n-áirítear na gnéithe seo a leanas:*

 - (i) *tá ceart tosaíochta is infhorfheidhmithe le dlí ag na hiasachtóirí ar na sócmhainní arna maoiniú agus, i gcás inarb infheidhme, ar an ioncam a ghineann siad;*

- (ii) *tá srianta conarthacha ar chumas an oibleagáideora athruithe a dhéanamh ar an tsócmhainn a mbeadh tionchar diúltach acu ar a luach;*
- (iii) *i gcás ina bhfuil an tsócmhainn á tógáil, tá ceart tosaíochta infhorfheidhmithe le dlí ag na hiasachtóirí ar na sócmhainní agus ar na conarthaí tógála foluiteacha;*
- (c) *comhlíonann na sócmhainní atá á maoiniú gach ceann de na caighdeáin seo a leanas chun feidhmiú ar bhealach fóna agus éifeachtach:*

 - (i) *déantar tástáil ar theicneolaíocht agus dearadh na sócmhainne;*
 - (ii) *fuarthas na ceadúnais agus na húdaruithe uile is gá chun na sócmhainní a fheidhmiú;*
 - (iii) *i gcás ina bhfuil an tsócmhainn á tógáil, tá go leor cosaintí ag an oibleagáideoir ar na sonraíochtaí, an buiséad agus dáta críochnaithe na sócmhainne a comhaontaíodh, lena n-áirítear ráthaíochtaí láidre maidir le críochnú nó rannpháirtíocht tógálaí, ag a bhfuil taithí, agus forálacha conartha leordhóthanacha maidir le damáistí leachtaithe.*

4. Ullmhóidh ÚBE tuarascáil ina ndéanfar anailís ar an méid seo a leanas:

- (a) éabhlóid na dtreochtaí agus na ndálaí i margaí le haghaidh maoiniú réada san Aontas;***
- (b) riosca éifeachtach na neamhchosaintí um maoiniú réada le linn timthriall eacnamaíoch iomlán;***
- (c) tionchar na láimhseála a leagtar amach in Airteagal 122a(3), pointe (a), ar cheanglais cistí dílse maidir le neamhchosaintí um maoiniú réada, gan Airteagal 465(1) a chur san áireamh;***
- (d) oiriúnacht an tsainmhínithe ar an bhfo-aicme ‘maoiniú réada ardchaighdeáin’ agus láimhseáil stuamachta éagsúil a shannadh don fho-aicme sin de neamhchosaintí.***

Cuirfidh ÚBE an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2030.

Ar bhonn na tuarascála sin, agus aird chuí aige ar na caighdeáin ábhartha a d’fhorbair CBMB arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh an Coimisiún togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 31 Nollaig 2031.

Airteagal 495c

Socruithe idirthréimhseacha le haghaidh neamhchosaintí ar iasachtú mar theicníc um maolú riosca creidmheasa

1. De mhaolú ar Airteagal 230, is é luach H_c le haghaidh ‘comhthaobhacht fhisiceach eile’ dá bhforáiltear in Airteagal 230(2), Tábla 1, arna iolrú leis na fachtóirí seo a leanas, a bheidh i luach H_c is infheidhme a chomhfhreagraíonn do ‘comhthaobhacht fhisiceach eile’ le haghaidh neamhchosaintí dá dtagraítear in Airteagal 199(7) i gcás ina gcomhfhreagraíonn an tsócmhainn léasaithe don chineál ‘comhthaobhacht fhisiceach eile’ de chosaint creidmheasa chistithe:

- (a) 50 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2027;
- (b) 80 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2028;
- (c) 100 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2029 go dtí an 31 Nollaig 2029.

2. Ullmhóidh ÚBE tuarascáil ar chalabhrúchán iomchuí na bparaiméadar riosca a bhaineann le neamhchosaintí ar léasú faoin gCur Chur Chuige IRB, ***agus ar ualuithe riosca faoin gCur Chuige Caighdeánaithe***, agus go háirithe ar LGDs agus H_c dá bhforáiltear in Airteagal 230. Áireoidh ÚBE go háirithe ina shonraí tuarascála ar mheánlíonta mainneachtana agus na caillteanais réadaithe a tharla san Aontas le haghaidh neamhchosaintí a bhaineann le cineálacha éagsúla ■ réadmhaoine ***léasaithe*** agus cineálacha éagsúla institiúidí a bhfuil gníomhaíochtaí léasaithe ar siúl acu.

Cuirfidh ÚBE an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin faoin ... ***[36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].***

Ar bhonn na tuarascála sin, ***agus na caighdeáin a d'fhorbair CBMB arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta á gcur san áireamh, cuirfidh*** an Coimisiún ■, i gcás inarb iomchuí, ■ ***togra reachtach faoi bhráid ■ Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 31 Nollaig 2028.***

Airteagal 495d

Socruithe idirthréimhseacha le haghaidh gealltanais neamhchoinníollacha atá inchealaithe

1. De mhaolú ar Airteagal 111(2), déanfaidh institiúidí luach neamhchosanta ítime atá lasmuigh den chlár comhardaithe a ríomh i bhfoirm gealltanais atá inchealaithe go neamhchoinníollach tríd an gcéatadán dá bhforáiltear san Airteagal sin a iolrú faoi na fachtóirí seo a leanas:
 - (a) 0 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2029;
 - (b) 25 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2030 go dtí an 31 Nollaig 2030;
 - (c) 50 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2031 go dtí an 31 Nollaig 2031;
 - (d) 75 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2032 go dtí an 31 Nollaig 2032.
2. Ullmhóidh ÚBE tuarascáil ina ndéanfar measúnú ar cibé ba cheart, nó nár cheart, an maolú dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), a shíneadh níos faide ná an 31 Nollaig 2032 agus ina *sonrófar*, i gcás inar gá, na coinníollacha faoinar cheart an maolú sin a choinneáil ar bun.

Cuirfidh ÚBE an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2028.

Ar bhonn na tuarascála sin, agus aird chuí aige ar na caighdeáin ábhartha a d'fhorbair CBMB arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta ***agus ar thionchar na gcaighdeán sin ar chobhsaíocht airgeadais***, cuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 31 Nollaig 2031.

Airteagal 495e

Socruithe idirthréimhseacha le haghaidh mheasúnuithe creidmheasa IMCS na n-institiúidí

De mhaolú ar Airteagal 138, pointe (g), féadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt d'institiúidí leanúint de mheasúnú creidmheasa IMCS a úsáid maidir le hinstitiúid a chuireann san áireamh toimhdí maidir le tacaíocht intuigthe rialtais go dtí an 31 Nollaig 2029.

Airteagal 495f

Socruithe idirthréimhseacha le haghaidh ceanglais athluachála réadmhaoine

De mhaolú ar Airteagal 229(1), pointí (a) go (d), maidir le neamhchosaintí atá urraithe le réadmhaoín chónaithe nó le réadmhaoín dhochorraithe tráchtála a deonaíodh roimh an 1 Eanáir 2025, féadfaidh institiúidí leanúint de luacháil a dhéanamh ar réadmhaoín chónaithe nó ar réadmhaoín dhochorraithe tráchtála ar mhargadhluach an nó níos lú ná luach an mhargaidh, nó sna Ballstáit sin a bhfuil foráil déanta acu do dhianchritéir i bhforálacha reachtúla nó rialála chun measúnú a dhéanamh ar an luach iasachta morgáiste, féadfaidh institiúidí leanúint de luach iasachta morgáiste na réadmhaoine sin a luacháil go dtí go gceanglófar athbhreithniú ar an luach maoine i gcomhréir le hAirteagal 208(3), nó an 31 Nollaig 2027, cibé acu is túsce.

Airteagal 495g

Socruithe idirthréimhseacha le haghaidh scéimeanna ráthaíochtaí poiblí ar leith

De mhaolú ar Airteagal 183(1) agus ar Airteagal 213(1), maidir le ráthaíocht is féidir a chur ar ceal i gcás calaois arna déanamh ag an oibleagáideoir nó méid na cosanta creidmheasa is féidir a laghdú i gcás mar sin, measfar go gcomhlíonann sí na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 183(1), pointe (d), agus in Airteagal 213(1), pointe (c), i gcás inarbh eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 214(2), pointe (a), tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2024, a sholáthair an ráthaíocht.

Airteagal 495h

Socruithe idirthréimhseacha maidir le húsáid an chur chuige mhalartaigh samhla inmheánaí le haghaidh riosca margaidh

De mhaolú ar Airteagal 325az(2), pointe (d), féadfaidh institiúidí, go dtí an 1 Eanáir 2026, an cur chuige malartach samhla inmheánaí a úsáid chun a gceanglais cistí dílse i gcomhair riosca margaidh le haghaidh deasca trádála nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 325bg a ríomh.’;

(243) leasaítear Airteagal 500 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) is tar éis an 23 Samhain 2016 ach tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2024 dátaí diúscartha na neamhchosaintí a mhainnigh;’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fhomhír:

‘Ní fhéadfar an coigeartú dá dtagraítear sa chéad fhomhír a dhéanamh ach go dtí an 31 Nollaig 2024 agus d’fhéadfadh sé go mairfeadh a éifeachtaí a fhad agus a áireofar na neamhchosaintí comhfhreagracha i meastacháin LGD na hinstitiúide féin.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. Déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2026, agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, a mheas an bhfuil méadú suntasach tagtha ar leibhéal na neamhchosaintí a mhainnigh i gcláir chomhardaithe na n-institiúidí, an bhfuil coinne aige le meath suntasach ar cháilíocht sócmhainní na n-institiúidí, agus an amhlaidh nach bhfuil leibhéal forbartha na margaí tánaisteacha le haghaidh neamhchosaintí a mhainnigh leordhóthanach chun a áirithiú go ndéanfaidh na hinstitiúidí na neamhchosaintí a mhainnigh a dhiúscairt go héifeachtúil, agus na forbairtí rialála maidir le hurrúsú á gcur san áireamh freisin.

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar oiriúnacht an mhaolaithe a leagtar amach i mír 1 agus, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh sé togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun síneadh a chur leis an gcoigeartú dá bhforáiltear san Airteagal seo, é a thabhairt isteach an athuair nó é a leasú, de réir mar is gá.’;

(244) leasaítear Airteagal 500a mar a leanas:

(a)cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. De mhaolú ar Airteagal 114(2), go dtí an 31 Nollaig 2026, maidir le neamhchosaintí ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais na mBallstát, i gcás inar neamhchosaintí iad sin atá ainmnithe agus cistithe in airgeadra intíre Ballstáit eile, tá feidhm ag an méid seo a leanas:

- (a) go dtí an 31 Nollaig 2024, is é a bheidh san ualú riosca a chuirtear i bhfeidhm ar na luachanna neamhchosanta ná 0 % den ualú riosca a shanntar do na neamhchosaintí sin i gcomhréir le hAirteagal 114(2);**
- (b) in 2025, is é a bheidh san ualú riosca a chuirtear i bhfeidhm ar na luachanna neamhchosanta ná 20 % den ualú riosca a shanntar do na neamhchosaintí sin i gcomhréir le hAirteagal 114(2);**
- (c) in 2026, is é a bheidh san ualú riosca a chuirtear i bhfeidhm ar na luachanna neamhchosanta ná 50 % den ualú riosca a shanntar do na neamhchosaintí sin i gcomhréir le hAirteagal 114(2).’;**

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a), (b) agus (c):

‘(a) 100 % de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide go dtí an 31 Nollaig 2025;

(b) 75 % de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2026;

(c) 50 % de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2027.’;

(245) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 500c:

‘Airteagal 500c

Róluaineachtaí a eisiamh ó ríomh na suiminne cúltástála i bhfianaise phaindéim COVID-19

De mhaolú ar Airteagal 325bf, féadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt d’institiúidí, in imthosca eisceachtúla agus i gcásanna aonair, na róluaineachtaí atá fianaithe le cúltástáil na hinstitiúide ar athruithe hipitéiseacha nó iarbhír a eisiamh ó ríomh na suiminne a leagtar amach in Airteagal 325bf, ar choinníoll nach dtagann na róluaineachtaí sin as easnaimh sa tsamhail inmheánach agus ar choinníoll gur tharla siad idir an 1 Eanáir 2020 agus an 31 Nollaig 2021.’;

(246) in Airteagal 501(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad *phointí (a) agus* (b):

‘(a) *cuimseofar an neamhchosaint ar FBM in aicme an mhiondíola nó san aicme chorparáideach nó déanfar í a urrú le morgáistí ar aicmí neamhchosanta réadmhaoine dochorraithe ach eisiafar neamhchosaintí ADC;*

(b) beidh an bhrí a leagtar síos in Airteagal 5, pointe (9), ag *FBM*;’; ■

(247) in Airteagal 501a, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘■ (a) sanntar an neamhchosaint don ■ aicme neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 112, pointe (g), nó *d’aon cheann de na haicmí neamhchosanta dá dtagraítear* in Airteagal 147(2), pointe (c)(i), (ii) nó (iii), seachas neamhchosaintí ar mainneachtain; ■ ’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) tá riosca athmhaoiniúcháin an *fhéichiúnaí* ■ íseal nó tá sé maolaithe ar bhealach leordhóthanach, agus fóirdheontais, deontais nó cistiú ar bith arna soláthar ag ceann amháin nó níos mó de na heintitis a liostaítear i mír 2, pointí (b)(i) agus (ii), á gcur san áireamh;’;

(c) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (o):*

‘(o) maidir le neamhchosaintí arna dtionscnamh tar éis an 1 Eanáir 2025, mheasúnaigh an féichiúnaí go rannchuidíonn na sócmhainní arna maoiniú ar bhealach dearfach le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2020/852 agus nach ndéanann siad dochar suntasach do na cuspóirí eile a leagtar amach san Airteagal sin, nó nach ndéanann na sócmhainní arna maoiniú dochar suntasach d’aon cheann de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach san Airteagal sin.’;

(248) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 501c:

‘**1** Airteagal 501c

Láimhseáil stuamachta neamhchosaintí a bhaineann le tosca comhshaoil **1** nó fachtóirí sóisialta

1. Déanfaidh ÚBE, i ndiaidh dó dul i gcomhairle le BERS, ar bhonn na sonraí atá ar fáil **1**, measúnú ar cibé acu **atá nó nach bhfuil coigeartú le déanamh ar an** láimhseáil thiomnaithe stuamachta neamhchosaintí a bhaineann le sócmhainní **nó dliteanais**, faoi réir thionchar **1** na dtosca comhshaoil nó sóisialta. Déanfaidh ÚBE an méid a leanas a mheas go háirithe:

(a) *infhaighteacht agus inrochtaineacht sonraí iontaofa comhsheasmhacha CSR maidir le gach aicme neamhchosanta arna cinneadh i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II;*

- (b) *i gcomhairle le ÚEÁPC, a indéanta atá sé modheolaíocht chaighdeánaithe a thabhairt isteach chun na neamhchosaintí a shainaithint agus a cháiliú i gcás gach aicme neamhchosanta arna cinneadh i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, bunaithe ar shraith choiteann prionsabal d'aicmiú riosca CSR, agus úsáid á baint as an bhfaisnéis maidir le táscairí riosca aistrithe agus riosca fisiciúla arna gcur ar fáil trí chreataí tuairiscithe nochta inbhuanaitheachta arna nglacadh san Aontas agus, i gcás ina bhfuil fáil orthu go hidirnáisiúnta, an treoir agus na conclúidí a thagann as na tástálacha struis maoirseachta nó an anailís ar chnámha scéil i ndáil le rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid arna ndéanamh ag ÚBE nó ag na húdaráis inniúla agus, i gcás ina léirítear go hiomchuí na rioscaí CSR, scór ábhartha CSR na rátála riosca creidmheasa arna déanamh ag IMCS ainmnithe;*
- (c) méid riosca iarbhír na neamhchosaintí a bhaineann le sócmhainní agus gníomhaíochtaí atá faoi réir thionchar na dtosca comhshaoil ■ nó sóisialta i gcomparáid le méid riosca *neamhchosaintí eile agus na hathbhreithnithe breise agus níos cuimsithí a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcreat ar cheart iad a mheas, agus na forbairtí arna gcomhaontú ar an leibhéal idirnáisiúnta ag CBMB á gcur san áireamh;*
- (d) iarmhairtí féideartha gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha láimhseála stuamachta tiomnaithe *coigeartaithe* le haghaidh neamhchosaintí a bhaineann le sócmhainní agus gníomhaíochtaí atá faoi réir thionchar na dtosca comhshaoil ■ nó sóisialta ar chobhsaíocht airgeadais agus iasachtú baine san Aontas ■ ;

(e) *na feabhsuithe spriocdhírithe a d'fhéadfaí a bhreithniú laistigh den chreat stuamachta atá ann faoi láthair.*

2. Cuirfidh ÚBE *tuarascálacha leantacha* maidir lena chuid torthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiún *faoi na dátaí seo a leanas:*

(a) *... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] i gcás na measúnuithe a cheanglaítear faoi mhír 1, pointe (e);*

(b) *an 31 Nollaig 2024 i gcás na measúnuithe a cheanglaítear faoi mhír 1, pointí (a) agus (b);*

(c) *an 31 Nollaig 2025 i gcás na measúnuithe a cheanglaítear faoi mhír 1, pointí (c) agus (d).*

Ar bhonn na dtuarascálacha sin ó ÚBE, cuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 31 Nollaig 2026.';

(249) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 501d

Forálacha idirthréimhseacha maidir le láimhseáil stuamachta cripteashócmhainní

1. Faoi 30 Meitheamh 2025, cuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun láimhseáil stuamachta thiomnaithe a thabhairt isteach le haghaidh neamhchosaintí cripteashócmhainní, agus na caighdeáin idirnáisiúnta agus Rialachán (AE) 2023/1114 á gcur san áireamh. Áireofar an méid seo a leanas sa togra reachtach sin:

- (a) critéir chun cripteashócmhainní a shannadh do chatagóirí éagsúla cripteashócmhainní bunaithe ar a saintréithe riosca agus ar chomhlíonadh coinníollacha sonracha;*
- (b) ceanglais shonracha cistí dílse maidir le gach riosca a bhaineann le cripteashócmhainní éagsúla;*
- (c) teorainn chomhiomlán le haghaidh neamhchosaintí ar chineálacha sonracha cripteashócmhainní;*
- (d) ceanglais shonracha maidir le cóimheas luamhánaithe le haghaidh neamhchosaintí cripteashócmhainní;*
- (e) cumhachtaí sonracha maoirseachta a mhéid a bhaineann le neamhchosaintí cripteashócmhainní a shannadh, faireachán agus na ceanglais cistí dílse a ríomh;*
- (f) ceanglais shonracha leachtachta le haghaidh neamhchosaintí cripteashócmhainní;*
- (g) ceanglais maidir le nochtadh agus tuairisciú.*

2. *Go dtí dáta chur i bhfeidhm an ghnímh reachtaigh dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh institiúidí a gceanglais cistí dílse le haghaidh neamhchosaintí cripteashócmhainní a ríomh mar a leanas:*

- (a) déanfar neamhchosaintí cripteashócmhainní ar shócmhainní traidisiúnta téacschomharthaithe a láimhseáil mar neamhchosaintí ar na sócmhainní traidisiúnta a léirítear leo;*
- (b) déanfar ualú riosca 250 % a shannadh do neamhchosaintí ar chomharthaí sócmhainn-tagartha a gcomhlíonann a n-eisitheoirí Rialachán (AE) 2023/1114 agus a thagraíonn do shócmhainn traidisiúnta amháin nó níos mó;*
- (c) déanfar ualú riosca 1 250 % a shannadh do neamhchosaintí cripteashócmhainní cé is moite díobh siúd dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b).*

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, pointe (a), déanfar neamhchosaintí cripteashócmhainní ar shócmhainní traidisiúnta téacschomharthaithe a mbraitheann a luachanna ar aon chripteashócmhainní eile. a shannadh do phointe (c).

3. *Ní sháráidh luach neamhchosanta iomláine institiúide ar chripteashócmhainní nach dtagraítear dóibh i mír 1, pointí (a) agus (b), 1 % de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide.*
4. *Tabharfaidh institiúid a sháraíonn an teorainn a leagtar amach i mír 3 fógra láithreach don údarás inniúil agus léireoidh sí chun sástacht an údaráis inniúil go bhfuil an teorainn á comhlíonadh arís go tráthúil.*
5. *Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na heilimintí teicniúla riachtanacha a shonrú do na hinstitiúidí chun a gceanglais cistí dílse a ríomh i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige a leagtar amach i mír 2, pointí (b) agus (c), lena n-áirítear conas luach na neamhchosaintí a ríomh agus conas neamhchosaintí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a chomhiomlánú chun críocha mhíreanna 2 agus 3.*

Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin á bhforbairt aige, cuirfidh ÚBE na caighdeáin ghaolmhara arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta agus arna bhforbairt ag CBMB san áireamh chomh maith leis na húdaruithe atá ann cheana san Aontas faoi Rialachán (AE) 2023/1114.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

6. *Chun a gceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh neamhchosaintí cripteashócmhainní, ní chuirfidh institiúidí an asbhaint dá dtagraítear in Airteagal 36(1), pointe (b), i bhfeidhm.’;*

(250) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagail 505 agus 506:

‘**■** Airteagal 505

Athbhreithniú ar mhaoiniú talmhaíochta

1. Faoi 31 Nollaig 2030, *ullmhóidh* ÚBE *tuarascáil maidir leis an tionchar atá ag ceanglais an Rialacháin seo ar mhaoiniú talmhaíochta, lena n-áirítear an tionchar ar an méid seo a leanas:*
 - (a) *oiriúnacht ualaithe thiomnaithe riosca do cheanglais cistí dílse le haghaidh riosca creidmheasa arna ríomh i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, le haghaidh neamhchosaintí ar fhiontar talmhaíochta;*
 - (b) *i gcás inarb infheidhme, critéir a bhfuil bonn cirt leo ó thaobh stuamachta de chun an t-ualach tiomnaithe riosca sin a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear cleachtais feirmeoireachta, chomh maith le cuimsiú neamhchosaintí san aicme chorparáideach, in aicme an mhiondíola nó a n-urrú trí mhorgáistí ar aicmí neamhchosanta réadmhaoine dochorraithe;*
 - (c) *an t-ailíniú leis an straitéis ‘ón bhfeirm go dtí an forc’ a leagtar amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal ‘A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system’ [Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhiobhálach don chomhshaol] agus an tionchar comhfhreagrach comhshaoil de réir bhrí Rialachán (AE) 2020/852, go háirithe leis na táscairí arna mbailiú i Líonra Sonraí an Aontais um Chuntasaíocht Feirme, lena léirítear scóir ó thaobh rannchuidithe de maidir leis an méid seo a leanas:*

- (i) glanastaíochtaí gás ceaptha teasa in aghaidh an heicteáir;*
 - (ii) úsáid lotnaidicídí agus leasachán in aghaidh an heicteáir;*
 - (iii) cóimheasa éifeachtúlachta mianraí na hithreach, lena n-áirítear carbón, amóinia, fosfáit agus nítrigin in aghaidh an heicteáir;*
 - (iv) éifeachtúlacht úsáide uisce;*
 - (v) dearbhú maidir le tionchar dearfach ar na táscairí dá dtagraítear i bpointí (i) go (iv) den phointe seo le lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.*
- 2. Agus an tuarascáil ó ÚBE dá dtagraítear i mír 1 á cur san áireamh, cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin chun an Rialachán seo a leasú chun a éifeachtaí diúltacha ar mhaoiniú talmhaíochta a mhaolú.*
- 3. Ullmhóidh ÚBE freisin tuarascáil idirmheánach maidir le tionchar cheanglais an Rialacháin seo ar mhaoiniú talmhaíochta faoin 31 Nollaig 2027.*

Airteagal 506

Riosca creidmheasa – árachas creidmheasa

Faoi **30 Meitheamh 2024**, cuirfidh ÚBE, *i ndlíthchomhar le ÚEÁPC*, tuarascáil chuig an gCoimisiún maidir le hincháilitheacht agus úsáid polasaí árachais creidmheasa mar theicníc um maolú riosca creidmheasa, *lena n-áirítear* maidir leis *an méid seo a leanas*:

- (a) oiriúnacht na bparaiméadar riosca gaolmhar dá dtagraítear i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidlí 3 agus 4;
- (b) *anailís ar an riosca éifeachtach agus iarbhír a bhaineann le neamhchosaintí riosca creidmheasa i gcás inar aithníodh árachas creidmheasa mar theicníc um maolú riosca creidmheasa;*
- (c) *comhsheasmhacht na gceanglas cistí dílse a leagtar síos sa Rialachán seo agus torthaí na hanailíse faoi phointí (a) agus (b).*

Ar bhonn na tuarascála sin , cuirfidh an Coimisiún , i gcás inarb iomchuí, *togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoi 31 Nollaig 2024* chun an láimhseáil is infheidhme maidir le hárachas creidmheasa dá dtagraítear i gCuid a Trí, Teideal II, a leasú.

** Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).’;*

(251) cuirtear *na hairteagail* seo a leanas isteach:

‘Airteagal 506c

Riosca creidmheasa ■ – idirghníomhú idir laghduithe caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1 agus paraiméadair riosca creidmheasa

Faoi 31 Nollaig 2026, tuairisceoidh ÚBE don Choimisiún ar an gcomhsheasmhacht idir an tomhas reatha ar riosca creidmheasa agus na paraiméadair riosca creidmheasa aonair agus ar láimhseáil aon choigeartuithe chun easnamh IRB nó barrachas IRB dá dtagraítear in Airteagal 159 a ríomh, agus ar a chomhsheasmhacht le cinneadh an luacha neamhchosanta i gcomhréir le hAirteagal 166 agus le meastachán LGD.

Breithneofar sa tuarascáil sin an t-uaschailteanas eacnamaíoch féideartha a eascraíonn as teagmhas mainneachtana chomh maith leis an gcumhdach a baineadh amach i dtéarmaí laghduithe caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1, ag cur aon laghduithe Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá bunaithe ar chuntasaíocht san áireamh, lena n-áirítear iad siúd ó chailiteanais creidmheasa ionchasacha nó coigeartuithe luacha chóir, agus aon lascaine ar neamhchosaintí a fuarthas, agus impleachtaí eile le haghaidh asbhaintí rialála. ■

Airteagal 506d

Láimhseáil stuamachta urrúsúcháin

1. *Faoi 31 Nollaig 2026, tuairisceoidh ÚBE, i ndlúthchomhar le ÉEUM, don Choimisiún maidir le láimhseáil stuamachta na n-idirbheart urrúsúcháin, agus idirdhealú á dhéanamh idir cineálacha éagsúla urrúsúcháin, lena n-áirítear urrúsúcháin shintéiseacha, idir tionscnóirí agus infheisteoirí, agus idir idirbhearta STC agus idirbhearta nach idirbhearta STC iad.*
2. *Go háirithe, déanfaidh ÚBE faireachán ar úsáid an tsocraithe idirthréimhsigh dá dtagraítear in Airteagal 465(13) agus measfaidh sé méid an tionchair a bheadh ag cur i bhfeidhm an íosráta aschuir maidir le neamhchosaintí urrúsúcháin ar an laghdú caipitil arna fháil ag institiúidí tionscnóra in idirbhearta ar aithníodh aistriú suntasach riosca ina leith, an ndéanfaidh an cur i bhfeidhm sin laghdú iomarcach ar an íogaireacht riosca agus an mbeadh tionchar aige ar inmharthanacht eacnamaíoch idirbheart urrúsúcháin nua. Sna cásanna sin ina laghdófar íogaireachtaí riosca, féadfaidh ÚBE machnamh a dhéanamh ar athchalabhrú anuas a mholadh maidir leis na fachtóirí nach fachtóirí neodrachta iad le haghaidh idirbhearta ar aithníodh aistriú suntasach riosca ina leith. Déanfaidh ÚBE measúnú freisin ar oiriúnacht na bhfachtóirí nach fachtóirí neodrachta iad faoi SEC-SA agus SEC-IRBA araon, agus feidhmíocht stairiúil chreidmheasa na n-idirbheart urrúsúcháin san Aontas agus rioscaí laghdaithe samhla agus gníomhaireachta an chreata urrúsúcháin á gcur san áireamh.*
3. *Ar bhonn na tuarascála dá dtagraítear i mír 1 agus na caighdeáin ghaolmhara arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta agus arna bhforbairt ag CBMB á gcur san áireamh, cuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoi 31 Nollaig 2027.*

Airteagal 506e

Cosaint creidmheasa neamhchistithe ar a bhfuil uasteorainn nó atá socraithe ar íosráta a aithint

1. *Faoi ... [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], cuirfidh ÚBE tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an méid seo a leanas:*
 - (a) *na coinníollacha nach mór do ráthaíochtaí lena mbaineann uasteorainneacha nó íosrátaí arna gcinneadh ar leibhéal punainne neamhchosaintí ('ráthaíochtaí punainne') a chomhlíonadh chun iad a cháiliú mar urrúsúchán;*
 - (b) *an láimhseáil rialála is infheidhme faoi Chuid a Trí, Teideal II, Caibidil 4, maidir le ráthaíochtaí punainne i gcás nach gcáilíonn siad mar urrúsúchán;*
 - (c) *cur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 5, den Rialachán seo agus i gCaibidil 2 de Rialachán (AE) 2017/2402 maidir le ráthaíochtaí punainne i gcás ina gcáilíonn na ráthaíochtaí sin mar urrúsúchán;*
 - (d) *cur i bhfeidhm Airteagal 234 maidir le ráthaíochtaí aonair a mbíonn tráinsiú mar thoradh orthu.*

2. *Déanfaidh ÚBE measúnú sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 ar an méid seo a leanas go háirithe:*

(a) *maidir le mír 1, pointe (a), na coinníollacha faoina n-eascraíonn aistriú riosca i dtráinsí as ráthaíochtaí punainne;*

(b) *maidir le mír 1, pointe (b):*

(i) *critéir incháilitheachta ábhartha na ráthaíochtaí punainne faoi Chuid a Trí, Teideal II, Caibidil 4;*

(ii) *cur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 4;*

(c) *maidir le mír 1, pointe (d), cur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar amach i gCaibidil 2 de Rialachán (AE) 2017/2402 agus i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 5, den Rialachán seo.*

Cuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach bunaithe ar an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 31 Nollaig 2027.

Airteagal 506f

Láimhseáil stuamachta idirbheart maoinithe urrús

Faoin ... [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], tuairisceoidh ÚBE chuig an gCoimisiún maidir le tionchar an chreata nua le haghaidh idirbhearta maoinithe urrús i dtéarmaí ceanglas cistí dílse a shanntar d'idirbhearta maoinithe urrús comhfhreagracha ar gníomhaíochtaí de chineál an-ghearrthéarmach iad, agus béim ar leith á leagan ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar mhargaí fiachais cheannasaigh i dtéarmaí acmhainneacht cruthaithe margaidh agus costais.

Déanfaidh ÚBE measúnú féachaint an iomchuí athchalabrú a dhéanamh ar na hualuithe gaolmhara riosca, i bhfianaise na rioscaí gaolmhara maidir le haibíochtaí, go háirithe i gcás aibíochtaí iarmharacha ar lú iad ná aon bhliain amháin.

Cuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach bunaithe ar an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 31 Nollaig 2027.';

(252) *in Airteagal 514, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*

- ‘2. Ar bhonn na tuarascála ó ÚBE dá dtagraítear i mír 1 agus aird chuí aige ar chur chun feidhme na gcaighdeán arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta i dtríú tíortha agus arna bhforbairt ag CBMB, cuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun gach cur chuige a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 6, Ranna 3, 4 agus 5, a leasú.’;*

(253) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 518c

Athbhreithniú ar an gcreat um cheanglais stuamachta

Faoi 31 Nollaig 2028, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar staid fhoriomlán an chórais baincéireachta sa mhargadh aonair, i ndlúthchomhar le ÚBE agus BCE, agus tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le hoiriúnacht chreataí rialála agus maoirseachta an Aontais don bhaincéireacht.

Déanfar breithniú sa tuarascáil sin ar na hathchóirithe a rinneadh ar an earnáil baincéireachta tar éis na géarchéime móire airgeadais agus déanfar a mheas an áirithítear leo sin leibhéal leordhóthanach cosanta do thaisceoirí agus an gcosnaítear an chobhsaíocht airgeadais ar leibhéal na mBallstát, an aontais baincéireachta agus an Aontais.

Breithneofar sa tuarascáil sin freisin gnéithe uile an aontais baincéireachta, chomh maith le cur chun feidhme an íosráta aschuir mar chuid de na ceanglais chaipitil agus leachtachta ar bhonn níos ginearálta. I ndáil leis sin, breithneoidh an Coimisiún go cuí na ráitis chomhfhreagracha agus na conclúidí comhfhreagracha maidir le haontas baincéireachta Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle Eorpaí araon.’;

(254) cuirtear *na hairteagail* seo a leanas isteach:

‘Airteagal 519*d*

An creat um íosrátaí caolchorrlaigh le haghaidh *idirbhearta maoinithe urrús*

1. Tuairisceoidh ÚBE, i ndlúthchomhar le ESMA, faoin ... [■ 30 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin *leasaithe* seo], don Choimisiún ar a oiriúnaí atá sé an creat um íosrátaí caolchorrlaigh le haghaidh *idirbhearta maoinithe urrús* a chur chun feidhme i ndlí an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar charnadh féideartha luamhánaithe lasmuigh den earnáil baincéireachta.
2. Breithneofar an méid seo a leanas go léir sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) leibhéal an luamhánaithe lasmuigh den chóras baincéireachta san Aontas agus a mhéid a d’fhéadfadh an creat um íosrátaí caolchorrlaigh an luamhánú sin a laghdú dá n-éireodh sí iomarcach;
 - (b) ábharthacht na *n-idirbheart maoinithe urrús* arna sealbhú ag ■ institiúidí *san Aontas* atá faoi réir an chreata um íosrátaí caolchorrlaigh, lena n-áirítear miondealú ar na *hidirbhearta maoinithe urrús* sin nach gcomhlíonann na híosrátaí caolchorrlaigh;

- (c) an tionchar measta a bheidh ag an gcreat um íosrátaí caolchorrlaigh ar **■** institiúidí *san Aontas* faoin dá chur chuige chur chun feidhme a mhol an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais, eadhon rialáil margaidh nó ceanglas cistí dílse níos pionósaí faoin Rialachán seo, i gcás nach gcoigeartódh **■** institiúidí *san Aontas* caolchorrlaigh ar a ***n-idirbhearta maoinithe urrús*** chun na híosrátaí caolchorrlaigh a chomhlíonadh, agus an tionchar measta a bheidh ag creat um íosrátaí caolchorrlaigh i gcás malartach ina gceartódh na h-institiúidí san Aontas na caolchorrlaigh sin chun na híosrátaí caolchorrlaigh a chomhlíonadh;
- (d) na príomhrudaí a spreagann na tionchair mheasta sin, chomh maith leis na hiarmhairtí neamhbheartaithe féideartha a bhaineann le creat um íosrátaí caolchorrlaigh a thabhairt isteach maidir le feidhmiú mhargaí na ***n-idirbheart maoinithe urrús san Aontas***;

- (e) an cur chuige cur chun feidhme ab éifeachtaí chun cuspóirí rialála an chreata um íosrátaí caolchorrlaigh a bhaint amach i bhfianaise na mbreithnithe dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) agus an chothroime iomaíochta ar fud earnáil airgeadais san Aontas á cur san áireamh.
3. Ar bhonn na tuarascála dá dtagraítear i mír 1, agus aird chuí aige ar mholadh an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais an creat um íosrátaí caolchorrlaigh le haghaidh *idirbhearta maoinithe urrús* a chur chun feidhme, chomh maith leis na caighdeáin ábhartha a d'fhorbair CBMB arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh an Coimisiún togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin ... [42 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Airteagal 519 **■** *e*

Riosca oibriúcháin

Faoin ... [42 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], tuairisceoidh ÚBE an méid seo a leanas chuig an gCoimisiún:

- (a) úsáid árachais i gcomhthéacs ceanglas cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca oibriúcháin;
- (b) cibé a fhéadfaidh, nó nach bhféadfaidh, arbatráiste rialála a bheith mar thoradh ar an aithint aisghabhálacha árachais tríd an gcaillteanas riosca oibriúcháin bliantúil a laghdú gan laghdú comhréireach a dhéanamh ar an gcaillteanas neamhchosanta oibriúcháin iarbhír;
- (c) cibé atá, nó nach bhfuil, tionchar éagsúil ag aithint aisghabhálacha árachais ar chumhdach iomchuí caillteanas athfhillteach agus cúlchailteanas féideartha;
- (d) ***infhaighteacht agus cáilíocht na sonraí a úsáideann institiúidí agus a gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca oibriúcháin á ríomh acu.***

Ar bhonn na tuarascála sin, cuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin ... [54 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo]. **■** ;

Airteagal 519f

Comhréireacht

Ullmhóidh ÚBE tuarascáil ina ndéanfar measúnú ar an gcreat stuamachta foriomlán d'institiúidí beaga agus neamhchasta, agus ina ndéanfar an méid seo a leanas go háirithe:

- (a) na ceanglais sin a mheasúnú freisin i ndáil le grúpaí baincéireachta agus samhlacha sonracha gnó;*
- (b) ábharthacht institiúidí beaga agus neamhchasta ar leibhéal na hinstitiúide agus de réir réigiúin a chur san áireamh chun cobhsaíocht airgeadais agus soláthar creidmheasa a chaomhnú i bpobail áitiúla.*

Agus roghanna le haghaidh athruithe ar an gcreat stuamachta á mbreithniú aige, is é a bheidh mar phrionsabal uileghabhálach ag ÚBE go mbeidh aon cheanglais shimplithe níos coimeádaí.

Cuirfidh ÚBE an tuarascáil sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2027.';

(255) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus **■** cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Mar sin féin, beidh feidhm **■** ag na pointí seo a leanas ***d’Airteagal 1*** den Rialachán seo ón ... [**■** dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin ***leasaithe*** seo]:

***pointe (1)(a)(vi); pointe (1)(b); pointí (2), (3) agus (4); pointe (6)(f); pointe (8)(c);
pointe (11) a bhaineann le hAirteagal 34(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; pointe (30)(d); pointe (34) a bhaineann le hAirteagal 104(9) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; pointe (35)(a); pointe 37 a bhaineann le hAirteagal 104c(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; pointe (42) a bhaineann le hAirteagal 111(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; pointe (52) a bhaineann le hAirteagal 122a(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; pointe (53) a bhaineann le hAirteagal 123(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; pointe (55) a bhaineann le hAirteagal 124(11), (12) agus (14) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; pointe (56) a bhaineann le hAirteagal 126ú(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; pointí (57) agus (65); pointe (70)(c) a bhaineann le hAirteagal 143(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; pointe (71)(b); pointe (72)(i); pointe 75(d); pointe (78)(e); pointe (81); pointe (98)(b); pointe (102)(d); pointe (104)(c); pointe (105)(c); pointe (106)(e); pointe (135)(c); pointe (152)(b)(ii); pointe (155) a bhaineann le hAirteagal 314(9) agus (10), Airteagal 315(3), Airteagal 316(3), Airteagal 317(9) agus (10), Airteagal 320(3), Airteagal 321(2) agus Airteagal 323(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; pointe (156)(b); pointe (159)(c) a***

bhaineann le hAirteagal 325c(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; pointe (160)(c) a bhaineann le hAirteagal 325j(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; pointe (164)(b); pointe (178)(e); pointe (180); pointe (182)(d); pointe (183)(c); pointe (184)(b)(iii); pointe (198)(c); pointe (201) a bhaineann le hAirteagal 383ú(4) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; pointe (204); pointe (205)(b)(i); pointí (214)(a) agus (c); pointí (222) agus (223); pointe (229) a bhaineann le hAirteagal 449ú(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; pointí (232), (235), (236) agus (238); pointe (239)(a); pointe (242) a bhaineann le hAirteagal 495b(2) agus (4) agus Airteagal 495c(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; pointí (243), (244), (248) agus (249); pointe (250) a bhaineann le hAirteagal 506 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; pointe (251) a bhaineann le hAirteagail 506e agus 506f de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; pointí (252), (253) agus (254).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i *ngach* Ballstát  .

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

An tUachtarán

IARSCRÍBHINN

‘IARSCRÍBHINN I

Aicmiú ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe

Buicéad	Ítimí
1	<i>(a) Díorthaigh chreidmheasa agus ráthaíochtaí ginearálta féichiúnais, lena n-áirítear litreacha creidmheasa teannta a fhónann mar ráthaíochtaí airgeadais le haghaidh iasachtaí agus urrús, agus glacachtaí, lena n-áirítear formhuinithe de chineál glacachtaí, chomh maith le haon ionadaithe creidmheasa díreacha eile;</i> <i>(b) Comhaontuithe díolacháin agus athcheannaigh agus díolachán sócmhainní agus iontaoibh i gcás ina bhfanann an riosca creidmheasa leis an institiúid;</i> <i>(c) Urrúis arna dtabhairt ar iasacht ag an institiúid nó urrúis arna bpostáil ag an institiúid mar chomhthaobhacht, lena n-áirítear cásanna ina n-eascraíonn siad sin as idirbhearta bunaithe ar chomhaontú athcheannaigh;</i> <i>(d) Réamhcheannacháin sócmhainní, réamhthaiscí agus scaireanna agus urrúis pháirtíochta, a léiríonn gealltanais le híostarraingt áirithe;</i> <i>(e) Ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe ina gcuimsítear ionadaí creidmheasa i gcás nach n-áirítear é go sainráite in aon chatagóir eile;</i> <i>(f) Ítimí eile lasmuigh den chlár comhardaithe ina n-iompraítear riosca den chineál céanna agus mar a chuirtear in iúl do ÚBE iad.</i>
2	<i>(a) Saoráidí eisiúna nótaí (NIFanna) agus saoráidí frithgheallta imrothlacha (RUFanna) gan beann ar aibíocht na saoráide foluití;</i> <i>(b) Bannaí feidhmíochta, bannaí tairisceana, barántais agus litreacha creidmheasa teannta a bhaineann le hidirbhearta áirithe agus míreanna</i>

	<i>teagmhasacha den chineál céanna a bhaineann le hidirbhearta, cé is moite de ítimí maoinithe trádála atá lasmuigh den chlár comhardaithe dá dtagraítear i mbuicéad 4;</i> <i>(c) Ítimí eile lasmuigh den chlár comhardaithe ina n-iompraítear riosca den chineál céanna, mar a thuairiscítear do ÚBE iad.</i>
3	<i>(a) Méid neamhtharraingthe na ngealltanais, gan beann ar aibíocht na saoráide forluití, mura dtagann siad faoi chatagóir eile;</i> <i>(b) Ítimí eile lasmuigh den chlár comhardaithe ina n-iompraítear riosca den chineál céanna, mar a thuairiscítear do ÚBE iad.</i>
4	<i>(a) Ítimí maoinithe trádála atá lasmuigh den chlár comhardaithe:</i> <i>(i) barántais, lena n-áirítear bannaí tairisceana agus feidhmíochta agus ráthaíochtaí gaolmhara maidir le réamh-mhaoiniú agus coinneáil, agus ráthaíochtaí nach de chineál ionadaithe creidmheasa iad;</i> <i>(ii) litreacha creidmheasa teannta neamh-inchúlghairthe nach de chineál ionadaithe creidmheasa iad;</i> <i>(iii) - litreacha creidmheasa trádála gearrthéarmacha, féinleachtaitheacha a eascraíonn as gluaiseacht earraí, go háirithe creidmheasanna doiciméadacha arna gcomhthaobhú leis an loingsiú bunúsach, i gcás institiúid eisiúna nó institiúid daingniúcháin;</i> <i>(b) Ítimí eile lasmuigh den chlár comhardaithe ina n-iompraítear riosca den chineál céanna, mar a thuairiscítear do ÚBE iad.</i>
5	<i>(a) Méid neamhtharraingthe na ngealltanais atá inchealaithe go neamhchoinníollach;</i> <i>(b) Méid neamhtharraingthe na línte creidmheasa miondíola dá gceadaíonn na téarmaí don institiúid na línte sin a chealú an oiread atá ceadaithe faoi</i>

	<i>reachtaíocht cosanta tomhaltóirí agus faoi ghníomhartha dlíthiúla gaolmhara;</i> <i>(c) Saoráidí creidmheasa neamhtharraingthe le haghaidh ráthaíochtaí tairisceana agus feidhmíochta is féidir a chur ar ceal gan choinníoll tráth ar bith gan fógra roimh ré, nó nach bhforáiltear go héifeachtach iontu maidir le d'uathchealú de bharr meathlú in acmhainneacht chreidmheasa an iasachtaí;</i> <i>(d) Ítimí eile lasmuigh den chlár comhardaithe ina n-iompraítear riosca den chineál céanna, mar a thuairiscítear iad do ÚBE. '.</i>
--	---

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACTACH

**Ráiteas ón gCoimisiún i ndáil le hAirteagal 1, pointe (253), de Rialachán (AE) 2024/...⁺ ó
Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hAirteagal 518c de Rialachán (AE)
Uimh. 575/2013**

Geallann an Coimisiún go ndéanfaidh sé measúnú cothrom agus cóir ar staid an Mhargaidh Aonair don bhaincéireacht, agus ceanglais stuamachta á gcur san áireamh go háirithe, lena n-áirítear leibhéal chur i bhfeidhm an íosráta aschuir agus na forálacha maidir le tarscaoileadh ceanglas caipitil agus leachtachta. Cuirfidh sé an sainordú sin i gcrích bunaithe ar ionchuir ón Údarás Baincéireachta Eorpach agus ón mBanc Ceannais Eorpach/Sásra Maoirseachta Aonair, agus rachaidh sé i gcomhairle le páirtithe leasmhara chun a áirithiú go ndéanfar breithniú iomchuí ar na dearchtaí éagsúla. Tíolacfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach bunaithe ar an tuarascáil.

⁺ IO : Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 80/23 (2021/0342(COD)).